



Turais Ghairmiúla Múinteoirí le linn an chéad deich mbliana de fhadstaidéar:

Léirmheasanna ar an litríocht

Tuarascáil Uimh.1 | 2024

Paul Conway, Aisling Leavy, Emer Smyth, Antonio Calderón, Johanna Fitzgerald, Mairéad Hourigan, Déirdre Ní Chróinín, Michelle Fitzpatrick, Anastasiia Zubareva

Maoinithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an Roinn Oideachais



An Roinn Oideachais
Department of Education





Turais Ghairmiúla na Múinteoirí

Staidéar fadaimseartha ar thurais múinteoirí sa chéad deich mbliana

Turais Ghairmiúla Múinteoirí:

Is fadstaidéar náisiúnta ar mhúinteoirí é **an Chéad Deich mBliana** le linn na chéad deich mbliana den saolré ghairmiúil

Turais Ghairmiúla Múinteoirí le linn an chéad deich mbliana de fhadstaidéar: Léirmheasanna ar an litríocht

Tuarascáil Uimh.1 | 2024

Is féidir tagairt a dhéanamh don tuarascáil seo mar seo a leanas:

Conway, P. F., Leavy, A., Smyth, E., Calderón, A., Fitzgerald, J., Hourigan, M., & Ní Chróinín, D., Fitzpatrick, M., Zubareva, A. (2024). Teachers' Professional Journeys during the first decade longitudinal study: Reviews of literature: Report No.1, Limerick: University of Limerick.

ISBN: 978-1-911620-79-2. DOI:

<https://doi.org/10.34961/researchrepository-ul.28399763>.

Maoinithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus ag an Roinn Oideachais



Clár na nÁbhar

<i>Buíochas</i>	7
<i>Liosta Acrainmneacha</i>	9
<i>Achoimre: Tuarascáil 1 de chuid TGM</i>	10
<i>Achoimre Fheidhmeach</i>	11
Aidhm agus cuspóirí taighde Staidéar TGM	11
Fócas agus struchtúr Thuarascáil 1 de chuid TGM	11
Achoimre: Staidéir Fhadaimseartha	12
Achoimre: Staidéir Mhórsála	14
Achoimre: Múinteoireacht in Éirinn, Bliain 1-9.....	17
Achoimre: Soláthar Múinteoirí	19
Conclúid	21
<i>Caibidil 1. Réamhrá: Athbhreithnithe litríochta an staidéir ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí</i>	26
Aidhm agus cuspóirí taighde staidéar TGM	26
‘Ailtireacht an chontanaim’, an múinteoir luathghairme, gairmiúlacht múinteoirí agus an curaclam	28
Príomhghnéithe de dhearadh staidéar TGM: Dearadh comhtháite	29
Dearcadh timhrialla beartais	31
Ó chor cinniúna an Achta Oideachais, 1998 go 2024: Ré nua don fhorbairt beartas	32
Réasúnaíocht do na hathbhreithnithe litríochta: Athbhreithnithe scóipe agus páipéar saincheisteanna	39
Conclúid	40
<i>Caibidil 2. Staidéir fhadaimseartha ar oideachas múinteoirí lena ndírítear ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht: Athbhreithniú scóipe</i>	42
Achoimre	42
Réamhrá: Glacadh na staidéar fadaimseartha ar an múinteoireacht?.....	43
Modheolaíocht	46
Torthaí	49

Ceist Taighde 1: Creidimh múinteoirí faoin múinteoireacht agus fúthu féin mar mhúinteoirí	50
Conclúid.....	56
Ceist Taighde 2: Meastóireacht ar an duine féin mar mhúinteoir	57
Ceist Taighde 3: Tionchar foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí	61
Conclúid: cóid 2-3.....	67
Ceist Taighde 4: Beartais agus tosaíochtaí córais: Cód 4	68
Fócais staidéir: (i) athchóiriú uailmhianach, (ii) cuntasacht agus (iii) foghlaim múinteoirí	69
Ceist Taighde 5: Soláthar múinteoirí/cód 5.....	74
Coinneáil: ‘daoine a fhanann’ agus ‘daoine a fhilleann’	74
Athrú: Daoine a aistríonn agus daoine a fhágann.....	81
Féiniúlacht múinteora, conairí agus cinnteoireacht ghairme	84
Conclúid: cóid 5/soláthar múinteoirí	87
Conclúid	88
Tagairtí.....	91
Tagairtí: Staidéir atá san áireamh san athbhreithniú scóipe	97
Aguisín 1	112
<i>Caibidil 3. Staidéir idirnáisiúnta mhórsála in oideachas múinteoirí atá dírithe ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht: Athbhreithniú scóipe</i>	<i>115</i>
Achoimre	115
Réamhrá: Comhthéacs staidéar mórsála trasnáisiúnta ar an múinteoireacht.....	117
Cuspóirí	117
Modheolaíocht.....	118
Torthaí.....	120
Ceist Taighde 1: Cur síos a dhéanamh ar an duine féin mar mhúinteoir	122
<i>Creidimh múinteoirí maidir lena luach agus leis an méid a chuireann siad le saol na scoile agus leis an tsochaí.....</i>	<i>123</i>
Creidimh múinteoirí faoina ndearcadh i leith na múinteoireachta agus na foghlama agus an gaol atá aige le sásamh leis an bpost agus folláine múinteoirí.....	124
<i>Tionchar an chineáil scoile agus conas a mhúnláionn sé sin luachanna agus creidimh múinteoirí faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim</i>	<i>126</i>
Ceist Taighde 2: Meastóireacht ar an duine féin mar mhúinteoir	128
<i>Saoirse ghairmiúil múinteoirí.....</i>	<i>128</i>
<i>Éifeachtúlacht múinteoirí</i>	<i>131</i>
<i>Sásamh múinteoirí leis an bpost</i>	<i>134</i>
Ceist Taighde 3: Tionchar foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí	136
<i>Tionchar an chomhoibríthe agus cultúr scoile tacúil ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí</i>	<i>136</i>
<i>Tuairimí múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil éifeachtach</i>	<i>138</i>
Ceist Taighde 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas OTM, Droichead agus Cosán freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d’fhorbairtí beartais agus cleachtais	141

Ceist Taighde 5: Saincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí	141
Conclúidí agus impleachtaí le haghaidh TGM.....	143
Tagairtí.....	145
Tagairtí: Staidéir atá san áireamh san athbhreithniú scóipe	147
Aguisín 1	152
Aguisín 2	153
Aguisín 3	157
<i>Caibidil 4. An chéad deich mbliana de shaol gairmiúil múinteoirí: Athbhreithniú scóipe ar thaighde i bPoblacht na hÉireann</i>	161
Achoimre	161
Réamhrá	162
Dearcthaí ar thuiscint forbartha múinteoirí	162
Modheolaíocht	166
Torthaí	173
Achoimre fhoriomlán ar na torthaí.....	173
Ceist Taighde 1: Creidimh faoin múinteoireacht, faoin bhfoghlaim agus faoi mhúinteoirí agus cúiseanna leo siúd: Earnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile	176
Ceist Taighde 2: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht múinteoirí: Earnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile	180
Ceist Taighde 3: Foghlaim agus forbairt ghairmiúil: Earnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile	183
Tionchar oideachais tosaigh múinteoirí	183
Tionchar an ionduchtaithe	184
Tionchar na forbartha gairmiúla leanúnaí.....	186
Conclúid	187
Tagairtí.....	190
Tagairtí: Staidéir a áirítear san athbhreithniú scóipe	193
<i>Caibidil 5. Saincheisteanna soláthair múinteoirí: Dearcthaí náisiúnta agus idirnáisiúnta</i>	197
Achoimre	197
Réamhrá	199
Samhail choincheapúil le haghaidh soláthar múinteoirí	199
Fianaise idirnáisiúnta ar na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí.....	202
Fás na n-athbhreithnithe taighde ar sholáthar múinteoirí: ganntanais, coinneáil, laghdú, ráta athraithe agus éagsúlacht.....	205

A bhfuil ar eolas faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn....	209
Conclúid	222
Tagairtí.....	224
Caibidil 6. Conclúid.....	228
Staidéir ghéarchúiseacha ar dhinimic i mbliain 1-9 bunaithe ar dhearaí éagsúla taighde	228
Dealraítear go ndírítear leis an litríocht atá ann cheana ar na chéad chúpla bliain den chuid is mó, bliain 1 go bliain 3 nó 4 den mhúinteoireacht de ghnáth.....	228
Luathbhlianta na múinteoireachta mar thréimhse athraithe mhóir	228
Béimeanna agus bearnaí sa taighde ar an múinteoireacht i mbliain 1-9 i gcomhthéacs na hÉireann	229
Patrúin sna dearaí staidéir a bhaineann leis na trí athbhreithniú scóipe	229
Tábhacht mhéadaithe an chomhthéacs beartais sheachtraigh.....	229
Conas a mhapálann an tacar deiridh staidéar sna hathbhreithnithe scóipe ar an litríocht níos leithne maidir le hoideachas múinteoirí?	230
Tábhacht na gcoincheap agus na dtógán ar leith	230
Staidéar a dhéanamh ar chreataí coincheapúla agus ar anailís choincheapúil	231
Naisc idir Réimse 1 (C1-3) agus Réimse 2 (C4 + 5) de TGM.....	231
Anailís faidhbe soláthair múinteoirí agus ‘bearnaí sonraí’ i gcomhthéacs na hÉireann	232
Timthriallta beartas agus comhthéacs beartas	232
Tagairtí.....	234

Buíochas

Táimid buíoch de go leor daoine agus eagraíochtaí a raibh a dtacaíocht fhlaithiúil thráthúil riachtanach agus an tuarascáil seo á déanamh.

Daoine Aonair

Christine Brennan, Brian Fahy, Noreen Finnegan, Patrick Harkins, Brian Hartigan, an tOll. Manuela Heinz, an tOll. Eric Igou, Michelle McInerney, Denise Keehan, Carmel Kearns, Virginia Kells, an tOll. Aileen Kennedy, an tOll. Norelee Kennedy, an Dr Cathal Linnane, Julie Lynch, Sinead Middleton, an tOll. Khadija Mohammed, Bríd Murphy, Karen Murtagh, an Dr Pablo Njat, an tOll. Joe O'Hara, Liliana O'Reilly, an Dr Lynn Ramsey, an Dr Bernadette Rock, Con Ryan, Emer Rooney, an Dr Puneet Saidha, an Dr Patrick Sullivan.

Eagraíochtaí

I ndáil le heagraíochtaí, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt don Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), Coláiste Mhuire gan Smál (CMgS), Luimneach, Ollscoil Luimnigh (OL), an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais mar chomh-mhaoinitheoirí an staidéir.

Liosta Acrainmneacha

AO:	Ardoideachas
ASD:	Neamhord de chuid Speictream an Uathachais
BO:	Breisoideachas
BOO:	Boird Oideachais agus Oiliúna
BTLS:	Suirbhé Fadaimseartha ar Mhúinteoirí Tosaigh
CCSS:	Common Core State Standards (Croíchaighdeáin Chomóna Stáit)
CCSSO:	Council of Chief State School Officers (Comhairle na bPríomhoifigeach Scoile Stáit)
CHAT:	Teoiric Gníomhaíochta Cultúrtha Stairiúla
CM:	An Chomhairle Mhúinteoireachta
CO:	Corpoideachas
DBM:	Deimhniú Múinteora Bealaigh Mhalartaigh
DCCMB:	Dul Chun Cinn Meánach Bliantúil
DEIS:	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
DIGO:	Diplóma Iarchéime Gairmiúil san Oideachas
ECFE:	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta
EPPi:	Fianaise le haghaidh Beartais agus Faisnéis ar Chleachtas
ESEA:	Elementary and Secondary Education Act (an tAcht um Bunoideachas agus Meánoideachas)
ETIM:	Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic
FG:	Forbairt Ghairmiúil
GERM:	Gluaiseacht Dhomhanda um Athchóiriú Oideachais
III:	An tIonad Iarratas Iarchéime
ISCED:	Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta an Oideachais
ITES:	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
LOI:	Lár-Oifig Iontrála
MAG:	Múinteoirí athraithe gairme
MLG:	Múinteoir Luathghairme
MNC:	Múinteoirí Nuacháilithe
NC:	North Carolina
OBP:	An Oifig Buiséid Pharlaiminteach
OOF:	Lasmuigh dá Réimse
OTM:	Oideachas Tosaigh Múinteoirí
PCK:	Eolas Oideolaíoch Ábhair
PICo:	Comhthéacs Spriocdhaonra
PIRLS:	Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta
PIT:	Líon na Múinteoirí Neamhghníomhacha
POS:	An Phríomh-Oifig Staidrimh
PRISMA-ScR:	Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí le haghaidh athbhreithnithe scóipe
PRT:	Líon na Múinteoirí Inghnóthaithe
RO:	An Roinn Oideachais
RSO:	Riachtanais Speisialta Oideachais
SEM:	Samhaltú Cothromóide Struchtúraí
SMK:	Eolas faoin Ábhar
SoL:	Signs of Life (Fianaise na Beatha)
TALIS:	Suirbhé Idirnáisiúnta maidir le Teagasc agus Foghlaim
TFC:	Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide
TFIP:	Braistint Múinteoirí d'Ullmhacht Tosaigh
TGM:	Turais Ghairmiúla Múinteoirí
TIMMS:	Treochtaí i Staidéar Idirnáisiúnta na Matamaitice agus na hEolaíochta
TSE:	Féinéifeachtúlacht Múinteoirí
TSM:	Taifead Seirbhíse Múinteora
ÚAO:	An tÚdarás um Ard-Oideachas
VAM:	Bearta Breisluacha

Achoimre: Tuarascáil 1 de chuid TGM

Comhthéacs: Is éard atá in *Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana (2024-2030)* staidéar fadaimseartha modhanna measctha atá dírithe ar dhinimic na foghlama agus na forbartha múinteora a thuiscint ó bhliain dheireanach an oideachais tosaigh múinteoirí (OTM) tríd síos an chéad naoi mbliana de shaol oibre na múinteoirí laistigh de sheomraí ranga agus de scoileanna i gcomhthéacs an chórais oideachais níos leithne sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais (BO) in Éirinn. Is é is cuspóir don chéad tuarascáil seo roinnt athbhreithnithe ar an litríocht a rinneadh chun tacú le céimeanna leantacha staidéar TGM a dhoiciméadú agus, go háirithe, an dara tuarascáil a bheidh dírithe ar dheardh staidéir agus ar fhorbairt ionstraime mar bhonn le haghaidh céimeanna den staidéar ina dhiaidh sin.

Aidhm agus Cuspóirí Staidéar TGM: Is é is aidhm uileghabhálach do staidéar TGM “tuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh trí scrúdú a dhéanamh ar phríomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla”. Is iad na cúig chuspóir a bhaineann le staidéar TGM a eascraíonn as an aidhm uileghabhálach sin:

1. Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaitheacha múinteoirí tosaigh i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim.
2. Braistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile a fhiosrú maidir lena n-inniúlacht (eolas, scileanna, taithí, ullmhacht) chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.
3. Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris luathfhoghlama gairmiúla agus luathghairme múinteoirí de réir mar a fhágann siad OTM agus aistríonn siad trí na trí chéim den fhorbairt ghairmiúil.
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chlár OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d’fhorbairtí beartais agus cleachtais.
5. Breithniú a dhéanamh ar shaincheistanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

Modh Athbhreithnithe Litríochta: Rinneadh ceithre athbhreithniú litríochta agus trí athbhreithniú scóipe. Dréachtaíodh páipéar saincheistanna freisin. I ngach ceann de na trí athbhreithniú scóipe baineadh úsáid as na treoirlínte sa Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí le haghaidh athbhreithnithe scóipe (PRISMA-ScR) agus rinneadh cuardaigh trí Scopus, EBSCO agus Web of Science. Is é is cuspóir do na hathbhreithnithe scóipe tuiscint a fháil ar an méid agus an cineál fianaise i ndáil le (i) staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht, 1970-2023, (ii) staidéir mhórsála thrasnáisiúnta ar an múinteoireacht, 2000-2023 agus (iii) taighde ar mhúinteoirí in Éirinn (bliain 1 go 9), 2000-2023 sa bhunoideachas, iar-bhunoideachas agus BO. Le páipéar saincheistanna maidir le soláthar múinteoirí, atá bunaithe ar litríocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha, tugtar aghaidh ar raon saincheistanna a bhaineann le soláthar múinteoirí i gcomhthéacs na hÉireann.

Torthaí: Is iad príomhthionchair na dtrí thuarascáil ar na hathbhreithnithe scóipe faoi seach: (i) an fás le 15 bliana anuas ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht, lena gclúdaítear cúig chuspóir TGM, ag a bhfuil dearáí éagsúla lena gcuimsítear modhanna cáilíochtúla, cainníochtúla agus measctha (bunaithe ar athbhreithniú ar 207 staidéar téacs iomláin a foilsíodh idir 2010 agus 2023), (ii) an raon staidéar deartha cainníochtúil faisnéiseach trasnáisiúnta ar mhórsála ag a bhfuil fócais agus torthaí lena gcuimsítear cúig chuspóir TGM (bunaithe ar athbhreithniú ar 202 staidéar téacs iomláin), agus (iii) an líon beag foriomlán staidéar in Éirinn ar obair múinteoirí i mbliain 1 go 9 ar leibhéal bunoidreachais agus iar-bhunoideachais agus gan mórán litríochta ann maidir le BO (bunaithe ar athbhreithniú ar 39 staidéar téacs iomláin a bhain le breis agus 9,000 rannpháirtí). Leis an bpáipéar saincheistanna maidir le soláthar múinteoirí, cuirtear creat soláthair múinteoirí i láthair, sainithnítear bearnaí sonraí in Éirinn agus tugtar aird ar phríomhléargas ó litríocht atá ag méadú go mór ar dhúshlán atá ag dul i méid ar fud an domhain.

Conclúid: I dteannta a chéile, soláthraítear leis na hathbhreithnithe litríochta raon léargas taighde ar thurais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana, lena mbaineadh leas as litríocht taighde éagsúil a roghnaítear ar bhealach fiúntach. Leis na léargas sin, cuimsítear leagan amach staidéar, ceistanna taighde, dearáí staidéar, ionstraimí, torthaí agus impleachtaí beartais i gcomhthéacs ina mbíonn tionchar níos mó ná riamh ag tosca córais sheachtraigh níos leithne maidir le turais ghairmiúla múinteoirí a mhúnlú, mar aon le dinimic chultúir eagraíochta scoileanna sheanaitheanta (cé nach dtuigtear iad chomh maith céanna).

Achoimre Fheidhmeach

Aidhm agus cuspóirí taighde Staidéar TGM

Is éard atá in *Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana (2024-2030)* staidéar luathaithe fadaimseartha modhanna measctha atá dírithe ar thuiscint a fháil ar dhinimic na foghlama agus na forbartha múinteoirí ón gcéad bhliain den oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) tríd síos na chéad naoi mbliana d’obair múinteoirí laistigh de sheomraí ranga agus scoileanna i gcomhthéacs an chórais oideachais níos leithne sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais (BO) in Éirinn. Cómhaoiníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais an staidéar. Is é is cuspóir don chéad tuarascáil seo roinnt athbhreithnithe ar an litríocht a rinneadh chun tacú le céimeanna leantacha staidéar TGM a dhoiciméadú agus, go háirithe, an dara tuarascáil a bheidh dírithe ar dheardh staidéir agus ar fhorbairt ionstraime mar bhonn le haghaidh céimeanna den staidéar ina dhiaidh sin.

Is é is aidhm uileghabhálach do staidéar TGM *“tuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh trí scrúdú a dhéanamh ar phríomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla”*. Is iad na cúig chuspóir a bhaineann le staidéar TGM a eascraíonn as an aidhm uileghabhálach sin:

- **Cuspóir Taighde 1:** Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaitheacha múinteoirí tosaigh i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim.
- **Cuspóir Taighde 2:** Braistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile a fhiosrú maidir lena n-inniúlacht (eolas, scileanna, taithí, ullmhacht) chun freastal ar riachtanais foghlaiméirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.
- **Cuspóir Taighde 3:** Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris luathfhoghlama gairmiúla agus luathghairme múinteoirí de réir mar a fhágann siad OTM agus aistríonn siad trí na trí chéim den fhorbairt ghairmiúil.
- **Cuspóir Taighde 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chlár OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d’fhorbairtí beartais agus cleachtas.
- **Cuspóir Taighde 5:** Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

Fócas agus struchtúr Thuarascáil 1 de chuid TGM

Tá an tuarascáil seo leagtha amach mar a leanas. Le **Caibidil 1** soláthraítear réamhrá ar staidéar fadaimseartha TGM agus réasúnaíocht do na hathbhreithnithe litríochta a rinneadh chun tacú le céimeanna leantacha an staidéir. Leis na ceithre chaibidil ina dhiaidh sin, caibidil 2-5, cuimsítear na ceithre athbhreithniú litríochta a rinneadh chun eolas a dhéanamh don dearadh mionsonraithe staidéir agus forbairt ionstraime a dhéanfar le linn na tréimhse 2024-2025. Athbhreithniú scóipe is ea **Caibidil 2** ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht a rinneadh idir 1970 agus 2023. Athbhreithniú scóipe is ea **Caibidil 3** ar staidéir idirnáisiúnta mhórsála ar an múinteoireacht a rinneadh idir 2000 agus 2023. Athbhreithniú scóipe is ea **Caibidil 4** ar staidéir ar mhúinteoirí le linn bhliain 1 go 9 in Éirinn idir 2000 agus 2023 i gcomhthéacs na n-earnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais. Páipéar saincheisteanna is ea **Caibidil 5** ar sholáthar múinteoirí a bhfuil an litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn eolais faoi. Tá an tuarascáil curtha

i gcrích i **gCaibidil 6** ina bhfuil aird tugtha ar phríomh-shaincheisteanna uileghabhálacha a eascraíonn as na ceithre athbhreithniú litríochta. Beidh an dara tuarascáil de TGM dírithe ar dhearadh agus ar fhorbairt ionstraimhe agus bainfear leas ar bhealach níos iomláine as na léargais ó na ceithre athbhreithniú litríochta a dhoiciméadaítear sa tuarascáil seo, agus ó obair bhreise ar bheartais atá ábhartha don staidéar freisin.

Achoimre: Staidéir Fhadaimseartha

Cuspóir: Is é is cuspóir don athbhreithniú scóipe seo méid agus cineál na fianaise taighde fhadaimseartha i ndáil le foghlaim agus forbairt múinteoirí ó 1970 go 2023 a shainaithint.

Critéir áirimh: Áiríodh staidéir a dearadh go fadaimseartha ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais agus oiliúna idir 1970 agus 2023 (as Béarla) leis an gcuardach tosaigh agus cuimsíodh staidéir fhadaimseartha idir 2010 agus 2023 a bhain le trí phointe ama nó níos mó de bhailiú sonraí leis an tacar deiridh le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin. Níor áiríodh staidéir fhadaimseartha nár díríodh leo ach ar an oideachas tosaigh múinteoirí amháin.

Modhanna: Sa staidéar, leanadh treoirlínte PRISMA (Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí) le haghaidh athbhreithnithe scóipe agus na cúig chéim seo a leanas á n-úsáid: scóipiú, cuardach, scagadh, asbhaint sonraí agus anailís sonraí (Page et al., 2021). Rinneadh cuardach ar na bunachair sonraí bibleagrafacha seo a leanas ó 1970 go 2023: Web of Science, EBSCO agus Scopus.


Torthaí: I dtéarmaí an chuardaigh tosaigh, aimsíodh 4,959 staidéar san iomlán, agus rinneadh i bhfad níos mó taighde fadaimseartha sa tréimhse ó bhí 2000 ann, agus go háirithe idir 2010 agus 2023, ná mar a rinneadh sa tríocha bliain roimhe sin (ó 1970 go 2000). Le haghaidh an tacair dheireanaigh de staidéir a áiríodh (2010-2023), áiríodh 207 foilseachán taighde as Béarla le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin. Tugtar litríocht a bhfuil fócas leathan aici le fios leis na torthaí, agus tá staidéir dírithe ar thurais múinteoirí lena gcuimsítear (i) cur síos a dhéanamh ar an duine féin mar mhúinteoir (féiniúlacht, eolas, creidimh, eispéiris nó cleachtais an mhúinteora) (ii) breithmheas an duine féin mar mhúinteoir (saoirse ghairmiúil, éifeachtúlacht agus sásamh leis an bpost), (iii) tionchar foghlama gairmiúla agus taithí ghairme múinteoirí, (iv) tosaíochtaí/beartais náisiúnta agus (v) soláthar múinteoirí.

Conclúidí: Príomhphointe a thagann chun cinn ón athbhreithniú scóipe seo ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht is ea go raibh fás de réir a chéile, i ndáiríre, le fiche bliain anuas agus fás an-inbhraite anois ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí.

Buaicphointí

- Corpas litríochta sa réimse atá ag dul i méid anois is ea staidéir fhadaimseartha ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht, a bhfuil fócais agus dearáí taighde éagsúla acu.
- Rinneadh cion mór de thacar deiridh na staidéar a áirítear in SAM, cé go bhfuil roinnt tíortha eile ina ndearnadh staidéir, Sasana, an Astráil, an tSualainn, an Iorua, Ceanada, an Nua-Shéalainn, an Ísiltír, Albain, Singeapór agus Iosrael ina measc.
- Úsáideadh foirmeacha éagsúla bailithe sonraí laistigh de staidéir cháilíochtúla, chainníochtúla agus modhanna measctha agus tharstu, agus leis an dearadh fadaimseartha, soláthraíodh raon feidhme agus gá le haghaidh modhanna déanta teorice agus anailíse atá casta go cuí.

- I dtéarmaí staidéir fhadaimseartha, tá taighde trasearnála sách teoranta ann maidir le saol múinteoirí luathghairme i mbliain 4 agus ina dhiaidh sin.



Léaráid A1: Cairt PRISMA faoi athbhreithniú scóipe fadaimseartha ar an múinteoireacht 2010-2023.¹

¹ Inár bprótocal tosaigh, bheartaíomar agus rinneamar cuardach ar bhunachair sonraí ó 1970 go 2023 lena gcuimsítear staidéir fhadaimseartha ina raibh dhá phointe ama bailithe sonraí. Leis na staidéir deiridh le haghaidh athbhreithnithe (2010-2023) ní áirítear ach staidéir fhadaimseartha ina bhfuil trí phointe ama bailithe sonraí.

Achoimre: Staidéir Mhórsála


Cuspóir: Ba é ba chuspóir don athbhreithniú scóipe scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna teoraithe taighde, forbairt agus úsáid ionstraime, agus léargais a soláthraíodh le staidéir mhórsála idirnáisiúnta ar oideachas múinteoirí ó 1990 go 2023 lena díríodh ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht.

Critéir áirimh: Áiríodh tuarascálacha taighde, caibidlí leabhar agus páipéir irisleabhair phiarmheasúnaithe má foilsíodh iad idir 1990 agus 2023, má scríobhadh iad as Béarla nó sa Spáinnis, má tuairiscíodh iontu ar shonraí de bhunús staidéir mórsála idirnáisiúnta agus má bhí siad dírithe ar mhúinteoirí a bhí ag múineadh sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais nó breisoideachais. Bhí staidéir a bhí dírithe ar mhúinteoirí i dtír amháin incháilithe má úsáideadh iontu sonraí náisiúnta ó staidéir mórsála idirnáisiúnta (e.g. TIMMS, TALIS, PIRLS) chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheist a bhí tábhachtach dá gcomhthéacs oideachais múinteoirí náisiúnta.

Modhanna: Sa staidéir, leanadh treoirlínte PRISMA (Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí) le haghaidh athbhreithnithe scóipe agus na cúig chéim seo a leanas á n-úsáid: scóipiú, cuardach, scagadh, asbhaint sonraí agus anailís sonraí (Page et al., 2021). Rinneadh cuardach ar thrí bhunachar sonraí bhibleagrafacha (Scopus, EBSCO agus Web of Science) ó 1970 go 2023. Iompórtáladh na staidéir a áiríodh le haghaidh anailíse isteach san Athbhreithneoir um Fhianaise le haghaidh Beartais agus Faisnéis ar Chleachtas (EPPI), clár atá bunaithe ar an ngréasán chun sonraí a bhainistiú agus a anailísiú in athbhreithnithe (Thomas et al., 2010). D'úsáid na taighdeoirí athbhreithneoir EPPI chun dúblaigh, scagadh, códú agus asbhaint sonraí a shainaithint.

Torthaí: Fuarthas 754 staidéir mar thoradh ar an gcuardach tosaigh, formhór acu a thuairiscigh sonraí ó TALIS 2008, TALIS 2013 agus TALIS 2018. Tar éis asbhaint sonraí a éascaíodh le EPPI, fuarthas 202 alt ón bpróiseas. Rinneadh athbhreithniú téacs iomlán ar ochtó a seacht alt inar scrúdaíodh múinteoirí agus an mhúinteoireacht in dhá thír nó níos mó. Mar sin féin, rinneadh anailís teidil agus achoimre ar leith (tuairiscítear san aguisín) ar an bhfothacar staidéir sainaitheanta inar scrúdaíodh tacar sonraí náisiúnta mór, a bhí dírithe go minic ar na mílte múinteoir agus a gineadh ó staidéir comparáideach (amhail TALIS).

Conclúidí: Sainaitheann leis na sonraí ón athbhreithniú scóipe seo riachtanais ghairmiúla idirnáisiúnta agus tá sé de chumas acu dálaí múinteoireachta agus foghlama a fheabhsú trí léargais chuimsitheacha ar chleachtais múinteoirí agus timpeallachtaí scoile a sholáthar. Cumasaítear anailís chomparáideach le tíortha eile leis, rud a chuidíonn le heolas a dhéanamh do ghlacadh dea-chleachtas agus tagarmharcáil dul chun cinn le himeacht ama. Ós rud é go ndírítear ar thimpeallacht na foghlama, na múinteoirí agus na múinteoireachta le TALIS, tá sé thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs TGM. Níor ghlac Éire páirt in TALIS ó bhí 2008 ann, cé gur ghlac sí páirt i staidéir thrasnáisiúnta éagsúla eile, i.e. ECFE PISA, PIRLS, TIMSS-R. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh úsáid roinnt tógán agus/nó scálaí de chuid TALIS i staidéir TGM cur le hinchomparáideacht idirnáisiúnta TGM. Le rannpháirtíocht sna staidéir sin, agus in TALIS go háirithe, cuidítear le dul chun cinn a thagarmharcáil le himeacht ama agus faisnéis luachmhar a sholáthar, rud atá ríthábhachtach chun beartas a cheapadh, eolas a dhéanamh do riachtanais forbartha ghairmiúla múinteoirí agus feabhas a chur ar thorthaí oideachais.



Léaráid A2. Sreabhléaráid PRISMA maidir leis an athbhreithniú scóipe ar staidéir thrasnáisiúnta mhórskála.

Buaicphointí

- Bíonn tionchar mór ag luachanna agus creidimh múinteoirí i leith na múinteoireachta agus na foghlama ar chleachtais ranga agus forbairt ghairmiúil gach múinteora.
- Trí scrúdú a dhéanamh ar bhraistintí múinteoirí maidir lena n-inniúlacht chun freastal ar riachtanais foghlaiméirí i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, díritear aird ar thrí réimse thábhachtacha: sairse ghairmiúil múinteoirí, éifeachtúlacht múinteoirí agus sásamh múinteoirí leis an bpost.
- Leagtar béim le staidéir ar thionchar mór na gcultúr scoile comhoibríoch tacúil maidir le nuálaíocht a chothú, forbairt ghairmiúil leanúnach a éascú, sásamh leis an bpost a fheabhsú, féinéifeachtúlacht agus folláine fhoriomlán a chur chun cinn i measc múinteoirí.
- Soláthraítear le comparáidí idir foghlaim ghairmiúil múinteoirí fianaise láidir chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha múinteoirí mar chleachtas lárnach éifeachtach chun foghlaim ghairmiúil a fheabhsú, go háirithe cleachtais ghairmiúla a leabaítear i gcleachtais laethúla múinteoirí, chun fiosruithe múinteoirí maidir leis an múinteoireacht a spreagadh agus chun tacú le foghlaim chomhoibríoch múinteoirí.
- Rinneadh tagairt do na dúshláin maidir le múinteoirí ardcháilíochta a mhealladh agus a choinneáil le staidéir asbhainte iomadúla. Soláthraítear léargais luachmhara leo ar an gcaoi a bhféadfaidh cultúr dearfach scoile ina dtacaítear le múinteoirí páirt a ghlacadh i gcultúr cinnteoireachta comhoibríche a bheith ina chúis le hardleibhéil sásaimh leis an bpost i measc múinteoirí, fiú i scoileanna ardbhochtaineachta agus i dtíortha ina bhfuil ardleibhéil laghdaithe múinteoirí.

Achoimre: Múinteoireacht in Éirinn, Bliain 1-9

Cuspóir: Is é is cuspóir don athbhreithniú scóipe seo méid agus cineál na fianaise a shainthint i ndáil le heispéiris múinteoirí sna chéad deich mbliana den mhúinteoireacht tar éis dóibh céim a bhaint amach i bPoblacht na hÉireann ó 2000 go 2023. Bhainfeadh lucht déanta beartas agus cleachtóirí leas as an dearcadh foriomlán agus anailís sin ar thaighde chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht.

Critéir áirimh: Áiríodh taighde eimpíreach ar mhúinteoirí sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais agus oiliúna ina gcéad deich mbliana den mhúinteoireacht tar éis dóibh céim a bhaint amach i bPoblacht na hÉireann.


Modhanna: Chun insintí comhaimseartha a ghabháil, dhíríomar ar thaighde a foilsíodh as Béarla ó 2000 go 2023. Leanamar treoirínite PRISMA (Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí) le haghaidh athbhreithnithe scóipe agus na cúig chéim seo a leanas á n-úsáid: scóipiú, cuardach, scagadh, asbhaint sonraí agus anailís sonraí (Page et al., 2021).

Torthaí: Áiríodh 39 foilseachán taighde, 33 alt irisleabhair, caibidil leabhair amháin agus cúig thuarascáil a bhain le breis agus 9,000 rannpháirtí is múinteoir. Tugtar le fios leis na torthaí go bhfuil i bhfad níos mó taighde ar chomhthéacsanna bunoidreachais ná mar atá ar na hearnálacha iar-bhunoideachais nó breisoideachais agus oiliúna. Tugtar le fios leis na torthaí go bhfuil easpa fianaise cuimsithí chun léargas foriomlán a ghabháil ar thurais múinteoirí ina gcéad deich mbliana den mhúinteoireacht, go háirithe i mbliain 3 go 10 den mhúinteoireacht.

Conclúidí: Tá gá le níos mó taighde lena ngabhtar léargas níos iomláine ar thurais múinteoirí le linn na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais agus oiliúna.

Buaicphointí

- Tá léargas foriomlán in easnamh ar shaol múinteoirí Éireannacha sna chéad deich mbliana tar éis dóibh céim a bhaint amach.
- Tá taighde réasúnta teoranta ar shaol múinteoirí luathghairme i mbliain 3 go 10 ar fud na n-earnálacha.
- Cé go bhfuil taighde nach beag ar shaol múinteoirí bunscoile, agus cuid áirithe maidir le múinteoirí iar-bhunscoile, tá ganntanas taighde ann ar shaol múinteoirí san earnáil breisoideachais agus oiliúna.
- Tá pobal scoile agus caidrimh le comhghleacaithe fíor-riachtanach maidir le cáilíocht eispéireas na múinteoirí luathghairme.



Léaráid A3: Cairt PRISMA faoi athbhreithniú scóipe fadaimseartha ar mhúinteoirí in Éirinn le linn a gcéad deich bliana (2000-2023).

Achoimre: Soláthar Múinteoirí

Cuspóir: Is príomhábhar imní é an soláthar múinteoirí i gcóras oideachais na hÉireann ó bhí 2012 ann ar a laghad, nuair a aithníodh le ‘tuarascáil Sahlberg’ (bliain) “ardchaighdeán na n-iontrálaithe OTM in Éirinn” (Sahlberg et al., 2012, lch 19) agus lenar leagadh béim freisin ar dheacrachtaí féideartha amach anseo maidir le hearcaíocht agus coinneáil. Ba é ba chuspóir don pháipéar saincheisteanna príomh-shaincheisteanna agus príomhléargais a shainaitint, lenar baineadh leas as litríocht taighde go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, i ndáil le soláthar múinteoirí. Sa lá atá inniu ann, breis agus deich mbliana ina dhiaidh sin, leanann ceardchumainn múinteoirí, eagraíochtaí príomhoide agus comhlachtaí bainisteoirí de bhéim a leagan ar na saincheisteanna sin mar ábhar práinneach.

Litríocht: Tá an chaibidil seo bunaithe ar litríocht maidir le príomhghnéithe de sholáthar múinteoirí: (i) leagtar amach samhail choincheapúil chun na próisis is bonn le soláthar múinteoirí a thuiscint, ó dhul isteach in oideachas tosaigh múinteoirí go dtí coinneáil sa ghairm nó imeacht ón ngairm, (ii) tugtar aird ar na cineálacha staidéar taighde sa litríocht maidir le soláthar múinteoirí agus leagtar amach freisin na príomhthorthaí ó athbhreithnithe idirnáisiúnta scóipe, córasacha agus meatanailíse maidir leis na tosca a théann i bhfeidhm ar choinneáil múinteoirí, i.e. fanacht sa ghairm agus athrú, i.e. aistriú idir scoileanna nó imeacht ón ngairm (ar a dtugtar ‘laghdú’ de ghnáth, cé go n-úsáidtear an téarma ‘cur amú’ go minic in anailísí de chineál lucht saothair), (iii) déantar forbhreathnú ar fhreagairtí beartais don tsaincheist i dtíortha eile na hEorpa sula leagtar amach an méid atá ar eolas againn faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn, (iv) críochnaítear trí phlé a dhéanamh ar leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana agus na dtáscairí a úsáidtear chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais.

Modh: Bhí léamh cuspóiriúil ar an litríocht ábhartha (náisiúnta agus idirnáisiúnta) maidir le soláthar múinteoirí i gceist leis an bpáipéar saincheisteanna seo.

Torthaí: Tá achoimre ar na príomhthorthaí sa chaibidil saincheisteanna seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Creataí/samhlacha: Tá sé tábhachtach idirdhealú sainráite a dhéanamh idir creataí/samhlacha maidir le soláthar múinteoirí a úsáidtear go forleathan ach atá an-difriúil ó chéile. Anseo, tugaimid aird ar dhá phríomhghné, iad araon ríthábhachtach agus in úsáid, cé nach leagtar amach iad go sainráite amhlaidh uaireanta: **(a) samhlacha píblíne** a bhfuil fócas atá uimhriúil go heisiach acu maidir le teacht isteach sa ghairm mhúinteoireachta agus imeacht uathí, agus **(b) samhlacha píblíne agus eispéiris** lena gcuimsítear na sonraí teachta agus imeachta uimhriúla mar aon le sonraí maidir le braistintí múinteoirí ar a n-eispéireas agus ar a gcoinníollacha fostaíochta.

(ii) Sainmhíniú/sainmhínte, tosca agus príomhthearmaí: Le Sutchet et al. (2019) sainmhíneáir *ganntanas múinteoirí* “mar chainníocht neamhleor daoine aonair cáilithe atá toilteanach a seirbhísí a thairiscint agus pá agus dálaí mar atá”. Le hathbhreithniú córasach a rinneadh le déanaí ar choinneáil múinteoirí (Nguyen agus Springer, 2023; féach freisin Nguyen et al., 2019) leagadh béim ar ról na dtosca ar leibhéal an duine aonair, na scoile agus an chórais. Is ábhar suntais é go n-áirítear tosca ar leibhéal an chórais níos minice anois le hanailísí comhaimseartha ar sholáthar múinteoirí i gcomparáid le staidéir roimhe seo inar díriodh ar dhinimic an duine aonair agus/nó eagraíochta scoile de ghnáth.

(iii) Litríocht atá ag méadú go mór maidir le soláthar múinteoirí: Go hidirnáisiúnta, le 20 bliain anuas, tá fás soiléir tagtha ar an aird a thugtar do staidéar a dhéanamh ar sholáthar

múinteoirí, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis ó thaobh beartais de do rialtais náisiúnta agus réigiúnacha, agus tá litríocht ollmhór ann anois lena dtugtar aghaidh ar ghanntanas, coinneáil, laghdú, athrú agus éagsúlacht múinteoirí. Leis an gcarnadh staidéar eimpíreach, spreagadh treocht thábhachtach, agus luachmhar dar linn, i dtreo athbhreithnithe taighde ar staidéir maidir le soláthar múinteoirí, lena n-áirítear athbhreithnithe scóipe, córasacha agus meatanailíse. Chun críocha an pháipéir seo, tugaimid aird ar na cineálacha staidéir seo a leanas: (i) anailís faidhbe agus abhcóideacht réitigh, (ii) staidéir eimpíreacha mhionscála agus mhórscála araon agus (iii) athbhreithnithe taighde.

(iv) A bhfuil ar eolas faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn: Tríd an gcreat coincheapúil atá leagtha amach thuas a úsáid, leagtar amach leis an gcuid seo príomhspreagthaí féideartha an tsoláthair múinteoirí in Éirinn, agus leagtar béim ar bhearnaí san fhaisnéis atá ar fáil ar féidir aghaidh a thabhairt orthu, go páirteach ar a laghad, le staidéar TGM. Le roinnt tuarascálacha ó Sahlberg (2012, 2018), cáineadh an easpa boinn fianaise maidir le ceangal idir soláthar múinteoirí chomh maith leis an éileamh orthu, agus an easpa éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta maidir le hearcú isteach sa ghairm, coinneáil, déimeagrafaic agus beartas, mar aon le ról foriomlán na sonraí/dtáscairí agus a gcur in úsáid, a nascadh le haghaidh a thabhairt ar sholáthar múinteoirí.

Conclúidí: Ó thaobh na litríochta de atá ag méadú go mór maidir le soláthar múinteoirí ar an leibhéal idirnáisiúnta, tá roinnt coincheap agus léargas atá ábhartha maidir le tionscnaimh soláthair múinteoirí i gcomhthéacs na hÉireann a thuiscint, aghaidh a thabhairt orthu agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Príomhphointe eile a thagann chun cinn ón bpáipéar saincheisteanna seo is ea leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt beartais, cé go bhfuil obair éigin ar bun ina leith sin, agus cumas an staidéir ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí chun cur leis an mbonn fianaise atá á fhorbairt — agus straitéisí féideartha chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar múinteoirí — sa réimse tábhachtach beartais sin.

Buaicphointí

- Is cúis inní shoiléir é an soláthar múinteoirí i gcóras oideachais na hÉireann ó bhí 2012 ann ar a laghad, nuair a leagadh béim le tuarascáil Sahlberg ar dheacrachtaí féideartha amach anseo maidir le hearcaíocht agus coinneáil.
- Sainmhíononn Sutchter et al. (2019) ganntanas múinteoirí “mar líon neamhleor daoine aonair cáilithe atá toilteanach a seirbhísí a thairiscint agus pá agus dálaí mar atá siad”. Gné shuntasach de na díospóireachtaí maidir le soláthar múinteoirí is ea fócas ar phíblíne agus/nó ar eispéiris lena leagtar amach na dúshláin a bhaineann le ganntanais múinteoirí.
- Chun soláthar múinteoirí a thuiscint, aghaidh a thabhairt air agus meastóireacht a dhéanamh air, tá samhlacha píblíne agus eispéireas araon ag teastáil, is é sin, le go gcuimseofaí na sonraí uimhriúla teachta agus imeachta (is é sin, píblíne), mar aon le sonraí maidir le braistintí múinteoirí ar a n-eispéireas agus ar a gcoinníollacha fostaíochta (is é sin, eispéiris).
- Is gné fhorleathan den oideachas san Eoraip agus ar fud an domhain, go deimhin, iad dúshláin soláthair múinteoirí, agus foilsíodh forbhreathnuithe ar fhreagairtí beartais don tsaincheist i dtíortha Eorpacha eile le déanaí.
- Cáineadh an easpa boinn fianaise leordhóthanaigh a bhaineann le soláthar múinteoirí agus éileamh orthu, agus an easpa éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta, i roinnt tuarascálacha agus staidéar.

Conclúid

I dteannta a chéile, soláthraítear leis na hathbhreithnithe litríochta raon léargas taighde ar thurais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana, lena mbaintear leas as litríocht taighde éagsúil a roghnaítear ar bhealach fiúntach. Leis na léargais sin, cuimsítear leagan amach staidéar, ceisteanna taighde, dearaí staidéar, ionstraimí, torthaí agus impleachtaí beartais i gcomhthéacs ina mbíonn tionchar níos mó ná riamh ag tosca córais sheachtraigh níos leithne maidir le turais ghairmiúla múinteoirí a mhúnlú, mar aon le dinimic chultúir eagraíochta scoileanna sheanaitheanta, cé nach dtuigtear iad chomh maith céanna. Mar sin, fuarthas staidéir éagsúla fhaisnéiseacha ó na hathbhreithnithe litríochta maidir le réimsí taighde seanbhunaithe tábhachtacha ar an múinteoireacht ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. In ionad athrá a dhéanamh ar na conclúidí sna ceithre chaibidil roimhe seo, sa chaibidil deiridh seo sainaithnímid roinnt príomhléargais/ceachtanna uileghabhálacha ó na ceithre athbhreithniú.

Staidéir ghéarchúiseacha ar dhinimic i mbliain 1-9 bunaithe ar dhearaí éagsúla taighde

Ar fud na ceithre athbhreithniú litríochta tá léargais iomadúla ar dhinimic na foghlama agus na forbartha múinteoirí atá ábhartha do chúig chuspóir taighde TGM. Eascaíonn na léargais sin as raon éagsúil dearaí staidéir laistigh de staidéir cháilíochtúla, chainníochtúla agus modhanna measctha agus tharstu. Mar shampla, thar na trí athbhreithniú scóipe fuaireamar staidéir lena tugadh aghaidh ar gach ceann de chúig chuspóir taighde TGM agus ba léir éagsúlacht sna dearaí taighde agus ábharthacht do gach ceann de na cúig chuspóir taighde.

Dealraítear go ndírítear leis an litríocht atá ann cheana ar na chéad chúpla bliain den chuid is mó, bliain 1 go bliain 3 nó 4 den mhúinteoireacht de ghnáth

Toradh suntasach thar na hathbhreithnithe sin is ea an líon mór staidéar taighde ar na chéad trí bliana de ghairm na múinteoireachta; ba léir sin, go háirithe, san athbhreithniú scóipe ar an múinteoireacht in Éirinn maidir le bliain 1-9 agus san athbhreithniú scóipe ar staidéir fhadaimseartha.

Luathbhlianta na múinteoireachta mar thréimhse athraithe mhóir

Le staidéir a ndearnadh athbhreithniú orthu, díriodh aird de ghnáth ar an athrú mór a bhíonn ar mhúinteoirí ina luathghairm mhúinteoireachta. Bhí fianaise ina leith sin, mar shampla, i staidéir ar éifeachtúlacht múinteoirí, agus i staidéir cháilíochtúla éagsúla ar fud na n-athbhreithnithe freisin. Rud atá tábhachtach, sa chomhthéacs sin tugaimid aird ar an bpointe roimhe seo faoi bhearnaí sa taighde ar bhliain 4 agus ina dhiaidh sin sa litríocht. Mar sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh níos mó athraithe ar mhúinteoirí i mbliain 4 agus ina dhiaidh sin ná mar a léirítear sa litríocht taighde.

Béimeanna agus bearnaí sa taighde ar an múinteoireacht i mbliain 1-9 i gcomhthéacs na hÉireann


Léiríodh leis an athbhreithniú scóipe ar thaighde agus ar an múinteoireacht i mbliain 1-9 in Éirinn na bealaí inar díriodh leis an taighde, go dtí seo, ar mhúinteoirí bunoidreachais den chuid is mó, ar mhúinteoirí iar-bhunoideachais, ach ní an oiread céanna, agus ar mhúinteoirí breisoideachais go fíorannamh (féach caibidil 4). Ba léir an bhearna sin sa taighde i ndáil le múinteoirí breisoideachais i ndáil le soláthar múinteoirí freisin i gcomhthéacs na hÉireann (féach caibidil 5).

Patrúin sna dearaí staidéir a bhaineann leis na trí athbhreithniú scóipe

Bhí patrúin shoiléire ann sna dearaí staidéir a bhaineann leis na trí athbhreithniú scóipe a rinneadh. De chineál cainníochtúil beagnach go heisiach iad na staidéir thrasnáisiúnta mhórsála, ní nach ionadh. Os a choinne sin, de chineál cáilíochtúil beagnach go heisiach é an t-athbhreithniú scóipe ar an múinteoireacht in Éirinn i mbliain 1-9. I gcás an athbhreithnithe scóipe ar staidéir fhadaimeartha, ba léir raon níos éagsúla de dhearaí staidéir, agus bhí líon mór staidéar ann inar úsáideadh modhanna cáilíochtúla, cainníochtúla agus measctha. Is díol suntais iad dhá phointe. Ar an gcéad dul síos, is luachmhar an rud é go raibh patrúin sna hathbhreithnithe scóipe toisc go soláthraítear raon éagsúil staidéar leo anois atá ábhartha do staidéar TGM. Ar an dara dul síos, i ndáil le comhthéacs na hÉireann, tá sé de chumas ag dearadh mórsála TGM atá beartaithe léargais nua a chur leis na staidéir de chineál cáilíochtúil, den chuid is mó, atá ann cheana ar luath-thurais ghairmiúla múinteoirí.

Tábhacht mhéadaithe an chomhthéacs beartais sheachtraigh

Ós rud é gur thug rialtais ar fud an domhain tosaíocht don mhúinteoireacht agus don scolaíocht de ghnáth mar fhócas na mbeartas agus na n-idirghabhálacha a bhí beartaithe, ní nach ionadh ansin go léirítear tábhacht mhéadaithe an chomhthéacs beartais sheachtraigh sin le staidéir ar mhúinteoirí agus ar an scolaíocht. Mar shampla, le hathbhreithniú Nguyen et al. (2021) ar thaighde ar sholáthar múinteoirí, leagadh béim go soiléir ar thábhacht mhéadaithe na timpeallachta beartais sheachtraigh (féach Léaráid A4), agus níor sainaithníodh le hathbhreithniú comhchosúil roimhe sin ó Guarino et al. (2006) ach dhá thacar toscas, is é sin, toscas pearsanta agus toscas scoile amháin.



Léaráid A4: Tosca seachtracha, pearsanta agus scoile maidir le ráta athraithe múinteoirí a thuiscint.

Foinse: Nguyen et al. (2021)

Conas a mhapáil an tacar deiridh staidéar a áiríodh sna hathbhreithnithe scóipe leis an litríocht níos leithne maidir le hoideachas múinteoirí?


Cé go bhfuarthas léargais luachmhara ón raon éagsúil ceisteanna taighde, coincheapuithe staidéir, dearaí taighde, anailís ar staidéir agus torthaí leis na hathbhreithnithe scóipe agus páipéar saincheisteanna a rinneadh i gcomhthéacs athbhreithniú litríochta TGM, tá sé tábhachtach go léitear agus go dtuigtear iad sin i gcomhthéacs na litríochta níos leithne maidir leis an múinteoireacht agus oideachas múinteoirí. Mar sin, le linn staidéar TGM sa tréimhse 2024-2030, beidh deiseanna ann leas a bhaint as an litríocht níos leithne sin agus na hathbhreithnithe a dhéantar don tuarascáil seo a leathnú.

Tábhacht na gcoincheap agus na dtógán ar leith

Ar fud na n-athbhreithnithe scóipe agus an pháipéir saincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí, bhí tógáin agus smaointe a tháinig aníos arís is arís eile a tháinig chun cinn mar chinn ábhartha go háirithe do staidéar TGM. Is fiú dhá phointe a lua sa chomhthéacs sin. Ar an gcéad dul síos, i ndáil le soláthar múinteoirí, mar shampla, úsáideadh go forleathan coincheap ‘intinn an mhúinteora’ mar a d’fhéadfadh sé baint le coinneáil nó le cineálacha éagsúla athraithe múinteoirí. Ar an dara dul síos, i ndáil le hinníúlacht féintuairiscithe múinteoirí i dtaca leis an múinteoireacht, úsáideadh éifeachtúlacht múinteoirí go forleathan mar an rogha tógáin chun aghaidh a thabhairt ar a mhéid a bhraitheann múinteoirí go bhfuil siad inniúil chun dul i mbun múinteoireachta i gcoitinne, nó i ndáil le gnéithe sonracha den mhúinteoireacht, e.g. bainistíocht sa seomra ranga, pleanáil, cleachtas ionchuimsitheach, etc.

Staidéar a dhéanamh ar chreataí coincheapúla agus ar anailís choincheapúil

Mar a thugamar faoi deara, ba léir coincheapú iomchuí roimhe seo ar cheisteanna áirithe taighde i ndáil le hathrú múinteoirí a thuiscint (féach Nguyen et al., 2021 thuas). Ar bhonn níos ginearálta, i ndáil le staidéir fhadaimseartha mar aon le staidéir thrasnáisiúnta mhórscála, bhí béim shuntasach ar chreat nó ar shamhail a fhorbairt chun an staidéar a bhunú sa litríocht agus chun anailís agus torthaí araon a leagan amach. Mar shampla, déanann Akiba et al. (2023) nasc sainráite idir a samhail choincheapúil agus a samhail anailíseach (féach Léaráid A5 thíos).




LÉARÁID 1. Samhail Choincheapúil agus Anailiseach

Léaráid A5 Samhail choincheapúil agus anailiseach **Foinse:** Akiba et al. (2023)

Naisc idir Réimse 1 (C1-3) agus Réimse 2 (C4 + 5) de TGM

Mar a thugamar faoi deara i gcaibidil 1, tugtar aghaidh le staidéar TGM ar chúig chuspóir taighde a bhféadfaimid féachaint orthu i dtéarmaí dhá réimse (féach Léaráid A6 thíos). Sna hathbhreithnithe litríochta a rinneadh le haghaidh na tuarascála seo, luadh le staidéir iomadúla a ndearnadh athbhreithniú orthu na bealaí ina mbíonn tionchar ag tosca pearsanta ar scoil (Réimse 1, C1, 2 agus 3) ar sholáthar múinteoirí (Réimse 2, C5). Mar sin, le linn staidéar TGM, cé go measaimid go dtabharfaimid aghaidh ar na cúig chuspóir taighde shainaitheanta den staidéar astu féin, tabharfar aghaidh le TGM freisin ar naisc thábhachtacha idir Réimsí 1 agus 2.




Léaráid A6: Trí théama thrasnacha i ndearadh staidéir lena nasctar C1-3 agus C4-5.

Anailís faidhbe an tsoláthair múinteoirí agus ‘bearnaí sonraí’ i gcomhthéacs na hÉireann

Leis an athbhreithniú litríochta, tugadh le fios na bealaí inar cúis imní é soláthar múinteoirí anois do rialtais ar fud an domhain. É sin ráite, baineann a ndinimic áirithe féin leis na dúshláin atá roimh aon dlínse ar leith atá bunaithe ar stair agus traidisiúin na scolaíochta, oideachas múinteoirí agus margadh saothair in aon chomhthéacs náisiúnta ar leith. Tá sé tábhachtach idirdhealú sainráite a dhéanamh idir creataí/samhlacha maidir le soláthar múinteoirí a úsáidtear go forleathan ach atá an-difriúil ó chéile. Anseo, tugaimid aird ar dhá phríomhghné, iad araon ríthábhachtach agus in úsáid, cé nach leagtar amach iad go sainráite amhlaidh uaireanta: **(a) samhlacha píblíne** a bhfuil fócas atá uimhriúil go heisiach acu maidir le teacht isteach sa ghairm mhúinteoireachta agus imeacht uaithi, agus **(b) samhlacha píblíne agus eispéiris** lena gcuimsítear na sonraí teachta agus imeachta uimhriúla mar aon le sonraí maidir le braistintí múinteoirí ar a n-eispéireas agus ar a gcoinníollacha fostaíochta. Tugadh an chaibidil maidir le soláthar múinteoirí i gcrích trí phlé a dhéanamh ar leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais agus cumas staidéar TGM chun bonn fianaise nua a sholáthar — mar aon le straitéisí féideartha chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar múinteoirí — sa réimse beartais tábhachtach sin.

Timthriallta beartas agus comhthéacs beartas

Mar a thugamar faoi deara i gcaibidil 1, glacfar creat ‘timthrialla beartais’ le TGM (féach Léaráid A7) chun na beartais ábhartha iomadúla i ndáil le turais ghairmiúla múinteoirí a thuiscint.



Léaráid A7. Beartas mar thimthriall (Ball, 1994).

Ba léir suntasacht mhéadaitheach an chomhthéacs beartais maidir le turais ghairmiúla múinteoirí a mhúnlú in athbhreithnithe éagsúla litríochta. I dtéarmaí beartas oideachais comhaimseartha, is féidir é sin a mhíniú leis an tosaíocht mhéadaithe a thugann rialtais ar fud an domhain don mhúinteoireacht agus don scolaíocht mar fhócas na hintinne beartais agus na hidirghabhála beartais. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh fócas tábhachtach staidéar TGM a bheith dírithe, ní hamháin ar an gcaoi a dtuigeann múinteoirí béim bheartais nó tionscnamh amháin, ach freisin ar an gcaoi a dtuigeann siad na beartais iomadúla a théann i bhfeidhm ar a gcleachtas, bíodh sin i gcomhthéacs bunoidreachais, iar-bhunoideachais nó breisoideachais.

Caibidil 1. Réamhrá: Athbhreithnithe litríochta an staidéir ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí

Aidhm agus cuspóirí taighde staidéar TGM

Is éard atá in *Turais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM): Na Chéad Deich mBliana (2024-2030)* staidéar luathaithe fadaimseartha modhanna measctha atá dírithe ar thuiscint a fháil ar dhinimic na foghlama agus na forbartha múinteoirí ón gcéad bhliain den oideachas tosaigh múinteoirí (OTM) tríd síos na chéad naoi mbliana d’obair múinteoirí laistigh de sheomraí ranga agus scoileanna i gcomhthéacs an chórais oideachais níos leithne sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais (BO) in Éirinn. Cómhaoiníonn an Chomhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais an staidéar. Is é is cuspóir don chéad tuarascáil seo roinnt athbhreithnithe litríochta a rinneadh chun tacú le céimeanna leantacha staidéar TGM a dhoiciméadú agus, go háirithe, an dara tuarascáil atá beartaithe a bheidh dírithe ar dhearadh staidéir agus ar fhorbairt ionstraime mar bhonn le haghaidh céimeanna den staidéar ina dhiaidh sin.

Tá an tuarascáil seo leagtha amach mar a leanas. Le **Caibidil 1** soláthraítear réamhrá ar staidéar fadaimseartha TGM agus réasúnaíocht do na hathbhreithnithe litríochta a rinneadh chun tacú le céimeanna leantacha an staidéir. Leis na ceithre chaibidil ina dhiaidh sin, caibidil 2-5, cuimsítear na ceithre athbhreithniú litríochta a rinneadh chun eolas a dhéanamh don dearadh mionsonraithe staidéir agus forbairt ionstraime a dhéanfar le linn na tréimhse 2024-2025. Athbhreithniú scóipe is ea **Caibidil 2** ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht a rinneadh idir 1970 agus 2023. Athbhreithniú scóipe is ea **Caibidil 3** ar staidéir idirnáisiúnta mhórsála ar an múinteoireacht a rinneadh idir 2000 agus 2023. Athbhreithniú scóipe is ea **Caibidil 4** ar staidéir ar mhúinteoirí le linn bhliain 1 go 9 in Éirinn idir 2000 agus 2023 i gcomhthéacs na n-earnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais. Páipéar saincheisteanna is ea **Caibidil 5** ar sholáthar múinteoirí a bhfuil an litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn eolais faoi. Tá an tuarascáil curtha i gcrích i **gCaibidil 6** ina bhfuil aird tugtha ar phríomh-shaincheisteanna uileghabhálacha a eascraíonn as na ceithre athbhreithniú litríochta. Beidh an dara tuarascáil de TGM dírithe ar dhearadh agus ar fhorbairt ionstraime agus bainfear leas ar bhealach níos iomláine as na léargais ó na ceithre athbhreithniú litríochta atá doiciméadaithe sa tuarascáil seo.


Soláthraítear ar dtús leis an gcaibidil seo buntreoir ghearr ar staidéar fadaimseartha TGM agus ar réasúnaíocht le haghaidh na n-athbhreithnithe litríochta a rinneadh chun tacú le céimeanna den staidéar ina dhiaidh sin: lena n-áirítear aidhm uileghabhálach an staidéir seo, na cúig chuspóir taighde agus ceisteanna taighde gaolmhara eiseamláire. Tugtar aird leis an gcéad chuid eile ar chomhthéacs staidéar TGM, lena ndírítear ar ‘ailtireacht an chontanaim’, na gairmiúlachta múinteoirí agus an curaclam in Éirinn. Sa chuid ina dhiaidh sin, soláthraítear leis an gcaibidil forbhreachnú gearr ar dhearadh an staidéir, dearcadh an timthrialla beartais lena ndéanfar bonn eolais don staidéar agus an réasúnaíocht maidir leis an gcur chuige i leith an athbhreithnithe litríochta.

Is é is aidhm uileghabhálach do staidéar TGM *“tuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh trí scrúdú a dhéanamh ar phríomhthionchair phearsanta, oideachais, ghairmiúla agus chórasacha lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena*

n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla”. Is iad na cúig chuspóir a bhaineann le staidéar TGM a eascraíonn as an aidhm uileghabhálach sin:

- **Cuspóir Taighde 1:** Scrúdú a dhéanamh ar dhearcthaí, luachanna, meonta agus eispéiris mhúnlaiteacha múinteoirí i ndáil leis an múinteoireacht agus foghlaim.
- **Cuspóir Taighde 2:** Braistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile a fhiosrú maidir lena n-inniúlacht (eolas, scileanna, taithí, ullmhacht) chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.
- **Cuspóir Taighde 3:** Iniúchadh a dhéanamh ar eispéiris luathfhoghlama gairmiúla agus luathghairme múinteoirí de réir mar a fhágann siad OTM agus aistríonn siad trí na trí chéim den fhorbairt ghairmiúil.
- **Cuspóir Taighde 4:** Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas chlár OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d’fhorbairtí beartais agus cleachtais.
- **Cuspóir Taighde 5:** Breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí.

Léaráid 1 Staidéar Taighde Fadaimseartha



Léaráid 1.1: Aidhm, cuspóirí taighde agus ceisteanna taighde an staidéir ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí.

Mionsonraítear ceisteanna eiseamláire taighde a bhaineann leis na cúig aidhm i Léaráid 1.1.

Comhthéacs Múinteoireachta Staidéar TGM

Tá staidéar TGM á dhéanamh ag cuibhreannas taighde agus glactar cur chuige ildisciplíneach leis agus úsáid á baint as modheolaíocht modhanna meastha le haghaidh staidéar fadaimseartha dar teideal (OTM go dtí bliain 9). Tá cur chuige il-leibhéal faoi threoir teoirice lárnach don dearadh seo lena gcuimsítear intinn bheartais, achtú beartais, taithí shaoil agus torthaí. Is dócha go mbeidh céimithe na gclár oideachais tosaigh múinteoirí ó 2019, 2022 agus 2025 ag múineadh anonn go maith sna 2060idí. I dtéarmaí treoirlínte/caighdeáin oideachais tosaigh múinteoirí, beidh taithí ag na céimithe sin ar chlár oideachais tosaigh múinteoirí bunaithe ar Chritéir agus Treoirlínte OTM 2011 de chuid na Comhairle Múinteoireachta nó ar chaighdeáin OTM Céim 2020 de chuid na Comhairle Múinteoireachta. Mar gheall ar an dearadh fadaimseartha luathaithe, tabharfar aghaidh ar eispéireas múinteoirí tosaigh I mbliain 1-9 le dearadh an staidéir. Tagann na múinteoirí sin isteach sa ghairm tráth a chuirtear ailtireacht an chontanaim ar bhonn foirmiúil ar bhealaí iarmhartacha i gcomhar le tuiscintí atá ag athrú ar ghairmiúlacht múinteoirí.

‘Ailtireacht an chontanaim’, an múinteoir luathghairme, gairmiúlacht múinteoirí agus an curaclam

In 1991, díriodh aird le hathbhreithniú ECFE ar an ngá atá le cur chuige ‘trípháirteach’ i leith oideachas múinteoirí in Éirinn, is é sin, oideachas tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus sa tseirbhís. Is ábhar suntais é, ó thaobh gairmiúlachta múinteoirí de, gur tugadh aird leis ar ‘shaoirse ghairmiúil cháiliúil’ an mhúinteora Éireannaigh. Le linn na 30 bliain idir an dá linn, baineadh mórán amach i ndáil leis an ailtireacht atá mar bhonn faoi leanúntas an oideachais múinteoirí in Éirinn. Áirítear leis sin próisis chreidiúnú gairmiúil na gclár OTM agus, mar bhonn taca fúthu, forbairt na dtreoirlínte maidir le hoideachas tosaigh múinteoirí in 2011 agus na gcaighdeán athbhreithnithe in 2020, roinnt scéimeanna píolótacha chun múinteoirí nuacháilithe a ionduchtú, rud a shroich buaic le Droichead: an Creat Comhtháite Ionduchtaithe Gairmiúil in 2016 agus foilsíú Cosán in 2016, an creat náisiúnta foghlama múinteoirí lena gcuimsítear deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le haghaidh foghlaim múinteoirí. Dá bhrí sin, gné lárnach den staidéar fadaimseartha atá beartaithe, dar linn, is ea an chaoi a múnlaítear ‘ailtireacht nua sin an chontanaim’ leis an méid a thugann múinteoirí faoi oiliúint leo chuig OTM trína ‘bprintíseacht breathnóireachta’ (Lortie, 1975) agus, rud atá chomh tábhachtach céanna, an chaoi a múnlaíonn ailtireacht thrípháirteach sin an chontanaim múinteoirí ionchasacha in OTM, múinteoirí nuacháilithe (MNCanna) le linn ionduchtaithe agus múinteoirí luathghairme ina gcéad deich mbliana sa ghairm. Rud atá ríthábhachtach i dtéarmaí foirmiúla, níor éirigh an ailtireacht thrípháirteach sin chun a bheith bunaithe agus achtaithe ar bhealach níos soiléire ach ó bhí 2017 ann, ailtireacht a moladh go luath sna 1990idí. Mar sin féin, tarraingítear neart ceisteanna anuas leis an ailtireacht thrípháirteach nua sin atá ag athrú: ina measc, ceisteanna faoi na conairí agus aistrithe éagsúla idir céimeanna an chontanaim, agus an chaoi a bhféadfadh tuiscintí atá ag athrú ar an múinteoireacht mar ghairm, i gcomhar le hathchóiriú curaclaim, dul i bhfeidhm ar na gnéithe sin uile. Áitítear le tréithriú gairmiúlachta agus foghlama gairmiúla amháin (Hargreaves, 2000) gur tháinig sé chun cinn ón ngairmiúlacht réamh-neamhspleách go dtí an ghairmiúlacht neamhspleách, agus gur tréithe iad an ghairmiúlacht chomhoibríoch agus/nó an ghairmiúlacht iar-nua-aoiseach den cheathrú deireanach den aois. Agus an cur chuige atá beartaithe againn á leagan amach, tá sé tábhachtach go ndíreoimid aird ar leith ar achtú na fise foirmiúla thuasluaite atá ag teacht chun cinn maidir le leanúntas an oideachais múinteoirí,

in éineacht le tuiscintí comhaimseartha ar ghairmiúlacht múinteoirí agus béim acu ar chomhghleacaíocht, ar chastacht agus ar athrú.


I dtéarmaí an churaclaim ar leibhéal an bhunoideachais, is dócha go mbeidh eolas ag céimithe OTM ar churaclam bunscóile 1999, an t-athbhreithniú reatha ar an gcuraclam bunscóile agus ar threoracha dóchúla den chur i bhfeidhm amach anseo i lár na 2020idí. Ar leibhéal an iar-bhunoideachais, is dócha go mbeidh eolas ag céimithe OTM ar leasuithe ar an tSraith Shóisearach agus Shinsearach agus ar na hathruithe gaolmhara agus ar na teannais chórasacha maidir leis an gcaoi is fearr chun measúnú a dhéanamh ar dhaltaí i bhfianaise oidhreacht thraidisiún na scrúduithe. I dtéarmaí breisoideachais, is dócha go mbeadh eolas ag céimithe OTM ar réimse leathan clár a bhaineann leis an tionscal agus leis an tsochaí lena soláthrófar an iliomad roghanna gairme agus conairí fostaíochta dóibh siúd agus dá ndaltaí, rud a bhí neamhghnách b'fhéidir glúin ó shin nuair nach raibh geilleagar na hÉireann chomh rachmasach céanna, chomh héagsúil ó thaobh na sochaí de, chomh feasach faoin inbhuanaitheacht i dtéarmaí daoine agus an phláinéid agus nuair a bhí siad fréamhaithe I ndomhan analógach. Is ábhar suntais é go ndéanfaidh TGM, agus an staidéar atá beartaithe á leagan amach, turais ghairmiúla múinteoirí a chur i gcomhthéacs laistigh de dhinimic na comhsheasmhachta agus an athraithe ar churaclam agus ar mheasúnú sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais.

Tá aidhm staidéar fadaimseartha TGM dírithe ar thuiscint a fháil ar thurais ghairmiúla múinteoirí tosaigh le linn na chéad deich mbliana trí scrúdú a dhéanamh ar cheithre réimse tionchair (pearsanta, oideachais, gairmiúil agus córasach) lena sainítear agus lena múnlaítear a luathghairm agus a luathchleachtas, lena n-áirítear tionchar na gcéimeanna éagsúla foghlama agus forbartha gairmiúla. Mar sin, cuirtear i láthair leis deis cheannródaíoch fhéideartha chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an gcaoi a bhforbraíonn céimithe oideachais tosaigh múinteoirí agus múinteoirí luathghairme, ar an gcaoi a bhfágann siad an ghairm nó a n-aistríonn siad laistigh di, agus ar an gcaoi a dtéann siad i ngleic le cleachtais sheanbhunaithe agus le cleachtais atá dírithe ar an leasú. Thairis sin, is ábhar suntais é go soláthrófar léargas leis an staidéar ar an gcaoi a mbreathnaíonn siad ar a ról (anois agus amach anseo) mar mhúinteoirí sna hearnálacha scoile/oideachais, ról atá níos tábhachtaí ná riamh maidir le hoideachas, sláinte, agus torthaí eacnamaíocha agus sóisialta na ndaltaí ar feadh an fhaid saoil.

Príomhghnéithe de dhearadh staidéar TGM: Dearadh comhtháite

Tá bonn eolais á chur faoin dearadh foriomlán dhá réimse (féach Léaráid 1.2) le hathbhreithnithe litríochta a mhionsonraítear sa tuarascáil seo.

- **Réimse 1. Cuspóirí/Ceisteanna 1-3:** Staidéar fadaimseartha modhanna measctha lena ndírítear ar chleachtadh na múinteoireachta agus ar dhearthaí múinteoirí luathghairme, lena gcuimsítear suirbhé, agallaimh le daoine aonair agus le fócasghrúpaí agus anailís ar dhoiciméid.
- **Réimse 2. Cuspóirí/Ceisteanna 4-5:** Staidéar doiciméadach agus príomhpháirtithe leasmhara is faisnéiseoirí lena ndírítear orthu seo a leanas: (i) tosaíochtaí náisiúnta, forbairtí beartais agus cleachtais agus (ii) soláthar múinteoirí.



Léaráid 1.2. Trí théama thrasnacha i ndearadh staidéir lena nasctar C1-3 agus C4-5.

Is iad na ceithre théama thrasnacha i ndearadh an staidéir lena nasctar C1-3 agus C4-5: (i) Tosaíochtaí beartais náisiúnta, (ii) Treoirínte OTM 2011 agus Caighdeáin OTM/CÉIM 2020, (iii) soláthar múinteoirí lena n-áirítear PATH 1 – Éagsúlacht sa Mhúinteoireacht agus (iv) saincheisteanna atá ag teacht chun cinn.

Tá trí phríomhréimse i gceist le dearadh an staidéir lena dtabharfar, i dteannta a chéile, léargais dhoimhne ar chonairí múinteoirí le linn na chéad deich mbliana dá ngairm agus lena soláthrófar bonn fianaise chun eolas a dhéanamh don bheartas agus don chleachtas.

Ar an gcéad dul síos, baintear leas as faisnéiseoirí iomadúla leis an staidéar chun léargas níos iomláine a sholáthar ar eispéiris agus cleachtais múinteoirí, mar aon le braistintí faoi chineál an oideachais tosaigh múinteoirí agus forbartha gairmiúla leanúnaí agus faoina dtreo amach anseo. Is iad na príomhfaisnéiseoirí:

- trí chohórt céimithe ón oideachas tosaigh múinteoirí (féach thíos);
- príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear lucht déanta beartas, oideoirí múinteoirí agus comhlachtaí ionadaíocha múinteoirí, príomhoidí, daltaí agus tuismitheoirí.

Ar an dara dul síos, glactar cur chuige dearaidh luathaithe leis an staidéar, agus trí chohórt céimithe á sampláil. Ar an gcaoi chéanna le dearadh dhá chohórt an staidéir *Fás Aníos in Éirinn*, is féidir teacht ar fhaisnéis níos tapúla leis sin maidir leo siúd a bhain céim amach 7-9 mbliana ó shin, seachas a bheith ag feitheamh ar chéimithe 2025-2026 an chéim sin dá ngairm a bhaint amach. Faoi réir caveat, is féidir faisnéis ó na trí chohórt a úsáid chun conairí agus eispéiris múinteoirí luathghairme i rith na chéad naoi mbliana dá ngairm a iontráil go barúlach. Thairis sin, trí fhéachaint ar na difríochtaí idir na cohóirt maidir lena dtaithí ar fhorbairtí beartais agus treoirínte agus, go rithábhachtach, ar éifeachtaí na paindéime, beimid in ann na héifeachtaí comhthéacsúla ar chomhtháthú gairme a rianú. Bhí suaitheadh mór roimh chéimithe 2022 agus 2025 maidir lena n-oideachas ar leibhéal na hinstiúide ardoideachais (agus, do roinnt acu, ar leibhéal an iar-bhunoideachais), rud a d’fhág go raibh eispéireas difriúil acu ar OTM ná mar a bhí ag céimithe 2019. Mar aon le héifeachtaí an tsuaite a bhain leis an bpaindéim a ghabháil, soláthrófar léargais trína n-eispéiris a rianú maidir le forbairt na múinteoirí mar fhoghlaiméoirí neamhspleácha agus an réaltacht a bhaineann le cumas breise na cianfhoghlama ionas gur féidir linn tuilleadh a fhoghlaim faoi chuir chuige foghlama ar líne agus cumaisc san oideachas múinteoirí.


Ar an trídú dul síos, glactar cur chuige modhanna measctha leis an staidéar, lena dtugtar faisnéis chainníochtúil (suirbhé) le chéile le faisnéis cháilíochtúil ó agallaimh leathstruchtúrtha doimhne, físdialanna agus ábhair eile a bhailíodh ó fhothacar múinteoirí luathghairme. Tá cuir chuige modhanna measctha seanbhunaithe le fada mar mhodh chun léargais níos mionsonraithe a sholáthar ar an méid atá ag tarlú agus ar phróisis agus ar thaithí shaoil is bonn leis na patrúin sin (Cresswell agus Cresswell, 2022). Go háirithe san oideachas, tugadh guth do mhúinteoirí agus do dhaltáí leis an taighde modhanna measctha agus éascaíodh cur I láthair insinte atá soiléir ach caolchúiseach chun eolas a dhéanamh do bheartas agus do chleachtas.

Dearcadh timthrialla beartais

Príomhghné d'eispéireas múinteoirí ar a gcleachtas i seomraí ranga, i scoileanna agus sa chóras níos leithne agus dá rannpháirtíocht leis is ea dinimic an **leagain amach beartais**, i.e. intinn bheartais, agus **cur chun feidhme beartais**, i.e. achtú beartais, taithí shaoil agus torthaí. Is gné thábhachtach chomhthéacsúil de staidéar fadaimseartha TGM iad leagan amach agus achtú na mbeartas oideachais. Chun críocha an athbhreithnithe seo ar bheartais, dírimid ar bheartais mhúinteoireachta agus oideachais múinteoirí a forbraíodh ó tugadh an tAcht Oideachais, 1998 isteach agus ar an gcaoi a bhféadfaidís eolas a dhéanamh do TGM. Cé gur féidir go bhfuil cuma beagán treallach ar an roghnú dáta tosaigh, ba chor cinniúnach é an tAcht Oideachais, 1998 maidir le comhthéacs rialachais foriomlán oideachas na hÉireann, agus soláthraíodh leis an mbonn taca reachtach nua réasúnaíocht agus gá le haghaidh tuilleadh mionsonraí beartais sa chóras ná mar a bhí ann roimh 1998. Sula dtabharfaimid aghaidh ar bheartais mhúinteoireachta agus oideachais múinteoirí atá ábhartha do TGM, soláthróimid roinnt comhthéacs trí aghaidh a thabhairt ar an timthriall beartais. Ina dhiaidh sin, leagfaimid amach an cur chuige nó na modhanna a ghlacamar chun athbhreithniú a dhéanamh ar na réimsí beartais ábhartha.

An timthriall beartais

Gné sheanbhunaithe den taighde ar oideachas is ea an staidéar ar fhorbairt agus cur chun feidhme beartas oideachais, agus tá dearthaí éagsúla ag a bhfuil a sraith shuntasach toimhdí féin acu mar bhonn leis sin. I ndáil leis an timthriall beartais, diúltaítear do choincheap an bheartais mar phróiseas líneach ón mbarr anuas, ó fhorbairt go cur chun feidhme, agus is heorastaic chabhrach iad creataí beartais amhail Timthriall Beartais de chuid Ball chun an staidéar TGM a chur i gcomhthéacs (Bowe et al., 1992; Ball 1994) toisc go n-aithnítear leis castacht an bheartais oideachais mar phróiseas leanúnach lena mbaineann 'comhthéacsanna iomaíocha' agus aistriú gaolmhar idir comhthéacsanna (Reagan et al., 2016, lch 4). Trí mhúinteoirí agus páirtithe leasmhara a bhunú mar ghníomhaithe beartais i nginiúint agus I gcur chun feidhme beartais, tá TGM in ann anailís a dhéanamh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn múinteoirí le beartas. Sonraítear trí chomhthéacs i saothar Bowe et al. (1992), Comhthéacs an Tionchair, Comhthéacs an Táirgthe Téacs Beartais agus Comhthéacs an Chleachtas, agus d'fhorbair Ball (1994) dhá chomhthéacs bhreise níos déanaí; Comhthéacs na dTorthaí agus Comhthéacs na Straitéise Polaitiúla, lena gcruthaítear timthriall beartais leanúnach atriallach idirghníomhach (Léaráid 1.3).



Léaráid 1.3. Beartas mar thimthriall (Ball, 1994).

I ndáil le cur chun feidhme beartais, b'fhócas seanbhunaithe ó na 1960idí ar aghaidh an cur chun feidhme a leagan amach i dtéarmaí 'dhílseacht' an chur chun feidhme ag na daoine sin ar cuireadh de dhualgas orthu beartas a achtú 'ar an láthair'. Le dearthaí tábhachtacha comhaimseartha, léirítear lochtanna an dearcadh 'dílseachta' agus áitítear ar son dearcadh 'déanta céille' (Spillane et al., 2002; Coburn, 2006). I gcomhthéacs staidéar TGM maidir le beartais mhúinteoireachta agus oideachais múinteoirí in Éirinn, glacaimid seasamh 'déanta céille' i ndáil le cur chun feidhme beartais. Cuimsítear le beartais mhúinteoireachta agus oideachais múinteoirí a bhaineann le TGM (i) oideachas múinteoirí, (ii) curaclam agus (iii) téamaí/réimsí beartais eile atá ábhartha don mhúinteoireacht. Ós rud é go bhforbraítear staidéar TGM ó 2024 go 2030, beidh tionchar ag cur chuige an timthrialla beartais ar dhearadh an staidéir ar bhonn leanúnach. Forbrófar an ghné sin de staidéar TGM a thuilleadh i dtuarascáil a dó.

Ó chor cinniúna an Achta Oideachais, 1998 go 2024: Ré nua don fhorbairt beartas

Mar a thugamar ar aird thuas, glacaimid cur chuige timthrialla beartais i leith beartais mhúinteoireachta agus oideachais múinteoirí atá ábhartha do TGM a thuiscint agus a leagan amach. Is féidir féachaint ar bheartais mhúinteoireachta agus oideachais múinteoirí mar bheartais lena gcuimsítear réimsí éagsúla.

- sampla 1: oideachas múinteoirí: OTM, ionduchtú agus FGL/foghlaim ghairmiúil múinteoirí
- sampla 2: oideachas ionchuimsitheach agus speisialta
- sampla 3: oideachas ETIM
- sampla 4: breisoideachas
- athbhreithnithe curaclaim agus beartais ar leibhéal an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais
- TFC/Oideachas digiteach

- an Ghaeilge
- litearthacht agus uimhearthacht
- cultúr agus eagrú scoile, i.e. Ag Breathnú ar an Scoil Againne (BASA)
- straitéis folláine

Chun críocha Thuarascáil 1, mar atá curtha i dtábhacht thuas, chun forbairt agus tábhacht na mbeartas atá ábhartha do TGM i gcóras oideachais na hÉireann a léiriú, dírimid ar cheithre shampla de chomhthéacs beartais: (i) oideachas múinteoirí, (ii) ionchuimsiú maidir le riachtanais speisialta oideachais, (iii) oideachas ETIM agus (iv) breisoideachas.

Soláthraítear roinnt léargas leis na ceithre shampla nó chomhthéacs beartais sin ar dhinimic ar leibhéal an chórais maidir le forbairt beartais múinteoireachta agus oideachais múinteoirí in Éirinn ó chor cinniúna an Achta Oideachais, 1998 agus an chaoi a mbeidh forbairtí beartais mar bhonn eolais do staidéar TGM.

Sampla 1: Forbairtí beartais oideachais múinteoirí

Tháinig athrú ar bheartais oideachais múinteoirí in Éirinn ar bhealaí suntasacha le 20 bliain anuas, mar thoradh ar bhunú na Comhairle Múinteoireachta in 2006, an straitéis litearthachta agus uimhearthachta in 2011 agus an t-athbhreithniú ar an tírdhreach ardoideachais ó 2011 go 2018. D'éascair an chéad agus an dara tuarascáil ó Sahlberg in 2012 agus 2018 (a foilsíodh in 2019) faoi seach as an athbhreithniú ar an tírdhreach ardoideachais I gcomhthéacs an oideachais múinteoirí. Leis na forbairtí sin le 20 bliain anuas, cuireadh leis na forbairtí móra roimhe sin ar bheartas oideachais múinteoirí. Bhí na deich mbliana ó lár na 1960idí go dtí lár na 1970idí an-tábhachtach ó thaobh an athbhreithnithe beartais agus oiriúnuithe córais de maidir le hoideachas múinteoirí in Éirinn. I measc na dtuarascálacha tábhachtacha a raibh tionchar acu (féach Coolahan, 2007) an t-am sin, bhí an Tuarascáil ar Infheistíocht san Oideachas (1966), an Tuarascáil ón gCoimisiún um Ardoideachas (1967), Tuarascáil an Údaráis um Ard-Oideachas ar Oideachas Múinteoirí (1970) agus an Tuarascáil ar an gComhairle Mhúinteoireachta (1974). Is ábhar suntas é sa chomhthéacs atá ann anois gur moladh le Tuarascáil 1974 ar an gComhairle Mhúinteoireachta go mbunófaí an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Ó bunaíodh an Chomhairle Mhúinteoireachta in 2006, arb é toradh beagnach 30 bliain abhcóideachta é ó bhí na 1970idí ann (Coolahan, 2007), d'fhorbair an Chomhairle, agus béim mhéadaitheach beartais idirnáisiúnta ar 'an tábhacht a bhaineann le múinteoirí' ó thaobh an oideachais agus an gheilleagair de á léiriú, raon beartas lena leagtar amach saolré ghairmiúil múinteoirí in Éirinn anois. Mar sin, le linn a céad deich mbliana, ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta (CM) cur chuige céimnithe i leith beartais saolré gairmiúla a fhorbairt. D'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Beartas 2011 maidir leis an gContanam in 2011, rud a bhí suntasach toisc gurb í an chéad uair a leagadh amach 'leanúntas an oideachais múinteoirí' amhlaidh i ndoiciméad beartais. Le Beartas 2011 maidir leis an gContanam, réitíodh an bealach do dhoiciméid bheartais na Comhairle Múinteoireachta a tháinig ina dhiaidh sin. I gcás OTM agus ionduchtaithe araon, chuaigh an dá rud trí chéimeanna éagsúla, agus tháinig an dá rud in aibíocht le linn deich mbliana den fhorbairt, den chomhairliúchán agus den chur chun feidhme. I gcás OTM, thiontaigh Oideachas Tosaigh Múinteoirí: 'Critéir

agus Treoirlínte do Sholáthraithe², 2011 ina ‘caighdeán’ in 2020 — athrú tábhachtach iarmhartach ar ainmníocht as féin. Mar sin féin, d’fhéadfaí a áitiú nach bhfuil an t-aistriú chuig an ainmníocht mar chaighdeán chomh radacach sin i bhfianaise na gceanglas sonrath sainithe do sholáthraithe OTM in 2011. I ndáil le hionduchtú, agus an cur chuige forbraíochta de réir a chéile a glacadh chun tacaíochtaí a sholáthar do mhúinteoirí nuacháilithe á fhorbairt, d’fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Droichead, creat comhtháite ionduchtaithe gairmiúil do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) in 2017, creat atá bunaithe ar chur chuige uile-scoile chun tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe. Le linn na tréimhse ceithre bliana ó 2017 go 2021-2022, tugadh isteach an clár ionduchtaithe Droichead ar bhonn céimneach agus cuireadh chun feidhme go hiomlán é in 2021-2022. I ndáil le foghlaim ghairmiúil múinteoirí (FGM), d’fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Cosán, an creat náisiúnta foghlama múinteoirí, in 2016. Le Cosán, in éineacht le hathbhreithniú litríochta coimisiúnaithe agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus meastóireacht ar chur chun feidhme cláir folláine múinteoirí a rinne an Foras Taighde ar Oideachas, tá comhthéacs nua á sholáthar chun breithniú a dhéanamh ar fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus fhoirmiúil múinteoirí ar fud an timthrialla ghairmiúil. Go hachomair, le 15 bliana anuas bunaíodh ailtireacht nua beartais agus cleachtais le haghaidh timthriall gairmiúil múinteoirí.

I dtéarmaí staidéar fadaimseartha TGM, tá impleachtaí ar leith ag forbairt na dtrí bheartas sin, (i.e. Céim, Droichead agus Cosán), lena gcuimsítear saolré ghairmiúil múinteoirí bunoidreachais agus iar-bhunoideachais, maidir le staidéar fadaimseartha ar mhúinteoirí le linn a gcéad deich mbliana sa ghairm a thuiscint agus a dhéanamh. I gcomhthéacs an Bhreisoideachais, tá caighdeán bhreisoideachais ar leith ann (an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2011).

Sampla 2: Forbairtí beartais ionchuimsithe maidir le riachtanais speisialta oideachais

In Éirinn, léirítear dúbailteacht sa chóras le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil RSO acu, dúbailteacht atá ann ó bhí na 1950idí ann. Réitíodh an bealach chun bogadh i dtreo oideachas ionchuimsitheach in Éirinn atá bunaithe ar chearta sna 1990idí. Bhí an tAcht Oideachais, 1998 ina chor cinniúna agus, den chéad uair, bhí ceart reachtúil chun oideachais ag leanaí atá faoi mhíchumas. Le Tuairisc an Choiste Athbhreithnithe ar an Oideachas Speisialta (Rialtas na hÉireann, 1993), a tháinig roimh an Acht, cáineadh an beartas agus an soláthar oideachais speisialta i gcomhthéacs na hÉireann agus iarradh imeascadh leanaí a bhfuil RSO acu I scoileanna príomhshrutha agus laghdú ar an gcóimheas idir daltaí: agus múinteoirí, atá fós ann inniu. Go hidirnáisiúnta, féachtar ar Ráiteas Salamanca (1994) mar an doiciméad idirnáisiúnta is tábhachtaí i réimse an oideachais ionchuimsitheach (NCSE, 2010). Iarradh leis ar gach rialtas an tosaíocht is airde a thabhairt don chóras oideachais a dhéanamh ionchuimsitheach, agus chun prionsabal an oideachais ionchuimsitheach a ghlacadh mar ábhar dlí nó beartais.

Le hachtú páirteach de réir a chéile an Achta um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004, tugadh isteach athrú mór córasach agus struchtúrach ar an gcóras oideachais. Ba thréimhse iad na 2000idí ina raibh athruithe leanúnacha seasta.

² Le hAlt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, déantar tagairt don Chomhairle a bheith ag bunú caighdeán le haghaidh OTM agus ag déanamh athbhreithniú agus creidiúnú ar chláir de réir na gcaighdeán sin.

Bunaíodh an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta in 2003 agus sholáthair sí FGL do mhúinteoirí agus do scoileanna ina raibh méadú ag teacht ar an líon daltaí a raibh RSO acu san oideachas príomhshrutha agus speisialta. Leis an mbogadh i dtreo oideachas ionchuimsitheach, tá méadú de réir a chéile tagtha ar an gcaiteachas agus ar chur ar fáil acmhainní don oideachas príomhshrutha ionchuimsitheach ó bhí na 2000idí ann. Tháinig méadú ar an líon cúntóirí riachtanas speisialta agus múinteoirí oideachais speisialta, agus ar an líon daltaí a bhfuil RSO acu san oideachas príomhshrutha. Níor bhreith an t-oideachas tosaigh múinteoirí maidir le hoideachas ionchuimsitheach suas leis sna 2000idí (Hick et al., 2019). Leagtar béim leis na príomhathruithe ar bheartas ó 2013/2014 (NCSE, 2013; 2014) ar bhogadh ó chuir chuige chatagóirithe aonair i leith leithdháileadh agus seachadadh oideachais speisialta, i dtreo úsáid acmhainní uile-scoile chomhoibríoch chórasach atá bunaithe ar shonraí (lena n-áirítear úsáid cúntóirí riachtanas speisialta b'fhéidir), thar chontanam tacaíochta (NEPS, 2007; 2010; ROS, 2017; RO, 2024 [Dréacht]). Teastaíonn contanam scileanna, eolais agus inniúlachtaí ó scoileanna leis an gcur chuige bunaithe ar riachtanais, chun freastal ar riachtanais chomhroinnte agus uathúla araon na ndaltaí. Tharla gairmiúlú na múinteoirí oideachais speisialta, agus aithnítear a thábhachtaí atá oideachas múinteoirí san oideachas speisialta ar leibhéal iarchéime, ach ní sainordaítear é. Is léir tionchar méadaitheach an Dearaidh Uilíoch don Fhoghlaim ó bhí 2018 ann (Flood agus Banks, 2021).

Leis na hoibleagáidí tar éis do Rialtas na hÉireann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD) a dhaingniú in 2018, cuireadh i dtábhacht an soláthar oideachais do dhaltaí faoi mhíchumas. Oibríonn cur chuige comhthreomhar na hÉireann i leith an tsoláthair trí chóras socrúcháin i ranganna príomhshrutha, ranganna speisialta nó scoileanna speisialta faoi Chreat an Chontanaim Tacaíochta agus tá sé achrannach dar leis na NA, toisc go léirmhínítear é faoi láthair mar shárú ar chearta an linbh, lena gciallaíonn ionchuimsiú an t-oideachas príomhshrutha. Moladh le comhairle beartais NCSE in 2019 maidir le todhchaí na ranganna speisialta agus scoileanna speisialta 'ionchuimsiú iomlán' agus tarraingíodh fianaise ina leith ó Cheanada ('samhail New Brunswick') agus ón bPortaingéil, agus spreagadh arís an díospóireacht maidir lena bhfuil l gceist leis an 'oideachas ionchuimsitheach'.

In 2023 cuireadh tús le hathbhreithniú ar Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu in 2024; tar éis athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar oideachais speisialta in Éirinn, leag NCSE amach a fhís chun córas oideachais ionchuimsitheach a bhaint amach go forásach. Ní dheachaigh sé chomh fada le hionchuimsiú iomlán a chur chun feidhme. Áitíonn NCSE (2024) go mbeidh leanaí ann i gcónaí nach mbeidh in ann freastal ar a scoileanna áitiúla mar gheall ar a riachtanais aonair. Leis an líon méadaitheach ranganna speisialta agus scoileanna speisialta, leagtar béim ar thábhacht an oideachais inseirbhíse múinteoirí. Tá bearna ann idir an t-eolas agus an cleachtas (Brennan, King agus Travers, 2019; Hick et al., 2019).

Sampla 3: Forbairtí beartais oideachais ETIM (i.e. sampla curaclaim)

Sna chéad deich mbliana den aois seo, bhí easpa airde ar bheartais thiomnaithe ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) in Éirinn. Mar sin féin, tháinig méadú ar an aitheantas i measc lucht déanta beartas oideachais maidir le ról ETIM chun rathúnas eacnamaíoch in Éirinn amach anseo a chinntiú, lena rannchuideofar le forbairt shóisialta agus comhshaoil, lena spreagfar an nuálaíocht agus lena bhforbrófar saoránacht atá léannta maidir leis an eolaíocht, an mhatamaitic agus an teicneolaíocht. Ba mhór idir acmhainneacht ETIM chun forbairt agus nuáil a dhéanamh sa tsochaí agus na dúshláin lucht saothair maidir le ETIM a bhí romhainn. Go hidirnáisiúnta, cuireadh imní mhór in iúl maidir leis an líon beag céimithe ETIM agus na dúshláin a bhain le mic léinn ETIM a mhealladh le haghaidh an mhargaidh fostaíochta (an Líonra Scoile Eorpach, 2018). Ba léir na dúshláin sin thar roinnt mhaith gnéithe de phíblíne ETIM na hÉireann, agus bhí éagothroime inscne ann sna roghanna ábhar ar leibhéal an iar-bhunoideachais. Ba léir an ghannionadaíocht ban freisin i gcúrsaí ETIM ardoideachais agus sa lucht saothair. D’ainneoin ceann de na rátaí ab airde céimithe ETIM san Eoraip (POS, 2018), bhí an difreálach inscne ab airde i gcéimithe ETIM ag Éirinn sa Chomhphobal Eorpach, agus 46.0 céimí fireann agus 19.4 céimí baineann in aghaidh an 1,000 duine idir 20 agus 29 bliain d’aois.

Léiríodh aitheantas na foghlama ETIM mar phríomhthosaíocht i gcóras oideachais na hÉireann sa dara deich mbliana den aois le foilsíú beartas ETIM lenar díriodh ar gach gné den tsochaí. Ba é an chéad fhócas spriocdhírithé ar ETIM foilsíú *Oideachas ETIM i gCóras Scoileanna na hÉireann: Tuarascáil ón nGrúpa Athbhreithnithe um Oideachas ETIM*, agus tháinig *Ráiteas Polasaí um Oideachas ETIM (2017-2026)* agus *Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM (2017-2019)* go luath ina dhiaidh sin. Bhí an fócas comhordaithe ar ETIM i raon doiciméad straitéiseach agus pleananna gníomhaíochta a foilsíodh i gcomhar leis na beartais sin, mar aon lena chur chun cinn, lárnach do rath na mbeartas sin. Bhí páirt riachtanach acu sin maidir le spriocanna na mbeartas ETIM a chur chun cinn agus áirítear leo *Nuálaíocht 2020*, an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna (2015-2020)*, an *Plean Gníomhaíochta don Oideachas (2017)*, *Straitéis Náisiúnta Scileanna na hÉireann (2025) – Todhchaí na hÉireann*, agus *Cairt na nEalaíon san Oideachas*.

Bhí réimse leasuithe agus tionscnamh ETIM ar siúl ag deireadh na 2010idí – dul chun cinn in oideachas tosaigh múinteoirí, leasú ar an gcuraclam ar leibhéal na scoile agus leabú na foghlama digití, mar shampla – rud a réitigh an bealach do chur i bhfeidhm céimneach an phlean trí chéim, *Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM (2017-2019)*. Cuireadh an chéad chéim de phlean forfheidhmithe ETIM chun feidhme ó 2017 go 2019. Leagtar amach an dul chun cinn a rinneadh i ngach ceann de na cheithre cholún sa *Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM – Tuarascáil Chéim 1 ar Dhul Chun Cinn (Feabhsú)*. D’fhoilsigh Cigireacht na Roinne Oideachais meastóireacht ar chur chun feidhme na chéad chéime de *Ráiteas Polasaí um Oideachas ETIM 2017-2026* bunaithe ar scrúdú ar shampla de shuíomhanna Foghlama agus Cúraim na Luath-Óige, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna le linn na tréimhse ó mhí Eanáir 2019 go dtí mí na Nollag 2019. Soláthraítear leis an tuarascáil sin faisnéis tagarmhairc luachmhar i ndáil le cur chun feidhme beartais ETIM. Mar sin féin, go luath ina dhiaidh sin, de bharr dhúnadh suíomhanna foghlama agus cúraim na luath-óige agus scoileanna mar gheall ar theacht chun cinn COVID-19, cuireadh síneadh le céim 2 den phlean forfheidhmithe ETIM go dtí 2022, agus tá cur chun feidhme comhcheangailte Chéim 2 agus 3 ar bun faoi láthair go dtí 2026.

Le foilsiú an *Plean Forfheidhmithe um Oideachas ETIM go dtí 2026*, leagtar béim ar réimsí na forbartha beartais agus gníomhaíochta a sainaithníodh i mbeartais roimhe seo, agus fócas leantach ar fheabhas a chur ar eispéiris foghlama ETIM gach linbh agus gach duine óig. Treoróidh an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige an clár oibre go dtí 2026, agus treoir chun gnímh do gach páirtí leasmhar in éiceachóras ETIM oibriú le chéile chun na gníomhaíochtaí uailmhianacha atá os ár gcomhair a bhaint amach. Sainaithnítear na gníomhaíochtaí sin faoi na ceithre cholún lena ndírítear ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí a chothú, scileanna oideoirí agus múinteoirí na luathbhlianta a fheabhsú, tacú le cleachtas oideachais ETIM, agus fianaise a úsáid chun tacú le hoideachas ETIM. Áirítear leis na samplaí de spriocréimsí an fheabhsaithe leanúnaigh:

- samplaí agus tacaíochtaí a sholáthar d'oideachas imeasctha ETIM ar gach leibhéal scoile,
- eispéiris foghlama gairmiúla ardcháilíochta a fhorbairt d'oideoirí agus múinteoirí luathbhlianta chun tacú le forbairt eolais ábhar ETIM,
- rochtain ar eispéiris oideachais ETIM a sholáthar ar leibhéal an fhoghlaimeora agus an mhúinteora in oideachas tosaigh múinteoirí ionas go mbeidh deiseanna acu páirt a ghlacadh i gceachtanna ETIM agus iad a mhúineadh,
- feabhsú comhpháirtíochtaí idir scoileanna agus gnó/tionscal
- agus an pobal taighde, leasú agus athbhreithniú leanúnach ar churaclam ETIM agus soláthar maoinithe chun tacú le tionscadail lena spreagtar leanaí agus daoine óga in ETIM i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Forbairtí beartais breisoideachais agus oiliúna

Tharla an fhorbairt ar an ngairmoideachas go déanach in Éirinn, go príomha mar gheall ar an tionsclú déanach agus fócas acadúil na scoileanna a bhí faoi threoir na heaglaise den chuid is mó. Tharla an fhorbairt i rith an 20ú haois píosa ar phíosa, agus bunaíodh an córas printíseachta agus leasaíodh é níos déanaí, cuireadh cúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus deiseanna dara seans ar bun agus leathnaíodh iad do luathfhágálaithe scoile agus do dhaoine fásta (chun forbhreathnú a fháil, féach McGuinness et al., 2014). Bhí an breisoideachas agus oiliúint in Éirinn ilchineálach, lenar cuimsíodh gairmoideachas agus oiliúint tosaigh, oideachas pobail chun ionchuimsiú sóisialta a chothú, agus roghanna athiontrála agus forbartha gairmiúla do dhaoine fásta san fhostaíocht nó lasmuigh di (McGuinness et al., 2014). Is ábhar suntais é go seachadann an earnáil breisoideachais agus oiliúna in Éirinn cláir ar leibhéal 1-6 ar CNC, mar aon le cláir nach bhfuil ar CNC ná creidiúnaithe.

Chun aghaidh a thabhairt ar chineál píosa ar phíosa an bhreisoideachais agus na hoiliúna agus chun a phróifíl mar chonair luachmhar a fheabhsú, bunaíodh SOLAS faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna (2013). Le dhá shraith doiciméad straitéise (2014-2019 agus 2020-), soláthraíodh treochlár chun an earnáil a fhorbairt. Coinníodh béim leis na doiciméid sin ar chineál ilghnéitheach an tsoláthair, lena gcuimsítear scileanna a fhorbairt, ionchuimsiú a chothú agus, ó 2020, fócas nua ar chonairí a éascú idir foirmeacha éagsúla soláthair iarscoile. Le hathbhreithniú seachtrach ar an straitéis bhreisoideachais agus oiliúna in 2018, leagadh béim ar dhul chun cinn an leata amach den tsamhail nua printíseachta, de straitéis litearthachta agus uimhearthachta agus d'Fhóram Náisiúnta Foghlaimeoirí. Mar sin féin, tugadh aird leis an athbhreithniú ar an ngá atá le forbairt bhreise a dhéanamh ar chonairí soiléire d'fhoghlaimeoirí agus próifíl an bhreisoideachais agus oiliúna a fheabhsú mar rogha. Le linn na tréimhse ó 2016 agus 2020, tháinig méadú ar an líon clár printíseachta ó 27 go 60,

agus tháinig méadú faoi dhó ar an líon printíseach. Tugaimid ar aird freisin go bhfuil samhail ‘ceirde’ struchtúrtha na printíseachta i bhfeidhm ó bhí na 1980idí ann. Tar éis athbhreithniú ar an oiliúint printíseachta in Éirinn a fhoilsiú in 2013, tugadh samhail nua isteach in 2015. Leis an bPlean Gníomhaíochta don Phrintíseacht 2021-2025, socraíodh sprioc uailmhianach 10,000 clárú nua printíseachta in aghaidh na bliana faoi 2025, agus cuireadh Oifig Printíseachta Náisiúnta nua ar bun in 2022. Cruthaíodh conairí nua breisoideachais agus ardoideachais faoi choimirce na hOifige Trasachta Náisiúnta nua ³. Cé go bhfuil méadú mór tagtha ar an líon daoine sa bhreisoideachas agus oiliúint le blianta beaga anuas, tá dúshlán fós ann maidir le próifíl na hearnála sin, agus measann daoine óga agus a dtuismitheoirí fós gurb é an t-ardoideachas an chonair cheannasach iarscoile (Foireann Staidéir Fás Aníos in Éirinn, 2022). Sa chomhthéacs sin, is fiú a lua go ndearnadh agus go ndéantar ról an bhreisoideachais agus na hoiliúna a shainiú a thuilleadh le blianta beaga anuas, sainiú lena dtugtar le fios go bhfuil sé i riocht uathúil chun forbairt scileanna a chinntiú agus conairí fostaíochta agus deiseanna oideachais eile a sholáthar chun Éire a réiteach le córas solúbtha softreagrúil scileanna tá in ann aghaidh a thabhairt ar threochtaí scileanna domhanda.

De bharr an ghanntanais corpais taighde chórasaigh faoi roinnt mhaith gnéithe den earnáil breisoideachais agus oiliúna, tá sé deacair measúnú a dhéanamh ar impleachtaí an athraithe beartais ar ionduchtú agus forbairt múinteoirí. Is foireann ilchineálach í an fhoireann san earnáil ó thaobh cáilíochtaí, pá agus coinníollacha de. Ó bhí 2016 ann, ceanglaítear ar mhúinteoirí breisoideachais cáilíocht chreidiúnaithe múinteoireachta breisoideachais a bheith acu, cé go bhféadfaí iarratasóirí a chlárú ach coinníoll ag gabháil leis go bhfaighidh siad an cháilíocht sin laistigh de thrí bliana. Mar sin féin, déanann oiliúnóirí nó teagascóirí, nach bhfuil na riachtanais cháilíochta chéanna acu, formhór na bhfoghlaimeoirí breisoideachais a mhúineadh. Dá bhrí sin, is dócha go mbeidh impleachtaí ann d’éileamh ar mhúinteoirí breisoideachais mar thoradh ar athruithe beartais san earnáil breisoideachais, ach ní léir an scála, i bhfianaise na cothromaíochta nach eol dúinn idir múinteoirí, teagascóirí, oiliúnóirí agus oidí breisoideachais.

Agus an chuid seo á tabhairt i gcrích, tugaimid ar aird an tábhacht a bhaineann le comhthéacs na mbeartas do staidéar TGM, agus beidh raon leathan comhthéacsanna beartais ina mbonn eolais don staidéar, agus dinimic áirithe (mar a léirítear sna samplaí thuas) i ngach ceann de na comhthéacsanna ábhartha beartais sin á tuiscint.

³ Is féidir riachtanais iontrála éagsúla a bheith ag céimeanna treasacha. Tá na riachtanais iontrála ar fáil ar gach leathanach cúrsa aonair lena n-áirítear cáilíochtaí, gráid ábhair agus scrúdaithe, mar aon le híoscháilíochtaí Ardteistiméireachta, CNC nó dámhachtana combhionainne. Tá coinne leis go sonrúidh soláthraithe an chaoi a bhféadfadh daltaí GCAT agus ATF na híosriachtanais iontrála a chomhlíonadh san fhaisnéis iontrála chúrsa.

Réasúnaíocht do na hathbhreithnithe litríochta: Athbhreithnithe scóipe agus páipéar saincheistanna

Chun eolas a dhéanamh do dhearadh an staidéir agus don fhorbairt ionstraime, agus do chéimeanna an staidéir ina dhiaidh sin, rinne an fhoireann taighde athbhreithnithe scóipe agus páipéar saincheistanna maidir le soláthar múinteoirí. Tá an cur chuige sin i leith na hathbhreithnithe litríochta a dhéanamh ceaptha chun litríocht taighde éagsúil a aimsiú d'aon ghnó atá oiriúnach do staidéar fadaimseartha modhanna measctha ar thurais ghairmiúla múinteoirí a leagan amach.

Is modh amháin iad athbhreithnithe scóipe as roinnt modhanna sintéise fianaise agus úsáidtear go forleathan iad anois mar mhodh chun réimse taighde a mhapáil. Shainmhínigh Munn et al. (2022) athbhreithnithe scóipe mar seo a leanas:

Is cineál sintéise fianaise iad athbhreithnithe scóipe arb é is aidhm dóibh fairsinge na fianaise atá ar fáil faoi thopaic, réimse, coincheap nó saincheist a shainnithint agus a mhapáil, gan beann go minic ar an bhfoinse (i.e. taighde príomhúil, athbhreithnithe, fianaise neamheimpíreach) laistigh de chomhthéacsanna ar leith nó tharstu. Le hathbhreithnithe scóipe, féadfar príomhchoincheapa/sainmhínithe sa litríocht a shoiléiriú agus príomhthréithe nó príomhthosca a bhaineann le coincheap a shainnithint, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le taighde modheolaíoch. (Ich 1).

Tugann Munn et al. (2022) ar aird freisin nach sainítear cuspóir na n-athbhreithnithe scóipe mar 'mhapáil' réimse amháin, agus sainnithníonn siad sé chuspóir ghaolmhara atá ábhartha do TGM:

- na cineálacha fianaise atá ar fáil i réimse áirithe a shainnithint;
- príomhchoincheapa/sainmhínithe sa litríocht a shoiléiriú;
- scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar taighde ar thopaic nó réimse ar leith;
- príomhthréithe nó príomhthosca a bhaineann le coincheap a shainnithint;
- mar réamhtheachtaí athbhreithnithe chórasaigh; agus
- bearnaí san eolas a shainnithint agus a anailísiú.

Leis na trí athbhreithniú scóipe TGM, díriodh ar na staidéir seo a leanas:

- staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht a rinneadh idir 1970 agus 2023;
- staidéir idirnáisiúnta mhórsála ar an múinteoireacht a rinneadh idir 2000 agus 2023; agus
- staidéir ar mhúinteoirí i mblianta 1-9 in Éirinn idir 2000 agus 2023 i gcomhthéacs na n-earnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais.

Ar an gcéad dul síos, sainnithníodh na staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht ó 1970 go 2023 le haghaidh an athbhreithnithe scóipe chun méid an taighde ó thaobh dearcadh fadaimseartha de a rinneadh cheana féin sa réimse le 50 bliain anuas a mhapáil. Bhí coinne le raon dearáí staidéir, lena gcuimsítear staidéir cháilíochtúla, chainníochtúla agus modhanna measctha. Ar an dara dul síos, i bhfianaise fhás na staidéar trasnáisiúnta mórsála ar an múinteoireacht (e.g. PISA, PIRLS, TIMSS... etc.) rinneadh athbhreithniú scóipe ar an litríocht chun léargas a chruinniú ar leagan amach staidéar suirbhé mórsála, lena n-áirítear faoin úsáid a bhain siad as scálaí/ionstraimí dea-bhailíochtaithe. Ar an tríú dul síos, i bhfianaise aidhm TGM chun turais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana in Éirinn a thuiscint, tá sé tábhachtach go háirithe méid na litríochta ábhartha atá ann cheana

I gcomhthéacs na hÉireann a mhapáil chun léargais a sholáthar do dheardh an staidéir agus mar phointe tagartha le haghaidh roinnt torthaí de staidéar TGM.

I bhfianaise thábhacht an tsoláthair múinteoirí do scoileanna, lucht déanta beartais, an córas oideachais agus don tsochaí i gcoitinne, tá an páipéar saincheisteanna ar sholáthar múinteoirí ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar phríomh-shaincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí i gcomhthéacs na hÉireann agus tá an litríocht ábhartha náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn eolais faoi. Ar deireadh, i dteannta a chéile, tá na trí athbhreithniú scóipe agus an páipéar saincheisteanna ceaptha chun raon léargas taighde ar thurais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana a sholáthar, lena mbaintear leas as taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, lena gcuimsítear dearaí agus anailísí taighde atá éagsúil go cuí.

Conclúid

Leis an gcaibidil seo, tá comhthéacs inti le haghaidh na n-athbhreithnithe litríochta a bheidh sna caibidilí ina dhiaidh seo i gcomhthéacs dheardh foriomlán staidéar fadaimseartha TGM. Le tuarascálacha seichimh agus céimeanna den staidéar idir an bhliain seo agus 2030, déanfar taighde atá doiciméadaithe sa tuarascáil seo a úsáid agus a leathnú. Díreach mar a tháinig athrú mór ar chomhthéacs turas gairmiúil múinteoirí le cúig bliana anuas ó 2019 go 2024 — agus an phaindéim dhomhanda ina cúis le hathrú ar an gcaoi a ndéanann daltaí, teaghlaigh agus múinteoirí an scolaíocht a thuiscint agus a fháil — freastalófar le staidéar TGM i rith a shaolré ó 2024 go 2030 go réamhghníomhach ar na bealaí ina bhfuil comhthéacs turas gairmiúil múinteoirí ag forbairt.

Caibidil 2. Staidéir fhadaimseartha ar oideachas múinteoirí lena ndírítear ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht: Athbhreithniú scóipe

Achoimre

Cuspóir: Is é is cuspóir don athbhreithniú scóipe seo méid agus cineál na fianaise taighde fhadaimseartha i ndáil le foghlaim agus forbairt múinteoirí ó 1970 go 2023 a shainaithint.

Critéir áirimh: Áiríodh staidéir a dearadh go fadaimseartha ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais agus oiliúna idir 1970 agus 2023 leis an gcuardach tosaigh, agus cuimsíodh staidéir fhadaimseartha idir 2010 agus 2023 a bhain le trí phointe ama nó níos mó de bhailiú sonraí leis an tacar deiridh le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin. Níor áiríodh staidéir fhadaimseartha nár díríodh leo ach ar an oideachas tosaigh múinteoirí amháin.

Modhanna: Sa staidéar, leanadh treoirlínte PRISMA (Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí) le haghaidh athbhreithnithe scóipe agus na cúig chéim seo a leanas á n-úsáid: scóipiú, cuardach, scagadh, asbhaint sonraí agus anailís sonraí (Page et al., 2021). Rinneadh cuardach ar na bunachair sonraí bibleagrafacha seo a leanas ó 1970 go 2023: Web of Science, EBSCO agus Scopus.

Torthaí: I dtéarmaí an chuardaigh tosaigh, aimsíodh 4,959 staidéar san iomlán, agus rinneadh i bhfad níos mó taighde fadaimseartha sa tréimhse ó bhí 2000 ann, go háirithe idir 2010 agus 2023, ná mar a rinneadh sa tríocha bliain roimhe sin (ó 1970 go 2000). Le haghaidh an tacair dheireanaigh de staidéir a áiríodh (2010-2023), áiríodh 207 foilseachán taighde as Béarla le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin. Tugtar litríocht a bhfuil fócas leathan aici le fios leis na torthaí, agus díríodh ar thurais múinteoirí le staidéir lena gcuimsítear (i) cur síos a dhéanamh ar an duine féin mar mhúinteoir (féiniúlacht, eolas, creidimh, eispéiris nó cleachtais an mhúinteora) (ii) breithmheas an duine féin mar mhúinteoir (saoirse ghairmiúil, éifeachtúlacht agus sásamh leis an bpost), (iii) tionchar fhoghlaim ghairmiúil agus thaithí ghairme an mhúinteora, (iv) tosaíochtaí/beartais náisiúnta agus (v) soláthar múinteoirí.

Conclúidí: Príomhphointe a thagann chun cinn ón athbhreithniú scóipe seo ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht is ea go raibh fás de réir a chéile, i ndáiríre, le 20 bliain anuas agus fás an-inbhraite anois ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí.

Buaicphointí

- Corpas litríochta sa réimse atá ag dul i méid anois is ea staidéir fhadaimseartha ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht, a bhfuil fócais agus dearáí taighde éagsúla acu.
- Rinneadh cion mór den tacar deireanach staidéar a áiríodh in SAM, cé go ndearnadh staidéir i roinnt tíortha eile lena n-áirítear Sasana, an Astráil, an Fhionlainn, an tSualainn, an Iorua, Ceanada, an Nua-Shéalainn, an Ísiltír, Albain, Singeapór agus Iosrael.

- Úsáideadh foirmeacha éagsúla bailithe sonraí laistigh de staidéir cháilíochtúla, chainníochtúla agus modhanna measctha agus tharstu, agus leis an dearadh fadaimseartha, soláthraíodh raon feidhme agus gá le haghaidh modhanna déanta teorice agus anailíse atá casta go cuí.
- I dtéarmaí staidéir fhadaimseartha, tá taighde trasearnála sách teoranta ann maidir le saol múinteoirí luathghairme i mbliain 4 agus ina dhiaidh sin ar fud na n-earnálacha.

Réamhrá: Glacadh na staidéar fadaimseartha ar an múinteoireacht?

Is é is cuspóir don staidéar/chaibidil seo athbhreithniú scóipe a dhéanamh ar thaighde fadaimseartha ar an múinteoireacht ó 1970 go 2023 chun eolas a dhéanamh don staidéar fadaimseartha ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí (TGM). Tá an chaibidil eagraithe mar a leanas. Ar an gcéad dul síos, tugtar ar aird leis an chaoi a ndéanann rialtais smaoinemh ar ‘thorthaí na scolaíochta’, toisc go bhfuil baint dhíreach ábhartha ag cruthú na dtorthaí sin ar leagan amach agus dearadh na scolaíochta, na múinteoireachta agus an oideachais múinteoirí. Ansin, tugaimid ar aird tarraingt na staidéar fadaimseartha atá ag fás sa taighde ar an múinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí. Ar an dara dul síos, leagaimid amach modheolaíocht an athbhreithnithe scóipe a d’úsáideamar agus staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht ó 1970 go 2023 á n-athbhreithniú againn. Ar an tríú dul síos, tá an chéad chuid eile dírithe ar na cúig théama atá ailínithe le cuspóirí thaighde TGM: (i) creidimh faoin múinteoireacht agus fúthu féin mar mhúinteoirí; (ii) meastóireachtaí orthu féin mar mhúinteoirí, (iii) tionchar eispéireas oideachais múinteoirí maidir le OTM, ionduchtú agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí (FGM), (iv) tosaíochtaí náisiúnta, agus (v) soláthar múinteoirí. Ar deireadh, tugaimid ar aird roinnt príomh-shaincheistean, léargais agus/nó ceistean a eascraíonn as ár n-anailís ar staidéir fhadaimseartha do staidéar TGM.

Le 25 bliain anuas, tá an mhúinteoireacht agus múinteoirí, mar aon le hoideachas múinteoirí, ina dtosaíocht beartais do rialtais ar fud an domhain. Is iomaí cúis leis an tosaíocht beartais sin, agus is í an phríomhchúis é an t-athmheasúnú ar chineál agus tábhacht ‘thorthaí na scolaíochta’, is é sin,

- feictear an scolaíocht ó na 1960idí mar an modh is fearr chun caipiteal daonna a chur chun cinn mar thacú le forbairt eacnamaíoch;
- beartú tosaíochta dírithe atá bunaithe ar chaipiteal daonna atá ann le déanaí ó na 1990idí maidir le ról ríthábhachtach na scolaíochta/múinteoirí agus ‘croírémisí’ an churaclaim á gcur chun cinn;⁴

⁴ Áirímid leis sin tionscnaimh náisiúnta chun ‘croírémisí’ curaclaim sainaitheanta a chur chun cinn, amhail uimhearthacht, litearthacht, ETIM mar aon le tástáil ghnóthachtála chaighdeánaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta (i.e. TIMSS-R, PIRLS agus ECFE PISA). Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird anseo i ndáil le PISA, cé gur ceapadh é chun inniúlachtaí oibre agus saoil a mheasúnú, agus nach bhfuil sé bunaithe ar an gcuraclam go sainráite, forluíonn sé go mór le curaclaim scoile mar sin féin (Ludvigsen et al, 2016).

- tuiscint nua le deich mbliana anuas nó níos mó ar an ngá atá le leagan amach níos leithne⁵ thorthaí an chórais scolaíochta thar na ‘croírimsí’ traidisiúnta curaclaim;⁶ agus
- tuiscint nua fhorleathan tar éis COVID ar ról ríthábhachtach na scolaíochta agus na múinteoireachta do dhaltaí, teaghlach, pobail agus an tsochaí chun torthaí oideachais ‘níos leithne’ a bhaint amach.

I dteannta a chéile, de bharr na dtorthaí carntha leathnaithe a bhfuil meas orthu, cé nach bhfuil an meas sin cothrom, a bhaineann leis an scolaíocht, spreagadh rialtais agus aireachtaí oideachais béim níos láidre beartais a leagan ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht, agus oideachas múinteoirí ag an taobh, a fhorbairt agus, go méid áirithe, agus go méid i bhfad níos mó i dtíortha áirithe, a mheasúnú.

Sa chomhthéacs sin, ní deacair é an fáth a thuiscint, i bhfianaise go bhfeictear iad mar an dearadh taighde is fearr chun staidéar a dhéanamh ar an athrú le himeacht ama, gur chruinnigh staidéir fhadaimseartha ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht tarraingt agus glacadh mór I measc taighdeoirí le 20 bliain anuas, cé gur ann do staidéir fhadaimseartha ar mhúinteoirí, líon beag acu mar sin féin, ó bhí na 1970idí ann. Cé gur réimse spéise taighde é tuiscint a fháil ar shaolré ghairmiúil múinteoirí le breis agus leathchéad bliain, is beag an líon staidéar fadaimseartha ar an múinteoireacht agus ar mhúinteoirí i gcomparáid leis an mbunachar sonraí litríochta fairsing lenar glacadh an dearadh trasghearrthach. Go hiondúil, leis na staidéir thrasghearrthacha sin a spreagtar le ceist taighde ‘athrú le himeacht ama’ i dtéarmaí foghlaim agus forbairt múinteoirí (gan sainmhíniú ná cuntas soiléir ar cheachtar acu sin uaireanta), déantar staidéar ar an athrú laistigh de theorainneacha bliana acadúla amháin, i.e. dearadh ar a dtugaimid dearadh ‘gearr’ fadaimseartha b’fhéidir a bhfuil trí nó b’fhéidir ceithre pointe bailithe sonraí acu. Go ríthábhachtach, cé go ndírítear le torthaí an oideachais (an scolaíocht agus oideachas múinteoirí) ar an athrú fadtéarmach seasta agus/nó buan, is iad na staidéir thrasghearrthacha ghearrthéarmacha an dearadh ceannasach i staidéir ar an múinteoireacht agus ar mhúinteoirí mar a tugadh faoi deara in *Handbook of Research on Teaching*, le Shulman agus Tamir (1973) 50 bliain ó shin. Mar sin, d’fhéadfaimis a bheith ag súil le níos mó taighde fadaimseartha ar an múinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí na deiceanna de bhlianta ó shin, ós rud é go mbaineann tréimhse ionchasach fhada le torthaí an oideachais. Dá ainneoin sin, níor éirigh an taighde fadaimseartha le bheith ina ghné thábhachtach den taighde ar an múinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí ach le fiche bliain anuas — pointe a thugaimid ar aird níos déanaí mar thoradh den athbhreithniú scóipe seo.

Cad é a spreag an tsuim i staidéir fhadaimseartha mar sin, a mhaoiníonn rialtais go hiondúil mar gheall ar an scála agus an costas a bhaineann leo, le bheith ina bhfócas le haghaidh na hinfheistíochta chun an fhorbairt ón luath-óige go dtí an tseanaois a thuiscint agus, ar bhonn I bhfad níos lú, san oideachas gairmiúil? Ar an gcéad dul síos, díríonn rialtais agus ceannairí

⁵ Is léir an t-athchalabráil fairsing sin atá níos córasaí, thar chroírimsí curaclaim, leis an mbéim mhór chlár ar thorthaí amhail folláine (Shirley agus Hargreaves, 2022) agus oideachas saoránachta domhanda (Estellés agus Fischman, 2021) in Éirinn agus i dtíortha eile. Rud a léiríonn an t-athmheasúnú sin ar thorthaí scolaíochta luachmhara go hidirnáisiúnta, mar shampla, is ea tionscadal Compáis Foghlama 2030 de chuid ECFE (ECFE 2018). Is éard atá i gceist leis sin “...creat foghlama atá á fhorbairt lena leagtar amach fis ardaidhmeannach le haghaidh thodhchaí an oideachais” (Taguma agus Frid, 2024, lch 11).

⁶ Fite fuaite agus comhuaineach leis na tuiscintí sin atá á bhforbairt ar thorthaí na scolaíochta, tá tuiscintí nua a gcuirtear ina gcoinne uaireanta ar ‘shárfhoghlaiméoir’ agus ar ‘mhúinteoireacht ardcáilíochta’. I ndáil leis an bhfoghlaim, mar shampla, d’áitigh Yliniva et al. (2024) go bhfuil ann anois “sárfhoghlaiméoir an aonú haois is fiche mar a tairgeadh go dioscúrsach i ndoiciméid a d’fhoilsigh ECFE agus UNESCO le déanaí lena ndírítear ar an todhchaí” (lch 1) lena ndírítear ar an bhfoghlaiméoir atá “coinníollaithe chun dálaí agus géarchéimeanna sochpholaitiúla leanúnacha a sheasamh, agus oiriúnú dóibh agus dul i dtaithe orthu, seachas dul ina gcoinne, seasamh ina n-aghaidh nó iad a athrú” (lch 1).

oideachais níos mó ná riamh ar thionchar gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach na scolaíochta agus na gclár idirghabhála, agus meastar go soláthróidh na dearáí fadaimseartha sonraí níos saibhre agus níos cumhachtaí mar fhianaise ar réamhtheachtaithe an athraithe agus na héifeachtachta araon agus, ar an gcaoi sin, treoir níos fearr a sholáthar d'idirghabhálacha beartais amach anseo. Ar an dara dul síos, cé nach mbaineann sé le príomhfhócas an pháipéir seo, feictear go soláthraítear le staidéir fhadaimseartha bonn i bhfad níos láidre don tuiscint ar 'athrú le himeacht ama' ná mar a dhéanann dearáí eile, amhail dearáí 'fadaimseartha' athfhillteacha trasghearrthacha nó gearrthéarmacha (laistigh de bhliain amháin). Go deimhin, tugadh le fios leis an luath-thaighde fadaimseartha san oideachas lenar fiosraíodh an t-athrú ar chognaíocht breis agus aois ó shin (a tosaíodh sna 1920idí) scéal athraithe ní ba chasta fós maidir le cognaíocht thomhaiste le himeacht ama ná mar a rinne dearáí trasghearrthacha. Ar an tríú dul síos, soláthraítear fairsinge agus doimhneacht sonraí le dearáí fadaimseartha lena n-ionchorpraítear modhanna measctha, go hiondúil lena gcomhcheanglaítear suirbhéanna agus agallaimh (e.g. Brantlinger, 2021) nó modhanna cáilíochtúla iomadúla nach bhfuil chomh coitianta céanna (e.g. Cochran-Smith et al., 2012). I gcomhthéacs na hÉireann le 20 bliain anuas, tá infheistíocht mhór i ndearáí fadaimseartha modhanna measctha den chineál sin fairsinge agus doimhneachta, agus bonn taca beartais réamhghníomhaigh acu go léir lena ndírítear ar fhorbairt an duine agus ar scolaíocht. Is iad an dá staidéar ar fhorbairt an duine an staidéar *Fás Aníos in Éirinn*. (Williams et al, 2009;) agus staidéar *TILDA* ar an aosú (Matthews et al, 2022). I gcás na scolaíochta, tá roinnt staidéar tábhachtacha ann: Staidéar *Saol Scoile Páistí* ar leanáí scoile arna mhaoiniú ag CNCM (Devine et al, 2019; Symonds et al, 2025), an staidéar fadaimseartha iar-bhunoideachais ar dhaltáí arna mhaoiniú ag CNCM (Smyth et al, 2006; Smyth, 2009) agus an staidéar fadaimseartha meastóireachta ar an tSraith Shóisearach a rinneadh le déanaí (McGarr et al). Agus dearcadh níos fadaimseartha á ghlacadh, i gcomhthéacs oideachais na hÉireann, staidéar fadaimseartha luath san oideachas is ea tionscadal Shráid Rutland, lena ndearnadh meastóireacht ar idirghabháil réamhscoile do leanáí idir trí agus cúig bliana d'aois (a tosaíodh in 1969) agus lena ndearnadh meastóireacht ar a bhfoghlaim agus a bhforbairt arís⁷ agus iad sé bliana déag d'aois (Kellaghan agus Greaney, 1993). Pointe eile le tabhairt ar aird anseo i dtéarmaí uainiú an staidéir TGM is ea, cé go raibh an cas ar son staidéir fhadaimseartha ar fhorbairt an duine seanbhunaithe in Éirinn, agus gur cuireadh tús le staidéir mhaoinithe go déanach sna 2000idí, gur cuireadh tús leis an dá staidéar ar an scolaíocht sna 2010idí, cé nach ndearnadh staidéar fadaimseartha mórsála ar mhúinteoirí ná ar an múinteoireacht go dtí seo. Ní raibh staidéir ar thurais ghairmiúla gairmithe eile in Éirinn go bhfios dúinn ach oiread. Le *Palgrave Handbook of Teacher Education Research* a rinneadh le déanaí, thug Menter (2023) ar aird an fás ar chorpas mór litríochta taighde ar oideachas múinteoirí sa dara leath den 20ú haois, an méadú a tháinig le déanaí ar staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta laistigh den litríocht sin agus "na hiarrachtaí atá ann faoi láthair scála na staidéar oideachais múinteoirí a mhéadú agus níos mó oibre fadaimseartha a shaothrú lena ndéantar breithniú ar ghnéithe fadtéarmacha den fhoghlaim agus forbairt múinteoirí" (lch 26). Príomhphointe a thagann chun cinn ón athbhreithniú scóipe seo de TGM ar staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht is ea go raibh fás de réir a chéile, i ndáiríre, le 20 bliain anuas agus fás an-inbhraite anois ar staidéir

⁷ Úsáidtear an fhoghlaim agus an fhorbairt go himhalarthaithe uaireanta, gan idirdhealú soiléir idir a mbríonna san oideachas. Mar sin féin, tá úsáid shoiléir téarmaí i gcás tionscadal Shráid Rutland, agus tugann taighdeoirí ar aird, ag 16 bliana d'aois, go bhfeictear 'an fhoghlaim' mar ghnóthachtáil scoile i dtéamaí torthaí scrúduithe agus 'an fhorbairt' mar phríomhthoradh forbartha, i.e. ag fanacht ar scoil níos faide ná an grúpa eile.

fhadaimseartha ar an múinteoireacht agus ar oideachas múinteoirí. Chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt TGM, rinneadh athbhreithniú scóipe ar staidéir fhadaimseartha maidir leis an múinteoireacht ó 1970 go 2023 agus **cuimsíodh staidéir fhadaimseartha idir 2010 agus 2023 leis an tacar deiridh le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin.**

Modheolaíocht

Rinneadh athbhreithniú scóipe ar an litríocht acadúil maidir le staidéir fhadaimseartha ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht agus úsáid á baint as na treoirlínte maidir le Rogha Míreanna Tuiriscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailís le haghaidh Athbhreithnithe Scóipe (PRISMA-ScR). Ba é ba chuspóir don athbhreithniú scóipe sin méid agus cineál na fianaise i ndáil le staidéir fhadaimseartha ar oideachas múinteoirí ó 1970 go 2023 agus bhí sé dírithe ar staidéir a raibh dearadh sonraithe fadaimseartha acu a mhair thar bhliain amháin ar fad.


Critéir incháilitheachta: Le bheith incháilithe lena gcuimsiú san athbhreithniú, ba ghá do pháipéir tuairisciú ar staidéir fhadaimseartha a bhí dírithe ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht. Áiríodh tuarascálacha taighde, caibidlí leabhar agus páipéir irisleabhair phiarmheasúnaithe má foilsíodh iad idir 1970 agus 2023 agus má tuairiscíodh leo ar staidéir a raibh dearadh sonraithe fadaimseartha acu inar mhair an bailiú sonraí thar bhliain amháin agus a raibh trí phointe bailithe sonraí nó níos mó acu bunaithe ar dhearadh taighde cainníochtúil, cáilíochtúil agus/nó modhanna measctha. Ba mhúinteoirí bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais iad na rannpháirtithe ar fud leanúntas an oideachais múinteoirí, is é sin, céimeanna an oideachais tosaigh múinteoirí, ionduchtaithe agus forbartha gairmiúla leanúnaí den chontanam iomlán.

Foinsí faisnéise agus straitéis chuardaigh: Rinneadh cuardach ar na bunachair sonraí bhibleagrafacha seo a leanas ó 1970 go 2023: Web of Science, EBSCO agus Scopus. Rinne foireann ar a raibh triúr taighdeoirí agus leabharlannaí ollscoile amháin athbhreithniú ar an straitéis taighde agus réachtáil siad í ar bhonn píolótach. Tugtar tuairisc ar an straitéis chuardaigh deiridh agus na téarmaí cuardaigh in Agusín 1. Easpórtáladh na torthaí deiridh cuardaigh chuig EndNote, agus baineadh na dúblaigh.


Roghnú foinsí fianaise: Aimsíodh 4,959 staidéar san iomlán. Iompórtáladh na staidéir a áiríodh le haghaidh anailíse isteach i scarbhileog; Úsáideadh EndNote ansin chun dúblaigh a shainnaint. Fuarthas leis 2,122 tagairt dhúblach bhreise, scriosadh iad sin agus fágadh 2,837 staidéar san iomlán. D'fhorbair an fhoireann taighde sraith critéar áirimh/eisiaimh i gcomhpháirt le chéile. D'oibrigh beirt athbhreithneoirí le chéile agus chódaigh siad i gcomhpháirt le chéile 35 páipéar agus na critéir áirimh/eisiaimh á n-úsáid acu bunaithe ar scagadh teidil agus achoimre. Roinneadh na páipéir a bhí fágtha ansin, agus d'oibrigh ceathrar taighdeoirí go neamhspleách chun na páipéir a scagadh. Úsáideadh córas dathchódaithe, agus bhuaill taighdeoirí le chéile go tráthrialta chun páipéir ina raibh éiginnteachtaí a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, na critéir áirimh/eisiaimh a mhionchoigeartú. Faoi dheireadh an phróisis, eisiadh 2,408 páipéar, agus roghnaíodh 212 le haghaidh athbhreithniú páipéir iomláin (Léaráid 1).

Asbhaint sonraí: Mionchoigeartaíodh na critéir le haghaidh asbhaint sonraí trí idirphlé idir na foirne taighde agus bhí mórspricanna an staidéir mar bhonn eolais dóibh. D'oibrigh beirt athbhreithneoirí go neamhspleách ansin chun sonraí a asbhaint ó na 207 staidéar a áiríodh. Asbhaineadh faisnéis a bhaineann le (a) tréithe staidéir, e.g. údar, bliain foilseacháin, tír thionscnaimh, etc., (b) tréithe sampla, e.g. an líon múinteoirí is rannpháirtithe, an líon

scoileanna agus (c) téamaí staidéir, i.e. creidimh ghinearálta agus creidimh a bhaineann go sonrach le hábhar faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim, meonta múinteoirí, tionchar na foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí, saincheistanna a bhaineann le soláthar múinteoirí, éagsúlacht agus coinneáil (féach Léaráid 2.1).



Léaráid 2.1. Cairt PRISMA faoi athbhreithniú scóipe fadaimseartha ar an múinteoireacht 2010-2023.⁸



Léaráid 2.2. Aidhm agus cuspóirí athbhreithniú téacs iomláin TGM.

Tábla 2.1. Cuspóirí TGM, Ceisteanna/Téamaí Códaithe agus 'Athbhreithniú ar Staidéir Dheiridh' 2010-2023 (I = 207)

	Fothéama (líon na n-alt)
C1. Cur síos ar an duine féin mar mhúinteoir	Féiniúlacht múinteoirí, insintí múinteoirí (I = 23)
	Creidimh múinteoirí (I = 25)
	Eolas agus cleachtais múinteoirí (I = 15)
C2. Meastóireacht ar an duine féin mar mhúinteoir	Saoirse ghairmiúil múinteoirí (I = 9)
	Éifeachtúlacht múinteoirí (I = 11)
	Sásamh múinteoirí leis an bpost (I = 14)
C3: Tionchar foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí	Tionchar OTM (I = 16)
	Tionchar ionduchtaithe (I = 7)
	Tionchar pobal foghlama gairmiúla (I = 9)

⁸ Inár bprótocal tosaigh, bheartaíomar agus rinneamar cuardach ar bhunachair sonraí ó 1970 go dtí 2023 lena gcuimsíodh staidéir fhadaimseartha ina raibh dhá phointe ama bailithe sonraí. Leis na staidéir deiridh le haghaidh athbhreithnithe (2010-2023) ní áirítear ach staidéir fhadaimseartha ina bhfuil trí phointe ama bailithe sonraí.

	Tionchar timthrialla gairme (I = 10)
C4. Tosaíochtaí/beartais náisiúnta	Cumas OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d'fhorbairtí beartais agus cleachtais (I = 8)
C5. Soláthar múinteoirí	Coinneáil múinteoirí (I = 17)
	Ráta athraithe múinteoirí: iad siúd ag aistriú agus ag fágáil (I = 17)
	Féiniúlacht múinteoirí, conairí agus cinnteoireacht (I = 16)

Cuirtear i láthair i dTábla 2.1 torthaí an athbhreithnithe scóipe le haghaidh staidéir fhadaimseartha ar an múinteoireacht ó 2010 go 2023, i.e. le haghaidh staidéir ina raibh trí phointe bailithe sonraí nó níos mó agus a mhair thar bhliain amháin, gan oideachas tosaigh múinteoirí san áireamh, ach amháin i gcás inar cuimsíodh staidéar OTM agus luathbhlianta na múinteoireachta araon leis na staidéir.

Torthaí

As an 200 staidéar le haghaidh athbhreithniú téacs iomlán, díródh le 63 (I = 63) acu ar chreidimh múinteoirí faoin múinteoireacht agus an duine féin mar mhúinteoir agus ba staidéir cháilíochtúla 87% (I = 55) acu, staidéir modhanna measctha 10% (I = 6) acu, agus staidéir chainníochtúla an 3% (I = 2) a bhí fágtha. Toisc gur staidéir cháilíochtúla is mó atá ann, tá na méideanna sampla beag agus bhain 14 (I = 14) staidéar le cás-staidéir aonair, 10 (I = 10) staidéar le trí chás, seacht staidéar (I = 7) le ceithre chás, agus ceithre staidéar le dhá chás. Leis an dá staidéar chainníochtúla, bhí sampla I = 47 (Daniels, 2015) agus I = 310 (Hekilla et al., 2023) acu faoi seach. I dtéarmaí na dtíortha inar tharla na staidéir, bhí 35 (I = 35) in SAM, sé (I = 6) i Sasana, ceithre cinn (I = 4) san Astráil, trí cinn (I = 3) i gCeanada agus dhá cheann an tír san Fhionlainn, sa tSualainn agus sa Nua-Shéalainn, agus bhí roinnt tíortha ann ina ndearnadh staidéar fadaimseartha amháin, lena n-áirítear Éire, an tSín, an Tuirc, an Afraic Theas, etc.

Agus é ag scríobh in *Handbook of Educational Psychology* (Calderhead, 1996) i lár na 1990idí, thug Calderhead, ceannaire i réimse taighde na smaointeoireachta agus creideamh múinteoirí, ar aird an litríocht fhairsing a bhí ann an tráth sin maidir le creidimh múinteoirí agus fócas a bhí ag teacht chun cinn maidir le heolas múinteoirí. Thug sé barúil faoin raon modheolaíochtaí taighde a úsáideadh chun staidéar a dhéanamh ar chognaíocht múinteoirí, lenar díródh ar phleanáil múinteoirí, smaointeoireacht idirghníomhach agus machnamh iarghníomhach ar chleachtas. Ós rud é gur scríobh sé an chaibidil tuairim is deich mbliana tar éis fhoilseacháin Shulman (1986; 1987) a bhí ina gcor cinniúna maidir le cognaíocht múinteoirí, lenar tugadh dúshlán don réimse bogadh ar aghaidh ón bhfócas a bhí ceannasach an tráth sin maidir le smaointeoireacht múinteoirí (Clark agus Peterson, 1986) chun aghaidh a thabhairt freisin ar eolas múinteoirí, bhí sé ag tuairimíocht faoi na himpleachtaí ansin don litríocht a bhí ag teacht chun cinn agus ag forbairt maidir le heolas múinteoirí. Mar chonclúid, thug sé aird ar threonna féideartha sa réimse amach anseo, go sonrach, ionsamhlú, tráchttaireacht, mapáil coincheapa agus eangach stór tuiscintí, eitneagrafaíocht agus cás-staidéir, mar aon le hinsintí. Le hathbhreithniú ar an réimse sa lá atá inniu ann, tharraingeofaí aird ar an litríocht fhairsing atá ann anois maidir le cás-staidéir múinteoirí agus insintí múinteoirí — agus is léir iad araon san athbhreithniú scóipe seo.

Ceist Taighde 1: Creidimh múinteoirí faoin múinteoireacht agus fúthu féin mar mhúinteoirí

Shainaithníomar trí bhraisle staidéar i ndáil le ceist 1 maidir le creidimh múinteoirí, lena ndírítear ar an múinteoireacht agus ar an duine féin mar mhúinteoir: (i) 23 staidéar (I = 23) maidir le féiniúlacht múinteoirí, insintí múinteoirí, (ii) 25 staidéar (I = 25) maidir le creidimh múinteoirí, (iii) 15 staidéar (I = 15) maidir le heolas agus cleachtas múinteoirí.

Féiniúlacht múinteoirí, insintí múinteoirí

Tá forbairt nach beag déanta ar an litríocht taighde ar fhéiniúlacht múinteoirí agus ar insintí múinteoirí le 30 bliain anuas óna ndearna Calderhead athbhreithniú ar an litríocht maidir le creidimh múinteoirí i lár na 1990idí. Le hathbhreithnithe (Beauchamp agus Thomas, 2009; Beijaard agus Meijer, 2017; Pillen et al., 2013) le 25 bliain anuas, leagadh béim leo go léir ar ábharthacht na féiniúlachta múinteoirí agus na n-insintí múinteoirí maidir le forbairt múinteoirí a thuiscint agus a chur chun cinn. Tharraing roinnt údar (Beijaard et al., 2004; Beauchamp agus Thomas, 2009) aird ar na bealaí iomadúla ina n-úsáidtear an fhéiniúlacht sa litríocht maidir leis an múinteoireacht agus oideachas múinteoirí — uaireanta chun tagairt a dhéanamh d'íomhánna den duine féin agus do na himpleachtaí a bhaineann leo don chleachtas, uaireanta chun tagairt a dhéanamh do leagan amach cleachtais nó uaireanta chun tagairt a dhéanamh do choincheapa ar nós athmhachnaimh nó féinmheastóireachta a mheastar a bheith tábhachtach ó thaobh forbairt na féiniúlachta gairmiúla de. Is ábhar suntais é i gcomhthéacs oibre go dtagraítear leis an bhféiniúlacht ghairmiúil do na híomhánna agus na hionchais a d'fhéadfadh a bheith ag daoine eile maidir le múinteoirí, mar aon leis an gcaoi a gcuireann múinteoirí tuiscint ar na hionchais sin le chéile agus ról na féiniúlachta gairmiúla á cheapadh acu.

Rinne Beauchamp agus Thomas (2009), in athbhreithniú mór ar an litríocht maidir leis an bhféiniúlacht in oideachas múinteoirí, amhail daoine eile, béim a leagan ar thábhacht na féiniúlachta maidir le forbairt múinteoirí agus ar an méadú ar na staidéir sa réimse sin — ar tháinig borradh mór fúthu ónar scríobh siad a n-athbhreithniú. Shainaithin siad an iliomad bealaí ina bhfuil féiniúlacht múinteoirí nasctha le ról an duine féin agus le saincheistean gaolmhara amhail neamhspleáchas, mothúchán, insint, dioscúrsa agus ról an athmhachnaimh, agus an iliomad bealaí ina soláthraítear léargas faoin méid sin. Sa tslí sin, d'fhéadfadh sé a bheith tairbheach smaoineamh ar an **litríocht maidir le féiniúlacht múinteoirí mar fhuinneog agus mar scáthán araon ar an bhforbairt múinteoirí**. Is fuinneog í toisc go soláthraítear léargas léi ar ghnéithe éagsúla pearsanta agus gairmiúla agus ar an ngairm féin. Is scáthán í toisc go bhféadfadh sí deiseanna tábhachtacha meabhracha a sholáthar do mhúinteoirí, d'oideoirí múinteoirí agus don ghairm.

Sa chuid den chaibidil seo a bhaineann le soláthar múinteoirí, tarraingimid aird ar chás-staidéir múinteoirí aonair lena léirítear an dinimic chasta chultúrtha de bheith i do mhúinteoir (Kim, 2023; Santoro, 2023), cuid di a d'fhéadfadh a bheith an-dúshlánach, go háirithe dóibh siúd i ngrúpaí eitneacha mionlaigh. Le staidéar fadaimseartha a rinne Jones le déanaí (2019), lena ndéantar iniúchadh ar thionchar aicme shóisialta na múinteoirí nua ar a bhféiniúlacht múinteora atá ag teacht chun cinn, “dírítear ar na bealaí inar dócha, fiú ar leibhéal intuigthe, go n-aithníonn múinteoirí nua nach bhfuil an meas céanna ar

a bhféiniúlacht aicme féin (nó braistintí faoina bhféiniúlacht aicme féin) ná ar an gcaipiteal cultúrtha a thugann siad Ingach timpeallacht scoile”. Tugann Jones ar aird gur cé go bhféadfadh sé go mbeadh srian ar roinnt múinteoirí nua mar gheall ar a bhféiniúlachtaí aicmithe, go bhféadfadh sé go mbeadh buntáiste ag múinteoirí eile go deimhin agus bheidís, mar a thugann Jones ar aird, “in ann déileáil go straitéiseach lena n-aicme” agus, ar an gcaoi sin, aon mhíbhuntáiste féideartha a d’fhéadfadh daoine eile a fheiceáil maidir lena gcaipiteal cultúrtha a íoslghdú.

Tá aird tarraingthe ag eolaithe sóisialta a dhéanann teoiricí a cheapadh i réimse na forbartha féiniúlachta ar chumhacht na teanga agus na smaointe, agus tá tuiscint mhór á fáil ar an téarma trasnachas mar bhealach chun leagan amach níos ilghnéithí agus níos polaitiúla maidir le féiniúlachtaí san iolra a thabhairt chun tosaigh. Le cás-staidéar fadaimseartha Mensah (2019), a bhfuil teoiric chriticiúil ciníochas mar bhonn eolais faoi, cuirtear turas múinteora eolaíochta baininne ar Meiriceánach Afracach í i gcroinic. Leis an staidéar, “...féachtar ar a cúlra oideachais ar dtús mar leanbh óg agus ansin ar an gcaoi a ndéanann sí a bealach trí chlár oideachais múinteoirí iomaíoch ina bhfuil deighiltí ciníochas agus inar daoine geala í an chuid is mó de na rannpháirtithe, ar an gcaoi a bhfásann agus a bhforbraíonn sí san oideachas eolaíochta, agus ar an gcaoi a bhfaigheann sí a céad cheapachán múinteoireachta lánaimseartha mar mhúinteoir bunoidreachais” (lch 1). Áitíonn Mensah ar son thábhacht an dearcaidh thrasnáigh maidir leis an bhféiniúlacht ós rud é, leis an “trasnachas, go gcuirtear béim ar a chasta atá sé cine, ciníochas agus eolaíocht in oideachas múinteoirí a thuiscint agus cuireann sé leis an gcastacht sin” (lch 1). Cé go ndíríonn Jones (2019) agus Mensah (2019) araon ar mhúinteoirí aonair, insíonn Craig (2012), a scríobhann ó dhearcadh anailíse trí insint, scéal eispéreas 19 oideoir sa cheathrú lárionad uirbeach is mó in SAM, atá ag gabháil trí thrí iarracht leasaithe, agus déanann sí taifead ar an gcaoi “ar fhorbair teannais in eolas múinteoirí agus sa phobal mar thoradh ar gach ceann acu” (lch 1). I gcomhréir le hanailís trí insint, cuireann Craig torthaí an staidéir i láthair i bhfoirm shraithscéil atá cosúil leis an rithim a thugtar le fios le trí thimthriall an leasaithe scoile. Déanann Craig smaoinemh faoin gcaoi ar féidir fadhb oideachais sheasta a chur le chéile trí insint chomhoibríoch arna hinsint ag pobal foghlama gairmiúil, agus tugann sí sampla de sin. Le cur chuige anailíse trí insint a staidéir, ar nós taighdeoirí eile a scríobhann ón dearcadh sin, ceistítear cuid mhaith den scríbhneoireacht thraidisiúnta faoin oideachas ina bhféadfaidh na daoine sin a bhfuil taithí acu ar leasú ar leibhéal na scoile ionchur ríthábhachtach, cé nach bhfuil sé chomh díreach céanna, a bheith acu san insint acadúil fhoilsithe ó thaighdeoirí maidir le leasú oideachais. Láidreacht amháin an chur chuige anailíse trí insint is ea go soláthraítear deiseanna leis, is é is dóichí, d’fhaisnéiseoirí taighde a dtuiscint chognaíoch, mhothúchánach agus ghaoil ar an múinteoireacht a thabhairt le chéile.

Sa chomhthéacs sin, cé go dtagann sé ó dhearcadh teoiriciúil an-éagsúil, teoiric scéimre agus síceolaíocht shóisialta (Markus, 1986), le tógáil an fhéin féideartha, soláthraítear deis do rannpháirtithe taighde leas a bhaint as a n-eispéiris chognaíochas, mhothúchánach agus inspreagtha. Bhí dearcadh an fhéin féideartha mar bhonn eolais do thrí staidéar ar fhéiniúlacht múinteoirí (Dabback, 2018; Pellikka et al., 2022; Jiang, 2021). Mar a shonraíonn Dabback, “Soláthraíodh le teoiric an fhéin féideartha creat chun iniúchadh a dhéanamh ar na naisc idir an chognaíocht, ionchais agus spreagadh” (lch 1) i bhfianaise fhócas na teoirice ar dhóchas, eagla agus ionchais na rannpháirtithe taighde. Le staidéar Dabback (2018), úsáideadh creat an fhéin féideartha chun iniúchadh a dhéanamh ar naisc idir an chognaíocht,

ionchais agus spreagadh trí dhearadh cás-staidéir iomadúil chun forbairt triúr oideoirí ceoil a leanúint le linn a seimeastair múinteoireachta daltaí agus isteach sa chéad bhliain dá ngairm. Tá an staidéar suntasach go háirithe mar gheall ar an mbealach a ndírítear aird leis ar an raon acmhainní déanta féiniúlachta ar bhain múinteoirí úsáid astu agus iad ag déanamh a mbealach trí oideachas tosaigh múinteoirí agus trí luathbhlianta ghairm na múinteoireachta. I measc na n-acmhainní ar bhain siad leas astú bhí eispéiris phearsanta, taithí fhoirmiúil oideachais múinteoirí mar aon le staidéar le daoine suntasacha eile, lena n-áirítear múinteoirí a raibh tionchar acu orthu, múinteoirí a d'oibrigh i gcomhar leo agus comhghleacaithe. Rud atá tábhachtach is ea go dtugtar ar aird leis an staidéar ar an ról riachtanach a bhí ag féin féideartha na múinteoirí sin maidir leis an gcaoi a ndearna siad a dtaithe a mheas, agus bhí an seomra ranga mar chineál saotharlainne ina ndearna na múinteoirí a bhféiniúlachtaí a bhí ag teacht chun cinn a thástáil agus a athmhúnlú.

Le staidéar Pellikka et al. (2022), léirítear an chaoi a bhféadfaidh comhthéacs agus tógán an fhéin féideartha atá íogair ó thaobh na féiniúlachta de a bheith úsáideach chun forbairt féiniúlachta múinteoirí a mheas, bíodh sé sin san oideachas tosaigh múinteoirí nó ina dhiaidh sin i luathbhlianta na múinteoireachta i scoileanna. Scrúdaíodh lena staidéar féin féideartha múinteoirí bunscoile i ndáil leis an múinteoireacht eolaíochta agus an chaoi ar athraigh an féin féideartha sin le himeacht ama. Agus cur chuige insinte á ghlacadh i leith na hanailíse, rinne siad taifead ar an gcaoi a ndearna rannpháirtithe “féin féideartha ginearálta, coiteann agus sonrach a raibh siad ag súil leis agus a raibh imní orthu faoi a chur in iúl” (lch 1) agus cuireadh go leor eolais ar fáil leo chun tuiscint a fháil ar leagan amach na múinteoirí faoi oiliúint a bhí ag teacht chun cinn maidir leis an múinteoireacht eolaíochta. Mar sin, leis an bhfócas ar fhéin féideartha, soláthraíodh an deis do thaighdeoirí breithniú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le féiniúlacht múinteoirí agus maidir leis an gcuraclam an tráth céanna. Ar an gcaoi chéanna, bhain Jiang (2021) úsáid as féin féideartha i staidéar trí bliana ar mhúinteoirí aonair sa tSín chun tuiscint a fháil ar an ngaol idir mothúcháin múinteoirí agus leasú curaclaim san oideachas ETIM. Le féin féideartha, soláthraíodh modh do Jiang chun mothúcháin múinteoirí a chomhtháthú go córasach agus a ghlacadh i ndáiríre i gcomhthéacs leasú oideachais iarmhartach. Glacadh cur chuige éagsúil leis an staidéar i leith bailiú sonraí cáilíochtúla lenar cuimsíodh agallamh domhan amháin leathstruchtúrtha, trí chomhrá, dialanna mothúchán pearsanta agus taifid ar chomhfhreagras. Díríodh le torthaí staidéar Jiang ar “theacht chun cinn féiniúlachtaí gairmiúla mothúchánacha an rannpháirtí, lena n-áirítear ‘foghlaimoír a bhfuil suim acu ach mearbhall orthu’, ‘taiscéalaí fonnmhar ach faiteach’, agus ‘meantóir tógtha ach míshásta’. Le heispéiris an rannpháirtí mar fhoghlaimoír, taiscéalaí agus meantóir, bhí mothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha fite fuaite ina chéile i gcónaí”. Léirítear le béim Jiang ar mhothúcháin múinteoirí aitheantas suntasach sa litríocht maidir le taighde níos leithne ar oideachas múinteoirí le 20 bliain anuas ar an tábhacht a bhaineann le mothúcháin múinteoirí agus taighde ar na mothúcháin a bhraitear a chomhtháthú. Déanann gach ceann de na trí staidéar lenar glacadh dearcadh an fhéin fhéideartha léargas a sholáthar ar an gcumas a bhaineann leis chun forbairt agus féiniúlacht múinteoirí a thuiscint.

Creidimh múinteoirí

Ar an gcaoi chéanna leis an gcuid roimhe seo, léirímid an litríocht fhadaimseartha trí roinnt staidéir roghnaithe a phlé. Mar sin, roghnaímid ó ghrúpa níos leithne na staidéar

fadaimseartha lenar díriodh ar chreidimh múinteoirí, agus d'fhéadfadh sé nach ngabhfaí leis na staidéir a roghnaíodh gach gné de chreideamh múinteoirí atá i staidéir fhadaimseartha a rinneadh le déanaí. Mar sin féin, soláthraítear leis na staidéir a roghnaíomar lena gcur l dtábhacht roinnt léargais thábhachtacha agus tarraingítear aird leo freisin b'fhéidir ar roinnt príomhchoincheap a d'fhéadfadh a bheith ábhartha go díreach don staidéar TGM.

Tá coincheap na físe oideachasúla tagtha chun cinn mar fhócas an-chuid taighde le blianta beaga anuas sa litríocht maidir le creidimh múinteoirí. Mar a thugann Munter agus Wilhelm (2021) ar aird, tagraítear leis an gcoincheap sin don "dioscúrsa a úsáideann múinteoirí nó daoine eile faoi láthair chun an cineál cleachtais is fearr sa seomra ranga" atá mar ardaidhm acu ach nach bhfuil máistreacht acu air fós a thréithriú. San oideachas matamaitice, léiríodh le saothar roimhe seo an gaol idir físe oideachasúil múinteoirí agus gnéithe éagsúla dá gcleachtas sa seomra ranga agus dá spriocanna gairmiúla" (lch 1). Agus anailís chainníochtúil ar thacar sonraí fadaimseartha a bailíodh i gceithre cheantar scoile uirbeacha (in SAM) á húsáid, agus an teoiric líonra shóisialta mar bhonn eolais di, fuair siad amach go bhfuil físe oideachasúil reatha múinteoirí bainteach lena n-eolas matamaitice roimhe sin ina gcleachtas múinteoireachta roimhe sin agus freisin, mar gheall ar na sonraí líonra shóisialta a bailíodh, fuarthas amach leis an taighde go raibh físe oideachasúil múinteoirí bainteach le físeanna oideachasúla a gcomhghleacaithe roimhe sin "agus go mbraitheann láidreacht na bainte ar dhlús líonraí comhairle múinteoirí" (lch 1). Tá staidéar Munter agus Wilhelm ar cheann de líon sách beag staidéar lena n-úsáidtear anailís ar líonra sóisialta san oideachas agus leagtar béim leis ar thábhacht na líonraí sóisialta ar scoil lenar tacaíodh le creidimh múinteoirí agus, sa chás seo, le físeanna oideachasúla.

Is é an t-aon staidéar fadaimseartha maidir le hoideachas múinteoirí a rinneadh in Éirinn ó 2010 go 2023 an staidéar ó Ní Chróinín agus O'Sullivan (2016) lena ndéantar iniúchadh ar thionscnaimh agus cothú creideamh múinteoirí i gcomhthéacs múinteoirí faoi oiliúint atá ag bogadh isteach i luathbhlianta na múinteoireachta, is é sin, trí bliana i gclár fochéime múinteoirí bunoidreachais agus na chéad trí bliana múinteoireachta ina dhiaidh sin. Mar an gcéanna le cuid mhaith staidéar ar chreidimh múinteoirí, luaigh na húdair, "trí thuiscint a fháil ar an gcaoi a múnlaítear le creidimh an próiseas foghlama conas CO a mhúineadh, is féidir eolas a dhéanamh do dhearadh an oideachais a bhfuil tionchar níos mó aige do mhúinteoirí corpoideachais". Fuarthas amach leis an staidéar, "le himeacht ama, gur chreid na múinteoirí luathghairme sin go raibh gá le rannpháirtíocht ghníomhach in ábhar CO chun múineadh CO a fhoghlaim, agus taisce acmhainní de smaointe ábhair agus cleachtadh ar an ábhar a mhúineadh á bhforbairt" (lch 1). Tá an bhéim ar thuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil creidimh tábhachtach lárnach dá staidéar mar sin. Is é toradh soiléir an staidéir sin go soláthraítear le smaointe na múinteoirí féin faoina bhfuil ríthábhachtach dá bhforbairt pointí iontrála tábhachtacha chun dul i ngleic le foghlaim agus forbairt múinteoirí in ionduchtú oideachais tosaigh múinteoirí agus ina dhiaidh sin araon.

Tá an dá staidéar eiseamláire a ndírímid orthu sa chuid seo maidir le creidimh múinteoirí dírithe ar an múinteoireacht staire (Martell, 2013; Martell, 2022). Baineann an dá staidéar le comhthéacs leasaithe uailmhianaigh ar an múinteoireacht staidéir shóisialta in SAM lena ndírítear ar an múinteoireacht staire trí fhiosrú. Mar sin, cé go bhfuil an fócas ar an stair, is féidir

linn smaoineamh ar an dá staidéar i dtéarmaí conas a d'fhéadfaí léargas a sholáthar leo ar na dúshláin a dtugann múinteoirí fúthu, is cuma cén t-ábhar, i gcomhthéacs leasú oideachais.

Dhírigh Martell (2013) ar fhorbairt creidimh agus cleachtais ceathrar múinteoirí staidéir shóisialta sa mheánoideachas a bhain leis an stair a mhúineadh mar léirmhíniú, agus úsáid á baint as na sonraí óna múinteoireacht faoi oiliúint go dtí gur chríochnaigh siad a chéad bhliain sa seomra ranga. Tugadh le fios leis na torthaí conas,

...agus argóintí á gcomhthacú a fuarthas sa taighde a bhí ann cheana, a fuarthas leis an staidéar seo go raibh smacht sa seomra ranga agus tuiscint theoranta ar an ábhar staire ina mbacainní móra a chuir cosc ar mhúinteoirí an stair a mhúineadh mar léirmhíniú. Mar sin féin, léiríodh leis na torthaí freisin gur mhian le múinteoirí forbairt ní b'fhéarr a dhéanamh ar a dtacar cleachtas féin agus gur chreid siad go gcabhródh sé sin leo cuid mhaith de na bacainní múinteoireachta staire mar léirmhíniú a shárú (lch 17).

Is éard a bhí i gceist le taighde Martell (2022) níos déanaí cás-staidéar léirmhínitheach fadaimseartha sé bliana maidir le forbairt creidimh agus cleachtais cúigear múinteoirí bunoidreachais maidir le fíorú stairiúil. Agus an teoiric gníomhaíochta cultúrtha stairiúla (CHAT) mar bhonn eolais fúthu, léiríodh leis na torthaí an chaoi ar fhan uirlisí coincheapúla múinteoirí sách cobhsaí le himeacht ama. Agus cé gur úsáid múinteoirí fiosrú stairiúil anois is arís, níor tháinig sé chun a bheith ina chuid thráthrialta dá gcleachtas; rinne múinteoirí cur síos ar an easpa uirlisí praiticiúla ina gcomhthéacsanna scoile mar bhacainn mhór maidir le teagasc bunaithe ar fhiosrú a chur chun feidhme.

I dteannta a chéile, leagtar béim leis na ceithre staidéar sin ar an gcaoi a gceapann múinteoirí go bhfuil a gcreidimh tábhachtach agus ar an gcaoi a bhfuil a gcreidimh tábhachtach i dtéarmaí cleachtas sa seomra ranga freisin. Leagtar béim leis na ceithre staidéar go léir freisin ar ról chomhthéacs na scoile a bhfuil tionchar aige maidir le tacú le cur i bhfeidhm múinteoirí dá bhfiseanna oideachasúla ach freisin uaireanta maidir le srian a chur leis.

Eolas agus cleachtas múinteoirí

Mar a thugamar ar aird ag tús na coda seo, tá litríocht fhairsing ann anois maidir le heolas múinteoirí; is féidir féachaint air mar fhothoradh díreach ar fhoilseacháin Shulman a bhí ina gcor cinniúna i lár na 1980idí. Roghnaíomar ceithre (l = 4) staidéar sa chuid seo, ní chun fairsinge na staidéar fadaimseartha sa bhraisle seo a chur in iúl go cuimsitheach, ach chun béim a leagan ar raon bealaí éagsúla atá ann chun smaoineamh faoi eolas agus fios múinteoirí. Tá an chéad staidéar, Findlay (2012), laistigh de thraidisiún Shulman maidir le heolas múinteoirí agus tá sé dírithe ar eolas oideolaíoch ábhair. Tá an dara staidéar, Heikkila et al. (2023), dírithe ar fhios gníomhach múinteoirí i dtéarmaí a rannpháirtíochta le haincheisteanna eitice an chleachtais. Leis an tríú staidéar, tugtar aghaidh ar shaincheisteanna eolais múinteoirí i gcomhthéacs múinteora iar-bhunscoile atá ag múineadh lasmuigh dá réimse eolais (Hobbs, 2012). Ar deireadh, tugtar aghaidh leis an gceathrú staidéar ar an gcaoi a n-athraíonn smaointe múinteora eolaíochta amháin i réimse amháin (measúnú ar an bhfoghlaim eolaíochta), ach nach n-athraíonn siad i réimse eile (impleachtaí oideolaíochta na héagsúlachta daltaí a thuiscint) thar thréimhse 10 mbliana, lena n-áirítear

clár oideachais múinteoirí ollscoile agus naoi mbliana ina dhiaidh sin de thaithí ar an múinteoireacht sa seomra ranga.

Pléann Findlay (2012) forbairt eolas oideolaíoch ábhair (PCK) na múinteoirí tosaigh fisice i gcomhthéacs leictreachas bunúsach a mhúineadh le linn chúrsa aon bhliain amháin i nDioplóma Iarchéime Gairmiúil san Oideachas (DIGO) agus ina dhiaidh sin le linn blianta tosaigh múinteoireachta na múinteoirí, i.e. thar thréimhse ceithre bliana go leith san iomlán. I bhfianaise fhócas curaclaim an staidéir, “Leanadh leis an sceideal agallaimh líne forbartha trí shiollabas leictreachais na meánscoileanna in Albain. Cuireadh agallamh ar 15 mhúinteoir faoi oiliúint le linn na bliana DIGO. Rinneadh agallamh leantach le seisear acu ag deireadh na Bliana Ionduchtaithe (a gcéad bhliain mar mhúinteoirí nuacháilithe) agus arís dhá bhliain go leith ina dhiaidh sin” (lch 1). Leagtar béim leis an staidéar sin ar an gcaoi ar féidir le rannpháirtíocht mhionsonraithe dhírthe le múinteoirí faoi thopaicí sonracha curaclaim le himeacht ama léargas a thabhairt ar an gcaoi a ndéanann múinteoirí athmhachnamh agus forbairt ar a n-eolas faoin ábhar (SMK) agus ar a n-eolas oideolaíoch ábhair (PCK). Fuarthas amach leis an staidéar taighde, “de réir mar a fuair múinteoirí luathghairme taithí ar a bheith ag obair le ranganna, thug siad cur síos cruinn ar an idirghníomhú le daltaí áirithe agus an leictreachas á mhúineadh, rud a léirigh forbairt a n-eolais oideolaíoch ábhair. Bhí ról tábhachtach aige sin maidir le hathrú ar fhócas na múinteoirí ón bhfisic a mhúineadh chuig na leanaí a mhúineadh, toisc gur chlaochlaigh siad a n-eolas faoin ábhar i bhfoirmeacha a bhí inrochtana do dhaltáí agus gur fhorbair siad a n-eolas oideolaíoch ginearálta” (lch 1). Cé go raibh creat eolais múinteoirí Shulman ina bhonn eolais faoi na céadta staidéar, tá tacar staidéar i bhfad níos lú lena ndéantar rianú iarbhir ar fhorbairt eolais múinteoirí thar líon beag blianta.

Agus an fócas ar an bhfios seachas ar an eolas, rinne Heikkila et al. (2023) scrúdú ar an gcaoi a bhféadfaí féachaint ar fhreagairtí múinteoirí (l = 310) d’aincheisteanna eitice mar ghrúpaí aincheiste eitice, mar a thugann taighdeoirí orthu, agus na himpleachtaí a bhain le ballraíocht sna trí ghrúpa éagsúla sin don traochadh mothúchánach le himeacht ama. Agus Anailís Próifíle Folaigh á húsáid, sainaitníodh trí ghrúpa aincheiste eitice leitheadúlachta: aincheisteanna annamha (27%), ó am go chéile (51%), agus minice (22%). Fuarthas leis an staidéar “gur thuairiscigh na múinteoirí sa ghrúpa aincheisteanna minice an tnáitheadh ab airde, ach tháinig feabhas ar a dtéarnamh ón mbrú poist agus laghdú ar a dtnáitheadh (traochadh) le himeacht ama” (lch 1). Faightear an-léargas ó Heikkila et al. ar roinnt bealaí. Ar an gcéad dul síos, leagtar béim leis an staidéar ar na naisc idir measúnú múinteoirí ar chleachtas sa seomra ranga agus a n-aitheantas aincheisteanna eitice, agus ar an gcaoi ar féidir iad sin a nascadh ina dhiaidh sin ar leibhéal an ghrúpa laistigh de chohóirt múinteoirí le déileáil le deacrachtaí mothúchánacha agus tnáitheadh. Ar an dara dul síos, soláthraítear léargas leis an staidéar ar anailís próifíle folaigh a úsáid, ar ghné den taighde ar eolas múinteoirí í nach mbaintear dóthain úsáide aisti, nó, go deimhin, gnéithe eile den fhoghlaim agus forbairt múinteoirí.

Is staidéar é Hobbs (2012) maidir leis an múinteoireacht ábhair lasmuigh den réimse eolais (OOF) trí dhearcadh eolais múinteoirí: is réimse beartais agus spéise taighde í an mhúinteoireacht ábhair OOF a bhfuil forbairt mhór tagtha uirthi le 15 bliana anuas. Rud atá ábhartha go háirithe i dtéarmaí eolas múinteoirí, sainaitníodh leis an staidéar cúig chatagóir

foghlama bunaithe ar thuiscint na múinteoirí ar a gcleachtas féin a bhí ag teacht chun cinn agus an mhúinteoireacht ábhair lasmuigh dá réimse eolais á déanamh acu. Tugadh ar aird leis an staidéar “gur chuir múinteoirí in iúl cén fhoghlaim a tharla toisc go raibh orthu ábhar a mhúineadh lasmuigh dá réimse eolais, mar shampla, bhí sé tábhachtach naisc a dhéanamh idir an mhúinteoireacht laistigh den réimse eolais agus lasmuigh den réimse eolais toisc go raibh na naisc sin mar nithe teorann” (lch 1). Maidir le tuiscint a fháil ar fhoghlaim agus forbairt múinteoirí ar leibhéal an iar-bhunoideachais, tá tábhacht ag baint leis an bhforbairt a tharla le déanaí ar litríocht bunaithe ar an mhúinteoireacht ábhair lasmuigh den réimse eolais. Moladh le staidéar Hobbs go bhfuil fócas comhbheartaithe ar mhúinteoirí iar-bhunoideachais ag múineadh ábhair lasmuigh agus laistigh den réimse eolais rithábhachtach chun léargas níos iomláine a fhorbairt ar a n-eolas, a bhféiniúlacht agus a bhfoghlaim mar mhúinteoirí atá ag teacht chun cinn.

Ar deireadh, féachaimid ar staidéar 10 mbliana ó Larkin (2022) lenar fiosraíodh an chaoi ar athraigh smaointe múinteora amháin (Victor) i réimse amháin (measúnú ar fhoghlaim eolaíochta) ach nár athraigh siad i réimse eile (impleachtaí oideolaíochta na héagsúlachta daltaí a thuiscint) ón OTM tríd síos na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht. Leis an staidéar, cuirtear aincheist ar oideachas múinteoirí – OTM, ionduchtú agus FGM – toisc go bhfuarthas leis an staidéar “...gur féidir le múinteoirí a dhéanann iarracht gné dá gcleachtas a athrú, agus é ar eolas acu go mbeidh orthu athmhachnamh a dhéanamh ar roinnt dá smaointe atá ann cheana, a bheith rathúil. Os a choinne sin, mura bhfuil réimse eolais múinteora forbartha go leor nuair a chríochnaítear an clár ullmhúcháin múinteoirí, ní féidir a ráthú go dtiocfaidh feabhas ar an scéal trí bhlianta de thaithí sa seomra ranga as féin, fiú má bhraitheann múinteoirí leibhéal muiníne agus compoird mhéadaithe sa réimse sin” (lch 1). Murab ionann agus Heikkila et al. (2023), lena spreagtar muid múinteoirí a mheas laistigh de ghrúpaí a bhfuil patrúin chomhchosúla feasa acu, leagtar béim mhionsonraithe le staidéar Larkin ar shainiúlachtaí chomhthéacs Victor agus conas is féidir an t-athrú a bheith “ag brath ar fhéiniúlacht, stair phearsanta, agus comhthéacsanna agus eispéiris mhúinteoireachta an mhúinteora eolaíochta” (lch 1).

Conclúid

Mar a thugamar ar aird ag tús na coda seo, bhí an litríocht ar chreidimh múinteoirí fairsing cheana féin sna 1990idí. Ní nach ionadh gur díródh le líon mór staidéar fadaimseartha ar an mhúinteoireacht le 15 bliana anuas ar fhéiniúlacht múinteoirí, ar chreidimh múinteoirí agus ar eolas múinteoirí. Sa chuid seo, tharraingíomar iad sin le chéile faoin gceannnteideal ginearálta creideamh múinteoirí faoin mhúinteoireacht, e.g. an duine féin mar mhúinteoir. Leis na staidéir fhadaimseartha a ndearnamar achoimre orthu anseo, soláthraítear roinnt léargas ar fhorbairt na litríochta sa réimse agus ar fhoghlaim agus forbairt múinteoirí ón oideachas tosaigh múinteoirí ar aghaidh sna luathbhlianta den mhúinteoireacht go háirithe.

Mar a thugamar ar aird ag tús na coda seo, d’fhéadfadh sé a bheith tairbheach smaoinemh ar an **litríocht maidir le féiniúlacht múinteoirí mar fhuinneog agus mar scáthán araon ar an bhforbairt múinteoirí**. Déantar amhlaidh leis na trí bhraisle a bhaineann le creidimh

múinteoirí faoin múinteoireacht agus faoin duine féin mar mhúinteoir, cé go ndéanann siad ar bhealaí éagsúla é.

D'fhéadfadh roinnt de na staidéir a ndearnamar athbhreithniú orthu anseo treoir a sholáthar do TGM. Mar shampla, d'fhéadfadh fócas Munter agus Wilhelm (2021) ar **fhís oideachasúil**, I dtéarmaí creidimh múinteoirí, a bheith ina chreat úsáideach trína rachfaí i dteagmháil le múinteoirí rannpháirteacha i dtéarmaí leasú curaclaim sa bhunoideachas agus san iar-bhunoideachas. Ar an gcaoi chéanna, i ndáil le féiniúlacht múinteoirí, d'fhéadfadh úsáid an chreata **féin fhéideartha** a bheith tairbheach chun aghaidh a thabhairt ar thuiscint chognaíoch, éifeachtach agus inspreagtha múinteoirí ar a gcleachtas. I ndáil le hanailís ar shonraí, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach breithniú a dhéanamh ar an luach a bhaineann le hanailís próifíle folaigh a ghlacadh mar atá i staidéar Heikkila et al. (2023) (féach freisin an chuid “soláthar múinteoirí”).

Ceist Taighde 2: Meastóireacht ar an duine féin mar mhúinteoir

Scrúdaíodh meastóireacht múinteoirí orthu féin mar mhúinteoir le 19 bpáipéar. Ba iad múinteoirí in SAM an grúpa ba mhó a ndearnadh staidéar orthu (I = 4 staidéar) agus rinneadh staidéar ar an Astráil (I = 3), Sasana (I = 2) agus an Ísiltír (I = 2) níos mó ná uair amháin. Úsáideadh meascán de mhodhanna taighde, agus bhí samplaí ann d'athbhreithnithe cainníochtúla (I = 9), cáilíochtúla (I = 5), modhanna measctha (I = 4) agus córasacha (I = 1). I dtéarmaí méideanna sampla, bhí idir 6 agus 35 múinteoir ag seacht staidéar, idir 100 agus 400 múinteoir ag ocht staidéar agus 1,326 múinteoir ag staidéar amháin. Ní raibh aon staidéar ann ar mhúinteoirí san earnáil breisoideachais agus bhí dáileadh cothrom staidéar ar fud na n-earnálacha bunoidheachais agus iar-bhunoideachais. Díríodh leis an gcuid ba mhó de staidéir (I = 11) ar fhéinéifeachtúlacht múinteoirí (TSE), agus tugaimid tuairisc ar na staidéir sin anseo.

Le TSE, tógán atá frémhaithe i dteoiric shóisialta chognaíoch Bandura (1986, 1997), déantar tagairt do chreideamh múinteora ina gcumas dul i bhfeidhm ar fhoghlaim agus iompraíocht daltaí go rathúil. De bharr a chumhacht fhairsing, is tógán a bhfuil go leor taighde déanta air é TSE. Tá sé bainteach le folláine múinteoirí (Collie et al., 2012) agus le coinneáil múinteoirí ar leibhéal na réamhsheirbhíse agus na hinseirbhíse araon (McLennan et al., 2017; Qin, 2019). Bíonn caidreamh níos fearr ag múinteoirí atá an-éifeachtach le daltaí agus bíonn leibhéal níos airde sásamh leis an bpost acu go ginearálta (Granziera agus Perera, 2019; Scherer et al., 2016; Vieluf et al., 2013). Thairis sin, cinneadh le staidéir chomparáideacha maidir le TSE go bhfuil an bhrí shíceolaíoch chéanna aige ar fud tíortha (féach athbhreithniú scóipe eile). Tugtar le fios leis an taighde go bhfuil TSE leochaileach agus somhúnlaithhe sna céimeanna luathghairme (Fitchett et al., 2018) agus tagann sé chun a bheith níos seasmhaí in aghaidh an athraithe nuair atá sé bunaithe (Tschannen-Moran et al., 1998). Tá léargais luachmhara á soláthar leis an iliomad staidéar mórscála ar na trí ghné ghaolmhara de TSE (féinéifeachtúlacht i mbainistíocht ranga, teagasc agus rannpháirtíocht daltaí) agus ar an gcaoi a bhféadfadh sé a bheith difriúil ó thír go tír (féach athbhreithniú scóipe eile); mar sin féin, tá ról tábhachtach ag staidéir fhadaimseartha ar TSE, go háirithe trí athruithe ar éifeachtúlacht múinteoirí a ghabháil sna luathbhlianta agus ar fud turas gairmiúil múinteora.

D'ainneoin dearbhuithe faoin líon teoranta staidéar taighde fadaimseartha maidir le TSE (Henson, 2002; Klassen agus Durksen, 2014), go háirithe na cinn sin lena leantar

múinteoirí ón oideachas tosaigh múinteoirí isteach sa seomra ranga (Smith et al., 2013), tá dlús a bhfuil fáilte roimhe tagtha ar thaighde fadaimseartha ar TSE le fiche bliain anuas (Ma et al., 2022). Fuarthas le hathbhreithniú córasach ó Ma et al. (2022) 41 staidéar fadaimseartha ina raibh trí phointe tomhais nó níos mó a foilsíodh idir 1977 agus 2018. Leis na staidéir sin, rinneadh staidéar ar TSE ón oideachas múinteoirí réamhsheirbhíse isteach sna chéad trí bliana den mhúinteoireacht luathghairme. Bhí siad bunaithe den chuid ba mhó ar chomhthéacsanna Mheiriceá Thuaidh agus bhí siad dírithe ar oideachas múinteoirí réamhsheirbhíse. Mar thoradh ar anailís ar na staidéir sin, tháinig glao ar “thuilleadh taighde fhadaimseartha, go háirithe ar rannpháirtithe ó chúlfraí cultúrtha eile seachas ó Mheiriceá Thuaidh, ar leibhéal mhúinteoireachta eile seachas ar an mbunoideachas, agus ar thréimhsí íogaire athraithe amhail aistriú ón múinteoireacht réamhsheirbhíse go hinseirbhíse” (Ma et al., lch 458).

Bhí 11 staidéar dírithe ar fhéinéifeachtúlacht múinteoirí luathghairme i réimsí a bhaineann go sonrath le hábhar agus i réimsí nach mbaineann go sonrath leis. Leagadh béim ar **chreidimh éifeachtúlachta a bhaineann go sonrath le hábhar** de mhúinteoirí luathghairme matamaitice, eolaíochta agus CO, b’fhéidir mar gheall ar an ról tábhachtach atá ag na creidimh sin maidir le tionscnaimh leasaithe a chur chun feidhme agus muinín a chothú i múinteoirí chun bacainní a sháru (Carrier et al., 2017; Fives agus Buehl, 2016; Martin et al., 2009). Le staidéar ó Thomson et al. (2020), lenar scrúdaíodh forbairt conairí éifeachtúlachta matamaitice do 245 múinteoir nua ar feadh a n-ullmhúcháin múinteoirí a bhí dírithe ar ETIM agus ar aghaidh ina gcéad dhá bhliain mhúinteoireachta, fuarthas amach gur tháinig méadú ar TSE le linn a gclár ullmhúcháin múinteoirí agus gur tháinig laghdú air le linn a gcéad bhlianta mhúinteoireachta. Tháinig toradh comhchosúil chun cinn ó scrúdú ar chonairí éifeachtúlachta eolaíochta múinteoirí nua ar feadh cúig bliana (Thomson et al., 2019), lenar nochtadh gur tháinig méadú ar an gconair éifeachtúlachta le linn ullmhúcháin múinteoirí agus gur tháinig laghdú air de réir a chéile ina dhiaidh sin. Soláthraítear léargais le dhá staidéar fhadaimseartha eile maidir le múinteoirí ina gcéad trí bliana mhúinteoireachta ar ról tábhachtach na héifeachtúlachta sna chéad bhlianta mhúinteoireachta (Ensign et al., 2020; Helms-Lorenz agus Maulana, 2016). Fuair Ensign et al. (2020) méadú ar éifeachtúlacht múinteoirí CO ina staidéar ar 10 múinteoir CO ag seacht bpointe ama le linn a gcéad trí bliana mhúinteoireachta. Leis an staidéar sin ar thosca pearsanta agus eagraíochtúla lenar feabhsaíodh creidimh éifeachtúlachta nó lenar cuireadh srian leo, nochtadh cineál an-dinimiciúil na gcreideamh éifeachtúlachta a bhaineann go sonrath le comhthéacs sna chéad trí bliana. Aimsíodh cothromaíocht idir dúshlán na n-éileamh a bhí ann laistigh agus lasmuigh den seomra ranga (amhail saincheisteanna bainistíochta ranga, éilimh iomaíochta na ról éagsúil laistigh de chultúr na scoile, freastal ar ionchais páirtithe leasmhara agus ceachtanna ábhartha tarraingteacha a sholáthar) agus an t-ardleibhéal tacaíochta a braitheadh, go pearsanta agus san eagraíocht, rud a d’fheabhsaigh mothú éifeachtúlachta na múinteoirí nua sin. Bunaithe ar a staidéar, leag na húdair béim ar an ngá atá le hoiliúint réamhsheirbhíse bharántúil chuimsitheach agus, tráth na fostaíochta, rochtain ar acmhainní leordhóthanacha. Cé gur sainathníodh le staidéar Ensign bealaí chun na leibhéal ísle éifeachtúlachta do mhúinteoirí nuacháilithe a fheabhsú, leagadh béim le staidéar ó Helms-Lorenz agus Maulana (2016) an gaol fadaimseartha idir féinéifeachtúlacht agus strus a mhothaigh múinteoirí ag tús a ngairme ina gcéad bhliain. Leis an staidéar sin ar 338 múinteoir ag tús a ngairme in 62 iar-bhunscoil san Ísiltír a bhí ag glacadh páirte i gclár ionductaithe bliana, nochtadh gur bhraith múinteoirí tosaigh go raibh baint fhadaimseartha dhiúltach ag an bhféinéifeachtúlacht leis na freagairtí struis a bhraith siad. De bharr an toraidh sin, mhol na húdair “gur cheart féinéifeachtúlacht

múinteoirí tosaigh a chur chun cinn chun freagairtí struis diúltacha a sheachaint, rud atá ina gcúis le tnáitheadh agus laghdú” (lch 582).

Maidir le staidéir ar *fheinéifeachtúlacht nach mbaineann go sonrach le hábhar*, I staidéar fadaimseartha ar 1,326 múinteoir Fionlannacha, a ndeachthas i dteagmháil leo faoi thrí i rith trí bliana, scrúdaíodh an caidreamh idir dearcthaí múinteoirí agus a gcreidimh féinéifeachtúlachta i leith oideachas ionchuimsitheach (Savolainen et al., 2022). I gcomparáid le staidéir roimhe sin inar úsáideadh dearadh trasghearrthach, éascaíodh leis an dearadh fadaimseartha iniúchadh ar nasc cúisíoch féideartha idir an dá choincheap. Fuarthas leis an staidéar go raibh tionchar ní ba láidre ag féinéifeachtúlacht múinteoirí ar a ndearcthaí i leith oideachas ionchuimsitheach ná a mhalairt. Fuarthas amach leis an staidéar freisin i gcás múinteoirí nua agus saineolaithe araon, a raibh torthaí comhchosúla acu, gur dócha go n-athrófaí a ndearcthaí trína n-éifeachtúlacht múinteora a mhéadú le haghaidh cleachtais ionchuimsitheacha. Tháinig na húdair ar an gconclúid dá bharr sin go “bhféadfadh eispéiris rathúla mhúinteoireachta i rang ionchuimsitheach le linn an oideachais múinteoirí réamhsheirbhíse a bheith ina modh cumhachtach chun borradh a chur faoin éifeachtúlacht agus, ar an gcaoi sin, dearcthaí múinteoirí amach anseo a athrú i dtreo ní ba dhearfaí” (lch 967). Agus é á spreagadh ag sainiúlacht chomhthéacs na féinéifeachtúlachta múinteoirí, mar a bhíodhas ag tuairimíocht faoi sa tsamhail chomhtháite féinéifeachtúlachta múinteoirí de chuid Tschannen-Moran et al. (1998), rinne Lazarides et al. (2020) scrúdú ar an idirghaol idir féinéifeachtúlacht múinteoirí i leith bainistíocht ranga, éilimh/acmhainní scoile féintuairiscithe agus straitéisí bainistíochta sa seomra ranga, thar thrí phointe ama ón oideachas múinteoirí go dtí lár na gairme. Ba mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile iad na rannpháirtithe (I = 395; 56.50% meánscoil) agus bhí pointí bailithe sonraí ann le linn a gcúrsa oideachais múinteoirí, a luathghairme (trí bliana múinteoireachta ar an meán) agus lár a ngairme (10 mbliana múinteoireachta ar an meán). I gcodarsnacht leis na tuartha, fuair na húdair amach nár bhraith seasmhacht na gcreideamh éifeachtúlachta ar fhad ama na taithí múinteoireachta. Dá bharr sin, tháinig na húdair ar an gconclúid go raibh a dtoradh “I gcomhréir le toimhde theoriciúil Bandura (1997) go bhfuil an fhéinéifeachtúlacht sách seasta nuair atá sí bunaithe, ...[rud a thugann le fios] ... go raibh an fhéinéifeachtúlacht bainistíochta sa seomra ranga bunaithe cheana féin le linn oideachas múinteoirí” (lch 9). B’ábhar imní ar leith é gur lú seans go bhforbródh múinteoirí luathghairme a thuiriscigh stíl mhí-oiriúnaitheach bainistíochta iompraíochta cuir chuige múinteoireachta oiriúnaitheacha níos déanaí ina ngairm, rud a thugann le fios go mbíonn “an fhreagairt dhiúltach, agus í bunaithe, seasmhach in aghaidh an athraithe” (lch 10). Mar sin féin, le mapáil ar phointí ama tomhais, nochtadh gur fheidhmigh féinéifeachtúlacht tosaigh múinteoirí mar acmhainn phearsanta lena réamh-mheasadh go dearfach a n-iompraíocht mhúinteoireachta mheasta ina luathghairm. Tugaimid ar aird anseo freisin, cé go ndealraíonn sé go n-éiríonn féinéifeachtúlacht múinteoirí seasmhach, nach gcuirtear cosc leis sin ar athrú féideartha ionmhúinteora ar éifeachtúlacht mar a léirítear le hanailís il-leibhéil samhaltaithe Raudenbush et al. (1992) ar mhúinteoirí iar-bhunoideachais ina raibh éifeachtúlacht mhúinteoireachta éagsúil ann do mhúinteoirí aonair de réir na ngrúpaí ranga (leibhéal íseal v ard) agus ina raibh an t-athrú ba mhó ann i ndáil leis an múinteoireacht matamaitice agus eolaíochta.

Léirigh Lazarides et al. (2023) an tábhacht a bhaineann le creidimh inniúlachta ó thús gairme múinteoirí i scrúdú ar an tacar sonraí fadaimseartha céanna a thuairiscigh Lazarides et al. (2020). Tugtar tuairisc leis an bpáipéar sin ar an gcaoi a raibh idirghaol idir féinéifeachtúlacht tuairiscithe múinteoirí agus luach ar rannpháirtíocht daltaí agus a gcaidreamh le daltaí. Fuair na húdair gur réamh-mheasadh go hindíreach agus go dearfach an caidreamh múinteoirí le daltaí ag lár na gairme le féinéifeachtúlacht múinteoirí maidir le rannpháirtíocht daltaí ag deireadh an oideachais múinteoirí. I gcodarsnacht leis sin, níor réamh-mheasadh an caidreamh múinteoirí le daltaí ag lár na gairme le dearchaí luathghairme. Lena dtorthaí, tacaíodh le seasamh Bandura (1997), lenar léiríodh seasmhacht mhéadaitheach na féinéifeachtúlachta le himeacht ama agus le taithí mhúinteoireachta. Mar gheall ar an tsomhúnlaitheacht léirithe féinéifeachtúlachta le linn oideachas múinteoirí, tháinig na húdair ar an gconclúid go ndéanann an toradh sin “béim a leagan ar an ngá chun creidimh féinéifeachtúlachta a chothú san oideachas múinteoirí agus trí idirghabhálacha agus cláir chórasacha shaincheaptha go luath i ngairm múinteoirí” (lch 12) agus, ar an gcaoi sin, tacú le taighde eile lena sainaithnítear an gá chun féinéifeachtúlacht láidir múinteoirí a chur chun cinn i gclár oideachais múinteoirí agus sna luathchéimeanna den mhúinteoireacht fhoirmiúil (Wheatley, 2005). Fuair na húdair freisin gur féidir le tosca comhthéacs scoile ar leith, amhail acmhainní agus éilimh oibre iomarcacha, bac a chur ar thairbhí dearfacha eile na féinéifeachtúlachta. Leis an ngaol sin, mar aon leis an toradh go raibh baint dhearfach ag an muintearas a bhraitheann múinteoirí go luath ina ngairm agus i lár a ngairme le féinéifeachtúlacht múinteoirí agus le caidrimh múinteoirí le daltaí, leagtar béim ar an tosaíocht chun éilimh ionaid oibre a laghdú ar mhúinteoirí luathghairme agus timpeallachtaí scoile a fhorbairt lena gcuirtear muintearas ionaid oibre chun cinn.


Mar chonclúid, d’ainneoin fócais éagsúla na spéise, leibhéil múinteoirí agus raon geografach na staidéar fadaimseartha sin, tugtar le fios leo go léir go ndéantar rannchuidiú rithábhachtach leis an mothú éifeachtúlachta do shaol pearsanta agus gairmiúil múinteoirí. Cé go bhféadfaidh éagsúlacht áirithe a bheith eatarthu sna mionsonraí a bhaineann le luaineacht agus dinimiceas na gcreideamh éifeachtúlachta ag pointí sonracha thar shaolré múinteora, leagtar béim leis na torthaí coiteanna ar an ngaol idir an inniúlacht mheasta a fhorbraítear mar mhúinteoir ionchasach agus braistintí agus mothú ina dhiaidh sin maidir le máistreacht mar mhúinteoirí nuacháilithe. Maidir leis an staidéar deireanach sa chuid seo, Hatlevik (2017), tugaimid tuairisc ar idirghaol ar tugadh hipitéis faoi idir eispéiris OTM agus éifeachtúlacht múinteoirí níos déanaí, inar scrúdaigh taighdeoirí an inniúlacht ghairmiúil mheasta a fuair 100 múinteoir loruach thar thrí phointe tomhais le linn oideachas tosaigh múinteoirí agus a mbraistintí níos déanaí mar mhúinteoirí. Nochtadh leis an gcomhchoibhneas idir na hathróga folaigh agus an samhaltú cothromóide struchtúraí (SEM) fadaimseartha (a) go mbíonn tionchar mór ag a ndúil agus a muinín as an inniúlacht ghairmiúil atá acu mar mhúinteoirí ionchasacha ar an inniúlacht ghairmiúil a bhraitheann múinteoirí nuacháilithe; (b) go mbíonn éifeacht shubstaintiúil ag an inniúlacht ghairmiúil a bhraitheann múinteoir nuacháilithe ar an inniúlacht ghairmiúil a bhraitheann an múinteoir scoile a bhfuil níos mó taithí acu; agus (c) go mbíonn tionchar mór ag an inniúlacht ghairmiúil a bhfuil taithí acu uirthi mar mhúinteoirí ionchasacha agus, níos tábhachtaí fós, mar mhúinteoirí nuacháilithe, ar an inniúlacht ghairmiúil a bhraitheann múinteoirí a bhfuil taithí acu. Rud a bhí suimiúil sa staidéar fadaimseartha sin is ea go bhfuarthas amach go bhfuil baint dhearfach ag an eolas teoiriciúil a fháil le héifeachtúlacht múinteora agus, dá bhrí sin, bréagnaítear leis maímh a bhí ann le fada go bhfuil luach teoranta ag an eolas teoiriciúil maidir le hullmhú don chleachtas gairmiúil agus “tagtar salach ar an taighde lena n-áitítear go mbíonn éifeacht theoranta ag an gclár oideachais múinteoirí” (lch 810).

Ceist Taighde 3: Tionchar foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí

Le scrúdú ar irisleabhair acadúla, leagtar béim ar fhairsinge na staidéar lena ndírítear ar mhúinteoirí réamhsheirbhíse a fhorbairt laistigh de chlár ullmhúcháin múinteoirí. Tá líon sách beag staidéar fadaimseartha lena leantar na múinteoirí sin ar aghaidh ina gcéad bhlianta múinteoireachta. Sainaithníodh 54 staidéar fadaimseartha leis an athbheithniú scóipe seo lena ndéantar iniúchadh ar eispéiris, clár agus céimeanna de shaol gairmiúil múinteora. Scrúdaítear leis na staidéir sin téamaí éagsúla, agus déantar iniúchadh le cuid acu ar thionchar an oideachais tosaigh múinteoirí ($I = 16$) agus ionductú ($I = 7$), forbairt ghairmiúil agus forbairt na bpobal foghlama gairmiúla ($I = 9$), agus staidéir lena ndéantar iniúchadh ar an timthriall gairme agus a thionchar ($I = 10$)⁹.

Ról OTM agus múinteoirí á n-ullmhú: Scrúdaíodh le catagóir amháin staidéar cé acu a chruthaigh nó nár chruthaigh 'suaithéadh an tsaol mar atá' (Veenman, 1984), a bhaineann leis an aistriú ó OTM go cleachtas gairmiúil, laghdú ar na tairbhí a fuarthas ó chlár oideachais múinteoirí le himeacht ama, rud atá ina chúis le 'héifeacht díothaithe'. Tá na staidéir sin suimiúil go háirithe mar gheall ar an inní a chuirtear in iúl go coitianta go bhféadfaidh múinteoirí nua na cleachtais a chuirtear chun cinn leis an oideachas múinteoirí réamhsheirbhíse a thréigean (Greenberg et al., 2014). As na cúig staidéar sin, tugadh aghaidh le cúig cinn acu ar ullmhúchán múinteoirí a bhaineann le smacht (Martell, 2013; Scales et al., 2018; Sawyer, 2022; Tolgfors et al., 2023; Tondeur et al., 2017), rinneadh iniúchadh ar bhainistíocht sa seomra ranga (Girardet agus Berger, 2018) agus úsáid an Fhiosraithe agus na hAbhcóideachta mar Churaclam (Lammert, 2023) le dhá cheann acu, agus scrúdaíodh le ceann amháin acu forbairt agus athrú ar na creidimh faoin bhfoghlaim conas múineadh (Ní Chróinín agus O'Sullivan, 2014). Trí chreataí agus lionsaí anailíseacha teoiriciúla éagsúla a úsáid, rinneadh iarracht leis na staidéir na tosca iomadúla a mbíonn tionchar acu ar chreidimh agus cleachtais múinteoirí tosaigh a ghabháil. Soláthraíonn Scales et al. (2018) íomhá úsáideach de chonair ag bogadh ón múinteoir ina chlár OTM (iarrthóir) chuig an múinteoireacht faoi oiliúint (múinteoir faoi oiliúint) agus ar aghaidh chuig an múinteoireacht nua. Bíonn tionchar leanúnach ar a gcreidimh ag eispéiris oibre cúrsa, comhthéacsanna scoile, meantóireacht ó mhúinteoir comhoibríoch agus, níos déanaí, óna bpiaraí múinteoireachta agus ionchais rialála.

⁹ Eisiadh cúig acu toisc nach raibh aon téacs iomlán ann, agus rinneadh athchódú ar thrí cinn acu mar chóid 1 agus 5



Le staidéar ilchásanna Martell (2013), rinneadh iniúchadh ar fhorbairt creidimh agus cleachtais ceathrar múinteoirí staire iar-bhunoideachais i Meiriceá a bhain le stair a mhúineadh mar léirmhíniú. Leanadh múinteoirí óna múinteoireacht faoi oiliúint ar aghaidh chuig críochnú a gcéad bhliana sa seomra ranga. Staidéar fadaimseartha eile lenar díriodh ar mhúinteoirí Meiriceánacha ba ea staidéar ilchásanna fadaimseartha trí bliana ó Scales et al. (2018). Scrúdaíodh leis an chaoi ar fhoghlaim ceathrar múinteoirí bunoidreachais conas breithiúnas gairmiúil a úsáid i dteagasc litearthachta. Leanadh rannpháirtithe mar mhúinteoirí faoi oiliúint agus ar aghaidh ina gcéad dhá bhliain mhúinteoireachta. Sholáthair Tolgfors et al. (2023) léargas ar an úsáid a bhain múinteoir CO iar-bhunscoile sa tSualainn as measúnú chun foghlama nuair a d'aistrigh sé ón oideachas múinteoirí corpoideachais chuig post múinteoireachta scoile corpoideachais. Rinne Tondeur et al. (2017) an úsáid a bhain grúpa de sheisear múinteoirí Beilgeacha as an teicneolaíocht oideachais le linn a gcéad trí bliana mhúinteoireachta a thuairisciú. Rinneadh iniúchadh leis an staidéar ar thionchar na n-eispéireas a soláthraíodh le trí chlár oideachais múinteoirí bunoidreachais éagsúla ar chleachtais mhúinteoireachta na múinteoirí tosaigh sin. Ar aghaidh ón dearcadh smachta, fiosraíodh le staidéar modhanna measchtha Girardet agus Berger (2018) forbairt bainistíochta 71 múinteoir gairmoideachais Eilvéiseach sa seomra ranga mar thoradh ar ionchuir cláir oideachais múinteoirí, agus sainaitníodh na tosca lenar spreagadh athrú múinteoirí nó lenar cuireadh bac air. Agus é ag déanamh iniúchadh ar an gcaoi a nglacann múinteoirí réamhsheirbhíse creat gníomhaithe chun athrú agus claoclú sóisialta a chur chun cinn, scrúdaigh Lammert (2023) an sealbhú a rinne triúr múinteoirí bunoidreachais Meiriceánacha ar fhiosrú agus ar abhcóideacht ina gcéad dhá bhliain inseirbhíse. Le staidéar fadaimseartha sé bliana ar chreidimh seisear múinteoirí tosaigh bunoidreachais Éireannacha faoin bhfoghlaim conas múineadh, a rinne Ní Chróinín agus O'Sullivan (2014), leanadh múinteoirí ó thús cláir oideachais múinteoirí trí bliana ar aghaidh go dtí trí bliana tar éis dóibh an chéim a bhaint amach.

Soláthraíodh fianaise an-láidir leis na staidéir sin uile ar mhian múinteoirí nua chun eispéiris foghlama ardcháilíochta a thairiscint dá ndaltaí, ó chleachtais thógachaíochta a úsáid sa mhúinteoireacht agus i mbainistíocht sa seomra ranga (Girardet agus Berger, 2018; Martell, 2013), go teicnící nuálacha measúnaithe a úsáid (Tolgfors et al., 2023), comhtháthú na teicneolaíochta (Tondeur et al., 2017) agus achtú an fhiosraithe agus na habhcóideachta ar bhealaí atá dírithe ar ghuth daltaí (Lammert, 2023). Spreagadh na múinteoirí ina gcleachtais sa seomra ranga níos déanaí leis na heispéiris sin in OTM (Tolgfors et al., 2023; Woods agus Lynn, 2014), agus, do chuid mhaith acu, tháinig forbairt ar a gcleachtais i dtreo creideamh agus cleachtas a moladh leis an gclár oideachais múinteoirí (Girardet agus Berger, 2018). Rud atá tábhachtach is ea go gceistítear go láidir leis na staidéir sin obair a raibh tionchar aici

cheana féin lena dtugadh le fios go dtarlaíonn ‘éifeacht díothaithe’ (Zeichner agus Tabachnick, 1981; Zeichner agus Liston, 1987) leis na heispéiris OTM nuair a thosaíonn MNCanna a bpoist luathghairme mar gheall ar éifeachtaí láidre sóisialaithe an chleachtais bhunaithe i scoileanna.

Tuairiscíodh leis na staidéir tábhacht na gclár OTM maidir le múinteoirí a ullmhú don ghairm. Thuairiscigh Tondeur et al. (2017) faoin gcaoi a raibh buntáiste ag céimithe ó chlár OTM a sholáthair samplaí praiticiúla den chaoi a bhféadfar an teicneolaíocht a úsáid thar réimsí ábhair éagsúla, i gcomparáid lena bpiaraí nach raibh rochtain acu ar dheiseanna foghlama breise leis an teicneolaíocht le linn a n-oideachas réamhsheirbhíse. Le barúil chomhchosúil, stiúradh Martell (2013) chun a mholadh go ndíreofaí le OTM ar chuidiú le múinteoirí ionchasacha uirlisí praiticiúla a fhorbairt chun físeanna coincheapúla na múinteoireachta atá ag a mic léinn oideachais a chomhlánú (Martell, 2013), moladh ar thacaigh Ní Chróinín agus O’Sullivan (2014) leis, a thuairiscigh go raibh an meas ba mhó ag múinteoirí ar oideolaíochtaí praiticiúla agus feidhmeacha maidir le cuidiú leo foghlaim conas múineadh. Sainithníodh soláthar eispéireas ardcháilíochta faoi mhaoirseacht sa réimse in OTM lena gcuimsítear aiseolas ó mheantóirí (Tondeur et al., 2017) agus athmhachnamh le chéile le piaraí (Lammert, 2023) mar thosca ríthábhachtacha a chuaigh i bhfeidhm ar a gcleachtais ranga níos déanaí. Tugadh lua ar leith d’eispéiris sa réimse lena gcuirtear athmhachnamh ar chleachtas chun cinn agus lena spreagtar múinteoirí ionchasacha a gcleachtais múinteoireachta a cheistiú agus feasacht a fhorbairt orthu (Girardet agus Berger, 2018; Scales et al., 2018).

B’ábhar spéise ar leith é an staidéar modhanna measctha ó Girardet agus Berger (2018), lena ndearnadh anailís il-leibhéil chun na tosca sin lena múnlaítear athruithe ar chleachtais maidir le cuir chuige múinteoirí i leith bainistíocht sa seomra ranga a shainaitint. Shainaitin siad ‘na blianta taithí múinteoireachta’ mar réamhtháscaire, rud a thugann le fios dá mhéad atá taithí ag múinteoir le hathmhachnamh a dhéanamh uirthi, is ea is mó an seans go mbeidh siad in ann an taithí sin a nascadh leis na hionchuir a fuair siad san oideachas múinteoirí. Seans go gciallaíonn sé sin go bhféadfadh éifeachtaí OTM méadú de réir mar a fhaigheann múinteoir taithí. Tacaítear leis an toradh sin le taighde lena dtagraítear do sheasmhacht creideamh múinteoirí agus don am fada a thógann sé chun dul i bhfeidhm ar na creidimh sin (Cooney et al., 1998; Swars et al., 2007). Mar thaca leis an toradh sin, bhí staidéar ó Sawyer (2022), a bhreathnaigh ar thriúr múinteoirí matamaitice bunoidheachais 10 mbliana tar éis a gclár oideachais réamhsheirbhíse chun fiosrú a dhéanamh ar a gcreidimh reatha i gcomparáid leis na creidimh a bhí acu le linn a ndara bliain mhúinteoireachta. Leanadh na múinteoirí céanna sin trí dhá bhliain dá gclár oideachais múinteoirí agus ar aghaidh chuig a gcéad dhá bhliain mhúinteoireachta (féach Spangler et al., 2012). Nochtadh leis na torthaí an tionchar a bhfuil moill air atá ag clár oideachais múinteoirí agus go bhféadfadh sé a bheith sna blianta tar éis chríochnú OTM nuair a bhíonn múinteoirí ar an eolas faoina gcreidimh agus nuair a dhéanann siad breithniú ar chleachtais a múineadh ina gclár oideachais múinteoirí. Tacaítear leis sin le taighde a rinneadh ar mhúinteoirí Éireannacha ó Ní Chróinín agus O’Sullivan (2014), ina bhfuarthas amach “conas a thosaigh [múinteoirí nua] ag ceistiú cur chuige an chlár oideachais múinteoirí trína dtaithe i scoileanna” (lch 459). Ar bhealach, tacaíonn staidéar Sawyer (2022) leis na staidéir sin, lena tuairiscíodh athrú beag nó athrú ar bith ar chreidimh múinteoirí réamhsheirbhíse ag deireadh a gclár oideachais múinteoirí; mar sin féin, agus na múinteoirí céanna sin á leanúint ar aghaidh ina ngairm mhúinteoireachta níos déanaí, tacaítear le torthaí Girardet agus Berger (2018) lena gcuirtear fianaise i láthair gurbh fhéidir go mbeadh tuilleadh taithí ag teastáil ó mhúinteoirí áirithe le daltaí agus “gurbh fhéidir

go mbeadh am uathu chun ligean dóibh athmhachnamh a dhéanamh agus a bheith ar an eolas faoina gcreidimh” (lch 91).

Tionchar an tsocrúcháin scoile: Thar dhá bhliain go leith, rinne Bartholome (2017) scrúdú ar dhearcthaí naonúr oideoirí ceoil i réamhsheirbhís agus ina gcéad bhliain ar ghníomhaíochtaí sa réimse atá leabaithe laistigh de chlár ullmhúcháin múinteoirí ceoil. Nochtadh le comparáid idir eispéiris éagsúla sa réimse gur eascair scileanna agus meonta uathúla as gach cineál saothair sa réimse agus, i dteannta a chéile, gur sholáthair siad sin tacar sainscileanna leathan is féidir a chur i bhfeidhm maidir le comhthéacsanna éagsúla múinteoireachta. Tháinig tairbhe na héagsúlachta chun cinn i dtéarmaí eispéireas le leibhéal éagsúla gráid agus le daonraí éagsúla daltaí agus le leibhéal éagsúla maoirseachta, rud a chuir ar chumas múinteoirí faoi oiliúint, uaireanta, triail a bhaint as rudaí gan aon duine ag faire orthu agus gan eagla rompu faoi iarmhairtí agus, uaireanta eile, aiseolas criticiúil a fháil faoin múinteoireacht agus tacaíocht á fáil don fhorbairt scileanna dá bhrí sin. Leag múinteoirí béim freisin ar thábhacht na socrúcháin múinteoireachta nach bhfuil chomh tábhachtach sin, agus cheap Ní Chróinín agus O’Sullivan (2014) go raibh eispéiris socrúcháin in OTM róshriantach agus go ndéantar an iomarca faireacháin orthu agus, ar an gcaoi sin, go gcuirtear cosc ar dheiseanna chun triail a bhaint as rudaí agus smaointe agus stíl mhúinteoireachta na rannpháirtithe a fhorbairt. Shainnigh Bartholome (2017) aistriú scileanna tábhachtacha freisin ó shocrúcháin ar aghaidh ina gcéad bhlianta múinteoireachta, amhail nósanna féinmhachnaimh agus forbairt scileanna comhoibríocha trí oibriú le múinteoirí agus le foireann scoile (Bartholome, 2017), rud a thacaíonn le toradh Ní Chróinín agus O’Sullivan (2014), dá bhrí sin, lena sainnithnítear lárnacht na n-eispéireas bunaithe ar chleachtas in ullmhúcháin múinteoirí. Bhí an coincheap sin maidir le haistriú scile ó OTM go hionad oibre na scoile ina fhócas i staidéar mór cainníochtúil lenar scrúdaíodh bunachar sonraí socrúcháin múinteoireachta múinteoirí faoi oiliúint i Stát Washington in SAM (Goldhaber et al., 2017; Krieg et al., 2022), lenar fiosraíodh aistrithe múinteoirí ó sheomraí ranga múinteoireachta faoi oiliúint chuig a gcéad seomraí ranga poist, agus na himpleachtaí do ghnóthachtáil daltaí. Rinne an fhoireann taighde anailís ar shonraí ó 5,552 múinteoir céad bhliana a bhain le sonraí socrúcháin scoile OTM (scoileanna, leibhéal gráid) ó 15 institiúid éagsúla. Rianaigh sí sonraí do na múinteoirí sin ar aghaidh chuig sonraí a gcéad bhliana múinteoireachta (faisnéis ar an leibhéal foirgnimh, triailscóir chaighdeánaithe daltaí agus taifid phearsanra múinteoirí). Nochtadh lena gcuid anailíse gur dócha go mbíonn múinteoirí níos éifeachtaí nuair a bhíonn déimeagrafaic a scoile cosúil le déimeagrafaic na scoile ina ndearna siad a múinteoireacht faoi oiliúint. Tugtar le fios leis sin go bhfuil impleachtaí tábhachtacha ag comhthéacs na scoile ina dtarlaíonn an mhúinteoireacht faoi oiliúint do thorthaí na múinteoirí agus a gcuid daltaí níos déanaí agus, más féidir, ba cheart iarracht a dhéanamh agus múinteoirí nuacháilithe á n-earcú, comhthéacs na scoile/an tseomra ranga a ailíniú leo siúd a bhfuil taithí acu orthu in OTM.

Ba réimse spéise ar leith í an mheaitseáil sin idir OTM agus comhthéacs na scoile sa taighde ar lucht saothair tuaithe a fhorbairt san Astráil. Le staidéar fadaimseartha modhanna measctha ceithre bliana, ina raibh 1,539 freagairt múinteora ar shuirbhé agus dhá chás-staidéar dhoimhne, a rinne Kline agus Walker-Gibbs (2015), rianaíodh céimithe oideachais múinteoirí Astrálacha óna gclár OTM chun fiosrú a dhéanamh ar éifeachtacht a gclár chun iad a ullmhú chun freastal ar riachtanais daltaí i scoileanna éagsúla (uirbeacha agus tuaithe) san Astráil. Bhreithnigh na húdair conas a théann tréithe an tsuímh scoile i bhfeidhm ar aistriú múinteoirí le céim chuig an lucht saothair múinteoireachta. I gcodarsnacht leis na sonraí Meiriceánacha a thairiscigh Goldhaber et al. (2017) agus Krieg et al. (2022), scrúdaíodh leis an staidéar

Astrálach braistintí maidir le héifeachtacht múinteoirí, seachas sonraí ar leibhéal na ndaltaí maidir le feidhmíocht i dtrialacha caighdeánaithe. Nochtadh le scrúdú ar na sonraí cainníochtúla nach raibh aon ghaol idir suíomh scoile na múinteoirí nua agus a mbraistintí faoina n-ullmhacht chun múinteoireachta ná faoina n-éifeachtacht mar mhúinteoirí agus, dá bhrí sin, tugtar le fios leis go raibh OTM ag ullmhú múinteoirí chun múineadh, fiú na múinteoirí i scoileanna tuaithe a ullmhaíodh i dtimpeallachtaí uirbeacha. Soláthraíodh léargas ní ba chaolchúisí leis na cás-staidéir ar bheirt mhúinteoirí i scoileanna tuaithe agus iargúlta maidir leis na réimsí ar ullmhaíodh iad go héifeachtach, agus na réimsí nár ullmhaíodh iad go héifeachtach, ina leith le linn OTM. Agus láidreachtaí maidir le hullmhú le haghaidh bainistíocht sa seomra ranga á dtuairisciú acu, ní raibh siad chomh hullamh céanna do thosca comhthéacsúla a bhain le scoileanna tuaithe, ar nós múinteoireacht ilghráid agus múinteoireacht ar fud an churaclaim, agus b'fhéarr leo béim ní ba mhó ar chur i bhfeidhm praiticiúil na teorice. Bhí an difríocht sna torthaí ó na comhchodanna cáilíochtúla agus cainníochtúla den taighde seo ar mhúinteoirí Astrálacha ina cúis leis na húdair ag teacht ar an gconclúid gur “cás láidir é ar son saothar fadaimseartha modhanna measctha, lena léirítear nach bhfuil ceachtar cur chuige á n-úsáid astu féin inchurtha leis an léargas saibhir is féidir a fháil nuair a chuirtear na cuir chuige le chéile go córasach i ndearadh atriallach” (lch 85).

Luathbhlianta na múinteoireachta

Bacainní roimh mhúinteoirí luathghairme: Leis na staidéir sin agus le staidéir rompu, léirítear na bacainní a bhí roimh mhúinteoirí luathghairme agus iad ag tosú amach ina ngairm mhúinteoireachta, agus soláthraíodh léargas ar na cineálacha tacaíochtaí is féidir cabhrú leo ar a dturas. Bhraith múinteoirí faoi oiliúint nach raibh siad ullamh do chaidrimh idirphearsanta san ionad oibre agus bhí dúshlán rompu maidir le roinnt gnéithe den chaidreamh gairmiúil (Bartholome, 2017). Le tosca ar leibhéal na scoile amhail bainistíocht sa seomra ranga, diúltú daltaí agus scoiteacht ó chomhghleacaithe (Nyman, 2014; Tolgfors et al., 2023; Zhukova, 2018), mar aon le noirm agus tosaíochtaí scoile a tháinig salach ar chreidimh múinteoirí (Girardet agus Berger, 2018; Lammert, 2023) cuireadh dúshlán roimh mhúinteoirí tosaigh. Nochtadh le staidéir gur tharla na dúshlán dheireanacha sin nuair a bhí eispéiris agus creidimh múinteoirí nua ag teacht salach ar an gcomhthéacs múinteoireachta. Tháinig moladh amháin chun é sin a mhaolú ó Scales et al. (2018), a shainaithin an gá chun deiseanna a chruthú in OTM ina mbeadh taithí ag múinteoirí ionchasacha ar theagmhais neamhréireacha a bhí i gcoimhlint leis na dearcthaí a bhí acu cheana agus, ar an gcaoi sin, an deis a sholáthar dóibh taithí a fháil ar bhreithiúnas gairmiúil a chleachtadh agus, má dhéanann siad amhlaidh, “féadfaidh cláir ullmhúcháin conair fáis a chothú ó chéim an iarrthóra tríd síos gairm an mhúinteora sa seomra ranga” (lch 17). I dtéarmaí an t-aistriú a chumasú, tá fianaise ann lena dtugtar le fios, trí chongruacht idir socrúcháin sa chlár oideachas múinteoirí agus comhthéacs scoile na múinteoirí nua a chinntiú, go dtiocfadh laghdú ar an neamhréireacht, go bhfeabhsófaí an t-aistriú eolais agus scileanna, agus go n-éascófaí cleachtais oiriúnaitheacha sa seomra ranga (Girardet agus Berger, 2018; Goldhaber et al., 2017; Krieg et al., 2022; Lammert, 2023).

Ról an ionduchtaithe: Tá sé seanbhunaithe go mbíonn strus ag baint leis na chéad bhlianta múinteoireachta do mhúinteoirí tosaigh. Tá cuid mhaith tíortha tiomanta do chlár ionduchtaithe a chur chun feidhme lena soláthraítear raon tacaíochtaí gairmiúla chun an strus a laghdú, tacú le folláine agus a stór scileanna múinteoireachta a fheabhsú. D'fhéadfadh éagsúlacht mhór a bheith idir na cineálacha tacaíochtaí gairmiúla ó thaobh a struchtúir,

a n-ábhair, a bhfaid agus a modhanna seachadta de. Tá cuid mhaith taighde déanta ar thionchar na gclár ionduchtaithe saincheaptha sin ar riachtanais shonracha na múinteoirí tosaigh agus ar a gcomhthéacsanna oideachais; mar sin féin, is beag atá ar eolas faoin bhfoghlaim sna blianta tar éis an ionduchtaithe agus faoi éifeachtacht na gclár sin chun tacú le múinteoirí comhtháthú i ngairm na múinteoireachta go rathúil.

Tagann fianaise ar éifeachtacht na gclár ionduchtaithe a dheantar go cúramach ó staidéar fadaimseartha cainníochtúil trí bliana ó Maulana et al. (2015) lenar scrúdaíodh inathraitheacht cháilíocht múinteoireachta 276 múinteoir Ísiltíreach agus an t-athrú uirthi mar a bhraith a gcuid daltaí í le linn na chéad trí bliana múinteoireachta. Tá sé ar cheann den bheagán staidéar inar úsáideadh dearadh turgnamhach lenar sannadh scoileanna go randamach ar idirghabháil ionduchtaithe ina raibh cláir thacaíochta (e.g. cóitseáil phearsanta chun tacú le saoirse ghairmiúil, inniúlacht agus gaolmhaireacht múinteoirí) do mhúinteoirí tosaigh. Fuarthas amach leis an staidéar gur tháinig méadú ar cháilíocht múinteoireachta na múinteoirí tosaigh le linn na chéad trí bliana cleachtais ghairmiúil agus go raibh méadú ní ba ghéire ann le linn na chéad dá bhliain mhúinteoireachta, agus gur tháinig moill ar an méadú beagán i dtreo an tríú bliain. Níorbh fhéidir na difríochtaí i gcáilíocht na múinteoireachta a mhíniú le leibhéal gráid, méid ranga ná an t-ábhar a múineadh. Mar sin féin, míníodh le nochtadh ar chlár ionduchtaithe na difríochtaí i gcáilíocht múinteoireachta na múinteoirí tosaigh, agus an t-athrú uirthi. Léirigh múinteoirí a fuair ionduchtú fás a raibh dlús ní ba mhó faoi thar na trí bliana, go háirithe maidir le cáilíocht na bainistíochta sa seomra ranga, an fhoghlaim a ghníomhachtú agus straitéise foghlama a mhúineadh. Díríodh leis an gclár ionduchtaithe – agus a eispéiris fhairsinge mheantóireachta, comhoibriú tráthrialta agus cóitseáil piaraí – ar thacaíocht a thabhairt do shaoirse ghairmiúil, inniúlacht agus gaolmhaireacht múinteoirí, agus tháinig an t-údar ar an gconclúid maidir leis an rath a bhí air, “go bhfuil tacaíochtaí sóisialta agus gairmiúil, atá ina gcuid den chlár ionduchtaithe múinteoirí, tábhachtach i ndáil le forbairt na múinteoirí i scoileanna” (lch 238). Ionchorpraíodh gnéithe comhchosúla den chlár ionduchtaithe rathúil i ndearadh cláir ionduchtaithe do mhic léinn talmhaíochta Mheiriceánacha. Le Disberger et al. (2022), leanadh seisear múinteoirí talmhaíochta tosaigh a deimhníodh go traidisiúnta ar feadh trí bliana. Áirítear le comhchodanna molta do chlár ionduchtaithe pobal tacúil a fhorbairt i measc na múinteoirí, rochtain a sholáthar ar mheantóirí iomadúla a bhfuil réimsí éagsúla saineolais acu, aiseolas a thabhairt ar an múinteoireacht go luath gach seimeastar agus díriú ar raon réimsí, agus na deiseanna le haghaidh athmhachnamh struchtúrtha lena ligtear do mhúinteoirí nua díriú ar na héachtaí agus na dúshláin a bhí acu le déanaí agus smaoineamh faoin am atá le teacht.

Mar sin féin, mar a fuair Helms-Lorenz agus Mualana (2016), níl éascú aistriú na múinteoirí tosaigh chuig gairm na múinteoireachta chomh héasca le clár ionduchtaithe saincheaptha a dhearadh agus a chur chun feidhme, toisc go bhféadfadh cláir ionduchtaithe a bheith ina gcúis le strus. Bunaithe ar an gcreideamh go dtéann an comhthéacs ina n-oibríonn múinteoirí tosaigh i bhfeidhm ar a bpróisis shíceolaíocha agus, mar sin, ar an strus agus an fhéineifeachtúlacht a bhraitheann siad go fadaimseartha, dhear Helms-Lorenz agus Mualana (2016) clár ionduchtaithe a raibh tacaíochtaí éagsúla sóisialta agus gairmiúla ag gabháil leis. Cuireadh an clár ionduchtaithe bliana chun feidhme le 180 múinteoir tosaigh ar fud 34 scoil agus le 158 múinteoir tosaigh ar fud 28 scoil (a lean na socrúithe rialta laistigh dá scoileanna agus a bhí mar ghrúpa cóimheasa). Nochtadh roinnt gaolta spéisiúla leis na sonraí a bailíodh ar feadh trí bliana tar éis chríochnú an ionduchtaithe. Fuarthas amach leis an staidéar go raibh an t-ionduchtú rathúil maidir le féineifeachtúlacht ranga a chothú, rud a mhaolaigh an

leibhéal teannais poist a bhí ag múinteoirí tosaigh; níor léiríodh an éifeacht sin do mhúinteoirí tosaigh sa ghrúpa cóimheasa. I gcodarsnacht leis sin, áfach, fuarthas amach go gcomhfhreagraíonn na leibhéil féinéifeachtúlachta scoile níos airde a bhraitear le leibhéil teannais poist níos airde a bhraitear do mhúinteoirí tosaigh i scoileanna ionductaithe. Thairis sin, fuarthas gaol diúltach idir féinéifeachtúlacht scoile agus teannas poist a bhraitear do mhúinteoirí tosaigh sa ghrúpa cóimheasa. Tháinig na húdair ar an gconclúid dá bharr sin, “cé nach soiléir fós an chúis leis an toradh seo nach raibh coinne leis, seans go dtugtar le fios leis an toradh seo go dteastaíonn rannpháirtíocht múinteoirí tosaigh atá go hiomlán tiomanta ón gclár ionductaithe ar leibhéal na scoile, rud a chuireann leis na leibhéil teannais poist níos airde. Cé go bhfuil creidimh féinéifeachtúlachta arda acu sa scoil, bhraith siad freisin leibhéal arda teannais poist mar thoradh ar an tiomantas iomlán sin a raibh coinne leis don chlár (beagán iomarcach) a leanúint” (Ich 584).

Fuarthas amach le staidéir eile go bhféadfaidh eispéiris ionductaithe tacú go rathúil le múinteoirí, ach ní go leor chun a gcuid creideamh a cheistiú ná stór teagaisc a bhunú mar a beartaíodh sna leasuithe. Léiríodh le staidéar ó Luft et al. (2022) ar 95 múinteoir céad bhliana Meiriceánach a mhúin an eolaíocht ar feadh cúig bliana as a chéile agus a ghlac páirt i gceann amháin de na ceithre chlár ionductaithe éagsúla, an dúshlán a bhaineann le creidimh agus cleachtais múinteoirí a athrú. Fuarthas amach go raibh meas ag na rannpháirtithe ar na cláir ionductaithe, lenar soláthraíodh an deis foghlama agus lenar tugadh feabhsuithe ar eolas oideolaíoch ábhair; mar sin féin, níor leor iad chun creidimh a bhí ag na múinteoirí tosaigh cheana a athrú ná raon leathan stór teagaisc a bhunú mar a beartaíodh sna leasuithe ar oideachas eolaíochta. Mar gheall ar an toradh d’easpa “tionchair mhóir iarmharaigh” (Ich 1719) agus ar an gconclúid “nár leor na cláir ionductaithe sin agus na cláir ionductaithe eile chun a bhforbairt leanúnach mar mhúinteoirí luathghairme a threorú” (Ich 1719), bhí sraith moltaí ann, lena n-áirítear an gá atá le staidéir fhadaimseartha bhreise ar mhúinteoirí eolaíochta ar fostú nua agus luathghairme.

Conclúid: cóid 2-3

Teachtairacht láidir a thagann ó na staidéir sin uile is ea go bhfuil an t-athrú tapa ina shaintréith de luathbhlianta na múinteoireachta. Bíonn athruithe ar chleachtais sa seomra ranga, cáilíocht múinteoireachta, leibhéil struis, sásamh/míshásamh leis an bpost, féinéifeachtúlacht agus leibhéil athmhachnaimh lena dtugtar le fios go bhfuil na hathróga sin dinimiciúil, somhúnlaithe agus de shíor ag forbairt (Maulana et al., 2015; Vázquez-Bernal et al., 2012). Tá roinnt patrúin ghinearálta ann a bhaineann leis na hathruithe sin de réir an fhócais staidéir; mar sin féin, tugadh le fios le cuid mhaith staidéar nach raibh na hathruithe sin líneach i gcónaí, rud a thugann le fios go raibh tréimhsí méadaithe agus laghdaithe ann, agus luasmhoilliú agus luasghéarú (agus marbhántacht fiú uaireanta) i rith na mblianta tosaigh. Bhí roinnt gnéithe den chleachtas gairmiúil nach bhfuil chomh casta céanna somhúnlaithe, agus bhí athruithe orthu sna chéad chúpla bliain, ach thóg sé níos mó ama na hiompraíochtaí ní ba chasta a athrú; go deimhin, fuarthas amach neamhréireacht (Zhukova, 2018) nó aga moille (Vázquez-Bernal et al., 2012, Ich 357) idir creidimh múinteoirí tosaigh agus (athruithe ar) a gcleachtas, “nach bhforbraíonn in éineacht le chéile i gcónaí”. Chun an ghluaiseacht sin a ghabháil, úsáideadh meafair thaistil go minic ar fud na staidéar fadaimseartha, agus na húdair ag déanamh iarrachta turas gairmiúil an mhúinteora luathghairme a ghabháil agus a thuiscint. Mar shampla, léirigh Tolgfors et al. (2023) a dtorthaí go meafarach mar loga taistil chun na torthaí a leagan amach i gceithre chéim: éirí in airde,

bealach a dhéanamh tríd an aerspás, stad agus dreapadh chuig airde chúrsála. Úsáideadh meafar na gluaiseachta freisin i staidéar Tolger et al. (2017) ar mhúinteoirí TFC agus iad ag déanamh iniúchadh ar ullmhacht na múinteoirí tosaigh chun ‘éirí in airde’ i gcomhtháthú teicneolaíochta agus i gcur síos Woods agus Lynn (2014) ar thimthriall gairme múinteora mar ‘thús láidir, rith iontach, ag teannadh leis an gcríochlíne’.

Soláthraítear leis na staidéir sin léargais luachmhara ar na heispéiris ríthábhachtacha atá ann ag gach céim de thuras gairmiúil múinteora. Soláthraítear fianaise leo ar luach na n-eispéireas leanúnach múinteoireachta sa réimse a leabaítear i gcláir ullmhúcháin múinteoirí, a mbaineann mic léinn tairbhe astu agus iad ag aistriú ó oideoirí réamhsheirbhíse go hoideoirí inseirbhíse. Ba é an breisluch a bhain leis na staidéir fhadaimseartha sin a shín thar an chéad bhliain mhúinteoireachta, go háirithe, an fhianaise a soláthraíodh leo go bhféadfadh sé go bhfuil tionchar a bhfuil moill air ag na cláir oideachais múinteoirí ar fhorbairt chreidimh agus chleachtais na múinteoirí (Girardet agus Berger, 2018; Sawyer, 2022); agus moladh leo go bhféadfadh sé go bhfuil orainn féachaint thar an chéad dá bhliain mhúinteoireachta chun tionchar fadtéarmach OTM ar a gcéimithe a fheiceáil. Tarraingítear aird leis na staidéir freisin ar chláir ionduchtaithe mar bhealach éifeachtach chun borradh a chur faoi cháilíocht mhúinteoireachta múinteoirí tosaigh (Maulana et al., 2015) trí athrú a fheidhmiú ar ghnéithe áirithe de chleachtas múinteoirí tosaigh (amhail PCK i gcás Luft et al., 2022), agus trí chreidimh éifeachtúlachta ranga agus scoile a fheabhsú (Helms-Lorenz agus Mualana, 2016), cé go bhféadfaí strus a chruthú leo astu féin do mhúinteoirí luathghairme.

Ceist Taighde 4: Beartais agus tosaíochtaí córais: Cód 4

As na 207 staidéar le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin, díriodh le hocht gcinn (l = 8) acu ar thurais múinteoirí i gcomhthéacs beartais agus tosaíochtaí córais agus bhí an chuid ba mhó acu cáilíochtúil (l = 6), bhí staidéar modhanna measctha amháin (l = 1) agus staidéar cainníochtúil amháin (l = 1) (féach Tábla 2). Toisc gur staidéir cháilíochtúla is mó atá ann, tá na méideanna sampla beag. Bhí sampla 119 (l = 119) ag an staidéar cainníochtúil amháin atá ann (Frank et al., 2020). I dtéarmaí na dtíortha inar tharla na staidéir, bhí sé cinn (l = 6) acu in SAM agus ceann amháin an tír san Ísiltír (l = 1) agus i Sasana (l = 1) faoi seach.

Ní nach ionadh gurb é taithí agus cleachtas múinteoirí i ndáil le ‘cuntasacht’ an fócas ceannasach maidir le beartais agus tosaíochtaí córais i gcúig (l = 5) cinn as na hocht staidéar, agus rinneadh gach ceann de na cúig cinn sin in SAM. Díriodh leis an dá staidéar a rinneadh lasmuigh de SAM ar ‘líonraí óir tionchair dhearfaigh’ i gcomhthéacs leasú uailmhianach ar oideachas matamaitice i Sasana (Golding, 2017) agus ar ghníomhaíochtaí gairmiúla múinteoirí gairmoideachais atá dírithe ar an bhfoghlaim san Ísiltír (Hagedoorn et al., 2023). Le staidéar Golding, lenar díriodh ar leasú uailmhianach ar oideachas matamaitice i Sasana, tarraingíodh aird ar thábhacht níos leithne an leasaithe curaclaim agus ar an méid is féidir a fhoghlaim ó staidéir lena rianaítear turais múinteoirí le linn iarrachtaí leasaithe curaclaim, bíodh an staidéar dírithe ar dhinimic chuntasachta an leasaithe nó ar ghnéithe eile de chur chun feidhme an leasaithe.

Fócais staidéir: (i) athchóiriú uailmhianach, (ii) cuntasacht agus (iii) foghlaim múinteoirí

Le 20 bliain anuas, tá ceist na cuntasachta in oideachas na hÉireann níos suntasaí anois (Brown et al., 2016; Conway & Murphy, 2013; Kelly & Leavy, 2013; McNamara et al., 2022) cé go bhfuil an cur chuige a glacadh i dtéarmaí foirme agus feidhme i bhfad níos measartha ná mar a bhí i mórán dlínsí go hidirnáisiúnta, go háirithe iad siúd a leanann, an rud a thugtar uaireanta an cur chuige Angla-Mheiriceánach i leith cuntasacht múinteoirí agus scoileanna air, is é sin, an ‘gluaiseacht dhomhanda um athchóiriú oideachais’ (GERM) (Sahlberg, 2016; Sahlberg, 2023). De ghnáth, is iad na tréithe a bhíonn ag GERM ná (i) caighdeánú, (ii) cúngú an churaclaim (de ghnáth le béim ar uimhearthacht agus ar litearthacht) agus (iii) geallta iarmhartacha nó geallta arda seachas cuntasacht chliste.

Mar a thugamar faoi deara thuas, bhí an líon beag staidéar a dhírigh ar bheartais agus tosaíochtaí córais go príomha dírithe ar chuntasacht i gcomhthéacs SAM (féach ar Thábla 2.2). Mar sin féin, dírimid ar dtús ar staidéar a rinneadh i Sasana inar dhírigh an staidéar ar ‘athchóiriú uailmhianach ar oideachas matamaitice’, mar a thug sé air. Cuireann Golding (2017) an staidéar i gcomhthéacs trína thabhairt faoi deara “le blianta beaga anuas, tá iarracht déanta ag beartas oideachais domhanda foghlaim matamaitice scoile a bhogadh i dtreo tuiscint choincheapúil dhomhain, réasúnaíocht dhian, agus réiteach fadhbanna fíor, mar fhreagairt ar riachtanais bhraite shocháí an 21ú haois”.

Mar sin féin, aithníonn sí fadhb lárnach sna hathchóirithe uailmhianacha seo, cé go mbíonn múinteoirí ag tacú go forleathan leis na prionsabail bhunúsacha sna hathchóirithe atá beartaithe agus ag glacadh leo, is deacair athrú a dhéanamh fós. I staidéar ar “dhá roinn matamaitice Béarla a bhfuil cuma mhaith orthu agus atá ag iarraidh athrú a dhéanamh” scrúdaigh sí “go dtarraingíonn athrú domhain múinteoirí ar raon leathan tréithe sóisialta agus mothaitheacha araon, chomh maith le scileanna agus eolas atá gairmiúil agus sofaisticiúil”. Tháinig an staidéar ar an gconclúid go bhfuil an cumas ag “forbairt claonta i leith foghlama comhoibríoch agus éifeachtaí eile a thacaíonn le foghlaim... múinteoirí a chur i riocht níos fearr chun freagairt d’uailmhianta dúshlánacha” (lch 502).

Tábla 2.2. Staidéir Fadaimseartha ar Bheartais agus Tosaíochtaí Córais

Údar Teideal Irisleabhar	Cáilíochtúil, Cainníochtúil nó Modhanna Measctha Cá háit?	Fócas
Craig, C. J. (2020). "Data is [G] od": The influence of cumulative policy reforms on teachers' knowledge in an urban middle school in the United States. <i>Teaching and Teacher Education</i>	Cáilíochtúil SAM	6 bheartas, 1 scoil, 20 bliain 'Brú' beartais le himeacht ama; Fuarthas tionchar suntasach ag carnadh beartas le himeacht ama.
Frank, K. A., Kim, J., Salloum, S. J., Bieda, K. N., & Youngs, P. (2020). From interpretation to instructional practice: A network study of early-career teachers' sensemaking in the era of accountability pressures and Common Core state standards. <i>American Educational Research Journal</i>	Cainníochtúil = líonraí sóisialta SAM	Múinteoirí luathghairme Athchóiriú matamaitice uailmhianach Sonraí líonra sóisialta Eispéreas difreálach de réir múinteoirí ar chuntasacht agus ar bhrúnna curaclaim
Golding, J. (2017). Mathematics teachers' capacity for change. <i>Oxford Review of Education</i>	Cáilíochtúil Sasana	Staidéar 3 bliana maidir le hathchóiriú uailmhianach ar oideachas matamaitice i 2 scoil atá in 'áit mhaith' Léiriú amhairc ar 'líonraí óir tionchair dhearfaigh'
Hagedoorn, M., Koopman, M., Bouwmans, M., & de Bruijn, E. (2023). One size does not fit all-mapping informal and formal professional development activities of vocational teachers. <i>Teachers and Teaching</i>	Cáilíochtúil An Ísiltír	Rinne 26 múinteoir gairmoideachais mapáil mhionsonraithe ar a ngníomhaíochtaí FGL le linn tréimhse dhá bhliain go leith. 386 gníomhaíocht arna gcur in 6 chatagóir de ghníomhaíochtaí FG neamhfhoirmiúla agus in 5 chatagóir de ghníomhaíochtaí foirmiúla agus tá trí cheathrú díobh neamhfhoirmiúil agus leabaithe i gcleachtas laethúil.
Hungerford-Kresser, H., & Vetter, A. (2017). Political tensions: English teaching, standards, and postsecondary readiness. <i>English Teaching: Practice & Critique</i>	Cáilíochtúil SAM	Beirt mhúinteoirí iar-bhunscoile nua le linn 3 bliana ó OTM ar aghaidh sa mhúinteoireacht maidir le múineadh Béarla. Naisc ar ais chuig curaclaim oideachais múinteoirí agus ullmhacht chun litearthacht a mhúineadh nó nach bhfuil bunaithe ar OTM.
Neumann, J. W. (2016). Examining mandated testing, teachers' milieu, and teachers' knowledge and beliefs: Gaining a fuller understanding of the web of influence on teachers' classroom practices. <i>Teachers College Record</i>	Cáilíochtúil SAM	5 bliana ina raibh idirghníomhaíochtaí seachtainiúla le 4 mhúinteoir staidéir shóisialta sa scoil chéanna [Éifeacht na tástála cuntasachta éigeantaí ar obair mhúinteoirí]
Rigby, J. G., Andrews-Larson, C., & Chen, I. C. (2020). Learning opportunities about teaching mathematics: A longitudinal case study of school leaders' influence. <i>Teachers College Record</i> ,	Modhanna Measctha SAM	Tréimhse trí bliana i scoil mheánach amháin. Cruinnithe grúpa oibre múinteoirí taifeadta le fuaim, suirbhéanna neamhfhoirmiúla líonraí sóisialta, tras-scríbhinní agallaimh agus triailscóir chaighdeánaithe ar leibhéal na ndaltaí. Threoraigh ceannairí scoile comhráite grúpa oibre múinteoirí ó chúrsaí teagasc go dtí comhráite faoi thrialacha caighdeánaithe.
Sydnor, J. (2014). Negotiating discourses of learning to teach: Stories of the journey from student to teacher. <i>Teacher Education Quarterly</i>	Cáilíochtúil SAM	1 mhúinteoir - roinnt agallaimh dhoimhne agus seisiúin athghairme spreagtha ag fiseáin agus í ag aistriú ó bheith ina mhúinteoir faoi oiliúint go ról an mhúinteora sa seomra ranga. Pléitear leis cad atá i gceist le bheith i do mhúinteoir bunscoile i dtimpeallacht oideachais an lae inniu ina bhfuil caighdeánú agus cuntasacht i gceist.

Ar nós go leor tíortha, tá an dá bhéim ar athchóirithe uailmhianacha oideachais agus ar chuntasacht fite fuaite ina chéile. Sa chomhthéacs sin, agus comhthéacs an bheartais oideachais á leagan amach acu sna deich mbliana roimh a staidéar in SAM, tugann Frank et al. (2020, lch 2293) faoi deara an méid seo a leanas:

Tá dhá fhórsa institiúideacha láidre mar thoradh ar bheartas oideachais in SAM le deich mbliana anuas. Le hathúdarú an Achta um Bunoideachas agus Meánoideachas (ESEA) in 2002, ar a dtugtar No Child Left Behind, cuireadh béim ar thábhacht na cuntasachta trí mheasúnú a dhéanamh ar scoileanna agus ar mhúinteoirí...'. Ansin, in 2009–2010, d'fhorbair Ionad na gCleachtas is Fearr de chuid Chumann Náisiúnta na nGobharnóirí (Ionad PICO) agus Comhairle na bPríomhoifigeach Scoile Stáit (CCSSO) na Croíchaighdeáin Chomónta Stáit (CCSS) chun spriocanna foghlama a leagan síos chun “a leagan amach cad ba chóir do dhaltáí a bheith ar eolas acu agus a bheith in ann a dhéanamh ag deireadh gach gráid” Ar an macrascála, chomhlánaigh CCSS ESEA ach níor tháinig sé ina áit, toisc gur leagadh leis an dá cheann béim ar léirchruinneas córasach chun dálaí a éascú le haghaidh comhdheiseanna do dhaltáí.

Leanann na húdair orthu ag tabhairt faoi deara na brúnna casta cuntasachta atá mar thoradh ar na Croíchaighdeáin Chomónta Stáit maidir le Matamaitic ar chleachtas múinteoirí, go háirithe múinteoirí luathghairme (MLGanna), agus rinne siad staidéar inar anailísíodh sonraí fadaimseartha, líonraí sóisialta 119 MLG san áireamh. Fuair na taighdeoirí amach an méid seo a leanas:

Méadaíonn MLGanna a dteagasc matamaitice uailmhianach nuair a thugann baill dá líonra léirmhíniú dearfach ar bhrúnna cuntasachta agus ar chaighdeáin churaclaim mar a léirítear iad i dtrialacha caighdeánaithe agus i meastóireacht... Tugtar le fios nach mbíonn brúnna cuntasachta agus caighdeáin churaclaim ag gach MLG ar an mbealach céanna - bíonn tionchar ag na líonraí díreacha ina bhfuil siad leabaithe ar a n-eispéireas. (lch 2293)

Is féidir léargas breise a fháil ar na dúshláin a bhaineann le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar riachtanais beartais córais a bhfuil tionchar acu ó staidéar Hungerford-Kresser agus Vetter (2017) ar idirbheartaíocht a rinne beirt mhúinteoirí Béarla nua meánoideachais maidir le “polaitíocht ullmhachta don choláiste agus don ghairm mar aon le riachtanais litearthachta na scoláirí, i ré na cuntasachta” (lch 407). Bhí an cás-staidéar cáilíochtúil fadaimseartha trí bliana dírithe ar bheirt mhúinteoirí Béarla ó OTM ina gcéad dhá bhliain sa seomra ranga agus tugadh leis na torthaí léargas ar dhá phríomhthéama, is iad sin, (i) an chaoi ar oibrigh na múinteoirí chun “seomraí ranga a fhorbairt atá dírithe ar ullmhacht iar-bhunoideachais”, agus (ii) “na bealaí inar oibrigh siad chun an bhearna idir a sainmhínthe ar ullmhacht don choláiste agus don ghairm bheatha agus réaltachtaí a seomraí ranga a líonadh”. I dteannta a chéile, le léargas ó staidéar líonraí sóisialta Frank et al. agus ón staidéar cáilíochtúil níos lú de chuid Hungerford-Kresser and Vetter (2017) tugtar le fios go bhfuil cuntasacht ar leith ag príomhbhéimeanna beartais do mhúinteoirí nua, conas a bhíonn siad sin nó a d'fhéadfaidís sin a bheith mar theannais inláimhsithe sa chleachtas, cé go mbíonn eispéireas difreálach ag baint le gach ceann acu, agus bealaí ina ndéanann múinteoirí iarracht aghaidh a thabhairt ar na teannais sin (nó gan é a dhéanamh). Le tréimhse i bhfad níos faide, leanann staidéar 20 bliain ó Craig (2020) ar scoil aonair tionchar charnadh sé bheartas “a bhfuil fréamhacha acu a théann siar go dtí 1997” (lch 1), agus aird ar leith á tabhairt ar an séú hathchóiriú beartais, is é sin, “pá as feidhmíocht” agus tugtar faoi deara go tochtmhar an méid seo a leanas de bharr na

hiarmharta doimhne a bhain le bónais a fháil as a fheidhmíocht múinteoireachta bhí Daryl Wilson, cathaoirleach fadtéarmach na roinne litearthachta ag Yaeger, spreagtha chun a fhógairt “gurb iad na sonraí [D]ia” Léirítear le meafar cruthaitheach, éiritheach Wilson go beacht na dálaí mearbhlacla faoinar chríochnaigh a ghairm bheatha, agus an chaoi ar chríochnaigh mo thionscadal taighde fadtéarmach chomh maith. (lch 1)

Is fiú dhá bhreathnú a thabhairt faoi deara i gcomhthéacs staidéar Craig i leith TGM. Ar dtús, ar nós na staidéar eile atá dírithe den chuid is mó ar chuntasacht a sainaitníodh faoin téama seo, is léir dinimic iarmhartach na mbeartas uile-chórais ar mhúinteoirí bunaithe ar an méid a dtugann Craig “taithí dhomhain” air. Is fiú aird ar leith a thabhairt ar an bpointe sin, I bhfianaise na dtorthaí san athbhreithniú scóipe seo agus sa pháipéar saincheisteanna maidir le soláthar múinteoirí araon, a bhaineann leis an tábhacht mhéadaithe atá ag tosca córais agus beartais sheachtracha níos leithne i múnú eispéiris, intinn choinneála agus coinneáil múinteoirí. Ar an dara dul síos, leagtar béim ar an gcumas atá ann meafar múinteoirí a lorg go sainráite i dtaca lena n-eispéireas féin. Mar a thugann Craig faoi deara, “Chruthaigh na múinteoirí meafar go hiomasach chun a n-eispéireas ar athchóiriú beartais a chur in iúl” agus d’fheidhmigh na meafair sin mar ‘choimeádáin’ le haghaidh an ruda a dtugann sí ‘insintí comhbhrúite’ air (lch 81). Go carnach, thug Craig faoi deara “go raibh na sé mheafar ag teacht i gcoinne íomhá na múinteoirí mar lucht déanta curaclaim” (lch 81).

Deimhnítear le dhá staidéar eile (Neumann, 2016; Rigby et al., 2020) ó na cinn a ndearnadh athbhreithniú orthu, ar bhealaí éagsúla, an tionchar iarmhartach a bhíonn ag beartais chuntasachta ar leibhéal an chórais agus ar mhúinteoirí agus ar chomhthéacsanna a scoile. Le staidéar Neumann (2016) tugtar le fios go raibh tionchar suntasach ag tástáil chuntasachta éigeantach sa mhéid is go laghdaíonn sé roghanna oideolaíochta múinteoirí agus go spreagann sé níos lú cleachtas atá dírithe ar na daltaí sa seomra ranga. Scrúdaíonn Neumann a tharlaíonn i scoil nach gcomhlíonann ceanglais fheidearálacha an dul chun cinn mheánaigh bhliantúil (DCCMB) trí anailís a dhéanamh ar dhá réimse: ‘an fhadhb luais’ (luas an churaclaim) agus ‘an gléas tástála’ (an raon scrúduithe, cleachtaidh agus fíora araon, a bhaineann le tástáil éigeantach, a thugann an stát agus an ceantar scoile do dhailtaí gach bliain). Ansin, scrúdaíonn sé an tionchar atá ag struchtúr an scrúdaithe éigeantaigh ar obair na múinteoirí sin. Fuair sé amach go mbíonn míchompord tromchúiseach gairmiúil agus mothúcháinach i measc na múinteoirí mar gheall ar an bhfadhb luais agus ar an ngléas tástála. Ina theannta sin, fuair sé amach nach mbíonn tionchar ag cuntasacht shainordaithe ar obair múinteoirí ar leithligh ó thosca eile. Cruthaítear le cuntasacht shainordaithe (mar aon le heolas agus creidimh na múinteoirí agus timpeallacht na múinteoirí) “líonra tionchair” casta ar obair mhúinteoirí e.g., le treoirínite tástála cuirtear teorainn le méid agus cáilíocht na bhfiosruithe doimhne agus bríomhara is féidir leo a dhéanamh lena ndailtaí. Leagann sé béim freisin ar an ngá atá le réimsí tionchair a bhreithniú ag an am céanna más mian le taighdeoirí tuiscint níos soiléire a fháil ar na fórsaí a mbíonn tionchar acu ar obair mhúinteoirí.

Rinne Rigby et al. (2020) scrúdú ar dheiseanna foghlama múinteoirí matamaitice i scoil agus iad ag freastal ar éilimh chuntasachta. Fuair siad amach gur féidir le díriú ar triailscóir agus ar chlúdach ábhair, seachas ar theagasc agus ar thuiscint choincheapúil ar ábhar, deiseanna foghlama múinteoirí a theorannú i ndeiseanna cruinnithe foirmiúla, amhail grúpaí oibre múinteoirí, agus i ndeiseanna neamhfhoirmiúla, amhail líonraí comhairle. Tháinig siad ar an gconclúid gur cheart do cheannairí scoile a bheith páirteach i bhfoghlaim nua faoi chaighdeán

agus faoi theagasc chun tacú go cuí le deiseanna foghlama múinteoirí. Tháinig siad ar an gconclúid seo a leanas:

i gcomhthéacs córas cuntasachta ardriosca ina dtugtar dreasachtaí do ghnóthachtáil daltaí atá éasca a thomhas thar an bpróiseas níos casta agus níos fadtéarmaí maidir le feabhsú teagaisc, is féidir a thuiscint go ndíríonn ceannairí scoile agus múinteoirí ar ábhar a chlúdach. Léirítear lenár dtorthaí go raibh tionchair dhiúltacha leathana ag cur chuige a bhí éasca a thomhas ar dhéine acadúil na n-idirghníomhaíochtaí i measc na roinne matamaitice mar chomharghrúpa. Ina áit sin, áitimid gur cheart do cheannairí scoile leas a bhaint as saineolas coincheapúil agus é a fhorbairt ionas go mbeidh daltaí in ann rath a bhaint amach i dtástálacha agus tuiscintí coincheapúla ar an matamaitic a fhorbairt atá nasctha le líofacht nóis imeachta. Tá sé sin ag teacht le sraith conairí molta Darling-Hammond agus a chomhghleacaithe (2016) i dtreo ré na “Cuntasachta Nua,” lena n-áirítear slataí tomhais iomadúla ar rath daltaí is féidir a úsáid laistigh de shamhail feabhais leanúnaigh. (lch 35)

Conclúid:

Léirítear leis na léargais ó na hocht staidéar fadaimseartha a ndearnadh athbhreithniú orthu sa chuid seo suntasacht chomhaimseartha na cuntasachta mar an phríomhthoisic beartais sheachtrach, b'fhéidir, a mhúnlaíonn eispéireas gairmiúil múinteoirí in go leor dlínsí. Cén chaoi a bhféadfadh cuid de na léargais ó na staidéir fhadtéarmacha seo tionchar a imirt ar TGM i gcomhthéacs na hÉireann? Agus taithí múinteoirí ar chuntasacht i seacht dtír á comparáid acu, thug Müller agus Hernández (2010) faoi deara go raibh taithí ag múinteoirí Éireannacha ar chuntasacht sna 2000idí i dtéarmaí RSO agus prótacail leasa shóisialaigh. Thug Burns (2016) faoi deara le déanaí “...go dtugtar le fios le fianaise starógach go bhfuil brú méadaitheach ag teacht ar mhúinteoirí bunscoile na hÉireann, agus go háirithe ar mhúinteoirí atá ag obair i scoileanna faoi mhíbhuntáiste, chun a gcleachtais a dhíriú ar riachtanais na cuntasachta agus na gníomhúlachta a shásamh” (lch 1). Go stairiúil, i gcomhthéacs na hÉireann, rinne Madaus agus Greaney (1985) scrúdú ar chuid de na torthaí diúltacha a bhí ar scrúdú seachtrach éigeantach na hardteistiméireachta bunscoile in Éirinn a tugadh do gach dalta sa séú rang in Éirinn idir 1943 agus 1967. Is léir tionchar iarmhartach an bheartais sheachtraigh sna torthaí atá bunaithe ar na sonraí sraithe ama fadaimseartha a d'úsáid na taighdeoirí:

Déantar cur síos ar conas a chuir na múinteoirí i gcoinne an scrúdaithe go foirmiúil. Léirítear leis an alt gur chuir múinteoirí sa séú grád béim ar réimsí ábhair a chlúdaíodh sa scrúdú chun dochair d'ábhair eile de ghnáth. Sainmhíníodh an curaclam le hábhar na scrúduithe roimhe sin. Bhíodh claonadh ag múinteoirí polasaí a ghlacadh gan daltaí ní ba laige a chur chun cinn d'fhonn an ráta teipe féideartha sa scrúdú a rialú.

Thar aon ní eile, bíodh sé ó thaobh an lae inniu de nó i dtéarmaí cleachtas atá dearmadta den chuid is mó anois amhail an teastas bunscoile in Éirinn, bíonn tionchar mór ag riachtanais bheartais sheachtracha, go háirithe iad siúd a bhfuil fócas cuntasachta orthu, ar mhúinteoirí agus ar chomhthéacsanna a scoile.

Ceist Taighde 5: Soláthar múinteoirí/cód 5

As na 200 staidéar le haghaidh athbhreithniú téacs iomláin, díriodh le 50 acu (I=50) ar sholáthar múinteoirí agus bhí 60% (I=30) cainníochtúil, 30% (I=15) cáilíochtúil, agus ba staidéir modhanna measctha iad na 10% eile (I=6). Rinneadh trí cinn as ceithre cinn (I=38) de na staidéir sin in SAM, trí cinn sa tSualainn (I=3) agus san Astráil (I=3) agus ceann amháin in Albain, san Iorua, i Singeapór, i Sasana agus in Iosrael. I bhfianaise an mheascáin de staidéir chainníochtúla, cháilíochtúla agus modhanna measctha, ní nach ionadh go raibh éagsúlacht mhór i méideanna na samplaí agus bhí tacair sonraí náisiúnta iomlána nó tacair sonraí stáit/réigiúnacha (i gcás roinnt stát de chuid SAM) ann ina raibh méideanna sampla ó bhreis agus 30,000 (Fuchsman et al., 2023 in SAM) go 250,000 (Goldhaber et al., 2016, stát Washington in SAM), staidéir chainníochtúla eile ‘ní ba lú’ ó 197 (Carver et al., 2021 in SAM) go 3,990 (Ronfeldt et al., 2017 in SAM) go staidéir cháilíochtúla ag a raibh raon samplach ó chásanna duine aonair (dhá staidéar; He et al., 2015; Craig, 2014) go 87 rannpháirtí (Lindqvist et al., 2023).

Coinneáil: ‘daoine a fhanann’ agus ‘daoine a fhilleann’

Coinneáil: daoine a fhanann

Cé go n-eascraíonn an spreagadh le haghaidh taighde ar sholáthar múinteoirí as ceisteanna a ardaítear in iarrachtaí déileáil le dúshlán ganntanas múinteoirí de ghnáth, is réimse ríthábhachtach taighde í an litríocht ar ghnéithe éagsúla den choinneáil múinteoirí, go háirithe múinteoirí a fhanann sa ghairm. I seacht staidéar déag (I=17) inár n-athbhreithniú pléitear leis an téama seo. Tar éis dúinn cuid de na príomhthorthaí ó na staidéir ar ‘dhaoine a fhanann’ a thabhairt faoi deara, féachfaimid ansin ar ghné ghaolmhar den taighde coinneála, is é sin, ‘daoine a fhilleann’: na múinteoirí a d’fhéadfadh a bheith tar éis an ghairm a fhágáil ar feadh roinnt blianta agus a d’fhill ar an múinteoireacht. Mar a thug Wong et al. (2015) faoi deara, “Dírítear in go leor staidéar ar an gcúis go bhfágann múinteoirí an seomra ranga, ach tá gá fós le staidéar a dhéanamh ar an gcúis go leanann múinteoirí orthu ag múineadh” (lch 619). Rinne Wong et al. staidéar modhanna measctha cúig bliana inar scrúdaíodh an raibh baint ag creidimh múinteoirí eolaíochta meánscoile nua (I=35) lena ndianseasmhacht sa mhúinteoireacht chun imscrúdú a dhéanamh ar ról creideamh múinteoirí, más ann dó, mar thionchar féideartha ar dhianseasmhacht sa teagasc. Fuarthas amach leis an staidéar, tar éis anailís a dhéanamh ar agallaimh leathstruchtúrtha bhliantúla, gur dhóichí go leanfadh múinteoirí a raibh creidimh ní ba dhírithe ar an dalta acu ag deireadh an tríú bliain mhúinteoireachta. Ina theannta sin, léiríodh i gcomparáid idir dhá chás, múinteoir amháin a bhí leanúnach (Bruce – féach thíos) agus múinteoir amháin nach raibh leanúnach (Oscar), go raibh tionchar ag eispéiris agus eolas pearsanta ar chreideamh faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim. “Chreid Bruce, a raibh taitheí fhairsing aige ar scoil bunaithe ar fhiosruithe, I múineadh trí mhodhanna dírithe ar an dalta.”. Chreid Oscar, a fuair teagasc díreach den chuid ba mhó le linn a chuid eispéiris scoile, i dteagasc dírithe ar an múinteoir agus dhírigh sé ar bhainistíocht sa seomra ranga” (lch 619).

I staidéar cáilíochtúil, lean Bartlett et al. (2019) 30 múinteoir eolaíochta agus matamaitice thar chúig chohórt óna gclár ullmhúcháin isteach sna blianta luathghairme agus scrúdaigh siad dálaí na ndaoine gairmiúla a fhanann agus a fhágann an post araon, agus béim á leagan ar

a gcéad phróiseas cuardaigh poist mar tháscaire ar choinneáil nó ar laghdú níos déanaí. Léiríodh le torthaí an staidéir

i gcás múinteoirí nár léirigh mórán neamhspleáchais ná géarchúise sa phróiseas cuardaigh poist agus a ghlacann leis an gcéad phost a thairgtear de ghnáth gan mórán faisnéis nó aon fhaisnéis faoin scoil, na daltaí, na comhghleacaithe, nó an socrúchán múinteoireachta... Tá iarmhairtí móra ag an gcinneadh seo maidir le hathrú múinteoirí. Tá difríochtaí coinneála ann idir múinteoirí a roghnaíonn a scoileanna a bhfuil faisnéis láidir acu agus iad siúd a bhfuil faisnéis an-teoranta acu. Ina theannta sin, bíonn iarmhairtí móra ag an gcaoi a roghnaíonn múinteoirí scoileanna agus an fáth a roghnaíonn siad scoileanna ar a rath gairmiúil agus ar a ndianseasmhacht i scoileanna a bhfuil géarghá leo. (lch 347)

Níor sainithníodh in aon staidéar eile inár n-athbhreithniú cur chuige na scoláirí OTM/MNCanna sa bhliain dheireanach i leith an phróisis cuardaigh poist mar tháscaire ar choinneáil nó ar laghdú níos déanaí. Ós rud é go bhfuil deis ann chun athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh MNCanna an próiseas cuardaigh poist a mheas agus páirt a ghlacadh ann, tá tacaíochtaí praiticiúla forbartha gairme gairmiúla le breithniú anseo chomh maith le fócas taighde féideartha i staidéar TGM.

Gné amháin den athbhreithniú scóipe fadaimseartha ba ea éagsúlacht na ndearaí staidéir. Bhí staidéar Sualannach, Lindqvist et al. (2023), thar a bheith uathúil ó thaobh a fhaid agus a dhearaidh fhoriomláin de, toisc go raibh sé bunaithe ar shonraí ó staidéir fhadtéarmacha ar dhá ghlúin de chohóirt múinteoirí (1993 & 2013) a chuir an tsraith chéanna ceisteanna ar chéimithe ón gclár OTM céanna, 20 bliain óna chéile, chun tuiscint a fháil ar “dhaoine a fhanann... san fhadtéarma”. Phléigh siad ceithre cheist: (i) Cé mhéad dá saol oibre a chaitheann daoine aonair ag obair mar mhúinteoir, laistigh den chóras scoile agus sa chóras oideachais ina iomláine? (ii) Cén dearcadh atá acu ar a n-ionchais amach anseo mar mhúinteoirí? (iii) Cé mhéad de na ráitis faoi fhorbairt gairme amach anseo a chuirtear i ngníomh? (iv) An bhfuil difríocht idir na glúnta in aon cheann de na gnéithe a thuairiscítear thuas, agus más ea, cén chaoi? Agus comparáid á déanamh idir na cohóirt ó 1993 agus ó 2013 a d’fhreagair an tsraith ceisteanna chéanna, fuarthas amach “nach bhfuil difríocht shuntasach idir ionchais ghníomhaíochta glúnta múinteoirí éagsúla” (lch 1) agus dearcadh dearfach ag formhór na múinteoirí sa dá chohóirt faoina ngairmeacha múinteoireachta amach anseo. Rud ríthábhachtach ná go bhfuair siad amach freisin, rud a chuir iontas beag air, nár baineadh amach na hintinní a léirigh na múinteoirí an ghairm a fhágáil a mhéid a bhí tuartha ag na múinteoirí agus iad ag tabhairt faoi deara “in ainneoin tuartha maidir le laghdú amach anseo, fanann formhór na múinteoirí sa ghairm” (lch 1). Mar fhocal scoir, déanann siad breathnú spésiúil maidir leis an measúnú ar thionchar OTM agus iad ag tabhairt faoi deara “go bhfanann siad siúd a fhágann an ghairm i saol na scoile”. Is é sin le rá, is féidir a rá go bhfuil éifeachtacht oideachais múinteoirí réasúnta maith” (lch 1).

In SAM, thug Moyer (2022) faoi deara gur tuairiscíodh i staidéir ar mhúinteoirí luathghairme sna 1970idí-1990idí gur fhill ceathrú go leath de na múinteoirí a d’fhág an seomra ranga sa deireadh. Ina theannta sin, fuair siad amach “go raibh baint ag filleadh ar an scoil le hinscne na múinteoirí agus a bhfreagrachtaí maidir le leanaí a thógáil”. Agus leas á bhaint as sonraí ó Shuirbhé Náisiúnta Fadaimseartha na nÓg, 1997 (NLSY97), fuarthas amach sa staidéar gur fhill an cúigiú cuid de na múinteoirí a d’fhág an ghairm idir 2000 agus 2019, rud a léiríonn ráta

fillte i bhfad níos ísle i gcomparáid le múinteoirí ó NLSY79. Maidir leis na cúiseanna le fillleadh, ní bhfuair Moyer aon fhianaise go bhfuil baint ag fillleadh múinteoirí le hinscne ná le stádas tógála leanaí. Maidir le staidéar TGM, tá staidéar Moyer tábhachtach chun fágáil agus iontráil múinteoirí a thuiscint i gcomhthéacs an mhargaidh saothair níos leithne agus na dtimthriallta eacnamaíocha.

I staidéar a bhain úsáid as Taifead Seirbhíse Múinteoirí (TSM) stát Illinois, SAM, a comhdaíodh gach bliain ($I = >100,000$ in aghaidh na bliana) ó 1986 go 2006, thug DeAngelis (2013) faoi deara go bhfillteann idir ceathrú agus trian de mhúinteoirí a fhágann an ghairm (an chuid is mó acu ag teacht ar ais tar éis tréimhse ghearr amháin). Gan mórán eolais faoi na ‘múinteoirí a bhí ag fillleadh’, bhain DeAngelis úsáid as an tacar sonraí fadaimseartha 20 bliain chun scrúdú a dhéanamh ar shaintréithe na múinteoirí a bhí ag fillleadh agus ar aon tosca pearsanta, scoile agus ceantair a bhain lena bhfillleadh. Léiríodh le torthaí an staidéir, nach rabhthas ag súil leo, gur mhó an seans go mbeadh laghdú buan ar dhaoine sa ghairm i scoileanna ní ba lú ná i gceantair uirbeacha agus fo-uirbeacha agus go mbeadh roinnt difríochtaí inscne ann. Maidir le tosca aonair, fuair siad amach go bhfuil “ról níos mó ag tosca pearsanta agus airgid sa mhúinteoireacht ná tosca neamhairgid” i gcinntí múinteoirí fireanna a fhágann an scoil agus a fhilleann ar an scoil. I gcás múinteoirí baineanna, “Bíonn tionchar ag tosca pearsanta, airgid agus neamhairgid ar chinntí na mban a fhágann an scoil”. Is dócha go dtabharfar léargas ar thurais na ‘daoine a fhilleann’ i staidéar reatha an POS ar Fhianaise na Beatha (SoL). Le staidéar SoL, ina mbaintear leas as sonraí clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta agus as sonraí ioncaim/uimhreacha PSP, soláthraítear, den chéad uair i gcomhthéacs na hÉireann, mapáil ar thurais oibre múinteoirí cláraithe ó fhágáil na hoibre mar mhúinteoirí in Éirinn, go dtí obair laistigh den stát nó lasmuigh de agus ansin a bhfillleadh ar Éirinn chun múineadh i scoil. Mar léiriú ar scála na giniúna agus na hanailíse tacair sonraí atá riachtanach, sa staidéar bunaithe ar TSR in Illinois agus sa tionscadal, Fianaise na Beatha, de chuid an POS, soláthraítear léargas a d’fhéadfadh a bheith luachmhar ar thurais na ndaoine ar a dtugaimid ‘lucht aistrithe-fillte’ orthu laistigh de dhlínse ar leith.

Críochnaímid an chuid seo ar ‘dhaoine a fhanann’ le cás múinteora aonair (He et al., 2015) mar shampla de staidéir fhadtéarmacha lena dtugtar cur síos saibhir ar chomhthéacs dinimic na ndaoine a fhanann. I gcás He et al. (2015), thug na taighdeoirí faoi deara “trína mhachnaimh chriticiúla ar a thuras le seacht mbliana anuas, ní hamháin gur roinn Charles a dhúshláin agus a rath ach thug sé léargais freisin maidir le hoideachas múinteoirí agus coinneáil múinteoirí i suíomhanna uirbeacha” (lch 49). Múinteoir Béarla meánscoile agus fear geal is ea Charles (ainm cleite) atá ina ‘dhuine a fhanann’, agus chomhoibrigh sé le beirt oideoirí múinteoirí chun a thuras ó OTM go dtí a chúigiú bliain mhúinteoireachta in ardscoil uirbeach in SAM a iniúchadh. Go háirithe, tugann siad faoi deara béim Charles ar na gnéithe ‘lasmuigh den seomra ranga’ de mhúinteoireacht a fhoghlaim:

Tá taithí ag Charles ar oibriú le riarthóirí, agus trí idirbheartaíocht a dhéanamh faoi shainorduithe náisiúnta agus beartais áitiúla léiríodh go soiléir go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le bheith i do mhúinteoir ná múineadh sa seomra ranga. Uaireanta bíonn tionchar ag cumas múinteora na gnéithe lasmuigh den mhúinteoireacht a láimhseáil ar aird agus ar rath múinteoirí, go háirithe i suíomhanna múinteoireachta níos casta amhail scoileanna uirbeacha. (lch 62)

I gcomhthéacs na hÉireann, d'fhéadfaí 'uirbeach' a léamh mar rud atá mar an gcéanna le DEIS, agus an éagsúlacht shuntasach laistigh de bhandaí DEIS (lena n-áirítear bandaí tuaithe) i dtéarmaí comhthéacs agus acmhainní á tabhairt faoi deara. Leis an gcás-staidéar seo ar Charles leagtar béim, agus i gcomhthéacs TGM, ar an tábhacht a bhaineann le haird a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfaí beartais náisiúnta a thuiscint i suíomhanna scoile ar leith ina bhfuil níos lú acmhainní nó ina bhfuil rochtain i bhfad níos mó ar acmhainní.

Coinneáil agus dreasachtaí

Le dhá staidéar inár n-athbhreithniú díríodh ar an ngaol idir coinneáil agus dreasachtaí agus cuireadh torthaí difriúla i láthair maidir lena n-éifeachtúlacht, cé go dtugaimid faoi deara go raibh na struchtúir dreasachtaí an-éagsúil sa dá chás. Ar dtús, tugaimid faoi deara obair Dee et al. (2015) ar léiríodh, agus úsáid á baint as anailís neamhleanúnachais ar chúlchémniú, ina staidéar ar an gclár conspóideach IMPACT i scoileanna poiblí Cheantar Columbia gur mhéadaigh an clár laghdú deonach múinteoirí ísealfheidhmíochta faoi 11 phointe céatadáin agus gur fheabhsaigh sé feidhmíocht múinteoirí a coinníodh faoi 0.27 de dhiall caighdeánach ar leibhéal an mhúinteora. Sa chlár IMPACT baineadh úsáid as struchtúr dreasachta ardchumhachta, a bhí nasctha le slata tomhais iomadúla feidhmíochta múinteoirí, is é sin, roinnt breathnuithe struchtúrtha ar shlata tomhais chomh maith le feidhmíocht tástála. Spreagadh an dara staidéar a bhí dírithe ar dhreasachtaí de bharr an ghá atá ann múinteoirí eolaíochta agus matamaitice ardcháilithe a earcú le haghaidh meánscoileanna in SAM. Cur chuige amháin chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin ná scoláireachtaí agus deontais a úsáid chun scoláirí coláiste atá cumasach go hacadúil a mhealladh chun dul i mbun OTM. Sa chomhthéacs sin, rinne Whitfield et al. (2021) staidéar modhanna measctha ina raibh 29 Scoláire Noyce ón ollscoil chéanna páirteach chun scrúdú a dhéanamh ar na tionchair a bhí ag dreasachtaí ar earcaíocht agus ar choinneáil múinteoirí ETIM le haghaidh suíomhanna scoile inar deacair foireann a fháil. Rud beag iontais é, fuarthas amach sa staidéar nach raibh mórán éifeachta, nó aon éifeacht ar bith, ag clár Scoláirí Noyce maidir le hearcú nó spreagadh na múinteoirí faoi oiliúint chun oibriú i suíomhanna scoile atá deacair a mhúineadh. Ina áit sin, bhí na múinteoirí faoi oiliúint sin an-spreagtha cheana féin chun múineadh, bhí siad fonnmhar múineadh i scoileanna inar dheacair foireann a fháil agus ba bhónas fáilteach an dreasacht airgeadais seachas riachtanas maidir lena dtiomantas don mhúinteoireacht.

Coinneáil agus OTM

Tá ceisteanna faoin gcaoi a bhféadfadh OTM tionchar a imirt ar choinneáil agus faoin gcaoi a bhféadfadh cineálacha éagsúla OTM a bheith éifeachtach go difreálach i ndáil le coinneáil ina bhfócas i roinnt staidéar. Tugann Viviani et al. (2023) faoi deara go bhfuil imní ar oideoirí múinteoirí, ar lucht déanta beartas agus ar riarthóirí scoile "le fada an lá faoi ullmhacht tosaigh múinteoirí nua chun múineadh. Mar sin féin, níl sé soiléir go hiomlán conas ullmhacht múinteoirí a choincheapú agus a thomhas go bailí agus a mhéid a thuarann sí coinneáil múinteoirí". Luaigh siad tuarascáil ó Roinn Oideachais na Stát Aontaithe (Lewis et al., 1999) inar tugadh faoi deara, "Is táscaire tábhachtach amháin iad braistintí múinteoirí d'ullmhacht ar an méid atá siad ullmhaithe chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann lena ngairm" (Ich 55) agus conclúid na tuarascála á lua ag scoláirí eile amhail Darling-Hammond et al. (2002) agus Ronfeldt et al. (2014) a dhearbhaíonn ar an gcaoi chéanna gur dócha go mbíonn braistintí múinteoirí d'ullmhacht tosaigh (TFIP) ina dtuar ar choinneáil múinteoirí. Mar sin féin, tugann Viviani et al. faoi deara go bhfuil an easpa fianaise eimpíricí ann maidir leis

an ngaol idir an nasc TFIP agus coinneáil “lag ar an gceann is fearr” (lch 55). Ansin, agus iad ag baint leas as sonraí staidéir fhadtéarmaigh ar mhúinteoirí matamaitice (I=307) i Nua-Eabhrac, SAM, rinne siad scrúdú ar an ngaol idir braistintí na múinteoirí seo d’ullmhacht tosaigh agus a gcoinneáil iarbhír. Fuarthas amach sa staidéar go bhfuil “slata tomhais maidir le braistintí múinteoirí matamaitice d’ullmhacht tosaigh, a bhaineann go sonrach leis an matamaitic agus a bhaineann leis an ábhar go ginearálta, ag tuar an bhfanfaidh siad ina gcéad scoileanna ar feadh 5 agus 8 mbliana, an bhfanfaidh siad sa cheantar inar fostaíodh iad ar feadh 8 mbliana agus an bhfanfaidh siad sa ghairm i gcoitinne ar feadh 8 mbliana” (lch 54). Is díol suntais é an staidéar seo i dtéarmaí úsáideacht TFIP ag deireadh OTM/na chéad bhliana de bhearta múinteoireachta agus soláthraítear ann roinnt fianaise ar a ghaol le coinneáil thar bhlianta fada le linn na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht – rud a d’fhéadfadh a bheith ábhartha do staidéar TGM. Tá plé Viviani et al. ar TFIP, mar thógán agus mar a thomhaistear é, thar a bheith ábhartha maidir le TGM. Ar dtús, tugann siad faoi deara gur gnách le taighdeoirí TFIP a chur le chéile ó mhíreanna ar an suirbhé scoile agus soláthair foirne in SAM. I roinnt scálaí TFIP glactar leis gur tógán aontoiseach é. I staidéir taighdeoirí eile amhail Casey agus Childs (2011), Fontaine et al. (2012) agus Matsko et al. (2018) cuimsítear TFIP ina bhfuil slata tomhais iomadúla leanúnacha. Tugann Viviani et al. faoi deara, mar shampla, gur idirdhealaíodh le scála TFIP Boe et al. (2007) idir ullmhacht a bhaineann go ginearálta leis an ábhar (e.g., bainistíocht sa seomra ranga) agus ullmhacht a bhaineann go sonrach leis an ábhar (e.g. seicheamhú ábhair in ábhar). Ach bhí roinnt míreanna i ngach ceann de shé fhoscála in TFIP iltoiseach Matsko et al. (2018): (a) pleanáil agus ullmhúchán, (b) timpeallacht an tseomra ranga, (c) teagasc agus (d) freagrachtaí gairmiúla. Chuir siad ceisteanna leis a bhain le dhá réimse bhreise: ullmhacht chun múineadh (e) i scoileanna uirbeacha agus (f) úsáid a bhaint as an gCroíchuraclam Coiteann. Is fiú a thabhairt faoi deara anseo freisin toradh Ronfeldt et al. (2014) gur dócha go n-athraíonn brí míreanna suirbhé TFIP do mhúinteoirí de réir mar a bhíonn níos mó taithí acu agus níos mó eolais acu ar dhúshlán na múinteoireachta. Thug Viviani et al. faoi deara, agus staidéar Ronfeldt et al. (2014) á lua acu, “nuair a iarradh orthu machnamh a dhéanamh ar a gcéad bhliain, bhí scóir TFIP ag múinteoirí sa chúigiú bliain a bhí aon trian den diall caighdeánach ní b’íse ná mar a bhí ag múinteoirí na chéad bhliana a ghlac páirt sa suirbhé céanna” (lch 56). Agus í ag machnamh ar staidéar Ronfeldt et al., thug Viviani (2018) faoi deara, i gcás na múinteoirí cúigiú bliain seo, go bhfuil “léargas in éineacht leis an taithí, ar a raibh siad ullmhaithe go maith le déanamh, ar a bhféadfaidís a dhéanamh ar bhealach ní b’fhearr, agus ar an méid nár thuig siad go hiomlán ar dtús faoin múinteoireacht agus faoina gcomhthéacs scoile” (lch 56).

Le scór bliain anuas, tá ceist na gconairí éagsúla OTM agus a dtionchar ar choinneáil múinteoirí ina saincheist chonspóideach i measc lucht tacaíochta agus lucht freasúra cineálacha malartacha oideachais múinteoirí (Boyd et al., 2012a) mar a thug Boyd et al. (2012b) faoi deara agus iad ag tuairisciú ar a staidéar mór féin, Boyd et al. (2012a) *Alternative Certification in the Long Run: A Decade of Evidence on the Effects of Alternative Certification in New York City*. Ba é fócas ar leith a staidéir ná an clár Tumoideachais Matamaitice a thosaigh in 2002-03 agus a earcaigh daoine nach raibh céim acu sa mhatamaitic ach a léirigh fianaise eolais ar an matamaitic ar shlí eile trí bhunchéim a bhaineann leis an matamaitic a bheith acu (e.g. eacnamaíocht nó eolaíocht) nó a raibh taithí oibre a bhaineann leis an matamaitic acu. Sa chomhthéacs sin, i staidéar fadaimseartha cúig bliana (2003-2008), inar comhcheanglaíodh sonraí cúlra múinteoirí agus triailscóir chaighdeánaithe gnóthachtála daltaí i gCathair Nua-Eabhrac, agus inar cuireadh céimithe Tumoideachais Matamaitice agus céimithe OTM conairí eile i gcomparáid, phléigh siad trí cheist taighde: Ceist Taighde 1: Cén chaoi a bhfuil

cúlra agus ullmhúchán múinteoirí Tumoideachais Matamaitice i gcomparáid le múinteoirí matamaitice a théann isteach trí chonairí eile? Ceist Taighde 2: Cén chaoi a bhfuil gnóthachtálacha na ndaltaí a mhúineann múinteoirí Tumoideachais Matamaitice i gcomparáid le gnóthachtálacha na ndaltaí sin a mhúineann múinteoirí matamaitice atá ag dul isteach trí chonairí eile? Ceist Taighde 3: Cén chaoi a bhfuil coinneáil iarrthóirí Tumoideachais Matamaitice i gcomparáid le múinteoirí matamaitice a théann isteach trí chonairí eile? Is díol suntais é go ndearnadh iarracht le dearadh staidéar Boyd et al. (2012b) díriú ar dhá fhócas laistigh den litríocht ar sholáthar múinteoirí i gcomparáid le tionchar OTM, slata tomhais cáilíochta (dhírigh siad ar chúlra múinteoirí; foghlaim na scoláirí) agus coinneála múinteoirí. Bhí torthaí an chláir Tumoideachais Matamaitice (i gcomparáid le múinteoirí eile conaire OTM) dearfach i roinnt gnéithe: mheall siad iarrthóirí ní b'éagsúla agus ní ba chumasaí ó thaobh cúrsaí acadúla de isteach sa chonair mhalartach OTM nach mbeadh ag dul isteach sa mhúinteoireacht murach sin, agus thacaigh siad le dúshlán soláthair múinteoirí i scoileanna inar dheacair foireann a fháil (sna chéad bhlianta den chlár). Léirigh na múinteoirí conairí malartacha sin éifeachtúlacht idir mhaith agus olc bunaithe ar bhearta breisluacha (VAM) i ngráid 6-8.

Tríd an taighde seo a leanúint ina gcuirtear tionchar conairí éagsúla OTM ar choinneáil i gcomparáid le chéile, tugtar léargas ar chláir thraidisiúnta (mar atá i gcás gach cláir in Éirinn) chomh maith leis na conairí malartacha éagsúla atá le fáil in SAM. Rinne Zhang et al. (2016) staidéar fadaimseartha ar an ngaol idir ullmhú agus coinneáil múinteoirí, staidéar a bhí dírithe ar na héifeachtaí coinneála fadtéarmacha a bhaineann le deimhniú múinteoirí bealaigh mhalartaigh (DBM) agus le cláir ullmhúcháin múinteoirí thraidisiúnta. Tá cláir deimhnithe bealaigh mhalartaigh (DBM), atá coitianta i roinnt stát de chuid SAM ó na 1980idí (California, New Jersey, agus Texas), deartha go sonrach chun iarrthóirí cumasacha OTM a bhfuil bunchéim ar a laghad acu cheana féin a earcú, a ullmhú agus a cheadúnú. Tar éis do mhic léinn OTM dul trí chlár scagtha, déanann siad clár scoilbhunaithe mar mhúinteoirí taifid, agus ag an am céanna déanann siad obair chúrsa oideachais múinteoirí agus iad ag múineadh. Tugtar le torthaí a staidéir tacaíocht mheasartha do North Carolina Teach sa ghearrthéarma ach léiríodh san fhadtéarma (i.e. ag bliain 7) go raibh rátaí coinneála an chláir thraidisiúnta oideachais múinteoirí ní b'airde ná mar a bhí i gcás DBM nó NC Teach. I gcás an deimhnithe múinteora bealaigh mhalartaigh (DBM), bhí an choinneáil ní b'ísle ná an choinneáil i gcás conair thraidisiúnta nó NC Teach i mblianta 2, 3, agus 7. Is é an léargas soiléir ón gcomparáid conairí OTM seo in NC, mar sin, gurb iad na cláir thraidisiúnta a thugann an choinneáil is mó. Níor cuireadh slata tomhais cáilíochta mar atá i staidéar NYSD Boyd et al. (2012) san áireamh i staidéar NC.

Agus iad ag cur síos ar dhúshlán an bheartais maidir le soláthar múinteoirí agus ar na freagairtí beartais gaolmhara in SAM, thug Zhang et al. (2016b) faoi deara an loighic seo a leanas:

- Is beag fadhb san oideachas a bhagraíonn ar an náisiún ar bhealach chomh tromchúiseach leis an nganntanas múinteoirí atá ann faoi láthair agus atá ag dul i méid, den chuid is mó de bharr laghdú mór (Ingersoll, 2004).
- Dá bhrí sin, de réir mar a dhéanann páirtithe leasmhara/lucht déanta beartas iarracht phráinneach an fhadhb a chosc, tá gá le tuilleadh taighde chun iniúchadh a dhéanamh

ar dhinimic choinneála, éifeachtaí beartas san áireamh, maidir leis an gcúis go bhfágann múinteoirí an ghairm nó go bhfanann siad inti.

Mar a luadh cheana, bhí deimhniú malartach múinteoirí tar éis dul i méid in SAM faoi thús na 2000idí (Cochran-Smith et al., 2012), agus bhí 43 stát, chomh maith le Ceantar Columbia faoi 2004, ag glacadh conair mhalartach OTM i gcomparáid le hocht stát a raibh bealaí malartacha acu in 1983. Tugann Zhang et al. faoi deara gur ardaíodh i dtuarascáil Choimisiún Oideachais na Stát (Allen, 2003) “an cheist thábhachtach maidir le cé acu atá cláir bealaigh mhalartaigh ann ina mbronntar céim ar chéatadáin arda de mhúinteoirí nua éifeachtacha a bhfuil rátaí coinneála múinteoirí meánacha nó níos airde ná an meán acu” (lch 57).

Ar deireadh, maidir le coinneáil, cé go bhfuil sé ábhartha maidir le hathrú (a dtugaimid aird air ina dhiaidh seo), is léir i roinnt staidéar ar sholáthar múinteoirí, go háirithe in SAM, an tsaincheist maidir le hinfheistíocht fhadtéarmach leathan ón rialtas i bhforbairt bunachair sonraí soláthair múinteoirí agus i mbailiú sonraí. Mar sin féin, níl úsáid bunachair sonraí ar mhórsála le haghaidh staidéir fhadaimseartha teoranta do SAM, agus is sampla maith d’fhorbairtí den sórt sin in áiteanna eile é staidéar Falch (2022) a rinneadh le déanaí ar chlár múinteoirí náisiúnta na hIorua. In SAM, soláthraítear le suirbhé scoile agus soláthair foirne ar leibhéal náisiúnta, atá ar bun le blianta fada, sonraí fairsinge ar eispéiris múinteoirí (tugaimid faoi deara é sin in áiteanna eile san athbhreithniú scoipe seo). Maidir le soláthar múinteoirí, tugaimid faoi deara roinnt staidéar ar leibhéal an stáit san athbhreithniú scoipe seo ina soláthraítear sonraí thar bhlianta fada, is é sin, sonraí riaracháin don lucht saothair múinteoireachta ar fad lena soláthraítear faisnéis thábhachtach ar iontráil agus fágáil múinteoirí agus uaireanta orthu siúd a fhilleann ar an ngairm. Sampla amháin de sin is ea staidéar Goldhaber et al. (2022) ar bhreis agus 15,000 iarrthóir OTM ó 15 chlár oideachais múinteoirí i stát Washington in SAM inar scrúdaíodh na “naisc idir eispéiris ullmhúcháin múinteoirí ar leith agus an dóchúlacht go rachaidh na hiarrthóirí sin isteach i lucht saothair múinteoireachta poiblí an stáit agus go bhfanfaidh siad ann” (lch 1). Maidir le tionchar OTM, fuarthas sa staidéar gur thuar an t-ailíniú (i.e. an earnáil scoile agus meascán déimeagrafach comhchosúil de mhic léinn) idir socrúchán scoile iarrthóirí OTM agus a bpost múinteoireachta deiridh go bhfanfaidís sa suíomh sin i gcomparáid le hiarrthóirí OTM a raibh níos lú ailínithe acu. Tugaimid faoi deara agus pléimid an staidéar seo i gcuid eile den tuarascáil seo, i.e. tionchar OTM, féach cód 3.

Athrú: Daoine a aistríonn agus daoine a fhágann

Chun críocha na coda seo, úsáidimid an téarma ‘athrú’ seachas ‘laghdú’ mar go n-áirítear le ‘athrú múinteoirí’ ‘daoine a aistríonn’ (iad siúd a aistríonn go scoileanna eile) agus ‘daoine a fhágann’ (iad siúd a fhágann an ghairm). Bhí seacht bpáipéar déag (l=17) dírithe ar raon téamaí a bhain le hathrú agus mar a thugamar faoi deara roimhe seo, i ndáil le coinneáil, rud a léiríonn cé chomh iltoiseach atá aon saoncheiste i soláthar múinteoirí, tá raon téamaí á scrúdú i ndáil le hathrú, lena n-áirítear an tionchar a bhaineann le ceannaireacht scoile (Kim, 2019), tástáil ghnóthachtála geallta arda (Fuchsman et al., 2023), dreasachtaí airgeadais (Fulbeck, 2014), cultúr scoile ar éagsúlacht múinteoirí (Gauna et al., 2023), éifeachtacht luathghairme múinteoirí (Henry et al., 2011), tnáitheadh, strus agus déileáil mhothúcháin i measc múinteoirí (Richardson et al., 2013; McCarthy et al., 2020), guagacht mhúinteora agus soghluaisteacht (Dhaliwal et al., 2023; Feng et al., 2017; Fulbeck, 2014; Grant et al., 2022), conairí éagsúla OTM (Kelly et al., 2016; Zhang & Zeller, 2014; Zhang et al., 2016), cruthú féiniúlachta do dhaoine a fhágann (Lindqvist & Nordänger, 2016) agus cineálacha éagsúla ionduchtaithe (Ronfeldt & McQueen, 2017).

Tosaímid an chuid seo ar athrú le staidéar a lean múinteoirí le linn a gcéad deich mbliana, tar éis dóibh clár deimhniúcháin malartach do mhúinteoirí matamaitice meánscoile i gCathair Nua-Eabhrac a chríochnú. Tá an staidéar le Grant et al. (2022) faisnéiseach, go háirithe mar gheall ar a theideal a spreagann smaointeoireacht: ‘Demography as destiny: Explaining the turnover of alternatively certified mathematics teachers in hard-to-staff schools. Agus 608 múinteoir á leanúint acu (dhá chohórt, 2006 agus 2007), bhain na taighdeoirí úsáid as anailís ar stair imeachtaí (tábla saoil agus graif guaisfheidhme san áireamh, féach ar Léaráid 2.3) chun cur síos a dhéanamh ar phatrúin in imeacht múinteoirí óna gcéad scoil, mar aon le samhail guaise ama scoite chun na caidrimh choibhneasta idir na réamhtháscairí spéise (déimeagrafaic scoile agus timpeallacht scoile) agus athrú múinteoirí a mheas.

Tábla I. Tábla Saoil maidir le Múinteoirí Matamaitice NYCTF ag Fágáil a gCéad Scoile.

Tréimhse (bliain mhúinteoireachta)	Tacar riosca			Fágtha	Cásan na cailte		Teip charnach	Ráta guaise
	Eatramh	(sa chéad scoil)	Marthanas		na cailte	Marthanas		
1	0	1	608	88	0	.86	.14	.14
2	1	2	520	98	0	.70	.31	.19
3	2	3	422	94	0	.54	.46	.22
4	3	4	328	81	0	.41	.60	.25
5	4	5	247	51	0	.32	.68	.21
6	5	6	196	40	0	.26	.74	.20
7	6	7	156	31	0	.21	.80	.20
8	7	8	125	22	0	.17	.83	.18
9	8	9	103	16	87	.14	.86	.16

Tabhair faoi deara. Déantar le gach eatramh cur síos ar bhliain den tréimhse mar mhúinteoir atá acu ina gcéad scoil; mar shampla, léirítear leis an gcéad tréimhse chéad bhliain mhúinteoireachta na múinteoirí, agus gan aon taithí ag tús na bliana agus bliain amháin de thairbhí ag deireadh na bliana. Ní hionann feidhmeanna marthanais agus teipe carnacha agus 1.0 i roinnt línte mar gheall ar shlánú. NYCTF = Ánraí Teagaisc Chathair Nua-Eabhrac.

Léaráid 2.3. Foinse: Grant et al. (2022, lch 44). Tábla saoil maidir le múinteoirí matamaitice NYCTF ag fágáil a gcéad scoile.

Tugann siad faoi deara “go soláthraítear leis na torthaí ón staidéar seo fianaise i gcoinne na hipitéise ginearálta sa réimse go bhfágann múinteoirí a gcéad scoileanna ar an ráta is airde le linn a gcéad 1 go 3 bliana” (lch 35) agus tugann siad faoi deara go bhféadfadh gá a bheith ann le tacaíocht ní b’iomláine a thabhairt do mhúinteoirí luathghairme i mblianta 3 go 5 chun aghaidh a thabhairt ar athrú. Fuarthas amach sa dara toradh “go raibh ráta athraithe múinteoirí a raibh deimhniú malartach acu agus a thosaigh i scoileanna uirbeacha ísealioncaim agus ardmhionlaigh ag brath ar dhéimeagrafaic na ndaltaí agus dálaí thimpeallacht na scoile, lena n-áirítear comhghleacaíocht múinteoirí agus iompraíocht na ndaltaí” (lch 35). Ba é an tríú príomhthoradh ná “fianaise a thacaíonn leis an hipitéis gur mó an tionchar a bhíonn ag tuairimí aonair múinteoirí ar a dtimpeallacht scoile ar a n-athrú i gcomparáid le tuairimí ar a gcomhghleacaithe” (lch 35). Mar fhocal scoir, thug siad faoi deara go bhféadfadh ráta athraithe múinteoirí fanacht ar leibhéal ard níos déanaí i ngairmeacha múinteoirí tosaigh ná mar a ghlactar leis faoi láthair agus cé gur tábhachtach feabhas a chur ar thimpeallacht na scoile chun tacú le múinteoirí tosaigh (go háirithe múinteoirí ó chúlraí éagsúla), d’áitigh siad

gur féidir le timpeallacht scoile cabhrú le múinteoirí a choinneáil ach d’sholáthair siad scéal a chuirfeadh fainic ort freisin chun fócas iomlán ar thimpeallacht na scoile a thabhairt; d’fhéadfadh sé go mbeadh gá aghaidh a thabhairt ar fhórsaí eacnamaíocha níos mó (e.g., an treocht dhomhanda i dtreo obair shealadach) agus ar fhórsaí sóisialta níos fealltaí, amhail ciníochas struchtúrach agus neamhionannas (lch 35), chun laghdú a dhéanamh ar ráta athraithe múinteoirí.

Cuirtear le nóta rabhaidh deiridh Grant et al. leagan amach úsáideach ar fáil maidir le conas a d’fhéadfaí ráta athraithe múinteoirí a choincheapú i gcomhthéacs staidéar TGM, agus dearcadh múinteoirí aonair, cultúr na scoile agus dinimic chórasach agus eacnamaíoch l gcoitinne á gcur san áireamh.

Ina dhiaidh sin, féachfaimid ar dhá staidéar a bhí dírithe ar thacaíochtaí agus beartais ar leibhéal na scoile agus an chórais a raibh tionchar acu ar athrú múinteoirí, is é sin,

ceannaireacht scoile (Kim et al., 2019) agus tionchar cuntasachta tástála geallta arda (Fuchsman et al., 2023). Cuireann Kim et al. (2019) a staidéar i gcomhthéacs agus iad ag tabhairt faoi deara gur saincheist ríthábhachtach é ráta athraithe Múinteoirí Luathghairme (MLG), agus go bhfuil an ráta athraithe i bhfad níos airde i measc MLGanna i gcomparáid le múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu, agus gur dóichí go líonfaidh MLGanna folúntais I scoileanna inar deacair foireann a fháil. Ina staidéar rinneadh scrúdú ar an gcaoi a raibh tionchar ag ceannaireacht phríomhoide ar athrú MLG agus baineadh úsáid as tacar sonraí mórsála, ionadaíoch ar an leibhéal náisiúnta, an Suirbhé Fadaimseartha ar Mhúinteoirí Tosaigh (BTLS) in SAM. Agus anailís mharthanais scoite á húsáid, fuarthas sa staidéar go raibh athrú suntasach ar MLG i dtéarmaí fágáil scoile agus, thar aon ní eile, “go raibh ceangal diúltach comhsheasmhach ag ceannaireacht phríomhoide leis na seansanna go bhfágfadh MLGanna a scoil le linn na chéad chúig bliana”. Tugann siad faoi deara, i measc na ngnéithe éagsúla de cheannaireacht phríomhoide, gurbh í an cheannaireacht a bhain le bainistíocht iompraíochta daltaí a raibh an ceangal ba láidre aici le hathrú MLG, i.e. aistriú scoile ach gan an ghairm a fhágáil. Ní hamháin go bhféadfadh na torthaí sin ar cheannaireacht scoile agus ar athrú na tuairimí de chuid go leor páirtithe leasmhara a dhearbhu faoi thábhacht chultúr na scoile ach faoi cheannaireacht scoile go háirithe. Is fiú a thabhairt faoi deara anseo freisin gur sainathnódh sa staidéar ceannaireacht a bhaineann le bainistíocht iompraíochta daltaí mar an ghné ríthábhachtach den cheannaireacht a bhaineann le hathrú. D’fhéadfadh sé a bheith iontach go bhféachfaí ar Fuchsman et al. (2023) páipéar inar scrúdaíodh tionchar na tástála geallta arda sna córais chuntasachta iarmhartacha atá ceannasach anois in go leor córais oideachais, mar fuarthas amach ann “nach raibh tionchar ag deireadh a chur le tástáil ar an dóchúlacht go bhfágfaí an mhúinteoireacht, go n-aistreofaí idir ceantair, go n-aistreofaí go scoileanna eile laistigh den cheantar nó go n-aistreofaí idir gráid.”. Tá ár dtorthaí bailí i gcás na múinteoirí uile chomh maith leis an bhfoshampla de mhúinteoirí luathghairme” (lch 654). Chun deireadh a chur le tástáil a scrúdú, bhain na taighdeoirí leas as athruithe sna gráid agus sna hábhair a ndearnadh tástáil orthu in Georgia (SAM) chun scrúdú a dhéanamh ar na héifeachtaí a bhaineann le deireadh a chur le tástáil geallta arda ar athrú múinteoirí agus ar dháileadh múinteoirí ar fud grád agus scoileanna. Agus tionchar brúnna tástála ar roghanna soghluaisteachta múinteoirí á thomhas acu, úsáideadh cur chuige ‘difríocht i ndifríochtaí’, lena ndéantar comparáid idir athruithe ar shoghluaisteacht le himeacht ama i ngráid/in ábhair inar scoir siad de thástáil agus gráid/ábhair a ndéantar tástáil orthu i gcónaí. Tá torthaí a staidéir suimiúil agus, do go leor daoine, b’fhéidir contrártha leis an tuisicint. Ina theannta sin, leagtar sa staidéar béim ar an tábhacht a bhaineann le deiseanna a aimsiú chun turgnaimh nádúrtha a scrúdú, mar a bhí i gcás in Georgia inar dhírigh na taighdeoirí ar roghanna soghluaisteachta múinteoirí.

I staidéar mórsála, agus úsáid á baint as bunachar sonraí stáit in North Carolina, thug Henry et al. (2011) faoi deara “go dtuairiscítear i dtaighde ar fhorbairt múinteoirí méaduithe suntasacha ar éifeachtacht múinteoirí go luath sa ghairm, ach níl sé soiléir a mhéid a bhaineann sé sin le forbairt múinteoirí a leanann orthu nó le laghdú múinteoirí nach bhfuil chomh héifeachtach sin” (lch 271). Rinne siad staidéar ar mhúinteoirí nua i scoileanna poiblí North Carolina inar scrúdaíodh forbairt éifeachtachta múinteoirí le linn na chéad chúig bliana a chaith na MNCanna sa seomra ranga agus rinne siad comparáid idir éifeachtacht na múinteoirí a d’fhan agus éifeachtacht na múinteoirí a d’fhág. Tá a gcuid torthaí faisnéiseach agus iarmhartach sa mhéid is go “méadaigh éifeachtacht múinteoirí go suntasach ina ndara bliain mhúinteoireachta ar fud na ngrád ach gur éirigh siad seasmhach tar éis trí bliana.”. Ní raibh na múinteoirí a d’fhág an ghairm, ar an meán, chomh héifeachtach leo siúd a d’fhan cúig

bliana ar a laghad” (lch 271). I bhfianaise an tionchair a bhí ag éifeachtacht thomhaiste múinteoirí ar choinneáil, mar a bhí i gcás North Carolina sa staidéar seo, leagtar sa staidéar béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann le díriú freisin ar éifeachtacht bhraite múinteoirí, i.e. féinéifeachtúlacht (féach ar an gcuid maidir le héifeachtúlacht múinteoirí san athbhreithniú scóipe seo).

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an litríocht ar sholáthar múinteoirí, mar a thugamar faoi deara, tá bunachair sonraí mhórsála arna n-urrú ag an rialtas lena gcuirtear ar chumas lucht déanta beartas agus taighdeoirí tuiscint a fháil ar iontráil, fágáil agus filleadh féideartha múinteoirí ar an ngairm thar a bheith luachmhar. Ní gá go mbeadh gach ceann de na bunachair sonraí fhadaimseartha mhórsála lena dtugtar léargas ar sholáthar múinteoirí ina mbunachair sonraí móra arna n-urrú ag an rialtas. Sampla suntasach is ea staidéar domhanda uathúil ar sholáthar múinteoirí a rinne Lindqvist agus Nordanger (2016) san Iorua le 20 bliain anuas, agus ina staidéar fadaimseartha (1993-2014) scrúdaíodh an chaoi a ndéanann iarmhúinteoirí “a measadh a bheith ‘oilte’ le linn oiliúint múinteoirí” cur síos ar a mbealaí amach as an ngairm agus iad ag déanamh plé ar an bhféidearthacht múinteoirí a choinneáil nó a athearcú sa ghairm - nó ar ais chuici. Leagtar leis an toradh béim ar laghdú múinteoirí mar phróiseas a bhaineann le cruthú féiniúlachta laistigh den idirghaol idir struchtúir dheise agus frámaí tagartha daoine aonair” (lch 88). Is dócha go mbeidh a staidéar faisnéiseach in go leor comhthéacsanna náisiúnta, go háirithe i gcomhthéacs na hÉireann, áit a bhfuil i bhfad níos mó múinteoirí cláraithe ná líon iarbhír na múinteoirí i scoileanna ar lá áirithe. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh leagan amach Lindqvist agus Nordanger ar laghdú mar chruthú féiniúlachta treoir úsáideach a sholáthar agus daoine a fhilleann ar an múinteoireacht á mbreithniú i gcomhthéacs TGM, i.e. cén saghas eispéiris a bhíonn ag daoine a fhilleann maidir leis an intinn agus na n-eispéireas fillte araon agus an chaoi a dtuigeann siad iad sin.

Féiniúlacht múinteora, conairí agus cinnteoireacht ghairme

Sé pháipéar déag (l=16) a bhí dírithe ar fhéiniúlacht múinteoirí, conairí agus cinnteoireacht/roghanna, agus seacht modh cháilíochtúla (l=7), seacht modh chainníochtúla (l=7) agus dhá mhodh mheasctha (l=2). Bunaithe ar thrí fhothéama, bhí roinnt de na páipéir sin dírithe ar chinnteoireacht luathghairme (e.g. Cochran-Smith et al., 2012; Craig, 2014; Falch, 2022; Frankenberg et al., 2010), roinnt eile ar fhéiniúlacht múinteoirí i dtaca le gnéithe éagsúla de sholáthar múinteoirí (e.g. Kim et al., 2023; Myers et al., 2022; Santoro, 2023; Smetana & Kushki, 2022) agus ar deireadh, bhí roinnt dírithe ar shaol agus ar chonairí múinteoirí (e.g. Swain et al., 2010; Zahner et al., 2019).

Cinnteoireacht luathghairme

Mar shampla, i staidéar modhanna measctha inar úsáideadh foinsí sonraí iomadúla cáilíochtúla (breathnuithe ar mhúinteoirí san áireamh), shainaithin Cochran-Smith et al. (2012), patrúin iomadúla cleachtas múinteoirí i seomraí ranga a bhaineann le cinntí luathghairme agus áitíonn siad gur sholáthair a staidéar fianaise ar éagsúlacht i gcáilíocht na múinteoireachta agus i dtreocht ghairme nach dtuigtear go minic agus tagann siad ar an gconclúid “nach grúpaí aonchineálacha iad ‘daoine a fhanann’ agus ‘daoine a fhágann’, mar a ghlactar leis go minic i dtaighde agus i mbeartas” (lch 844). Chuir siad a bpáipéar i láthair ón tús trína thabhairt faoi deara nach nascann formhór na staidéar ar choinneáil múinteoirí é le cleachtas múinteoireachta. Chun na naisc idir cleachtas múinteoireachta agus coinneáil le himeacht ama

i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus seomra ranga a scrúdú, shainaithin siad cúig théama atá lárnach i dtuiscint a fháil ar an múinteoireacht mar chleachtas sóisialta agus cultúrtha:

- Contanam 1: Caidrimh, Bainistíocht sa Seomra Ranga agus Timpeallacht
- Contanam 2: Ábhar agus Curaclam
- Contanam 3: Oideolaíocht agus Cleachtas
- Contanam 4: Foghlaim na nDaltaí: Freagracht agus Deiseanna
- Contanam 5: Gairmiúlacht

Le torthaí a staidéir ceistítear an ghnáth-thuiscint fanachta/fágála ar choinneáil, agus shainaithin na taighdeoirí cúig chatagóir ar leith de chinnteoireacht luathghairme a bhfuil impleachtaí gaolmhara acu maidir le beartas agus cleachtas. Ba iad na cúig fhíoraíocht ná:

- Fíoraíocht 1: Fanacht Láidir agus Fanacht in Áit
- Fíoraíocht 2: Fanacht Láidir ach Bogadh Ar Aghaidh
- Fíoraíocht 3: Measartha, Bogadh Ansin
- Fíoraíocht 4: Teip ach Greim a Choinneáil
- Fíoraíocht 5: Teip agus Imeacht

Chomh maith leis na cúig fhíoraíocht seo d'eispéireas agus cinnteoireacht luathghairme, déanann siad cur síos ar an séú patrún freisin, is é sin, 'ullmhú chun múineadh ach gan múineadh riamh', agus léiríonn siad le cas duine de na 15 mhúinteoir ina staidéar – an t-aon duine nár ghlac post múinteoireachta. Le staidéar Cochran-Smith et al. (2012) tugtar léargas luachmhar ar an gcaoi nach léiríonn tuiscintí dénártha soláthair múinteoirí castachtaí cinnteoireachta múinteoirí ag tús a ngairme. Cé go bhfuil anailís loighistic ar chúlchémniú, agus a tuiscint dhénártha ar thorthaí cinnteoireachta, bunriachtanach agus léargasach chun tuiscint a fháil ar phíblíne soláthair múinteoirí, tá an cumas ag díriú ar dhul i ngleic le ciall múinteoirí maidir le cleachtas múinteoireachta, atá bunaithe ar thuiscint múinteoireachta atá casta go leor mar atá ina staidéar, castachtaí cinnteoireachta maidir le coinneáil/le hathrú a shoiléiriú.

Sa bhliain 2004, thosaigh Anna Dean ag múineadh litearthachta do dhaltaí ar dhéagóirí iad i Scoil Mheánach T. P. Yaeger, campas ina bhfreastalaítear ar dhaoine óga éagsúla sa cheathrú cathair is mó in SAM. Sé bliana ina dhiaidh sin (2010), d'éirigh Anna as an bpost a bhí sí 'ag lorg ar bhealach chomh díograiseach sin' (a focail féin). (Criag, 2014, lch 81)

Cé go bhfuil dearadh an staidéir an-difriúil, léirítear i staidéar cás aonair Craig (2014) ar Anna Dean ó 2004 go 2010, atá bunaithe ar dhearcadh fiosraithe insinte, "tionchar an chomhthéacs ar eolas múinteoirí tosaigh" (lch 81) agus tugtar aird ann ar na tionchair phearsanta, scoile áitiúla agus córais i gcoitinne atá i bhfeidhm ar mhúinteoir aonair. Bhí an staidéar fiosraithe insinte sé bliana dírithe ar dhá choincheapú: 'scéalta le maireachtáil leo' agus 'scéalta le himeacht leo'. Thar na sé bliana, shroich an múinteoir an pointe nárbh fhéidir léi leanúint le 'scéalta le maireachtáil leo' a thuilleadh agus gur bhuaigh 'scéalta le himeacht leo'. An fiosrú insinte i dtrí uirlis léirmhínte an staidéir: leathnú, tochailt, agus scéalaíocht/athscéalaíocht (Connelly & Clandinin, 1990). Tugann Craig, a bhfuil ceithre bliana déag de thaithí mar thaighdeoir ag Scoil Mheánach T.P. Yaeger cur síos saibhir ar fhorbairt luathghairme Anna, rud a léiríonn an meascán de ghnéithe pearsanta agus gairmiúla in aistriú Anna ó "scéalta faoi fhanacht go scéalta faoi fhágáil" (lch 81).

Saintréith de staidéir taighde inar glacadh anailís chainníochtúil chun tuiscint a fháil ar sholáthar múinteoirí, léirítear i staidéir Falch (2022) agus Frankenberg et al. (2010) na léargais ó anailís ar thacair sonraí fhadaimseartha mhóra. I staidéar Falch (ina raibh breis agus 42,000 breathnú) rinneadh iniúchadh ar luathghairmeacha oibre céimithe ó oideachas tosaigh múinteoirí trí úsáid a bhaint as sonraí cláir na hIorua inar leanadh céimithe ar feadh suas le 12 bhliain tar éis dóibh céim a bhaint amach. Tugann Falch faoi deara go bhfuil an anailís ar an nglanlaghdú toisc gur breithníodh bogadh amach as poist mhúinteoireachta agus ar ais isteach iontu. I measc na bpríomhthorthaí bhí na nithe seo a leanas: (i) glanlaghdú de réir a chéile ó phoist mhúinteora arbh ionann é agus thart ar 1.3 pointe céatadán in aghaidh na bliana a thosaigh 1-3 bliana tar éis baint amach céime; (ii) d'fhág daoine le haghaidh post lasmuigh den oideachas go príomha agus roinnt acu ag glacadh le poist cheannaireachta; (iii) bhí difríocht mhór idir cineálacha oideachais múinteoirí maidir le laghdú; (iv) Bhí difríochtaí íseal i ndóichúlacht na múinteoireachta a bhain le hinscne agus le cumas acadúil go gairid tar éis baint amach céime, ach mhéadaigh tionchar an dá athróg sin le himeacht ama. Tugann siad faoi deara “go bhfuil baint ag na patrúin chórasacha seo le taobh an éilimh agus an tsoláthair araon i margadh saothair na múinteoirí”. Áirítear i staidéar cainníochtúil atá i bhfad níos lú de chuid Frankenberg et al. (2010) ar thrí chohórt (I= 70, 57 agus 55), céimithe ó chlár oideachais múinteoirí meánscoile in SAM, tiomantas féintuairiscithe céimithe don mhúinteoireacht i scoileanna uirbeacha ag deireadh a gcláir OTM atá nasctha le sonraí déimeagrafacha na scoileanna inar mhúin siad ina dhiaidh sin. Trí shonraí féintuairiscithe múinteoirí a áireamh, murab ionann agus staidéar Falch a bhí i bhfad ní ba mhó san Iorua, bhí na taighdeoirí in ann scrúdú a dhéanamh ar an ngaol idir dearthaí múinteoirí réamhsheirbhíse i leith scoileanna uirbeacha agus a gcinntí gairme iarbhír trí rianú a dhéanamh ar cé chomh huirbeach is atá na scoileanna agus ar chomhdhéanamh na ndaltaí iontu. Léiríodh i staidéar Frankenberg et al. gur oibrigh formhór chéimithe an chlár OTM I suíomhanna scoile uirbeacha inar dheacair foireann a fháil agus gur thuairiscigh siad siúd a d'fhan sna suíomhanna sin ar dtús leibhéil ní b'airde tiomantais don mhúinteoireacht I suíomhanna uirbeacha. Léiríodh sa staidéar seo, mar aon le staidéir eile a ndearnamar athbhreithniú orthu, tábhacht an phróisis cinnteoireachta maidir le cuardach poist agus leagtar béim ar an luach a d'fhéadfadh a bheith ann ní hamháin maidir le taighde a dhíriú ar thiomantas ginearálta don mhúinteoireacht ach ar thiomantas don mhúinteoireacht I gcomhthéacsanna ar leith.

Gné shuntasach den litríocht faoi fhéiniúlacht múinteoirí is ea an fócas atá ar thuiscintí criticiúla, go háirithe sna staidéir sin atá dírithe ar éagsúlacht múinteoirí (Kim et al., 2023; Santoro, 2023). Mar shampla, bhain Kim et al. (2023) úsáid as teoiric AsianCrit chun a staidéar cáilíochtúil fadaimseartha cúig bliana ar ochtar múinteoirí (ceathrar lánaimseartha agus ceathrar páirtaimseartha) a leagan síos ina ndearnadh iniúchadh ar an gcaoi a n-imríonn comhthéacsanna sochstairiúla níos mó amháin an phaindéim tionchar ar shaol laethúil agus ar chleachtais teagaisc mhúinteoirí bunscoile Meiriceánacha Áiseacha agus imirceacha i gCathair Nua-Eabhrac. Cuireann siad an staidéar i gcomhthéacs agus tugann siad faoi deara gur tháinig borradh faoi choireacht fuatha frith-Áiseach i ndiaidh phaindéim COVID-19, agus go raibh níos mó ciníochais in aghaidh na múinteoirí Meiriceánacha Áiseacha mar imircigh. Thug siad faoi deara gur “chuir eispéiris chiníocha athraithe tuilleadh tionchair ar a gcleachtais múinteoireachta bunscoile, rud a thugann orthu a bheith tiomanta don oideachas frithchiníoch” (Ich 1). I staidéar Kim leagtar béim ar naisc thábhachtacha idir na gnéithe pearsanta agus na gnéithe gairmiúla agus ar an gcaoi ar mhúnlaigh siad sin féiniúlacht agus cleachtas gairmiúil sa seomra ranga. Ós rud é go dtugann go leor córais oideachais ar fud an

domhain aghaidh ar éagsúlacht múinteoirí ar bhealach níos córasaí, i staidéir fhadtéarmacha amhail Kim (2023) agus Santoro (2023) tugtar léargas tábhachtach ar dhinimic chultúrtha chaolchúiseach ach iarmhartach atá i bhfeidhm ag go leor múinteoirí, murab iad an formhór, ó ghrúpaí cultúrtha nach bhfuil ionadaíocht mhaith acu. I staidéar fadaimseartha trí bliana, rinne Santoro (2023) scrúdú ar fhéiniúlacht múinteora tosaigh amháin a bhí ag athrú thar thréimhse trí bliana, agus creat iarstruchtúraíoch agus teoiricí maidir le haicme shóisialta agus caipiteal mar bhonn leis. Sa staidéar leagtar béim ar “chastachtaí, neamhréitigh agus dodhéantacht an chéimí nua, Luke, agus é ag cothú féiniúlachta mar ‘mhúinteoir Bundúchasach’ i scoileanna na hAstráile” (lch 1) agus rianaítear “an t-athrú ar a thiomantas d’oibriú le buachaillí Bundúchasacha nach raibh ag éirí go maith leo i gcomhthéacsanna scoile dúshlánacha ag tús a ghairme, go dtí a bhogadh isteach i scoil cailíní geala meánaicme i dtreo dheireadh a thríú bliain mhúinteoireachta” (lch 1). Áitíonn Santoro gur chuir an fhreagracht a mhothaigh Luke i leith a ghrúpa eitnigh féin ualach air mar mhúinteoir. Thar aon ní eile, cé gur coinníodh sa ghairm é, d’aistrigh sé go scoil eile agus isteach i gcomhthéacs nach mbeadh chomh strusmhar san fhadtéarma.

I staidéar le Smetana agus Kushki (2022) ar thógán féiniúlachta múinteoirí eolaíochta, inar glacadh cur chuige dialógach i leith coincheapú féiniúlachta múinteoirí, tugtar léargas breise ar phróisis féiniúlachta múinteoirí – cé go bhfuil sé i gcomhthéacs saincheisteanna cultúir agus/nó curaclaim. I staidéar cáilíochtúil fadaimseartha Smetana agus Kushki (2022) rinneadh “scrúdú ar ghnéithe féiniúlachta éagsúla, nó seasaimh ‘Mise’, de bheirt a d’athraigh gairm bheatha chun bitheolaíocht ardscoile a mhúineadh. Sa staidéar, sainithníodh tráthanna éagothromaíochta a raibh eispéireas ag na rannpháirtithe orthu agus rinneadh iniúchadh ar an gcaoi ar athbhunaigh gach duine acu cothromaíocht sa deireadh. Áiríodh san anailís táblú sonraí trí úsáid a bhaint as réamhchatagóirí réamhchéime iliomad agus aontachta, neamhleanúnachais agus leanúnachais, sóisialta agus aonair, agus caibidlíocht inmheánach na rannpháirtithe. Nochtadh i dtorthaí an staidéir “seasaimh ‘Mise’ éagsúla agus an éagothromaíocht a eascair de réir mar a tháinig seasaimh ‘Mise’ iomaíocha chun cinn le linn aistriú na rannpháirtithe go gairm nua sa mhúinteoireacht”. Mar sin féin, bhí téama coitianta ann freisin, ba é sin go raibh rannpháirtithe ag comhtháthú na seasamh ‘Mise’ iomaíoch sin sa deireadh d’fhonn aontacht agus leanúnachas a aimsiú”. Tagann na taighdeoirí ar chonclúid trí na himpleachtaí a bhaineann le smaoineamh ar oideachas múinteoirí ó dhearcadh fhorbartha a lua ionas go “tacaíonn cláir OTM leo siúd a athraíonn a ngairm agus iad ag plé le coinbhleachtaí seasaimh ‘Mise’ sa chaoi is nach n-éiríonn siad dosháraithe” (lch 1).

Conclúid: cód 5/soláthar múinteoirí

Maidir le soláthar múinteoirí, tá léargais ann maidir leis an raon éagsúil príomhcheisteanna agus na dearaí taighde gaolmhara chun aghaidh a thabhairt ar an raon éagsúil ceisteanna is gá i ndáil le múinteoirí a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Go háirithe, maidir le soláthar múinteoirí, bhí an tsaincheist maidir le bunachair sonraí ar mhórsála soiléir ar fud go leor staidéir chainníochtúla, lena n-áirítear suirbhéanna mórsála ionadaíocha ar leibhéal náisiúnta agus bunachair sonraí riaracháin stáit, réigiúnacha nó náisiúnta ina n-iomláine ina raibh sonraí fairsinge thar bhlianta fada (cé go raibh roinnt sonraí ar iarraidh i gcónaí) maidir le hiontráil, fágáil agus uaireanta filleadh múinteoirí ar an ngairm.

Conclúid

Cad atá foghlamtha againn ón scóip agus athbhreithniú seo ar staidéir fhadtéarmacha ar an múinteoireacht ó 1970 go 2023? Ar dtús báire, rinneadh beagnach **90% de na staidéir ó 2000**, i leith, agus dá bhrí sin is féidir linn a rá go bhfuil méadú suntasach tagtha ar úsáid staidéar fadaimseartha i dtaighde agus i múineadh le 25 bliain anuas. Agus cé go ndearnadh formhór na staidéar sin in SAM, tá roinnt tíortha eile ann ina ndearnadh líon beag staidéar fadaimseartha freisin, e.g. Sasana, an Astráil, an tSualainn, an Fhionlainn, an Iorua, Ceanada, an Nua-Shéalainn.

Ar dtús, is comhartha láidir ó na staidéir sin go léir gur **tréimhse athraithe thapa iad blianta tosaigh na múinteoireachta**. Tá athruithe ar chleachtais sa seomra ranga, cáilíocht na múinteoireachta, leibhéal struis, míshásamh/sásamh leis an bpost, féinéifeachtúlacht agus leibhéal mhachnaimh, rud a thugann le fios go bhfuil na hathróga sin dinimiciúil agus somhúnlaithé araon agus go bhfuil siad ag athrú i gcónaí. Maidir le **soláthar múinteoirí, tá léargais ann maidir leis an raon éagsúil príomhcheisteanna agus na dearaí taighde gaolmhara** chun aghaidh a thabhairt ar an raon éagsúil ceisteanna is gá a bhaineann le múinteoirí a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Go háirithe maidir le **soláthar múinteoirí, bhí an tsaincheist maidir le bunachair sonraí** ar mhórsála soiléir ar fud go leor staidéir chainníochtúla, lena n-áirítear suirbhéanna mórsála ionadaíocha ar leibhéal náisiúnta agus bunachair sonraí riaracháin stáit, réigiúnacha nó náisiúnta ina n-iomláine ina raibh sonraí fairsinge thar bhlianta fada (cé go raibh roinnt sonraí ar iarraidh i gcónaí) maidir le hiontráil, fágáil agus uaireanta filleadh múinteoirí ar an ngairm.

Ar an dara dul síos, mar a thugamar faoi deara, mar shampla maidir le soláthar múinteoirí, **tá beagnach gach ceann de na staidéir fhadtéarmacha dírithe ar na chéad chúpla bliain den ghairm sa mhúinteoireacht**. Trí dhearadh, níor chuireamar staidéir fhadtéarmacha san áireamh a bhí ar siúl le linn oideachas tosaigh múinteoirí amháin; Mar sin féin, chuireamar staidéir san áireamh a chlúdaigh nó a thrasnaigh oideachas tosaigh múinteoirí isteach sna blianta tosaigh, agus is gné shuntasach den litríocht iad na cineálacha seo staidéar fadaimseartha. Is suntasach go háirithe i gcomhthéacs staidéar fadaimseartha TGM leitheadúlacht na staidéar fadaimseartha a chlúdaíonn ó oideachas tosaigh múinteoirí isteach sna blianta tosaigh den ghairm sa mhúinteoireacht: d'fhéadfadh na staidéir seo foinse shaibhir léargais choincheapúil, mhodheolaíoch agus anailísigh a sholáthar. Mar a luadh thuas, tá impleachtaí ag suntasacht an athraithe mar ghné lárnach de na chéad bhlianta sin den mhúinteoireacht maidir le coincheapú TGM i dtéarmaí príomhchoincheapa, roghanna bailithe sonraí agus anailíse.

Ar an tríú dul síos, bhí **raon éagsúil dearaí staidéir** sna páipéir ar fud na gcúig chód/chuspóirí TGM. Thugamar faoi deara roinnt patrún i dtéarmaí dearaí taighde ar fud na gcúig chód/na gchuspóirí, bunaithe ar staidéar TGM, a d'úsáideamar chun príomhfhócas i ngach ceann den bhreis agus 200 staidéar fadaimseartha a chatagóiriú. Ba staidéir cháilíochtúla bheaga é an chéad chód nó cuspóir beagnach go heisiach a bhain le tuairimí múinteoirí faoin múinteoireacht agus faoin duine mar mhúinteoir, agus ba staidéir mheasctha nó chainníochtúla iad 13% de na staidéir sin (8 as 63). I gcás na gcód/chuspóirí 2-5, bhí éagsúlacht

ní ba mó i ndearaí staidéir ar fud modhanna cáilíochtúla, cainníochtúla agus measctha. Is díol suntais é, i ndáil le soláthar múinteoirí, go raibh meascán beagnach cothrom de staidéir cháilíochtúla agus de staidéir chainníochtúla ann ag a raibh difríochtaí móra i méid an tsampla, i ndearaí staidéir, i bhfad staidéir agus sna cineálacha anailísí a úsáideadh chun aghaidh a thabhairt ar an iliomad dinimice éagsúla atá casta go minic a bhaineann leis na ceisteanna taighde ar tugadh aghaidh orthu. Mar sin féin, leis an raon éagsúil ceisteanna taighde agus na dearaí taighde gaolmhara cuirtear acmhainní a d'fhéadfadh a bheith saibhir ar fáil do staidéar TGM. Mar shampla, i líon beag staidéar baineadh úsáid as cur chuige próifílithe grúpa chun grúpaí éagsúla mac léinn a shainaithint a d'fhéadfadh dul trí chéad chúpla bliain a ngairme múinteoireachta ar bhealaí comhchosúla. I staidéir chainníochtúla, is gnách go ndéantar é sin trí anailís grúpa folaigh, i.e. anailís atá dírithe ar an duine seachas anailís atá dírithe ar athróa (féach Heikkila et al., 2023). I staidéir cháilíochtúla, is féidir é sin a bhaint amach trí anailís mhionsonraithe agus athchúrsach ar snáitheanna scéil rannpháirtithe taighde faoina mblianta tosaigh mar mhúinteoir (féach Cochran-Smith et al., 2012).

Ar an gceathrú dul síos, in go leor de na **staidéir soláthraítear léargas coincheapúil** maidir leis an gcaoi ar chuir siad ceisteanna faoi phríomhghnéithe den mhúinteoireacht i láthair, agus uaireanta cheistigh siad na bealaí seanbhunaithe smaointeoireachta faoi ghnéithe áirithe d'fhorbairt múinteoirí agus den mhúinteoireacht. Mar shampla, tá an bhéim a leagann Cochran-Smith et al. (2012) ar an múinteoireacht mar chleachtas sóisialta agus cultúrtha mar bhonn chun **na naisc idir coinneáil agus cleachtas múinteoireachta a scrúdú** thar a bheith luachmhar i gcomhthéacs staidéar TGM. D'fhéadfadh sé go mbeadh coincheapú a staidéir ar chúig phróifíl éagsúla maidir le conas a dhéileáil múinteoirí leis an múinteoireacht agus leis an gcinnteoireacht luathghairme úsáideach agus an gaol idir eispéireas múinteoirí ar an múinteoireacht agus ar an scolaíocht (cuspóirí a haon go dtí a trí de chuid TGM) agus soláthar múinteoirí (cuspóir 5 de chuid TGM) á bhreithniú. Réimse tábhachtach eile ónar féidir le TGM foghlaim ná an breathnú go bhféadfadh tionchar ar a bhfuil moill a bheith ag cláir oideachais múinteoirí ar fhorbairt creideamh agus cleachtas múinteoirí (Girardet & Berger, 2018; Sawyer, 2022). Dá bhrí sin, b'fhéidir go mbeadh orainn breathnú **níos faide ná an chéad dá bhliain mhúinteoireachta chun tionchar fadtéarmach OTM** ar a gcéimithe a thuiscint

Ar an gcúigiú dul síos, leis an athbhreithniú scóipe tugadh deis athbhreithniú a dhéanamh ar **staidéir éagsúla agus fhaisnéiseacha a bhaineann le réimsí taighde seanbhunaithe agus tábhachtacha ar an múinteoireacht** agus ar mhúinteoirí. Mar shampla, tugaimid faoi deara I ndáil le cód 2, meastóireacht a dhéanamh ar an duine féin mar mhúinteoir, go bhfuil éifeachtúlacht mhúinteoireachta, ag a bhfuil litríocht fhairsing anois, fós lárnach I gcoincheapú agus i dtaighde ar inniúlacht fhéinbhraite múinteoirí le blianta fada agus I gcomhthéacsanna éagsúla agus is cosúil gur tógán tábhachtach é le húsáid I gcoincheapú TGM.

Ar an séú dul síos, agus an t-athbhreithniú scóipe fadaimseartha déanta anois, ceist amháin is fiú a chur ná **conas a d'fhéadfadh an tsraith dheiridh staidéar atá san áireamh a bheith nasctha leis an litríocht i gcoitinne ar oideachas múinteoirí**. Agus machnamh á dhéanamh ar ábhar na sraithe deireanaí de 207 staidéar, níor tugadh mórán airde ar an tsaincheist thábhachtach maidir le **neamhspleáchas múinteoirí**, atá ina hábhar taighde bríomhar le 15 bliana anuas, má bhí sí ann ar chor ar bith. B'fhéidir gur mar gheall ar an am a thógann sé staidéar fadaimseartha a cheapadh, a dhearadh agus a dhéanamh atá sé sin agus go mbeadh ar thaighdeoirí sa réimse a bheith ag smaoineamh ar staidéir fhadaimseartha ar neamhspleáchas múinteoirí deich mbliana nó cúig bliana déag ó shin chun go mbeidís sin le feiceáil san athbhreithniú scóipe reatha, 2010-2023.

Tagairtí

- Bandura, A. (1986). *Social foundations of thought and action: A social cognitive theory*. Englewood Cliffs, NJ: Prentice-Hall.
- Bandura, A. (1997). *Self-efficacy: The exercise of control*. New York, NY: Freeman.
- Beauchamp, C., & Thomas, L. (2009). Understanding teacher identity: An overview of issues in the literature and implications for teacher education. *Cambridge journal of education*, 39(2), 175-189.
- Beijaard, D., Meijer, P. C., & Verloop, N. (2004). Reconsidering research on teachers' professional identity. *Teaching and Teacher Education*, 20(2), 107-128.
- Beijaard, D., & Meijer, P. C. (2017). Developing the personal and professional in making a teacher identity. *The SAGE Handbook of Research on Teacher Education*, 1, 177-192
- Boyd, D., Dunlop, E., Lankford, H., Loeb, S., Mahler, P., O'Brien, R., & Wyckoff, J. (2012). Alternative certification in the long run: A decade of evidence on the effects of alternative certification in New York City. In *annual meeting of the American Education Finance and Policy Conference, Boston, MA*.
- Brantlinger, A. (2021). Entering, staying, shifting, leaving, and sometimes returning: A descriptive analysis of the career trajectories of two cohorts of alternatively certified mathematics teachers. *Teachers College Record*, 123(9), 28-56.
- Brown, M., McNamara, G., & O'Hara, J. (2016). Teacher accountability in education: The Irish experiment. *Essays in the History of Irish Education*, 359-381.
- Burns, G. (2016). Relationships of surveillance, assurance and recognition: Early career primary teachers' engagement with discourses of accountability and performance. *Irish Educational Studies*, 35(3), 269-288.
- Calderhead, J. (1996). Teachers: Beliefs and knowledge. In D. C. Berliner & R. C. Calfee (Eds.), *Handbook of Educational Psychology* (pp. 709–725). New York: Prentice Hall International.
- Casey, C., & Childs, R. (2011). Teacher education admission criteria as measure of preparedness for teaching. *Canadian Journal of Education*, 34(2), 3–20.
- Clark, C. M. & Peterson, P. L. (1986). Teachers' thought processes. In M. Wittrock (ed.). *Handbook of Research on Teaching*. New York: Macmillan.
- Cohen, L., Manion, L., & Morrison, K. (2017). Surveys, longitudinal, cross-sectional and trend studies. In *Research methods in education* (pp. 334-360). Routledge.
- Conway, P. F., & Murphy, R. (2013). A rising tide meets a perfect storm: New accountabilities in teaching and teacher education in Ireland. *Irish Educational Studies*, 32(1), 11-36.

- Collie, R. J., Shapka, J. D., & Perry, N. E. (2012). School climate and social–emotional learning: Predicting teacher stress, job satisfaction, and teaching efficacy. *Journal of Educational Psychology, 104*(4), 1189.
- Cooney, T. J., Shealy, B. E., & Arvold, B. (1998). Conceptualizing belief structures of preservice secondary mathematics teachers. *Journal for Research in Mathematics Education, 29*(3), 306–333.
- Devine, D., Symonds, J., Sloan, S., Cahoon, A., Crean, M., Farrell, E., Davies, A., Blue, T. & Hogan, J. (2020). *Children’s School Lives: An Introduction, Report No.1*, University College Dublin.
- Estellés, M., & Fischman, G. E. (2021). Who needs global citizenship education? A review of the literature on teacher education. *Journal of Teacher Education, 72*(2), 223-236.
- Farrington, D. P. (1991). Longitudinal research strategies: Advantages, problems, and prospects. *Journal of the American Academy of Child & Adolescent Psychiatry, 30*(3), 369-374.
- Feistritzer, E. (2008) *Alternative Routes to Teaching*, Upper Saddle River, NJ: Pearson.
- Fitchett, P. G., King, E. T., Fisher, T., Coffey, H., & Harden, S. (2018). Building program coherence and the (un) intentional clinical experiences for first-semester preservice teachers. *Action in Teacher Education, 40*(3), 319-335.
- Fontaine, S., Kane, R., Duquette, O., & Savoie-Zajc, L. (2012). New teachers’ career intentions: Factors influencing new teachers’ decisions to stay or to leave the profession. *Alberta Journal of Educational Research, 57*(4), 379–408.
- Granziera, H., & Perera, H. N. (2019). Relations among teachers’ self-efficacy beliefs, engagement, and work satisfaction: A social cognitive view. *Contemporary Educational Psychology, 58*, 75-84.
- Greenberg, J., Putman, H., & Walsh, K. (2014). *Training Our Future Teachers: Classroom Management. Revised*. Washington: National Council on Teacher Quality.
- Hatlevik, O. E. (2017). Examining the relationship between teachers’ self-efficacy, their digital competence, strategies to evaluate information, and use of ICT at school. *Scandinavian Journal of Educational Research, 61*(5), 555-567.
- Henson, R.K. (2002). From adolescent angst to adulthood: Substantive implications and measurement dilemmas in the development of teacher efficacy research. *Educational Psychologist, 37*, 137–150.
- Holland, S. (2014). *Rutland Street: The story of an educational experiment for disadvantaged children in Dublin*. Oxford: Elsevier.
- Kellaghan, T., & Greaney, B. J. (1993). The educational development of students following participation in a pre-school programme in a Disadvantaged Area in Ireland. *Studies and Evaluation Papers 12*. Dublin: Educational Research Centre.

Kelly, A. E., & Leavy, A. (2013). The design space of student learning: who is accountable and accountable for what? *Irish Educational Studies*, 32(1), 1-6.

Klassen, R.M., and Durksen, T.L. (2014). Weekly self-efficacy and work stress during the teaching practicum: A mixed methods study. *Learning and Instruction*, 33, 158–169

Kline, J., & Walker-Gibbs, B. (2015). Graduate Teacher Preparation for Rural Schools in Victoria and Queensland. *Australian Journal of Teacher Education*, 40(3).

Krieg, J. M., Goldhaber, D., & Theobald, R. (2022). Disconnected development? The importance of specific human capital in the transition from student teaching to the classroom. *Educational Evaluation and Policy Analysis*, 44(1), 29-49.

Lammert, C. (2023) How do teachers use inquiry and advocacy as curriculum? A longitudinal study, *Action in Teacher Education*, 45(3), 203-221.

Lazarides, R., Watt, H. M., & Richardson, P. W. (2020). Teachers' classroom management self-efficacy, perceived classroom management and teaching contexts from beginning until mid-career. *Learning and Instruction*, 69, 101346.

Lazarides, R., Watt, H. M., & Richardson, P. W. (2023). Does school context moderate longitudinal relations between teacher-reported self-efficacy and value for student engagement and teacher-student relationships from early until midcareer? *Contemporary Educational Psychology*, 72, 102136.

Luft, J. A., Navy, S. L., Wong, S. S., & Hill, K. M. (2022). The first 5 years of teaching science: The beliefs, knowledge, practices, and opportunities to learn of secondary science teachers. *Journal of Research in Science Teaching*, 59(9), 1692-1725.

Ma, A., McMaugh, A. & Cavanagh, M. (2022). The development of teacher self-efficacy from preservice to early career teacher: a systematic review of development and methodological quality in longitudinal research. *International Journal of Research & Method in Education*, 45(5), 450-465.

Madaus, G. F., & Greaney, V. (1985). The Irish experience in competency testing: Implications for American education. *American Journal of Education*, 93(2), 268-294.

Markus, H., & Nurius, P. (1986). Possible selves. *American Psychologist*, 41(9), 954.

Martell, C. C. (2013). Learning to teach history as interpretation: A longitudinal study of beginning teachers. *The Journal of Social Studies Research*, 37(1), 17-31.

Martin, J., McCaughy, N., Kulinna, P., & Cothran, D. (2009). The impact of a social cognitive theory-based intervention on physical education teacher self-efficacy. *Professional Development in Education*, 35, 511–529.

Matsko, K., Ronfeldt, M., Nolan, H., Klugman, J., Reininger, M., & Brockman, S. (2018). Cooperating teacher as model and coach: What leads to student teachers' perceptions of preparedness? *Journal of Teacher Education*, 71(1), 41–62.

- Matthews, S., Ward, M., Nolan, A., Normand, C., Kenny, R. A., & May, P. (2022). Predicting mortality in The Irish Longitudinal Study on Ageing (TILDA): development of a four-year index and comparison with international measures. *BMC Geriatrics*, 22(1), 510.
- Maulana, R., Helms-Lorenz, M., & van de Grift, W. (2015). A longitudinal study of induction on the acceleration of growth in teaching quality of beginning teachers through the eyes of their students. *Teaching and Teacher Education*, 51, 225-245.
- McGarr, O., Mc Cormack, O., O'Reilly, J., Lynch, R., Power, J., Hennessy, J., O'Meara, N., Neary, A., Leahy, K., Calderon, A., Mac Phail, A., Ó Gallchóir, C., Mc Mahon, J., Lenihan, R., Ní Chathasaigh, C. and Goos, M. (2023). *Exploring the introduction of the Framework for Junior Cycle: A longitudinal study. Interim report No. 2*. Limerick: University of Limerick.
<https://doi.org/10.34961/researchrepository-ul.22656892.v1>
- McLennan, B., McIlveen, P. & Perera, H.N. (2017). Preservice teachers' self-efficacy mediates the relationship between career adaptability and career optimism. *Teaching and Teacher Education*, 63, 176–185.
- McNamara, G., Skerritt, C., O'Hara, J., O'Brien, S., & Brown, M. (2022). For improvement, accountability, or the economy? Reflecting on the purpose (s) of school self-evaluation in Ireland. *Journal of Educational Administration and History*, 54(2), 158-173.
- Müller, J., & Hernández, F. (2010). On the geography of accountability: Comparative analysis of teachers' experiences across seven European countries. *Journal of Educational Change*, 11, 307-322.
- Menter, I. (2023). Teacher education research in the twenty first century. In I Menter (ed.) *The Palgrave Handbook of Teacher Education Research*. Cham, Switzerland: Springer Nature.
- Ní Chróinín, D. & O'Sullivan, M. (2014) From initial teacher education through induction and beyond: a longitudinal study of primary teacher beliefs. *Irish Educational Studies*, 33, 4, 451-466.
- Nyman, T. (2014). The newly qualified teacher in the working community. *Teacher Development*, 18(4), 466-481.
- OECD (2018). OECD (2018), *The Future of Education and Skills: Education 2030:Position paper*. Paris: OECD.
https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/publications/reports/2018/06/the-future-of-education-and-skills_5424dd26/54ac7020-en.pdf
- O'Laughlin, K. D., Martin, M. J., & Ferrer, E. (2018). Cross-sectional analysis of longitudinal mediation processes. *Multivariate behavioral research*, 53(3), 375-402.
- Pillen, M., Beijaard, D., & Den Brok, P. (2013). Professional identity tensions of beginning teachers. *Teachers and teaching*, 19(6), 660-678.

- Pfitzner-Eden, F. (2016). I feel less confident so I quit? Do true changes in teacher self-efficacy predict changes in preservice teachers' intention to quit their teaching degree? *Teaching and Teacher Education*, 55, 240–254.
- Qin, L. (2019). Factors relating to teachers' intention to change school: A multilevel perspective. *Policy Futures in Education*, 17(3), 318-338.
- Raudenbush, S. W., Rowan, B., & Cheong, Y. F. (1992). Contextual effects on the self-perceived efficacy of high school teachers. *Sociology of Education*, 150-167.
- Rindfleisch, A., Malter, A. J., Ganesan, S., & Moorman, C. (2008). Cross-sectional versus longitudinal survey research: Concepts, findings, and guidelines. *Journal of Marketing Research*, 45(3), 261-279.
- Robinson, K., Schmidt, T., & Teti, D. M. (2005). Issues in the use of longitudinal and cross-sectional designs. *Handbook of Research Methods in Developmental Science*, 1-20.
- Rutter, M. (1981). Epidemiological/longitudinal strategies and causal research in child psychiatry. *Journal of the American Academy of Child Psychiatry*, 20(3), 513-544.
- Sahlberg, P. (2016). The global educational reform movement and its impact on schooling. *The Handbook of Global Education Policy*, 128-144.
- Sahlberg, P. (2023). Trends in global education reform since the 1990s: Looking for the right way. *International journal of educational development*, 98
- Savolainen, H., Malinen, O.P & Schwab, S. (2022). Teacher efficacy predicts teachers' attitudes towards inclusion – a longitudinal crosslagged analysis. *International Journal of Inclusive Education*, 26(9), 958-972,
- Sawyer, A. G. (2022). The delayed influence of a teacher education program. *Teacher Education Quarterly*, 49(4), 72-94.
- Scales, R. Q., Wolsey, T. D., Young, J., Smetana, L., Grisham, D. L., Lenski, S., ... & Chambers, S. A. (2017). Mediating factors in literacy instruction: How novice elementary teachers navigate new teaching contexts. *Reading Psychology*, 38(6), 604-651.
- Scherer, R., Jansen, M., Nilsen, T., Areepattamannil, S., & Marsh, H. W. (2016). The quest for comparability: Studying the invariance of the teachers' sense of self-efficacy (TSES) measure across countries. *PloS one*, 11(3), e0150829
- Shirley, D., & Hargreaves, A. (2022). Going all-in for well-being. *Phi Delta Kappan*, 104(1), 44-49.
- Shulman, L. S. (1986). Those who understand: Knowledge growth in teaching. *Educational Researcher*, 15(2), 4-14.
- Shulman, L. (1987). Knowledge and teaching: Foundations of the new reform. *Harvard educational review*, 57(1), 1-23.

Shulman, L. S., & Tamir, P. (1973). Research on teaching in the natural sciences. In R. M. W. Travers (Ed.), *Second Handbook of Research on Teaching* (pp. 1098–1148). Chicago: Rand McNally.

Smith, L.F., Corkery, G., Buckley, J. & Calvert, A. (2013). Changes in secondary school preservice teachers' concerns about teaching in New Zealand. *Journal of Teacher Education*, 64, 60–74.

Smyth, E., Dunne, A., McCoy, S., & Darmody, M. (2006) *Pathways through the Junior Cycle*. Dublin: Liffery Press and ESRI.

Smyth, E. (2009). Junior Cycle Education: Insights from a longitudinal study of students. *ESRI Research Bulletin 2009*, 4(1), 1-5.

Spangler, D. A., Sawyer, A. G., Kang, E. K., Kim, S., & Kim, B. (2012). *Transition to teaching: Beliefs and other influences on practice*. In L. R. VanZoest, J. J. Lo, & J. L. Kratky (Eds.), Proceedings of the 34th annual meeting of the North American chapter of the International Group for the Psychology of Mathematics Education (pp. 753–756). Western Michigan University.

Swars, S., Hart, L. C., Smith, S. Z., Smith, M. E., & Tolar, T. (2007). A longitudinal study of elementary preservice teachers' mathematics beliefs and content knowledge. *School Science and Mathematics*, 107(8), 325–335.

Symonds, J. E., Devine, D., Sloan, S., Martinez Sainz, G., Davies, A., Stynes, H., & Bonhert, M. (2025). Children's school lives - A national cohort study of primary schooling in Ireland. *European Psychologist*. <https://doi.org/10.1027/1016-9040/a000538>

Taguma, M. & Frid, A. (2024). *Curriculum frameworks and visualisations beyond national frameworks – alignment with the OECD Learning Compass 2030*. OECD Working Paper No.314. Paris: OECD.

Tschannen-Moran, M., Hoy, A., & Hoy, W. (1998). Teacher efficacy: Its meaning and measure. *Review of Educational Research*, 68, 202–248.

Thomson, M.M., Huggins, E. & Williams, W. (2019). Developmental science efficacy trajectories of novice teachers from a STEM-focused program: A longitudinal mixed-methods investigation. *Teaching and Teacher Education*, 77, 253–265.

Tolgfors, B., Quennerstedt, M., Backman, E., & Nyberg, G. (2023). A PE teacher's tale: journeying from teacher education to teaching practice in physical education. *Sport, Education and Society*, 1-13.

Tondeur, J., Pareja Roblin, N., van Braak, J., Voogt, J., & Prestridge, S. (2017). Preparing beginning teachers for technology integration in education: Ready for take-off?. *Technology, Pedagogy and Education*, 26(2), 157-177.

Vázquez-Bernal, B., Mellado, V., Jiménez-Pérez, R., & Leñero, M. C. T. (2012). The process of change in a science teacher's professional development: A case study based on the types of problems in the classroom. *Science Education*, 96(2), 337-363.

- Veenman, S. (1984). Perceived problems of beginning teachers. *Review of Educational Research, 54*, 143-178.
- Vieluf, S., Kunter, M., & Van de Vijver, F. J. (2013). Teacher self-efficacy in cross-national perspective. *Teaching and Teacher Education, 35*, 92-103.
- Wheatley, K.F. (2005). The case for reconceptualizing teacher efficacy research. *Teaching and Teacher Education, 21*, 747–766.
- White, R. T., & Arzi, H. J. (2005). Longitudinal studies: Designs, validity, practicality, and value. *Research in science education, 35*, 137-149.
- Williams, J., Greene, S., Doyle, E., Harris, E., Layte, R., McCoy, S., McCrory, C., Murray, A., Nixon, E., O'Dowd, T. and O'Moore, M., 2009. *Growing up in Ireland national longitudinal study of children. The lives of 9 year olds*. Dublin: The Stationery Office.
- Yliniva, K., Bryan, A., & Brunila, K. (2024). 'The future we want'—the ideal twenty-first century learner and education's neuro-affective turn. *Comparative Education, 60*(3), 498-518.

Tagairtí: Staidéir atá san áireamh san athbhreithniú scóipe

- Akiba, M., Wang, Z. E., & Liang, G. (2015). Organizational resources for professional development: A statewide longitudinal survey of middle school mathematics teachers. *Journal of School Leadership, 25*(2), 252-285.
- Anthony-Stevens, V., Moss, I., Jacobson, A. C., Boysen-Taylor, R., & Campbell-Daniels, S. (2022). Grounded in relationships of support: Indigenous teacher mentorship in the rural west. *Rural Educator, 43*(1), 88-104.
- Atteberry, A., Loeb, S., & Wyckoff, J. (2015). Do first impressions matter? Predicting early career teacher effectiveness. *AERA Open, 1*(4), 2332858415607834.
- Avraamidou, L. (2014). Tracing a beginning elementary teacher's development of identity for science teaching. *Journal of Teacher Education, 65*(3), 223-240.
- Bain, C., Young, J., & Kuster, D. (2022). Once a teacher always a teacher: The stories of two art educators who left public schools. *Teaching and Teacher Education, 112*, 103645.
- Barnatt, J., Gahlsdorf Terrell, D., D'Souza, L. A., Jong, C., Cochran-Smith, M., Viesca, K. M., Gleeson, A. M., McQuillan, P., & Shakman, K. (2017). Interpreting Early Career Trajectories. *Educational Policy, 31*(7), 992-1032.

Barrett, N., Carlson, D., Harris, D. N., & Lincove, J. A. (2022). When the walls come down: Evidence on charter schools' ability to keep their best teachers without unions and certification rules. *Educational Evaluation and Policy Analysis, 44*(2), 283-312.

Barrett, S. E. (2013). Becoming an activist science teacher: A longitudinal case study. *The Electronic Journal for Research in Science & Mathematics Education, 17*(4).

Bartholomew, R., Moeed, A., & Anderson, D. (2011). Changing science teaching practice in early career secondary teaching graduates. *Eurasia Journal of Mathematics, Science and Technology Education, 7*(1), 53-61.

Bartlett, L., & Thompson, A. (2019). Seeking to Stay: Job Search Process and Teacher Retention. In *Recruiting, Preparing, and Retaining STEM Teachers for a Global Generation* (pp. 346-367). Brill.

Bathmaker, A. M., & Avis, J. (2013). Inbound, outbound or peripheral: the impact of discourses of 'organisational' professionalism on becoming a teacher in English further education. *Discourse: Studies in the Cultural Politics of Education, 34*(5), 731-748.

Beck, C., & Kosnik, C. (2014). *Growing as a teacher: Goals and Pathways of Ongoing Teacher Learning*. Sense Publishers.

Bialka, C. S., & Andrus, S. (2017). Novice veterans: An exploration of the roles teach for America teachers inhabit. *Journal of the National Association for Alternative Certification, 12*(1), 3-28.

Bischoff, P., French, P., & Schaumlöffel, J. (2017). A longitudinal essay analysis of noyce scholars' growth in self-view on teaching science in high-needs school districts. *International Journal of Environmental and Science Education, 12*(5), 1217-1232.

Brantlinger, A. (2021). Entering, staying, shifting, leaving, and sometimes returning: A descriptive analysis of the career trajectories of two cohorts of alternatively certified mathematics teachers. *Teachers College Record, 123*(9), 28-56.

Brantlinger, A. M., & Grant, A. A. (2022). The first-school retention of black and latinx community-insiders and elite college graduates: implications for the recruitment, selection, and training of urban mathematics teachers. *Education Policy Analysis Archives, 30*(111), n111.

Bristol, T. J., & Shirrell, M. (2019). Who is here to help me? The work-related social networks of staff of color in two mid-sized districts. *American Educational Research Journal, 56*(3), 868-898.

Broemmel, A. D., Swaggerty, E. A., Rigell, A., & Blanton, B. (2021). "I Felt like My Practice Was Catching up with My Beliefs:" A Longitudinal Cognitive Study of Seven Early Career Literacy Teachers and Their Praxis. *Action in Teacher Education, 43*(3), 285-300.

- Brown, S., & Everson, J. (2019). Belonging, becoming, owning: the interplay between identity and self-esteem in trainee teachers in post-compulsory education and training. *Research in Post-Compulsory Education*, 24(2-3), 231-250.
- Brummet, Q., Gershenson, S., & Hayes, M. S. (2017). Teachers' grade-level reassignments: Evidence from Michigan. *Educational Policy*, 31(2), 249-271.
- Bruno, P., Rabovsky, S. J., & Strunk, K. O. (2020). Taking their first steps: The distribution of new teachers in school and classroom contexts and implications for teacher effectiveness. *American Educational Research Journal*, 57(4), 1688-1729.
- Buchanan, J., Prescott, A., Schuck, S., Aubusson, P., & Burke, P. (2013). Teacher retention and attrition: Views of early career teachers. *Australian Journal of Teacher Education (Online)*, 38(3), 124-141.
- Bumen, N. T., & Ozaydin, T. E. (2013). Changes on teacher self-efficacy and attitudes towards teaching profession from candidacy to induction. *Egitim Ve Bilim-Education and Science*, 38(169), 109-125.
- Burn, K., Mutton, T., & Hagger, H. (2010). Strengthening and sustaining professional learning in the second year of teaching. *Oxford Review of Education*, 36(6), 639-659.
- Cannata, M. (2011). Charter schools and the teacher job search. *Journal of School Choice*, 5(1), 111-133.
- Carrier, S. J., Whitehead, A. N., Luginbuhl, S. C., Walkowiak, T. A., & Thomson, M. M. (2017). The development of elementary teacher identities as teachers of science. *International Journal of Science Education*, 39(13), 1733-1754.
- Carrier, S. J., Whitehead, A. N., Minogue, J., & Corsi-Kimble, B. S. (2020). Novice elementary teachers' developing visions of effective science teaching. *Research in Science Education*, 50, 1521-1545
- Carver, M. (2021). Survey methods to identify risk of attrition: Measures of career intention and regret. *Education Sciences*, 11(10), 617.
- Casey, A. (2012). A self-study using action research: Changing site expectations and practice stereotypes. *Educational Action Research*, 20(2), 219-232.
- Chróinín, D. N., & O'Sullivan, M. (2016). Elementary classroom teachers' beliefs across time: Learning to teach physical education. *Journal of Teaching in Physical Education*, 35(2), 97-106.
- Cochran-smith, Marilyn & Mcquillan, Patrick & Viesca, Kara & Gahlsdorf Terrell, Dianna & Barnatt, Joan & D'Souza, Lisa & Jong, Cindy & Shakman, Karen & Lam, Karen & Gleeson, Ann. (2012). A longitudinal study of teaching practice and early career decisions: A cautionary tale. *American Educational Research Journal*. 49(5), 844-880.

Cowan, J., Goldhaber, D., Jin, Z., & Theobald, R. (2023). Assessing licensure test performance and Predictive validity for different teacher subgroups. *American Educational Research Journal*, 60(6), 1095-1138.

Craig, C. J. (2012). Tensions in teacher development and community: Variations on a recurring school reform theme. *Teachers College Record*, 114(2), 1-28.

Craig, C. J. (2014). From stories of staying to stories of leaving: A US beginning teacher's experience. *Journal of Curriculum Studies*, 46(1), 81-115.

Craig, C. J. (2020). "Data is [G]od": The influence of cumulative policy reforms on teachers' knowledge in an urban middle school in the United States. *Teaching and Teacher Education*, 93, 103027.

Czerniawski, G. (2013). Professional development for professional learners: Teachers' experiences in Norway, Germany and England. *Journal of Education for Teaching*, 39(4), 383-399.

D'Souza, L. A. (2018). Using Storied-Identity to Explore a Case Study of Teacher Mediocrity. *Journal of Ethnographic & Qualitative Research*, 12(3).

D'Souza, L. A. (2014). Bridging the gap for beginning teachers: Researcher as mentor. *International Journal of Mentoring and Coaching in Education*, 3(2), 171-187.

Dabback, W. (2018). A longitudinal perspective of early career music teachers: Contexts, interactions, and possible selves. *Journal of Music Teacher Education*, 27(2), 52-66.

Dack, H., O'Reilly, N., Youngs, P., & Hopper, E. (2019). Visions of differentiation: A longitudinal multicase study of preservice and beginning elementary teachers. *The Elementary School Journal*, 120(1), 132-175.

Dack, H., & Triplett, N. (2020). Novice social studies teachers' implementation of differentiation: A longitudinal multicase study. *Theory & Research in Social Education*, 48(1), 32-73.

Daly, N. (2013). Learning to teach languages: An 18-month longitudinal study of two new language teachers in a New Zealand primary context. *Babel*, 48(1), 4-11.

Daniels, L. M. (2015). From pre-service to practicing teacher: Considering the stability of personal and classroom mastery and performance goals. *Educational Psychology*, 35(8), 984-1005.

Daoud, N., & Parsons, S. A. (2021). Visioning and hope: A longitudinal study of two teachers from preservice to inservice. *Peabody Journal of Education*, 96(4), 393-405.

DeAngelis, K. J. (2013). A look at returning teachers. *Education Policy Analysis Archives*, 21, 13.

DeCoursey, K. (2022). Attending to the expressed needs of preservice and novice teachers Post-COVID. In *Reconstructing Care in Teacher Education after COVID-19* (pp. 169-178). Routledge.

Dee, T. S., & Wyckoff, J. (2015). Incentives, selection, and teacher performance: Evidence from IMPACT. *Journal of Policy Analysis and Management*, 34(2), 267-297.

Dhaliwal, T. K., Lai, I., & Strunk, K. O. (2023). Round and round they go: the relationship between changing grades and schools and teacher quality and absence rates. *Educational Evaluation and Policy Analysis*, 45(2), 285-310.

Disberger, B., Washburn, S., Hock, G., & Ulmer, J. (2023). A qualitative analysis of agriculture teacher's attitudinal changes toward the teaching profession in the first three years of teaching. *Journal of Agricultural Education*, 64(1), 61-81.

Dolphin, G. R., & Tillotson, J. W. (2015). "Uncentering" teacher beliefs: the expressed epistemologies of secondary science teachers and how they relate to teacher practice. *International Journal of Environmental and Science Education*, 10(2), 21-38.

Douglas, A. S. (2019). A focus on time-lapse ethnography: learning to teach. *Ethnography and Education*, 14(2), 192-205.

Edwards, F. C. E., & Edwards, R. J. (2017). A story of culture and teaching: the complexity of teacher identity formation. *The Curriculum Journal*, 28(2), 190-211.

Ellison, D. W. (2022). Two physical educators' sense of purpose as an indicator of teaching sustainability over time in a high-poverty school setting. *European Physical Education Review*, 28(1), 40-56.

Elsayed, M. A., & Roch, C. H. (2023). Former teachers: Exits and re-entries. *Educational Policy*, 37(2), 279-307.

Evers, A. T., Verboon, P., Ruysseveldt, J. V., Vermeulen, M., & Kreijns, K. (2023). Teacher autonomy for professional development at work: a longitudinal study. *International Journal of Human Resources Development and Management*, 23(2), 139-159.

Falch, T. (2022). Teacher education and early teaching career. *Teachers and Teaching*, 28(8), 943-963.

Feng, L., & Sass, T. R. (2017). Teacher quality and teacher mobility. *Education Finance and Policy*, 12(3), 396-418.

Feng, X., Helms-Lorenz, M., & Maulana, R. (2023). Profiles and developmental pathways of beginning teachers' intrinsic orientations and their associations with effective teaching behaviour. *Learning and Individual Differences*, 107, 102362.

Findlay, M., & Bryce, T. G. (2012). From teaching physics to teaching children: Beginning teachers learning from pupils. *International Journal of Science Education*, 34(17), 2727-2750.

Fleming, C. M., Calvert, H. G., & Turner, L. (2023). Burnout among school staff: a longitudinal analysis of leadership, connectedness, and psychological safety. *School Mental Health, 15*(3), 900-912.

Fletcher, S. S., & Luft, J. A. (2011). Early career secondary science teachers: A longitudinal study of beliefs in relation to field experiences. *Science Education, 95*(6), 1124-1146.

Francisco, S. (2016). Mentoring as part of a trellis of practices that support learning. In Mahon, K., Francisco, S. & Kemmis, S. (Eds.), *Exploring education and professional practice: Through the lens of practice architectures* (pp. 101-119). Singapore: Springer Singapore.

Frank, K. A., Kim, J., Salloum, S. J., Bieda, K. N., & Youngs, P. (2020). From interpretation to instructional practice: A network study of early-career teachers' sensemaking in the era of accountability pressures and Common Core state standards. *American Educational Research Journal, 57*(6), 2293-2338.

Frankenberg, E., Taylor, A., & Merseeth, K. (2010). Walking the walk: Teacher candidates' professed commitment to urban teaching and their subsequent career decisions. *Urban Education, 45*(3), 312-346.

Fuchsman, D., Sass, T. R., & Zamarro, G. (2023). Testing, teacher turnover, and the distribution of teachers across grades and schools. *Education Finance and Policy, 18*(4), 654-675.

Fulbeck, E. S. (2014). Teacher mobility and financial incentives: A descriptive analysis of Denver's ProComp. *Educational Evaluation and Policy Analysis, 36*(1), 67-82.

Gauna, L. M., Beaudry, C., & Cooper, J. (2023). The leaking Spanish bilingual education teacher pipeline: Stories of PK-20 challenges told by Latinx becoming bilingual teachers in the US. *Journal of Latinos and Education, 22*(5), 1885-1899.

Goldhaber, D., Krieg, J., Theobald, R., & Goggins, M. (2022). Front end to back end: Teacher preparation, workforce entry, and attrition. *Journal of Teacher Education, 73*(3), 253-270.

Goldhaber, D., Krieg, J., Theobald, R., & Liddle, S. (2022). Lost to the system? A descriptive exploration of teacher candidates' career paths. *Educational Researcher, 51*(4), 255-264.

Goldhaber, D., Lavery, L., & Theobald, R. (2016). Inconvenient truth? Do collective bargaining agreements help explain the mobility of teachers within school districts?. *Journal of Policy Analysis and Management, 35*(4), 848-880.

Golding, J. (2017). Mathematics teachers' capacity for change. *Oxford Review of Education, 43*(4), 502-517.

González-Calvo, G., & Fernández-Balboa, J. M. (2018). A qualitative analysis of the factors determining the quality of relations between a novice physical education teacher and his

students' families: implications for the development of professional identity. *Sport, Education and Society*, 23(5), 491-504.

Goodwin, A. L., Low, E. L., Cai, L., & Yeung, A. S. (2019). A longitudinal study on starting teachers' retention intentions: Do pre-teaching work experience and length of working years make a difference?. *Teaching and Teacher Education*, 83, 148-155.

Grant, A. A., & Brantlinger, A. M. (2022). Demography as destiny: Explaining the turnover of alternatively certified mathematics teachers in hard-to-staff schools. *Teachers College Record*, 124(4), 35-64.

Green, A. (2015). Teacher induction, identity, and pedagogy: Hearing the voices of mature early career teachers from an industry background. *Asia-Pacific Journal of Teacher Education*, 43(1), 49-60.

Gu, M. M. (2013). From pre-service to in-service teachers: A longitudinal investigation of the professional development of English language teachers in secondary schools. *Educational Studies*, 39(5), 503-521.

Hagedoorn, M., Koopman, M., Bouwmans, M., & de Bruijn, E. (2023). One size does not fit all-mapping informal and formal professional development activities of vocational teachers. *Teachers and Teaching*, 1-21.

Hagger, H., Mutton, T., & Burn, K. (2011). Surprising but not shocking: The reality of the first year of teaching. *Cambridge Journal of Education*, 41(4), 387-405.

Harmsen, R., Helms-Lorenz, M., Maulana, R., & van Veen, K. (2019). The longitudinal effects of induction on beginning teachers' stress. *British Journal of Educational Psychology*, 89(2), 259-287.

He, Y., Cooper, J. E., & Tangredi, C. (2015). Why do I stay? A case study of a secondary english teacher in an urban high school. *Teacher Education Quarterly*, 42(1), 49-66.

Heikkilä, M., Mauno, S., Herttalampi, M., Minkkinen, J., Muotka, J., & Feldt, T. (2023). Ethical dilemmas and well-being in teachers' work: A three-wave, two-year longitudinal study. *Teaching and Teacher Education*, 125, 104049.

Henry, G. T., Bastian, K. C., & Fortner, C. K. (2011). Stayers and leavers: Early-career teacher effectiveness and attrition. *Educational Researcher*, 40(6), 271-280.

Hirsh, Å., & Bergmo-Prvulovic, I. (2019). Teachers leading teachers—understanding middle-leaders' role and thoughts about career in the context of a changed division of labour. *School Leadership & Management*, 39(3-4), 352-371.

Hobbs, L. (2020). Learning to teach science out-of-field: A spatial-temporal experience. *Journal of Science Teacher Education*, 31(7), 725-745.

- Hong, J. I., Greene, B., & Lowery, J. (2017). Multiple dimensions of teacher identity development from pre-service to early years of teaching: A longitudinal study. *Journal of Education for Teaching, 43*(1), 84-98.
- Hopper, E. B., Robinson, D., & Fitchett, P. (2022). Early career African American teachers and the impact of administrative support. *Urban Education, 57*(3), 401-431.
- Hsiao, C. C. (2015). Longitudinal research on the creative teaching of beginning teachers. *Contemporary Educational Research Quarterly, 23*(1), 37-69.
- Hultell, D., Melin, B., & Gustavsson, J. P. (2013). Getting personal with teacher burnout: A longitudinal study on the development of burnout using a person-based approach. *Teaching and Teacher Education, 32*, 75-86.
- Hungerford-Kresser, H., & Vetter, A. (2017). Political tensions: English teaching, standards, and postsecondary readiness. *English Teaching: Practice & Critique, 16*(3), 407-422.
- Imms, W., & Ruanglertbutr, P. (2012). Can early career teachers be artists as well. *Canadian Review of Art Education: Research & Issues, 39*(1).
- Jiang, H., Wang, K., Wang, X., Lei, X., & Huang, Z. (2021). Understanding a STEM teacher's emotions and professional identities: A three-year longitudinal case study. *International Journal of STEM Education, 8*, 1-22.
- Jones, L. (2019). The 'C-Word': novice teachers, class identities and class strategising. *Pedagogy, Culture & Society, 27*(4), 595-611.
- Kane, R. G., & Francis, A. (2013). Preparing teachers for professional learning: is there a future for teacher education in new teacher induction?. *Teacher Development, 17* (3), 362-379.
- Kelly, S., & Northrop, L. (2015). Early career outcomes for the "best and the brightest" selectivity, satisfaction, and attrition in the beginning teacher longitudinal survey. *American Educational Research Journal, 52*(4), 624-656.

- Kim, J. (2019). How principal leadership seems to affect early career teacher turnover. *American Journal of Education*, 126(1), 101-137.
- Kim, Y., & An, S. (2023). "We are stronger than fear of hate": a longitudinal study amplifying the voices of Asian American and migrant teachers amidst COVID-19. *Race Ethnicity and Education*, 1-17.
- Kington, A., Day, C., Sammons, P., Regan, E., & Brown, E. (2012). What makes teachers effective?: Profiles of innovative classroom practice. In Day, C. (Ed.), *The Routledge International Handbook of Teacher and School Development* (pp. 319-334). Routledge.
- Kooy, M. (2015). Building a teacher–student community through collaborative teaching and learning: engaging the most affected and least consulted. *Teacher Development*, 19(2), 187-209.
- Kooy, M., & Colarusso, D. M. (2014). The space in between: A book club with inner-city girls and professional teacher learning. *Professional Development in Education*, 40(5), 838-854.
- Lambert, C., Myers, J., Howard, C., & Adams-Budde, M. (2023). Small Moves: New Teachers' Perceptions of Authoritative Discourse. *Journal of Literacy Research*, 55(1), 51-74.
- Larkin, D. B., Carletta, L., & Evans, S. (2022). A longitudinal investigation of changing conceptions about teaching science and pedagogical implications of student diversity. *Science Education*, 106(2), 335-363.
- Leden, L., Hansson, L., & Redfors, A. (2017). From black and white to shades of grey: A longitudinal study of teachers' perspectives on teaching sociocultural and subjective aspects of science. *Science & Education*, 26, 483-511.
- Lee, J., & Santagata, R. (2020). A longitudinal study of novice primary school teachers' knowledge and quality of mathematics instruction. *ZDM*, 52(2), 295-309.
- Lindqvist, H., Weurlander, M., Wernerson, A., & Thornberg, R. (2020). Conflicts viewed through the micro-political lens: beginning teachers' coping strategies for emotionally challenging situations. *Research Papers in Education*, 35(6), 746-765.
- Lindqvist, P., & Nordänger, U. K. (2016). Already elsewhere—A study of (skilled) teachers' choice to leave teaching. *Teaching and Teacher Education*, 54, 88-97.
- Loerts, T., & Belcher, C. (2024). Pedagogy in the context of multiliteracies: A longitudinal study of new educators. *The Australian Journal of Language and Literacy*, 47(1), 107-124.
- Low, E. L., Ng, P. T., Hui, C., & Cai, L. (2019). How do teacher affective and cognitive self-concepts predict their willingness to teach challenging students?. *Australian Journal of Teacher Education (Online)*, 44(10), 18-34.

Luft, J. A., Firestone, J. B., Wong, S. S., Ortega, I., Adams, K., & Bang, E. (2011). Beginning secondary science teacher induction: A two-year mixed methods study. *Journal of Research in Science Teaching*, 48(10), 1199-1224.

Marco-Bujosa, L. M. (2023). Soul searching in science teaching: an exploration of critical teaching events through the lens of intersectionality. *Cultural Studies of Science Education*, 18(3), 527-555.

Martell, C. C. (2014). Building a constructivist practice: A longitudinal study of beginning history teachers. *The Teacher Educator*, 49(2), 97-115.

Martell, C. C. (2020). Barriers to inquiry-based instruction: A longitudinal study of history teachers. *Journal of Teacher Education*, 71(3), 279-291.

Martell, C. C. (2022). A longitudinal study of beginning elementary teachers' beliefs and inquiry-based practices in the history classroom. *Teacher Development*, 26(5), 627-643. <https://doi.org/10.1080/13664530.2022.2126883>

Martell, C. C. (2023). White elementary teachers and learning to teach race in the social studies classroom: A 6-year longitudinal study. *Whiteness and Education*, 8(2), 140-158.

Martell, C. C., Martinelle, R., & Chalmers, J. P. (2023). Barriers and pathways to enacting justice-oriented social studies: a longitudinal study of novice teachers in urban contexts. *Urban Education*, 00420859231170638.

Maskiewicz, A. C., & Winters, V. A. (2012). Understanding the co-construction of inquiry practices: A case study of a responsive teaching environment. *Journal of Research in Science Teaching*, 49(4), 429-464.

Mayer, D., Dixon, M., Kline, J., Kostogriz, A., Moss, J., Rowan, L., [Walker-Gibbs](#), B., & White, S. (2017). Studying the effectiveness of teacher education. In Mayer, D., Dixon, M., Kline, J., Kostogriz, A., Moss, J., Rowan, L., [Walker-Gibbs](#), B., & White, S. (Eds.), *Studying the Effectiveness of Teacher Education* (pp. 13-26). Springer Singapore.

McCarthy, C. J., Fitchett, P. G., Lambert, R. G., & Boyle, L. (2020). Stress vulnerability in the first year of teaching. *Teaching Education*, 31(4), 424-443.

McDonald, J. & Mercieca, B. M. (2021). The value of communities of practice for early career teachers. In *Sustaining Communities of Practice with Early Career Teachers: Supporting Early Career Teachers*, (pp. 21-43.)

Mensah, F. M. (2019). Finding voice and passion: Critical race theory methodology in science teacher education. *American Educational Research Journal*, 56(4), 1412-1456.

Mesker, P., Wassink, H., & Bakker, C. (2018). Experiential continuity: how newly qualified teachers' past international teaching experiences influence their current personal interpretative framework. *Professional Development in Education*, 44(3), 444-459.

Miheso, J. M., & Mavhunga, E. (2020). The retention of topic specific PCK: A longitudinal study with beginning chemistry teachers. *Chemistry Education Research and Practice*, 21(3), 789-805.

Miller, E. C., Severance, S., & Krajcik, J. (2021). Motivating teaching, sustaining change in practice: Design principles for teacher learning in project-based learning contexts. *Journal of Science Teacher Education*, 32(7), 757-779.

Moyer, A. (2022). Has “Who comes back” changed? teacher reentry 2000–2019. *Educational Researcher*, 51(8), 544-546.

Munter, C., & Wilhelm, A. G. (2021). Mathematics teachers’ knowledge, networks, practice, and change in instructional visions. *Journal of Teacher Education*, 72(3), 342-354.

Murray-Orr, A., & Mitton-Kukner, J. (2017). An exploratory case study of one early career teacher’s evolving teaching practice in northern Canada. *McGill Journal of Education*, 52(1), 71-92.

Myers, J., Lambert, C., & Howard, C. (2022). Examining Novice Teachers’ Professional Identities. *Teacher Education Quarterly*, 49(3), 6-26.

Neumann, J. W. (2016). Examining mandated testing, teachers’ milieu, and teachers’ knowledge and beliefs: Gaining a fuller understanding of the web of influence on teachers’ classroom practices. *Teachers College Record*, 118(2), 1-50.

Nolen, S. B., Horn, I. S., Ward, C. J., & Childers, S. A. (2011). Novice teacher learning and motivation across contexts: Assessment tools as boundary objects. *Cognition and Instruction*, 29(1), 88-122.

Nolen, S. B., Ward, C. J., & Horn, I. S. (2012). Methods for taking a situative approach to studying the development of motivation, identity, and learning in multiple social contexts. *European Journal of Psychology of Education*, 27, 267-284.

Orlando, J. (2013). ICT-mediated practice and constructivist practices: Is this still the best plan for teachers’ uses of ICT?. *Technology, Pedagogy and Education*, 22(2), 231-246.

Ottenbreit-Leftwich, A., Liao, J. Y. C., Sadik, O., & Ertmer, P. (2018). Evolution of teachers’ technology integration knowledge, beliefs, and practices: How can we support beginning teachers use of technology?. *Journal of Research on Technology in Education*, 50(4), 282-304.

Parsons, S. A., Davis, S. G., Scales, R. Q., Williams, J. B., & Kear, K. (2010). How and why teachers adapt their literacy instruction. Mentoring literacy professionals: Continuing the spirit of CRA/ALER after, 50, 221-236.

Parsons, S. A., Malloy, J. A., Vaughn, M., & La Croix, L. (2014). A longitudinal study of literacy teacher visioning: Traditional program graduates and Teach For America corps members. *Literacy Research and Instruction*, 53(2), 134-161.

Parsons, S. A., Vaughn, M., Malloy, J. A., & Pierczynski, M. (2017). The development of teachers' visions from preservice into their first years teaching: A longitudinal study. *Teaching and Teacher Education*, 64, 12-25.

Pellikka, A., Lutovac, S., & Kaasila, R. (2022). The change in pre-service primary teachers' possible selves in relation to science teaching. *European Journal of Teacher Education*, 45(1), 43-59.

Quigley, C.F., Herro, D., Baker, A. (2019). Moving Toward Transdisciplinary Instruction: A Longitudinal Examination of STEAM Teaching Practices. In: Khine, M.S., Areepattamannil, S. (Eds.), *STEAM Education (pp. 143-164)*. Springer, Cham.

Rakes, L., Powell, R. L., Blevins, B., & Giordano, V. (2023, January). Navigating the roles of the school-based teacher educator: Mentor teachers' and teacher candidates' perceptions. In *The Educational Forum* 87(1), 73-89. Routledge.

Rearden, K. T., & Bertling, J. G. (2019). From Sharks to "The Big Ugly": A Rural Art Teacher's Transition to Place-Based Education. *Rural Educator*, 40(3), 49-61.

Redding, C., & Baker, D. J. (2019). Understanding racial/ethnic diversity gaps among early career teachers. *AERA Open*, 5(2), 2332858419848440.

Redding, C., & Smith, T. M. (2019). Supporting early career alternatively certified teachers: Evidence from the beginning teacher longitudinal survey. *Teachers College Record*, 121(11), 1-32.

Richardson, P. W., Watt, H. M., & Devos, C. (2013). Types of professional and emotional coping among beginning teachers. In *Emotion and school: Understanding how the hidden curriculum influences relationships, leadership, teaching, and learning (pp. 229-253)*. Emerald Group Publishing Limited.

Rigby, J. G., Andrews-Larson, C., & Chen, I. C. (2020). Learning opportunities about teaching mathematics: A longitudinal case study of school leaders' influence. *Teachers College Record*, 122(7), 1-44.

Rinke, C. R. (2011). Career trajectories of urban teachers: A continuum of perspectives, participation, and plans shaping retention in the educational system. *Urban Education*, 46(4), 639-662.

Rodriguez, A. J. (2015). Managing institutional and sociocultural challenges through sociotransformative constructivism: A longitudinal case study of a high school science teacher. *Journal of Research in Science Teaching*, 52(4), 448-460.

- Roloff, J., Klusmann, U., Lüdtke, O., & Trautwein, U. (2020). The predictive validity of teachers' personality, cognitive and academic abilities at the end of high school on instructional quality in Germany: A longitudinal study. *AERA Open*, 6(1), 2332858419897884.
- Ronfeldt, M., & McQueen, K. (2017). Does new teacher induction really improve retention?. *Journal of Teacher Education*, 68(4), 394-410.
- Sani, N., & Burghes, D. (2022). Longitudinal study of 'retraining' non-maths specialist teachers to become capable, confident teachers of mathematics. *International Journal of Mathematical Education in Science and Technology*, 53(9), 2438-2464.
- Santagata, R., & Yeh, C. (2016). The role of perception, interpretation, and decision making in the development of beginning teachers' competence. *ZDM*, 48, 153-165.
- Santoro, N. (2013). 'I really want to make a difference for these kids but it's just too hard': one Aboriginal teacher's experiences of moving away, moving on and moving up. *International Journal of Qualitative Studies in Education*, 26(8), 953-966.
- Scales, R. Q., Wolsey, T. D., Lenski, S., Smetana, L., Yoder, K. K., Dobler, E., ... & Young, J. R. (2018). Are we preparing or training teachers? Developing professional judgment in and beyond teacher preparation programs. *Journal of Teacher Education*, 69(1), 7-21.
- Shelton, S. A. (2015). The sociocultural factors that influence a novice teacher's LGBT activism. *Teaching Education*, 26(1), 113-130.
- Sickel, A. J., & Friedrichsen, P. (2015). Beliefs, practical knowledge, and context: A longitudinal study of a beginning biology teacher's 5 e unit. *School Science and Mathematics*, 115(2), 75-87.
- Sickel, A. J., & Friedrichsen, P. (2018). Using multiple lenses to examine the development of beginning biology teachers' pedagogical content knowledge for teaching natural selection simulations. *Research in Science Education*, 48, 29-70.
- Singh, H., Luft, J. A., & Napier, J. B. (2021). The development of ePCK of newly hired in-field and out-of-field teachers during their first three years of teaching. *European Journal of Teacher Education*, 44(5), 611-626.
- Skott, J. (2019). Changing experiences of being, becoming, and belonging: Teachers' professional identity revisited. *ZDM*, 51(3), 469-480.
- Smetana, L. K., & Kushki, A. (2021). Exploring career change transitions through a dialogic conceptualization of science teacher identity. *Journal of Science Teacher Education*, 32(2), 167-187.

- Smith, C., & Golding, J. (2018). Teaching A-level in early career: induction, support and professional learning. *Teaching Mathematics and its Applications: An International Journal of the IMA*, 37(2), 55-68.
- Somerville, M., & Rennie, J. (2012). Mobilising community? Place, identity formation and new teachers' learning. *Discourse: Studies in the Cultural Politics of Education*, 33(2), 193-206.
- Swain, J. M., & Cara, O. (2010). Skills for life teachers' career pathways in the learning and skills sector, 2004–2007: part-time jobs for part-time workers. *Journal of Vocational Education and Training*, 62(3), 257-271.
- Sydnor, J. (2014). Negotiating discourses of learning to teach: Stories of the journey from student to teacher. *Teacher Education Quarterly*, 41(4), 107-120.
- Sydnor, J. (2017). "I didn't realize how hard it would be!": Tensions and transformations in becoming a teacher. *Action in Teacher Education*, 39(2), 218-236
- Tannehill, D., & MacPhail, A. (2017). Teacher empowerment through engagement in a learning community in Ireland: Working across disadvantaged schools. *Professional Development in Education*, 43(3), 334-352.
- Thompson, J., Windschitl, M., & Braaten, M. (2013). Developing a theory of ambitious early-career teacher practice. *American Educational Research Journal*, 50(3), 574-615.
- Thomson, M. M., Walkowiak, T. A., Whitehead, A. N., & Huggins, E. (2020). Mathematics teaching efficacy and developmental trajectories: A mixed-methods investigation of novice K-5 teachers. *Teaching and Teacher Education*, 87, 102953.
- Tokoz Goktepe, F., & Kunt, N. (2023). Obstructions in normative teacher identity development: A case study in Turkey. *Professional Development in Education*, 49(3), 442-457.
- Tolgfors, B., Quennerstedt, M., Backman, E., & Nyberg, G. (2023). A PE teacher's tale: journeying from teacher education to teaching practice in physical education. *Sport, Education and Society*, 1-13.
- Tondeur, J., Pareja Roblin, N., van Braak, J., Voogt, J., & Prestridge, S. (2017). Preparing beginning teachers for technology integration in education: Ready for take-off?. *Technology, Pedagogy and Education*, 26(2), 157-177.
- Ulusoy, M. (2022). A metaphorical journey from pre-service to in-service years: A longitudinal study of the concepts of the student and the teacher. *Teaching and Teacher Education*, 115, 103726.
- Viviani, W., Brantlinger, A., & Grant, A. A. (2023). Teacher preparedness and retention. *Teacher Education Quarterly*, 50(3), 54-77.

- Vo, T., Forbes, C., Zangori, L., & Schwarz, C. V. (2019). Longitudinal investigation of primary inservice teachers' modelling the hydrological phenomena. *International Journal of Science Education, 41*(18), 2788-2807.
- Wall, C. R. G. (2018). Development through dissonance: A longitudinal investigation of changes in teachers' educational beliefs. *Teacher Education Quarterly, 45*(3), 29-51.
- Whitfield, J., Banerjee, M., Waxman, H. C., Scott, T. P., & Capraro, M. M. (2021). Recruitment and retention of STEM teachers through the Noyce Scholarship: A longitudinal mixed methods study. *Teaching and Teacher Education, 103*, 103361.
- Wong, S. S., & Luft, J. A. (2015). Secondary science teachers' beliefs and persistence: A longitudinal mixed-methods study. *Journal of Science Teacher Education, 26*, 619-645.
- Woodhouse, J., & Pedder, D. (2017). Early career teachers' perceptions and experiences of leadership development: balancing structure and agency in contrasting school contexts. *Research Papers in Education, 32*(5), 553-577.
- Xu, Z., Özek, U., & Hansen, M. (2015). Teacher performance trajectories in high-and lower-poverty schools. *Educational Evaluation and Policy Analysis, 37*(4), 458-477.
- Yeh, C. (2017). Math is More Than Numbers: Examining Beginning Bilingual Teachers' Mathematics Teaching Practices and Their Opportunities to Learn. (2017). *Journal of Urban Mathematics Education, 10*(2), 106-139.
- Zach, S., Dunsky, A., Stein, H., Litvin, O., & Hellerstein, D. (2020). Novice physical education teachers in Israel: facilitators and barriers to persistence in the profession. *Sustainability, 12*(9), 3830.
- Zahner, W., Chapin, S., Levine, R., He, L. A., & Afonso, R. (2019). Examining the recruitment, placement, and career trajectories of secondary mathematics teachers prepared for high-need schools. *Teachers College Record, 121*(2), 1-36.
- Zhang, G., & Zeller, N. (2016). A longitudinal investigation of the relationship between teacher preparation and teacher retention. *Teacher Education Quarterly, 43*(2), 73-92.
- Zumwalt, K., Natriello, G., Randi, J., Rutter, A., & Sawyer, R. (2017). Learnings from a longitudinal study of New Jersey alternate route and college-prepared elementary, secondary English, and secondary math teachers. *Teachers College Record, 119*(14), 1-54.

Aguisín 1

TÉARMAÍ:

longitudinal* OR “longitudinal study” OR “professional life cycle” OR “accelerated longitudinal” OR “longitudinal design”

AGUS

“student teacher” OR “prospective teacher” OR “newly qualified teacher*” OR “novice teacher*” OR “teacher education” OR “inservice” OR “first year teach*” OR “pre service teacher*” OR “continu* professional development” OR “begin* teacher” OR “VET teach*” OR “vocational teach*” OR “early career teach*” OR “teach* candidate*” OR “further education” OR “teach* career” OR “teach* supply” OR “teacher retention” OR “teacher* lives” OR “teacher development”

NÍL

Medi*

EFL

ESL

1. Web of Science

((((TS=(longitudinal* OR “longitudinal study” OR “professional life cycle” OR “accelerated longitudinal” OR “longitudinal design”)) AND TS=(“student teacher” OR “prospective teacher” OR “newly qualified teacher*” OR “novice teacher*” OR “teacher education” OR “inservice” OR “first year teach*” OR “pre service teacher*” OR “continu* professional development” OR “begin* teacher” OR “VET teach*” OR “vocational teach*” OR “early career teach*” OR “teach* candidate*” OR “further education” OR “teach* career” OR “teach* supply” OR “teacher retention” OR “teacher* lives” OR “teacher development”)) NOT TS=(medi*)) NOT TS=(EFL)) NOT TS=(ESL)

2. SCOPUS

TITLE-ABS-KEY (longitudinal* OR "longitudinal study" OR "professional life cycle" OR "accelerated longitudinal" OR "longitudinal design") AND TITLE-ABS-KEY ("student teacher" OR "prospective teacher" OR "newly qualified teacher*" OR "novice teacher*" OR "teacher education" OR "inservice" OR "first year teach*" OR "pre service teacher*" OR "continu* professional development" OR "begin* teacher" OR "VET teach*" OR "vocational teach*" OR "early career teach*" OR "teach* candidate*" OR "further education" OR "teach* career" OR "teach* supply" OR "teacher retention" OR "teacher* lives" OR "teacher development") AND NOT TITLE-ABS-KEY (medi* OR efl OR esl) AND PUBYEAR > 1974 AND PUBYEAR < 2025 AND (EXCLUDE (SUBJAREA , "MEDI") OR EXCLUDE (SUBJAREA , "HEAL") OR EXCLUDE (SUBJAREA , "NURS") OR EXCLUDE (SUBJAREA , "BUSI") OR EXCLUDE (SUBJAREA , "ECON") OR EXCLUDE (SUBJAREA , "PHAR") OR EXCLUDE (SUBJAREA , "DENT")

)) AND (LIMIT-TO (DOCTYPE , "ar") OR LIMIT-TO (DOCTYPE , "ch") OR LIMIT-TO (DOCTYPE , "re") OR LIMIT-TO (DOCTYPE , "bk")) AND (LIMIT-TO (LANGUAGE , "English"))

3. EBSCO

Cuardaigh: (TI (longitudinal* OR “longitudinal study” OR “professional life cycle” OR “accelerated longitudinal” OR “longitudinal design”) OR AB (longitudinal* OR “longitudinal study” OR “professional life cycle” OR “accelerated longitudinal” OR “longitudinal design”)) AND (TI (“student teacher” OR “prospective teacher” OR “newly qualified teacher*” OR “novice teacher*” OR "teacher education" OR "inservice" OR “first year teach*” OR “pre service teacher*” OR "continu* professional development" OR “begin* teacher” OR "VET teach*" OR "vocational teach*" or "early career teach*" OR "teach* candidate*" OR “further education” OR “teach* career” OR “teach* supply” OR “teacher retention” OR “teacher* lives” OR “teacher development”) OR AB (“student teacher” OR “prospective teacher” OR “newly qualified teacher*” OR “novice teacher*” OR "teacher education" OR "inservice" OR “first year teach*” OR “pre service teacher*” OR "continu* professional development" OR “begin* teacher” OR "VET teach*" OR "vocational teach*" or "early career teach*" OR "teach* candidate*" OR “further education” OR “teach* career” OR “teach* supply” OR “teacher retention” OR “teacher* lives” OR “teacher development”))

Teorainneacha: 1970-2014_ Ailt as Irisí/Leabhar_ Piarmheasúnaithe_ Béarla:

NÓTA DEIREADH

Tosaigh

- Scopus: 1095
- Web of Science: 938
- EBSCO: 894 (Easpórtáladh 1048 páipéar ó EBSCO. Mar sin féin, fuarthas le Endnote 154 cóip, rud a fhágann go bhfuil 894 san iomlán ann)

Tagairtí iompórtáilte	2927
CÓIPEANNA	1122
Líon iomlán na dtagairtí	1805

4. Tráchtas

- ProQuest: 889
- ERIC (Tráchtas): 102

Iomlán easpórtáilte	991
-Cóipeanna	78
Iomlán	913

Caibidil 3. Staidéir idirnáisiúnta mhórsála in oideachas múinteoirí atá dírithe ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht: Athbhreithniú scóipe

Achoimre

Cuspóir: Ba é ba chuspóir don athbhreithniú scóipe scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna teoraithe taighde, forbairt agus úsáid ionstraime, agus léargais a soláthraíodh le staidéir mhórsála idirnáisiúnta ar oideachas múinteoirí ó 1990 go 2023 lena díriodh ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht.

Critéir áirimh: Cuireadh tuarascálacha taighde, caibidílí leabhar agus páipéir phiarmheasúnaithe as irisí san áireamh má foilsíodh iad sa tréimhse idir 1990 agus 2023, má scríobhadh iad i mBéarla nó i Spáinnis, má tuairiscíodh sonraí iontu a tháinig ó staidéir idirnáisiúnta ar mhórsála agus má bhí siad dírithe ar mhúinteoirí a bhí ag múineadh in earnálacha an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais nó an bhreisoideachais. Bhí staidéir a bhí dírithe ar mhúinteoirí i dtír amháin incháilithe má úsáideadh iontu sonraí náisiúnta ó staidéir mórsála idirnáisiúnta (e.g. TIMMS, TALIS, PIRLS) chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheist a bhí tábhachtach dá gcomhthéacs oideachais múinteoirí náisiúnta.

Modhanna: Sa staidéar, leanadh treoirínte PRISMA (Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí) le haghaidh athbhreithnithe scóipe agus na cúig chéim seo a leanas á n-úsáid: scóipiú, cuardach, scagadh, asbhaint sonraí agus anailís sonraí (Page et al., 2021). Trí úsáid a bhaint as trí bhunachar sonraí bhibleagrafacha (Scopus, EBSCO agus Web of Science) rinneadh cuardach ar na blianta ó 1970 go 2023. Iompórtáladh na staidéir a áiríodh le haghaidh anailíse isteach san Athbhreithneoir um Fhianaise le haghaidh Beartais agus Faisnéis ar Chleachtas (EPPI), clár atá bunaithe ar an ngréasán chun sonraí a bhainistiú agus a anailísiú in athbhreithnithe (Thomas et al., 2010). Bhain na taighdeoirí úsáid as an athbhreithneoir EPPI chun dúblaigh a shainithint, scagadh, códú agus asbhaint sonraí.

Torthaí: Fuarthas 754 staidéar mar thoradh ar an gcuardach tosaigh, formhór acu a thuairiscigh sonraí ó TALIS 2008, TALIS 2013 agus TALIS 2018. Tar éis asbhaint sonraí a éascaíodh le EPPI, fuarthas 202 alt ón bpróiseas. Rinneadh athbhreithniú téacs iomlán ar ochtó a seacht alt inar scrúdaíodh múinteoirí agus an mhúinteoireacht in dhá thír nó níos mó. Mar sin féin, rinneadh anailís teidil agus achoimre ar leith (tuairiscítear san aguisín) ar an bhfothacar staidéar sainaitheanta inar scrúdaíodh tacar sonraí náisiúnta mór, a bhí dírithe go minic ar na mílte múinteoir agus a gineadh ó staidéar comparáideach (amhail TALIS).

Conclúidí: Sainithnítear leis na sonraí ón athbhreithniú scóipe seo riachtanais forbartha gairmiúla idirnáisiúnta agus feabhsaítear leo dálaí múinteoireachta agus foghlama trí léargais chuimsitheacha a sholáthar ar chleachtais múinteoirí agus ar thimpeallachtaí scoile. Dá bhrí sin táthar in ann anailís chomparáideach a dhéanamh le tíortha eile, rud a chabhraíonn le dea-chleachtais a ghlacadh agus dul chun cinn a thagarmharcáil le himeacht ama. I bhfianaise fhócas TALIS ar fhoghlaim, ar mhúinteoirí agus ar an timpeallacht mhúinteoireachta, tá sé thar a bheith tábhachtach i gcomhthéacs TGM. Níor ghlac Éire páirt in TALIS ó bhí 2008 ann, cé gur

ghlac sí páirt i staidéir thrasnáisiúnta éagsúla eile, i.e. ECFE PISA, PIRLS, TIMSS-R. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh úsáid roinnt tógán agus/nó scálaí de chuid TALIS i staidéar TGM cur le hinchomparáideacht idirnáisiúnta TGM. Chuideodh rannpháirtíocht sna staidéir sin, agus in TALIS go háirithe, le dul chun cinn a thagarmharcáil le himeacht ama agus, de bharr na rannpháirtíochta sin, chuirfí faisnéis luachmhar ar fáil, rud a d'fhéadfadh a bheith bunriachtanach chun beartais a cheapadh, eolas a dhéanamh do riachtanais forbartha gairmiúla múinteoirí agus torthaí oideachais a fheabhsú.

Buaicphointí

- Bíonn tionchar mór ag luachanna agus creidimh múinteoirí i leith na múinteoireachta agus na foghlama ar chleachtais ranga agus forbairt ghairmiúil gach múinteora.
- Trí scrúdú a dhéanamh ar bhraistintí múinteoirí maidir lena n-inniúlacht chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí i gcomhthéacsanna scoile éagsúla, díritear aird ar thrí réimse thábhachtacha: saoirse ghairmiúil múinteoirí, éifeachtúlacht múinteoirí agus sásamh múinteoirí leis an bpost.
- Leagtar béim le staidéir ar thionchar mór na gcultúr scoile comhoibríoch tacúil maidir le nuálaíocht a chothú, forbairt ghairmiúil leanúnach a éascú, sásamh leis an bpost a fheabhsú, féinéifeachtúlacht agus folláine fhoriomlán a chur chun cinn i measc múinteoirí.
- Le comparáidí idir foghlaim ghairmiúil múinteoirí cuirtear fianaise láidir ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha múinteoirí mar chleachtas lárnach agus éifeachtach chun foghlaim ghairmiúil a fheabhsú, go háirithe cleachtais ghairmiúla atá leabaithe i gcleachtais laethúla múinteoirí, fiosruithe múinteoirí faoin múinteoireacht a spreagadh agus tacú le foghlaim chomhoibríoch múinteoirí.
- In go leor staidéar a baineadh amach tagraíodh do na dúshláin a bhaineann le múinteoirí ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil. Soláthraítear léargais luachmhara leo ar an gcaoi a bhféadfaidh cultúr dearfach scoile ina dtacaítear le múinteoirí páirt a ghlacadh i gcultúr cinnteoireachta comhoibríche a bheith ina chúis le hardleibhéil sásaimh leis an bpost i measc múinteoirí, fiú i scoileanna ardbhohtaineachta agus i dtíortha ina bhfuil ardleibhéil laghdaithe múinteoirí.

Réamhrá: Comhthéacs staidéar mórscála trasnáisiúnta ar an múinteoireacht

Is tosaíocht í foghlaim agus forbairt múinteoirí in go leor tíortha. Tá tionchar ag tosaíochtaí áitiúla agus náisiúnta éagsúla ar fhorbairt samhlacha éagsúla oideachais múinteoirí. Cé go bhfuil staidéar comparáideach ar oideachas seanbhunaithe sa litríocht taighde, is rud réasúnta nua é staidéar a dhéanamh ar oideachas múinteoirí trí staidéir idirnáisiúnta ar mhórscála. Tá sé mar aidhm ag na staidéir chuimsitheacha seo scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar chastacht forbartha múinteoirí, agus soláthraítear iontu léargais luachmhara ar thionchair fhadtéarmacha cur chuige, beartas agus cleachtas oideolaíocha ar mhúinteoirí agus ar a ndaltaí araon. De réir mar a dhéanann tíortha iarracht éifeachtacht a gcóras oideachais a fheabhsú, tá gealladh faoin réimse atá ag teacht chun cinn maidir le staidéir fhadtéarmacha ar mhórscála ar oideachas múinteoirí mar bhealach chun cinnteoireacht fheasach agus feabhsú leanúnach a bhaint amach (Kirsch et al., 2013; Verger et al., 2019). Mar a leagann Adey et al. (2017) béim air, tá measúnuithe mórscála “i gcroílár na bpróiseas beartais oideachais dhomhanda sa lá atá inniu ann agus, dá réir sin, tá tuiscint níos fearr ar an scaipeadh idirnáisiúnta rithábhachtach chun beartas oideachais dhomhanda a chur chun cinn mar réimse staidéir” (lch 450).

Le hathbhreithniú scóipe dá réir sin, is féidir mapáil agus sintéis chríochnúil a dhéanamh ar litríocht idirnáisiúnta atá ann cheana féin, tíortha, córais oideachais agus samhlacha forbartha múinteoirí éagsúla san áireamh thar an tréimhse shonraithe. Ina theannta sin, ós rud é go mbíonn modheolaíochtaí éagsúla i gceist go minic le staidéir idirnáisiúnta ar mhórscála, is féidir raon leathan dearaí staidéir a áireamh de bharr mhodheolaíocht an athbhreithnithe scóipe, rud a chuireann tuiscint iomlánaíoch chun cinn ar cheisteanna taighde éagsúla agus ar fhorbairt agus úsáid ionstraimí i staidéir a bhaineann le foghlaim múinteoirí. Trí athbhreithniú scóipe a ghlacadh, mar atá luaite ag Peterson et al. (2017), is féidir le taighdeoirí bearnaí, treochotha agus patrúin sa litríocht a shainiú, rud a sholáthraíonn bunús d’fhorbairt taighde agus do bhreithnithe beartais i réimse dinimiciúil oideachais múinteoirí idirnáisiúnta.

Cuspóirí

Ba é ba chuspóir don athbhreithniú scóipe scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna treoraithe taighde, forbairt agus úsáid ionstraimí, agus léargais a soláthraíodh le staidéir mhórscála idirnáisiúnta ar oideachas múinteoirí ó 1990 go 2023 lenár díriodh ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht. Baineadh úsáid as creat PICO chun téarmaí cuardaigh a dhíorthú chun cuntas a thabhairt ar ár gcomhthéacs oideachais ar leith (Tai et al., 2020). Ar dtús, sainiú na critéir incháilitheachta don daonra (P) mar mhúinteoirí inseirbhíse ar fud an chontanaim ghairmiúil (e.g. ionduchtú nó gairmí leanúnach). Bhí staidéir thaighde chomparáideacha a rinneadh chun scrúdú a dhéanamh ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht in dhá thír nó níos mó (I) sna critéir incháilitheachta chun an feiniméan spéise a shainiú. Féadfar iad sin a sheachadadh i suíomhanna foirmiúla (scoil/coláiste) nó neamhfhoirmiúla (clubanna, campais) ó shuíomhanna luath-óige go suíomhanna ollscoile fochéime agus iarchéime. Ar deireadh, ba éard a bhí i gceist leis an gcomhthéacs (Co) ná múinteoirí a bhí ag cleachtadh I mbunoideachas, iar-bhunoideachas agus i mbreisoideachas.


Modheolaíocht

Leanadh na treoirlínte sa Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí le haghaidh athbhreithnithe scóipe (PRISMA-ScR). Roimh thús an athbhreithnithe, dhréachtaigh an fhoireann taighde prótacal agus rinne sí athbhreithniú air; ach níor cláraíodh go foirmiúil é.

Critéir incháilitheachta: Le go mbeidís san áireamh san athbhreithniú, bhí gá le tuairisciú i bpáipéir ar shonraí a tháinig ó staidéar idirnáisiúnta mórsála a bhí dírithe ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht. Áiríodh tuarascálacha taighde, caibidlí leabhair agus páipéir phiarmheasúnaithe ó irisí má chomhlíon siad na critéir seo a leanas: foilsíodh idir an tréimhse 1990 agus 2023 iad, scríobhadh i mBéarla nó i Spáinnis iad, tuairiscíodh ar shonraí a tháinig ó staidéar idirnáisiúnta mórsála iontu agus bhí siad dírithe ar mhúinteoirí a bhí ag múineadh in earnálacha an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais nó an bhreisoideachais. In go leor staidéar rinneadh scrúdú ar shonraí ó dhá thír ar a laghad. Mar sin féin, bhí staidéir a bhí dírithe ar mhúinteoirí i dtír amháin incháilithe má úsáideadh sonraí náisiúnta ó staidéar idirnáisiúnta mórsála (e.g., TIMMS, TALIS, PIRLS) chun saincheist ábhartha ina dtírdhreach náisiúnta oideachais múinteoirí a scrúdú. Cuireadh staidéir chainníochtúla agus modhanna measctha san áireamh chun dearcthaí éagsúla agus sonraí saibhre a bhain leis na saincheisteanna a scrúdaíodh a sholáthar.

Foinsí faisnéise agus straitéis chuardaigh: Chun doiciméid ábhartha a shainnithint, rinneadh cuardach ar na bunachair sonraí bhibleagrafacha seo a leanas ó 1990 go dtí mí Eanáir 2023: Scopus, EBSCO agus Web of Science. Rinne an fhoireann taighde dréachtú agus scagadh ar na straitéisí cuardaigh i gcomhairle le leabharlannaí a bhfuil taithí aige. Tugtar tuairisc ar an straitéis chuardaigh deiridh agus na téarmaí cuardaigh in Aguisín 1. Rinneadh na torthaí cuardaigh deiridh a easpórtáil isteach in EndNote agus baineadh dúblaigh. Chun cur leis an gcuardach ar an mbunachar sonraí leictreonach, rinneadh cuardach láimhe ar an iris *Large-Scale Assessments in Education* agus rinneadh scanadh ar léirmheasanna ábhartha.

Roghnú foinsí fianaise: Aimsíodh 754 staidéar san iomlán. Iompórtáladh na staidéir a áiríodh le haghaidh anailíse isteach san Athbhreithneoir um Fhianaise le haghaidh Beartais agus Faisnéis ar Chleachtas (EPPI), clár atá bunaithe ar an ngréasán chun sonraí a bhainistiú agus a anailísiú in athbhreithnithe (Thomas et al., 2010). Baineadh úsáid as an athbhreithneoir EPPI ansin chun dúblaigh a shainnithint agus scagadh a dhéanamh orthu. Fuarthas leis 257 tagairt dhúblach bhreise, scríosadh iad sin agus fágadh 497 staidéar san iomlán. Chun comhsheasmhacht a mhéadú i measc athbhreithneoirí, baineadh úsáid as an athbhreithneoir EPPI chun 50 páipéar a shainnithint agus a shannadh do bheirt athbhreithneoirí a d'úsáid na critéir incháilitheachta chódaithe chun seiceáil a dhéanamh ar theideal agus achoimre an staidéir chun ábharthacht gach staidéir a chinneadh. Gineadh tuarascáil chomparáide ar na cinntí a rinne an bheirt athbhreithneoirí trí EPPI. I gcrúinniú ina dhiaidh sin idir an bheirt athbhreithneoirí pléadh na cinntí, réitíodh coinbhleachtaí agus leasaíodh na cóid scagtha bunaithe ar an bplé. Baineadh úsáid as an athbhreithneoir EPPI chun an 440 staidéar eile a dháileadh idir an bheirt athbhreithneoirí le go ndéanfaidís códú neamhspleách orthu. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an teideal agus ar an achoimre, eisiadh 277 páipéar agus roghnaíodh 220 le haghaidh athbhreithniú iomlán páipéir (Léaráid 1).



Léaráid 3.1. Sreabhléaráid PRISMA le haghaidh an athbhreithnithe scóipe.


Asbhaint sonraí: D’fhorbair beirt athbhreithneoirí sraith critéar áirimh/eisiaimh agus d’úsáid siad ar bhonn píolótach iad. Réitíodh ceisteanna a tháinig chun cinn faoi na critéir trí phlé ar dtús idir an bheirt athbhreithneoirí agus cuireadh faoi bhráid na foirne taighde ní ba leithne le haghaidh tuilleadh plé iad. Baineadh sonraí faoi gach staidéar as an mbunachar sonraí EPPI-Reviewer (<https://eppi.ioe.ac.uk/EPPIReviewer-Web>). Rinneadh tástáil phíolótach ar an bhfoirm asbhainte sonraí ar dtús trí fhaisnéis a bhaint as sampla de na staidéir (I=5), agus rinneadh athbhreithnithe ar na cóid asbhainte san athbhreithneoir EPPI. D’oibrigh beirt athbhreithneoirí go neamhspleách ansin chun sonraí a asbhaint ón 220 staidéar a áiríodh.

D’asbhaineamar sonraí ar (a) thréithe staidéir (e.g. údar, bliain foilsitheoireachta, tír thionscnaimh etc.), (b) tréithe sampla (e.g. líon na rannpháirtithe, líon na dtíortha comparáide, ainm an mheasúnaithe mórscála etc.) agus (c) téamaí staidéir (e.g. creidimh ghinearálta agus creidimh a bhaineann go sonrach leis an ábhar faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim, meon múinteoirí, tionchar foghlama gairmiúla agus taitní ghairme múinteoirí, saincheisteanna a bhaineann le soláthar múinteoirí, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí).

Rinne an bheirt athbhreithneoirí na sonraí a asbhaineadh a chatagóiriú go neamhspleách chun an taighde atá ann cheana a bhaineann le staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta ar mhórscála a aicmiú agus a achoimriú. Bhuail athbhreithneoirí le chéile chun na téamaí a forbraíodh go neamhspleách a phlé, iad a chur i gcomparáid le chéile agus ina dhiaidh sin chun téamaí nua a fheabhsú agus/nó a ghiniúint. Bhí gá le féachaint arís ar na sonraí a asbhaineadh agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh na sonraí sin go dtí gur thángthas ar chomhaontú faoi na téamaí coiteanna. Le linn an phróisis, eisiadh 18 staidéar bhreise mar nár chomhlíon siad na critéir áirimh; dá bhrí sin, rinneadh athbhreithniú ar 202 staidéar san iomlán.


Torthaí

Bhí 202 alt mar thoradh ar an athbhreithniú scóipe seo inar úsáideadh sonraí ó staidéir idirnáisiúnta mhórscála in oideachas múinteoirí. Ós rud é gur ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht a bhí fócas an athbhreithnithe scóipe, tuairiscítear i bhformhór na staidéar a asbhaineadh ar shonraí ó TALIS 2008, TALIS 2013 agus TALIS 2018 agus tuairiscítear i líon níos lú ar shonraí ó TIMSS, PIRLS agus PISA (féach Léaráid 1).



Léaráid 3.2. Foinse sonraí lena gcruthaítear an staidéar mórscála.

Ba é an aidhm tosaigh againn díriú ar staidéir thaighde chomparáideacha amháin ina ndearnadh scrúdú ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht in dhá thír nó níos mó, bhí 87 staidéar sa chatagóir sin agus tá anailís téacs iomlán na staidéar sin tuairiscithe sna torthaí thíos. Mar sin féin, bhí go leor staidéar ann a raibh baint ag na mílte múinteoirí ar fud na gcéadta scoileanna leo ina ndearnadh scrúdú ar shraith sonraí náisiúnta (mar shampla, múinteoirí in SAM nó sa tSín) ag baint úsáid as sonraí a gineadh ó staidéar comparáideach idirnáisiúnta amhail TALIS. Cé nach raibh na staidéir sin dírithe ach ar thír amháin, agus cé gur sháraigh siad ár gcritéar tosaigh maidir le dhá thír nó níos mó a chur i gcomparáid le chéile, tugadh léargas iontu ar shaincheistean tábachtacha a bhaineann le múinteoirí agus leis an múinteoireacht laistigh de na dlínsí oideachais sin; d’fhéadfadh na léargais sin a bheith ábhartha freisin i gcomhthéacs náisiúnta amhail Éire. Dá bhrí sin, rinneadh anailís teidil agus achoimre ar na staidéir sin agus tá na torthaí tuairiscithe in Aguisín 2. Díorthaítear tuairiscíú na dtorthaí go díreach ó na cuspóirí taighde agus ó na ceistean atá mar bhonn le staidéar fadaimseartha TGM (féach Léaráid 3.3). Bhí asbhaint sonraí á treorú ag sraith cód a forbraíodh ó chúig chuspóir taighde TGM, mar a léirítear i Léaráid 2 agus atá luaite thíos i dTábla 1 mar cheistean 1 go 5.



Léaráid 3.3. Aidhm agus cuspóirí athbhreithniú téacs iomlán TGM.

Tábla 3.1. Cuspóirí TGM, Ceisteanna/Téamaí Códaithe agus ‘Athbhreithniú ar Staidéir Dheiridh’

	Fothéama (líon na n-alt)
C1. Cur síos ar an duine féin mar mhúinteoir	Creidimh múinteoirí maidir lena luach agus leis an méid a chuireann siad leis an tsochaí (I=2)
	Creidimh múinteoirí faoina ndearcadh i leith na múinteoireachta agus na foghlama agus an gaol atá aige le sásamh leis an bpost agus folláine múinteoirí (I=3)
	Tionchar an chineáil scoile agus conas a mhúnlaíonn sé sin luachanna agus creidimh múinteoirí faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim (I=5)
C2. Meastóireacht ar an duine féin mar mhúinteoir	Saoirse ghairmiúil múinteoirí (I = 9)
	Éifeachtúlacht múinteoirí (I=11)
	Sásamh múinteoirí leis an bpost (I=14)
C3: Tionchar foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí	Tionchar an chomhoibrithe agus na hoibre foirne ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí (I=10)
	Tuairimí múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil éifeachtach (I=3)
C4. Tosaíochtaí/beartais náisiúnta	Cumas OTM, Droichead agus Cosán, chun freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d’fhorbairtí beartais agus cleachtais (I=5¹⁰)
C5. Soláthar múinteoirí	Soláthar múinteoirí (I=5¹¹)

Ceist Taighde 1: Cur síos a dhéanamh ar an duine féin mar mhúinteoir

In ainneoin thábhacht an ábhair, agus bunaithe ar ár n-athbhreithniú scóipe, tá bearna shuntasach i dtaighde measúnuithe mórscála, atá dírithe ar dhearcchá, luachanna, creidimh agus eispéiris fhoirmitheacha múinteoirí tosaigh maidir leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim. Is gnách le múinteoirí ‘a seomraí ranga a struchtúru de réir a gcreideamh faoi mhúinteoireacht agus foghlaim éifeachtach, an chaoi ar cheart dóibh a gcuid oibre a dhéanamh, an chaoi a bhfoghlaimíonn a ndaltaí agus conas ceachtanna agus seomraí ranga a struchtúru chun foghlaim a fheabhsú san áireamh’ (ECFE, 2014, lch 151). Maidir leis na creidimh faoina


¹⁰ Tuairiscítear staidéir ina scrúdaítear minicíocht agus tréithe cleachtas forbartha gairmiúla i scoileanna níos luaithe faoi cheist taighde 3.

¹¹ Cé gur tagraíodh i gcuid mhór de na staidéir a asbhaineadh do ghanntanas múinteoirí agus do na dúshlán a bhaineann le múinteoirí ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil, níor tagraíodh ach i gceann amháin do mhúinteoirí nua.

bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim, úsáidtear prótacal TALIS 2013 chun na sonraí sin a bhailiú tríd an gceistneoir múinteoirí. Iarrtar ar mhúinteoirí a dtuairim faoina ról mar mhúinteoirí a shainaithint trí roinnt míreanna (e.g. is é mo ról mar mhúinteoir ná fiosrú na ndaltaí féin a éascú; is é trí réitigh ar fhadhbanna a aimsiú leo féin an bealach is fearr a bhfoghlaimíonn daltaí; ba chóir ligean do dhaltaí smaoineamh ar réitigh ar fhadhbanna praiticiúla iad féin sula dtaispeánann an múinteoir dóibh conas a réitítear iad; agus tá próisis smaointeoireachta agus réasúnaíochta níos tábhachtaí ná ábhar sonrach curaclaim (ECFE, 2013, lch 19). Is díol spéise é nach bhfuil aon mhíreanna sonracha in TALIS 2018 maidir leis na creidimh faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim. Áirítear leis, áfach, roinnt ceisteanna a bhaineann lena n-inspreagadh chun a bheith ina múinteoirí (e.g. tríd an múinteoireacht bhí mé in ann dul chun sochair do dhaoine faoi mhíbhuntáiste, nó tríd an múinteoireacht bhí mé in ann tionchar a imirt ar fhorbairt leanaí agus daoine óga) agus d'fhéadfaí iad sin a bhreithniú chun tuairimí múinteoirí faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim a léiriú. Sna staidéir mhórscála uile a chuirtear i láthair san athbhreithniú scóipe seo úsáidtear na sonraí ó TALIS 2013 nó ó TALIS 2018 chun imscrúdú a dhéanamh ar chreidimh múinteoirí faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim agus faoi athróa gaolmhara. Níor tugadh aghaidh go sonracha ar luachanna agus creidimh múinteoirí faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim ach i naoi staidéar as na 87 staidéar ($I=9$) a chomhlíon na critéir áirimh. Is iad na príomhthéamaí a pléadh sna naoi bpáipéar sin ná: (1) creidimh múinteoirí maidir lena luach agus leis an méid a chuireann siad leis an tsochaí ($I=2$); (2) creidimh múinteoirí faoina ndearcadh i leith na múinteoireachta agus na foghlama agus an gaol atá aige le sásamh leis an bpost agus folláine múinteoirí ($I=3$); agus (3) tionchar an chineáil scoile agus conas a mhúnlaíonn sé sin luachanna agus creidimh múinteoirí faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim ($I=5$).

Creidimh múinteoirí maidir lena luach agus leis an méid a chuireann siad le saol na scoile agus leis an tsochaí

Maidir le creideamh múinteoirí go bhfuil meas orthu sa tsochaí, ní bhfuarthas ach dhá staidéar mórscála. Rinne Akiba et al. (2023) scrúdú ar an bpatrún domhanda i ndearcadh múinteoirí ar luach gairme agus shainaithin siad torthaí féideartha agus réamhtháscairí; cuirtear a samhail choincheapúil agus anailíseach atá mar bhonn leis an staidéar i láthair i Léaráid 3.4. Fuair siad amach go mbraitheann tromlach mór múinteoirí nach bhfuil meas orthu i mbeagnach gach tír de chuid ECFE, rud a raibh baint aige le níos lú comhiarracht múinteoirí chun feabhas a chur ar scoileanna agus le míshásamh leis an bpost. Ina staidéar, léiríodh ar an meán sna 28 tír de chuid ECFE nár thuairiscigh ach múinteoir amháin as gach ceathrar (24.5%) go raibh meas orthu sa tsochaí, 18.4% amháin ag na meáin agus 13.3% amháin ag lucht déanta beartas. Maidir lena dtionchar, níor thuairiscigh ach 22.5% gur féidir leo tionchar a imirt ar bheartas oideachais.



Léaráid 3.4. Samhail choincheapúil agus anailíseach a dhéanann eolas do staidéar ar luach ceirde na múinteoireachta i dtíortha ECFE (Akiba et al., 2023).

Ar an gcaoi chéanna, rinne Brezicha et al. (2020) imscrúdú ar an ngaol idir an difríocht i dtuairimí múinteoirí agus príomhoidí maidir le rannpháirtíocht múinteoirí i gcinnteoireacht agus tuairimí tuairiscithe múinteoirí. Fuair siad amach nach mbraitheann múinteoirí go bhfuil siad san áireamh i ndeiseanna cinnteoireachta, agus bhí tionchar aige sin ar a gcuid mothúchán go bhfuil meas orthu agus go gcuireann siad le saol na scoile. Chríochnaigh siad le glao ar bheartais a thacaíonn le deiseanna níos mó le haghaidh cinnteoireacht chomhroinnte ar leibhéal beartais. Is staidéir spésiúla iad Akiba et al. (2023) agus Brezicha et al. (2020) sa mhéid is go dtugann siad le fios go mbeadh sé inmhianaithe aitheantas a thabhairt do thábhacht an oideachais shochoaíoch agus luachanna agus creidimh múinteoirí á scrúdú go cuimsitheach maidir lena bhfiúntas agus an méid a chuireann siad leis an tsochaí a mheastar a bheith ann.

Creidimh múinteoirí faoina ndearcadh i leith na múinteoireachta agus na foghlama agus an gaol atá aige le sásamh leis an bpost agus folláine múinteoirí

Fuarthas amach go raibh trí staidéar ($I = 3$) ag comhlíonadh na gcritéar áirimh agus gur thug siad aghaidh ar luachanna agus ar chreideamh múinteoirí i leith na múinteoireachta agus na foghlama agus a ngaol le sásamh leis an bpost agus folláine múinteoirí. Thuairiscigh Ceylan et al. (2020) roinnt torthaí suimiúla. Rinne siad scrúdú ar cé acu atá éagsúlacht (nó nach raibh) I measc tíortha ECFE maidir le héifeachtaí tosca seachtracha agus intreacha ar shásamh (nó míshásamh) múinteoirí leis an ngairm mhúinteoireachta. Lena n-anailís léiríodh go raibh tionchar dearfach ag dearcadh múinteoirí ar luach, caidreamh daltaí le múinteoirí, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i gcinntí scoile agus comhoibriú múinteoirí ar shásamh múinteoirí leis an ngairm i bhformhór na dtíortha a ndearnadh staidéar orthu. Rinneadh cur síos sa litríocht ar chreideamh agus ar thuairimí múinteoirí maidir lena ndearcthaí i leith gnéithe den mhúinteoireacht agus den fhoghlaim mar ghné bhunriachtanach a théann i bhfeidhm ar shásamh múinteoirí leis an bpost agus ar fholláine múinteoirí. Mar shampla, ghlac staidéar

Collie et al. (2020) creat suimiúil (anailís a bhí dírithe ar an duine) chun próifíl múinteoirí ar leith maidir le héilimh agus acmhainní a shainathint. Ba é aidhm an staidéir ná a fháil amach an bhféadfaí próifílí éagsúla múinteoirí a shainathint bunaithe ar éilimh agus ar acmhainní, agus, más féidir, a fháil amach cé na próifílí atá níos ailínithe le folláine. Bhí 6411 múinteoir ó 369 scoil san Astráil agus 2,400 múinteoir ó 154 scoil i Sasana páirteach sa staidéar a ghlac páirt in TALIS (2013). Thuairiscigh Collie et al. (2020) ar chúig phróifíl múinteoirí: (1) Thuairiscigh múinteoirí a fhreagraíonn do phróifíl a haon (12% den sampla) bacainní ísle ar fhorbairt ghairmiúil, iompar suaiteach an-íseal, comhar ard ó mhúinteoirí, ionchur ard ó mhúinteoirí agus féinéifeachtúlacht ard. Dá bhrí sin, lipéadaíodh an phróifíl seo mar *Dhuine Éilimh Ísil Faoi Bhláth*. Thuairiscigh múinteoirí a fhreagraíonn do phróifíl a dó (17% den sampla) bacainní ísle ar fhorbairt ghairmiúil, iompar suaiteach ar an meán, comhar ard ó mhúinteoirí, ionchur ard ó mhúinteoirí agus féinéifeachtúlacht ard. Dá bhrí sin, lipéadaíodh an phróifíl seo mar *Dhuine Éilimh Mheasctha Faoi Bhláth* chun léiriú a dhéanamh ar an meascán d'éilimh phoist ísle go meánacha, in éineacht le hacmhainní poist agus pearsanta arda. Thuairiscigh múinteoirí a fhreagraíonn do phróifíl a trí (21% den sampla) bacainní beagán faoi bhun an mheáin maidir le forbairt ghairmiúil, iompar suaiteach ar an meán, ard-chomhoibriú ó mhúinteoirí, ard-ionchur ó mhúinteoirí agus féinéifeachtúlacht ar an meán. Thug siad an lipéad *Meán le hAcmhainní Poist* ar an bpróifíl seo chun léiriú a dhéanamh ar na hacmhainní poist os cionn an mheáin, na héilimh phoist ar an meán agus an fhéinéifeachtúlacht. Thuairiscigh múinteoirí a fhreagraíonn do phróifíl a ceathair (15% den sampla) bacainní meánacha ar fhorbairt ghairmiúil, iompar suaiteach ar an meán, comhar meánach ó mhúinteoirí, ionchur meánach ó mhúinteoirí agus féinéifeachtúlacht mheánach. Thug siad an lipéad *Meán Cothrom* ar an bpróifíl seo chun na meánleibhéil chomhfhreagracha a breathnaíodh ar fud na n-éileamh agus na n-acmhainní uile a léiriú. Thuairiscigh múinteoirí a fhreagraíonn do phróifíl a cúig (34% den sampla) bacainní arda ar fhorbairt ghairmiúil, iompar suaiteach ard, comhar íseal ó mhúinteoirí, ionchur íseal ó mhúinteoirí agus féinéifeachtúlacht íseal. Thug siad an lipéad *Duine ag Streachailt* ar an bpróifíl seo chun an meascán seo d'éilimh arda poist agus acmhainní ísle poist agus pearsanta a léiriú. Léiríodh ina dtorthaí an difríocht a bhí idir na próifílí i ndáil le dhá thoradh folláine, agus na leibhéil ab airde de shásamh leis an bpost agus de thiomantas gairme á léiriú de ghnáth ag an *Duine Éilimh Mheasctha Faoi Bhláth*. Sainathníodh dhá phróifíl ar leibhéal na scoile a bhí cosúil le chéile sa dá thír bunaithe ar leitheadúlacht na gcúig phróifíl múinteora: Próifílí na scoile *Gan Tacaíocht* agus *Tacúla*. Is díol suntais é gur bhain an phróifíl scoile *Tacúla* le meánsásamh ní b'airde leis an bpost agus le tiomantas gairme ní b'airde i measc múinteoirí ar scoil.

Laistigh de na staidéir a áiríodh san athbhreithniú scóipe seo, fuarthas amach gur athróna bunriachtanacha iad creidimh agus dearcthaí múinteoirí i leith a gcuid oibre a bhfuil an cumas acu borradh a chur faoi spreagadh múinteoirí i leith a gcuid oibre (nó srian a chur leis). Mar shampla, bhí sé mar aidhm ag staidéar comparáideach González-Rodríguez et al. (2022) difríochtaí a shainathint in oiliúint tosaigh agus inseirbhíse TFC (Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide) agus in úsáid na n-uirlisí sin sa seomra ranga i measc múinteoirí sa Spáinn agus sa Fhrainc. Baineadh úsáid as sampla de 19,088 múinteoir bunscoile (ISCED 1) agus meánscoile sóisearaí (ISCED 2). I gceann dá dtorthaí léiríodh an chaoi ar bhain múinteoirí a raibh dearcthaí ní ba dhearfaí acu i leith úsáid teicneolaíochtaí nua agus cuir chuige múinteoireachta nuálacha an úsáid ba mhó agus ab fhearr astu. Is toradh suntasach é sin lena

leagtar béim ar chumhacht dearchthaí agus creideamh, ní hamháin maidir le húsáid TFC ach d'fhéadfaí é a leathnú chuig gnéithe eile den mhúinteoireacht freisin.

Tionchar an chineáil scoile agus conas a mhúnlaíonn sé sin luachanna agus creidimh múinteoirí faoina bhfuil i gceist leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim

Bhí ról na scoile mar eagraíocht ina fhócas i roinnt de na staidéir mhórsála freisin (l = 5). Mar shampla, is é Gouëdard et al. (2023) an chéad staidéar a d'úsáid suirbhé trastíre ar mhórsála (TALIS 2018) chun measúnú a dhéanamh ar láidreacht an chaidrimh idir scoileanna atá ag feidhmiú mar eagraíochtaí foghlama agus torthaí múinteoirí. Liostaigh siad seacht ngné atá dírithe ar ghníomhú agus atá mar bhonn le coincheap na scoile mar eagraíocht foghlama: (1) fíis atá dírithe ar fhoghlaim gach scoláire a fhorbairt agus a roinnt; (2) deiseanna foghlama leanúnaí a chruthú agus tacú leo do gach ball foirne; (3) foghlaim foirne agus comhar a chur chun cinn i measc na mball foirne go léir; (4) cultúr fiosraithe, nuálaíochta agus iniúchta a bhunú; (5) córais a leabú chun eolas agus foghlaim a bhailiú agus a mhalartú; (6) foghlaim leis an timpeallacht sheachtrach agus leis an gcóras foghlama i gcoitinne agus foghlaim uathu; agus (7) ceannaireacht foghlama a léiriú agus a fhorbairt.

Tar éis anailís ar il-chúlchémniú, thuiriscigh siad go mbíonn tionchar dearfach ag na tosca atá mar bhonn taca faoi scoil mar eagraíocht foghlama (mar atá cultúr fiosraithe, fíis chomhchoiteann, ceannaireacht atá ag fás, bacainní foghlama gairmiúla níos ísle agus obair foirne) ar shásamh múinteoirí leis an bpost. Go háirithe, ba mhó an seans ann go mbeadh leibhéal ní b'airde de shásamh leis an bpost agus d'fhéinifeachtúlacht ag múinteoirí a mheas gur eagraíocht foghlama a bhí ina scoil. Tá toradh spésiúil ó Jerrim et al. (2022) is féidir a chur san áireamh chomh maith agus dearcadh agus creidimh múinteoirí á scrúdú: léirigh siad 'fianaise shoiléir ar thógáil mhothúcháin' in athróa a bhaineann le strus. Chuir siad i dtábhacht gur mó an seans go mbraithfidh múinteoirí brú ón ngné sin dá gcuid oibre má bhraitheann a gcomhghleacaithe an brú céanna. Sa chás sin, tugtar le fios i staidéar Jan et al. (2019) gur cheart do scoileanna a bhfuil atmaisféar diúltach struis i measc na foirne iontu cuir chuige uile-scoile a mheas chun strus cuntasachta a laghdú, toisc go bhféadfadh na cineálacha cur chuige sin a bheith thar a bheith éifeachtúil agus éifeachtach.

Ar an gcaoi chéanna, rinne staidéar Kouhsari et al. (2023) scrúdú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag tosca ar leibhéal an mhúinteora agus ar leibhéal na scoile ar fholláine ghairmiúil múinteoirí trí úsáid a bhaint as sonraí TALIS 2018. Sa staidéar seo, cheap siad go mbíonn tionchar ag tosca ar leibhéal an mhúinteora (e.g. cleachtais teagaisc múinteoirí agus cleachtais ghairmiúla múinteoirí) agus ar leibhéal na scoile (e.g. timpeallacht na scoile, stíleanna ceannaireachta scoile agus ualach oibre) i gcúig thír (Ceanada, an tSín, an Fhionlainn, an tSeapáin agus Singeapór) ar fholláine ghairmiúil múinteoirí. Léirítear an creat coincheapúil a d'úsáid siad i Léaráid 3.5. D'úsáid siad teoiric na gcóras éiceolaíoch (Bronfenbrenner, 1992) chun tacú le tuiscint il-leibhéil ar athróa oideachais ar leibhéal níos ísle. Nochtadh ina n-anailís go dtuairtear folláine ghairmiúil múinteoirí le tosca ar leibhéal an mhúinteora agus ar leibhéal na scoile araon. Ag leibhéal an mhúinteora, bhí folláine ghairmiúil múinteoirí á tuairtear go suntasach ag cleachtais teagaisc múinteoirí agus ag cleachtais ghairmiúla múinteoirí araon i mbeagnach gach ceann de na cúig thír. Mar shampla, bhí baint shuntasach agus dhearfach

a bhí rannpháirteach i staidéar fadaimseartha TGM agus a ngaol le hathróa eile ar leibhéal an mhúinteora agus na scoile a iniúchadh; agus (5) impleachtaí ‘theanga na foghlama’ agus a himpleachtaí ar thurais múinteoirí TGM a bhreithniú.

Ceist Taighde 2: Meastóireacht ar an duine féin mar mhúinteoir

Sa dara ceist taighde, déantar imscrúdú ar bhraistintí múinteoirí luathghairme agus páirtithe leasmhara eile maidir lena gcumas (eolas, scileanna, taithí, ullmhacht) chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí i gcomhthéacsanna scoile éagsúla. Leis an athbhreithniú scóipe seo tugtar an cheist seo chun solais trí scrúdú a dhéanamh ar na sonraí ó staidéir chomparáideacha mhórsála ar mheastóireachtaí múinteoirí orthu féin mar mhúinteoirí. Mar gheall ar chur i láthair sonraí laistigh de na staidéir mhórsála seo, tuairiscímid ar shonraí ó mhúinteoirí ar fud shaolré a ngairmeacha agus, i gcás inarb infheidhme, déanaimid tagairt shoiléir do staidéir atá dírithe ar mhúinteoirí luathghairme. In anailís ar na 87 staidéar léiríodh trí phríomhthéama a tháinig chun cinn: *saoirse ghairmiúil múinteoirí (l=9)*, *éifeachtúlacht múinteoirí (l=11)* agus *sásamh múinteora leis an bpost (l=14)*.

Saoirse ghairmiúil múinteoirí

Tagraíonn saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta don leibhéal neamhspleáchais agus cumhachta a mheasann múinteoirí atá acu agus cinntí á ndéanamh acu faoina n-acmhainní múinteoireachta, a modhanna teagaisc, a gcuraclam, a mbainistíocht sa seomra ranga agus a bhforbairt ghairmiúil. Chomh maith le ligean do mhúinteoirí a straitéisí múinteoireachta a oiriúnú chun freastal ar riachtanais a ndaltaí, léiríodh i staidéir go bhfuil dlúthbhaint ag saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta le raon tosca eile amhail spreagadh múinteoireachta, sásamh leis an bpost, cruthaitheacht agus nuálaíocht sa seomra ranga, coinneáil múinteoirí agus gairmiúlacht. Cé gur scrúdaíodh i roinnt de na staidéir a asbhaineadh na dálaí nó na comhthéacsanna polaitiúla/sóisialta a mbíonn tionchar acu ar leibhéal saoirse ghairmiúla múinteoirí, rinneadh iniúchadh i staidéir eile ar an gcaoi a raibh tionchar ag saoirse ghairmiúil múinteoirí maidir le cinntí a dhéanamh faoi churaclam, modhanna múinteoireachta agus measúnuithe ar na cineálacha teagaisc a cuireadh ar fáil i seomraí ranga.

I staidéar le Qi agus Bin (2022) ina ndearnadh comparáid idir sonraí 245,128 múinteoir in dtíortha ECFE agus 3,833 múinteoir in Shanghai fuarthas amach go bhfuil ardleibhéal saoirse ghairmiúla múinteoirí i dtíortha ECFE agus sa tSín, agus múinteoirí i dtíortha thuaisceart agus oirthear na hEorpa suite ag barr na ranguithe. Léiríodh in anailís ar shonraí TALIS gur fheabhsaigh méadú ar shaoirse ghairmiúil múinteoirí i ngach tír cáilíocht an teagaisc go suntasach. Fuarthas amach sa staidéar freisin go mbíonn maolú dearfach ar an tsaoirse ghairmiúil trí éifeachtúlacht mhúinteoireachta; i bhfocail eile, dá airde éifeachtúlacht mhúinteoireachta an mhúinteora, is amhlaidh is fearr an éifeacht chumhachtaithe. Tháinig na húdair ar an gconclúid “ó thaobh an chumhachtaithe, go meastar neamhspleáchas múinteoireachta múinteoirí mar choinníoll riachtanach le go n-éireoidh go réidh le hathchóirithe oideachais ar an leibhéal bunúsach” (lch 290). Agus tionchar na saoirse ghairmiúla ó dhearcadh eile á mheas, rinne staidéar Guo agus Wang (2021) ar 10,436 múinteoir meánscoile (san Astráil, in SAM, sa tSeapáin agus i Singeapór) a ndearnadh suirbhé orthu in TALIS 2018 scrúdú ar an méid a raibh tionchar ag leibhéal saoirse ghairmiúla agus comhoibrithe múinteoirí ar úsáid smaointeoireachta criticiúla múinteoirí. Fuair siad amach go raibh saoirse

ghairmiúil íseal múinteoirí comhcheangailte le comhar ard múinteoirí i dtíortha a bhfuil córais scoile níos láraithe acu, amhail an tSeapáin agus Singeapór. I gcodarsnacht leis sin, léiríodh I dtíortha a raibh córais scoile ní ba dhíláraithe acu, amhail an Astráil agus SAM, leibhéil arda saoirse gairmiúla múinteoirí agus leibhéil ísle comhair múinteoirí. Fuair siad amach gur mhó an seans go n-úsáidfeadh múinteoirí in SAM agus san Astráil (saoirse ghairmiúil ard, comhar íseal) teagasc a bhí dírithe ar smaointeoireacht chriticiúil ná múinteoirí sa tSeapáin agus I Singeapór (saoirse ghairmiúil íseal, comhar ard múinteoirí).

Rinne staidéar le Jerrim, Morgan agus Sims (2023), inar úsáideadh sonraí ó shuirbhé TALIS 2018 agus ó staidéir físe, iniúchadh ar an gceangal idir saoirse ghairmiúil múinteoirí matamaitice agus torthaí do na daltaí a mhúineann siad. Rinne sé iniúchadh freisin ar an gceangal idir saoirse ghairmiúil múinteoirí agus sásamh múinteoirí leis an bpost. Thuairiscigh na húdair nach raibh aon ghaol idir saoirse ghairmiúil múinteoirí agus torthaí daltaí (trialscoir, féinéifeachtúlacht mhatamaitice nó spéis sa mhatamaitic), agus luaigh siad go bhfuil “na díospóireachtaí faoi luach saoirse gairmiúla múinteoirí do thorthaí daltaí beagán áibhéalach” (lch 1205). Eisceacht amháin a fuarthas sa staidéar seo a d’fhéadfadh a bheith ábhartha do staidéar fadaimseartha TGM ná an ghné ‘modhanna múinteoireachta’ den tsaoirse ghairmiúil do mhúinteoirí gan taithí. Fuair na húdair fianaise ar cheangail dhiúltacha idir saoirse ghairmiúil múinteoirí gan taithí agus trialscoir daltaí agus féinéifeachtúlacht mhatamaitice; tugann sé sin le fios an tairbhe a d’fhéadfadh a bheith ag múinteoirí luathghairme maidir le rochtain a bheith acu ar acmhainní pleanála agus ar thacaíochtaí amhail pleananna ceachta réamhullmhaithe. Maidir leis an dara fócais staidéir – an ceangal idir saoirse ghairmiúil múinteoirí agus sásamh múinteoirí leis an bpost – thuairiscigh na húdair ceangal dearfach idir saoirse ghairmiúil múinteoirí agus sásamh leis an bpost agus thug siad rabhadh gurbh iad “múinteoirí a thuairiscigh go raibh leibhéil an-íseal saoirse gairmiúla acu agus go raibh siad thar a bheith míshásta ina bpost ba chúis leis an toradh” (lch 1206).

Agus iad ag tarraingt ar shampla de 118,347 múinteoir ó 8262 scoil in 27 tír a díorthaíodh ó TALIS 2018, rinne Lin agus Gao (2023) iniúchadh ar thábhacht choibhneasta na dtí mheicníocht thuarthacha saoirse gairmiúla múinteoirí: gairmiúlacht múinteoirí, castacht cleachtais múinteoireachta agus cultúr an indibhidiúlachais. Léiríodh sa staidéar go raibh tionchar láidir tuarthach ag gairmiúlacht múinteoirí agus cultúr indibhidiúlachais ar shaoirse ghairmiúil múinteoirí. Bhraith múinteoirí a bhí ar chonradh buan nó fostaithe go lánaimseartha níos mó saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta. Ar nós an staidéir le Qi agus Bin (2022), fuair siad amach go raibh ról dearfach suntasach ag féinéifeachtúlacht maidir le saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta a thuar. Fuarthas amach sa staidéar freisin gurbh iondúil go raibh múinteoirí cumhachtaithe le níos mó saoirse ghairmiúil nuair a bhí siad cruthaithe agus nuálach sa mhúinteoireacht agus san fhoghlaim (tomhaiste le scála nuálaíochta foirne lena scrúdaítear braistintí múinteoirí ar nuálaíocht a gcomhghleacaithe sa scoil) agus nuair a mhothaigh siad go raibh meas orthu mar ghairmithe sa tsochaí. Díol spéise ar leith maidir lenár staidéar ar thurais ghairmiúla múinteoirí ná an toradh nach raibh mórán tionchair ag réamhtháscairí eile, amhail cáilíochtaí múinteoirí, leibhéal oideachais agus taithí ar an múinteoireacht, ar shaoirse ghairmiúil mhúinteoireachta. Chomh maith leis sin, shainithin na húdair gaol láidir idir “cultúr an indibhidiúlachais” agus saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta. Thuairiscigh siad comhsheasmhacht idir cultúr indibhidiúlach agus an mhúinteoireacht agus thug siad faoi deara

gur mhéadaigh saoirse ghairmiúil na múinteoirí de réir mar a d'ardaigh innéacsanna indibhidiúlachais tíre (cé go raibh an gaol lag ó thaobh staidrimh de). Is díol spéise é nach raibh baint shuntasach ag taithí ar an múinteoireacht le méid na saoirse gairmiúla múinteoireachta, rud a thug ar na húdair a rá, "Bunaithe ar an toradh seo, measadh go raibh saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta den chineál céanna ag múinteoirí nua agus a bhí ag múinteoirí a raibh taithí acu" (lch 6). Ní raibh baint shuntasach ag formhór na réamhtháscairí a bhain leis an dara meicníocht, castacht cleachtas múinteoireachta, le saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta. Is fiú a thabhairt faoi deara gur léirigh an céatadán de na daltaí a raibh stádas socheacnamaíoch íseal acu sa rang agus an cóimheas idir daltaí agus múinteoirí éifeachtaí diúltacha réamh-mheastacha ar shaoirse ghairmiúil múinteoirí. Chomh maith leis sin, shainaithin na húdair gaol láidir idir "cultúr an indibhidiúlachais" agus saoirse ghairmiúil mhúinteoireachta. Thuairiscigh siad comhsheasmhacht idir cultúr indibhidiúlach agus an mhúinteoireacht agus thug siad faoi deara gur mhéadaigh saoirse ghairmiúil na múinteoirí de réir mar a d'ardaigh innéacsanna indibhidiúlachais tíre (cé go raibh an gaol lag ó thaobh staidrimh de).

Ní léir treo an chaidrimh idir tosca ar leibhéal na scoile, amhail an céatadán de na daltaí a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu, agus saoirse ghairmiúil mar a léirítear sa staidéar le Lin agus Gao (2023). Go deimhin, tugtar le fios i staidéar le Smith agus Persson (2016) go bhféadfadh an gaol a bheith déthreoch agus go bhféadfadh leibhéal saoirse gairmiúla múinteoirí tosca amhail socheacnamaíoch íseal a mhaolú. Le scrúdú na n-údar ar shonraí TALIS 2013 ó scoileanna ardbhochtaineachta sna tíortha iar-Shóivéadacha, léiríodh i gcás na hEastóine go mbíonn sásamh níos mó leis an bpost ag múinteoirí i scoileanna ardbhochtaineachta ina soláthraítear níos mó saoirse ghairmiúil. Léiríodh sa staidéar freisin go bhfuil baint ag an tsaoirse ghairmiúil a thugtar do mhúinteoirí Eastónacha le cé acu a mholadh an múinteoir an scoil, agus go bhfuil níos mó saoirse ghairmiúil ag baint le dóchúlacht níos mó go molfaidh siad an scoil. Cé gur scrúdaíodh sa staidéar seo saoirse ghairmiúil múinteoirí i gcomhthéacs ré iar-Shóivéadach, i staidéir eile rinneadh scrúdú ar na comhthéacsanna sóisialta agus beartais a mbíonn tionchar acu ar leibhéal saoirse gairmiúla múinteoirí. Rinne Akiba et al. (2023) scrúdú ar an ngaol idir dálaí oibre múinteoirí a raibh tionchar ag athchóirithe cuntasachta orthu (pá, saoirse ghairmiúil sa seomra ranga agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht scoile) agus luach gairme braite. Lena scrúdú ar shonraí TALIS 2018 ó cheithre thír léiríodh go raibh an gaol idir saoirse ghairmiúil sa seomra ranga agus luach gairme braite dearfach agus suntasach ó thaobh staitisticí de in SAM, san Astráil agus san Fhionlainn. Mar sin féin, tá an gaol sin diúltach agus suntasach sa Chóiré, rud a thugann le fios gur lú an seans go mbraithfeadh na múinteoirí a thuairiscigh leibhéal níos airde saoirse gairmiúla sa seomra ranga go raibh meas agus tionchar acu. D'fhéadfadh roinnt tosca a bheith ina míniú ar an toradh sin i gcás na Cóiré, agus ceann acu ná an méid teoranta saoirse gairmiúla is féidir le múinteoirí Cóiréacha a fheidhmiú mar gheall ar théacsleabhair atá caighdeánaithe go náisiúnta agus atá ailínithe leis na caighdeáin ábhair lártaite (Akiba et al., 2023); ach d'fhéadfadh tionchar tuarthach a bheith ag tosca eile, amhail cultúr indibhidiúlach nó cultúr comhsheilbheachais tíre, ar shaoirse ghairmiúil mhúinteoireachta mar a thugann torthaí Lin agus Gao (2023) le fios. Mhol Akiba et al. (2023) go "léirítear lena dtoradh maidir leis na caidrimh éagsúla ar fud ceithre thír an tábhacht a bhaineann le haird a thabhairt ar ról comhthéacsanna beartais éagsúla do mhúinteoirí" (lch 16).

Éifeachtúlacht múinteoirí

Tagraíonn féinéifeachtúlacht mhúinteora don chreideamh múinteora ina gcumas chun tionchar a imirt go rathúil ar fhoghlaim agus ar iompraíocht na ndaltaí. Dearbháíodh tábhacht mhór féinéifeachtúlachta múinteoirí maidir leis an múinteoireacht agus leis an bhfoghlaim i staidéir thaighde le blianta beaga anuas agus tá iniúchadh déanta acu ar an ngaol idir cinní teagaisc sa seomra ranga agus torthaí na ndaltaí. I staidéir thaighde eile, déantar iniúchadh ar an gcaoi a bhféadfadh leibhéil féinéifeachtúlachta athrú le himeacht ama agus ar fud suíomhanna agus d'fhéadfadh sé go léireodh sé sin athruithe ar leibhéil sásaimh leis an bpost, folláine agus tnáite.

Ceann de na dúshláin a bhaineann le comparáidí a dhéanamh idir tíortha ná, chun go mbeidh tátail chruinne ann maidir le difríochtaí i bhféinéifeachtúlacht múinteoirí idir tíortha, go gcaithfear an coincheap a thomhas go seasta idir tíortha. I roinnt de na staidéir a asbhaineadh, baineadh úsáid as ardteicnící staitistiúla chun oiriúnacht an tomhais a scrúdú chun comparáidí trasnáisiúnta a dhéanamh, is é sin le rá, chun díriú ar cé acu atá struchtúr tosca comhchosúil ag féinéifeachtúlacht múinteoirí ar fud tíortha nó nach bhfuil. In TALIS 2008, rinneadh an tógán féinéifeachtúlachta múinteora a thomhas trí úsáid a bhaint as sraith de cheithre mhír a dhear TALIS, a chruthaigh toisc aonair. Agus cur chuige samhaltaithe folaigh á úsáid, rinne Vieluf et al. (2013) anailís ar cé acu a bhí an bhrí chéanna ag féinéifeachtúlacht múinteoirí ar fud na tíre i sampla TALIS 2008 de 73,100 múinteoir in 4362 scoil ar fud 23 córas oideachais. Lena n-anailís, ina léiríodh struchtúr aoniolránach, deimhníodh go bhfuil an bhrí shíceolaíoch chéanna ag baint le féinéifeachtúlacht múinteoirí sna tíortha uile lena mbaineann. D'athraigh TALIS 2013 an ionstraim tomhais agus úsáideadh an scála 'Braistint Féinéifeachtúlachta na Múinteoirí (TSES)' (Tschannen-Moran agus Woolfolk Hoy, 2001) chun féinéifeachtúlacht múinteoirí a thomhas agus a chur i gcomparáid ar fud tíortha agus cultúr. Bhain Scherer et al. (2016) úsáid as samhaltú cothromóide struchtúraí taiscéalaíoch chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu a sáraíodh an toimhde do-athraitheachta i sampla TALIS 2013 ina raibh sonraí ó 32 tír agus eintitis fhonáisiúnta ($L = 170,020$). Thacaigh na torthaí le hinghinearáltacht thraschultúrtha na samhla inar glacadh leis go raibh trí thosca chomhghaolaithe féinéifeachtúlachta ann, eadhon féinéifeachtúlacht i mbainistíocht sa seomra ranga, teagasc agus rannpháirtíocht le daltaí.

I staidéar Vieluf et al. (2013) a scrúdaigh sonraí TALIS 2008 fuarthas amach freisin go raibh múinteoirí a raibh féinéifeachtúlacht ní b'airde acu ní ba shásta lena bpost agus shainaithin siad difríochtaí trasnáisiúnta i meánleibhéal féinéifeachtúlachta múinteoirí. Fuarthas na meánscóir féinéifeachtúlachta an airde san Iorua, i dtíortha eile i dTuaisceart na hEorpa (an Íoslainn agus an Danmhairg), sna tíortha ina labhraítear Béarla (Éire agus an Astráil) agus san Ostair. Fuarthas na scóir féinéifeachtúlachta ab ísle i dtíortha Oirthear na hEorpa agus i bPoblacht na Cóiré. Sa lár bhí tíortha na Meánmhara agus Mheiriceá Theas. Rinne Scherer et al. (2016) scrúdú freisin ar an ngaol idir tosca TSES, taithí oibre múinteoirí agus sásamh leis an bpost. Maidir le tosca TSES agus taithí oibre, léiríodh san anailís "ceangail bheaga ach ceangail shuntasacha dhearfacha maidir leis na tosca uile, rud a thugann le fios dá mhéad taithí atá ag múinteoirí is ea is airde a bhféinéifeachtúlacht" (lch 18). Ar an gcaoi chéanna le torthaí Vieluf et al. (2013), fuarthas comhghaolta dearfacha a bhí suntasach ó thaobh staitistice de idir féinéifeachtúlacht múinteoirí agus sásamh múinteoirí leis an bpost,

“rud a thugann le fios go raibh baint ag ardleibhéil féinéifeachtúlachta le hardleibhéil sásamh leis an bpost” (Ich 19).

Sna staidéir seo le Vieluf et al. (2013) agus Scherer et al. (2016) tugtar fianaise ar ghaol idir féinéifeachtúlacht múinteoirí agus sásamh leis an bpost. Tuairiscítear tuilleadh fianaise áititheach i meatanailís le Kasalak agus Dagyar (2020). Áiríodh sa mheatanailís 102 staidéar ó 50 tír i dtuarascálacha TALIS 2008, 2013 agus 2018 (I=426,515 múinteoir). Dheimhnigh a gcuid torthaí go bhfuil gaol suntasach agus dearfach ag féinéifeachtúlacht múinteoirí le sásamh leis an bpost. Ní nach ionadh é, mar sin, go bhfuarthas amach i staidéar Qin (2019) ar 1630 múinteoir meánscoile íochtaraí (grád 9 agus grád 10) agus ar 122 príomhoide a ghlac páirt in TALIS 2013 go raibh éifeachtaí suntasacha ag féinéifeachtúlacht múinteoirí ar an rún maidir le hathrú múinteoirí (Qin, 2019). Fuair na húdair amach nuair a mhéadaigh féinéifeachtúlacht múinteoirí, laghdaigh an rún acu aistriú.

Rinneadh anailís fhairsing ar fhéinéifeachtúlacht agus sásamh leis an bpost i litríocht an oideachais, lasmuigh de na staidéir chomparáideacha mhórscála, toisc go bhféadfaidís a chéile a threisiú. Mar thoradh air sin, tá fócas nua ag teacht chun cinn ar scrúdú a dhéanamh ar na scoileanna mar eagraíochtaí foghlama agus ar a ról i bhfeabhsú torthaí múinteoirí, amhail féinéifeachtúlacht agus sásamh leis an bpost. Staidéar amháin a tháinig chun cinn as an athbhreithniú scóipe ná staidéar le Gouëdard et al. (2023) ina ndearnadh scrúdú ar an ngaol idir an scoil mar eagraíocht foghlama agus sásamh múinteoirí leis an bpost agus a bhféinéifeachtúlacht sna tíortha agus sna geilleagair a ghlac páirt in TALIS 2018. Fuair na húdair amach gur mó an seans go dtuairisceoidh múinteoirí a mheasann go bhfeidhmíonn a scoil mar eagraíocht foghlama leibhéal níos airde féinéifeachtúlachta. Tagann na húdair ar an gconclúid “go bhféadfadh infheistíocht i bhforbairt cultúr fiosraithe, fíis chomhroinnte, obair foirne agus ceannaireacht atá ag fás agus bacainní foghlama gairmiúla á laghdú ag an am céanna sásamh leis an bpost agus féinéifeachtúlacht múinteoirí a fheabhsú” (Ich 343).

Tá roinnt staidéar déanta ar na tosca is cúis leis an leibhéal féinéifeachtúlachta a bhraitheann múinteoirí. Agus torthaí staidéir á gcur i gcomparáid, ní mór a bheith aireach ar an gcaoi ar oibríochtaigh na húdair éifeachtúlacht. I roinnt staidéar, amhail Galvez et al. (2018), gineadh meánscór de na trí innéacs féinéifeachtúlachta múinteoirí ach i staidéir amhail iad siúd a rinne Fackler et al. (2021a, 2021b) tá scrúdú déanta ar thionchar tosca ar leithligh ar na trí innéacs féinéifeachtúlachta: féinéifeachtúlacht i mbainistíocht sa seomra ranga, teagasc agus rannpháirtíocht le daltaí. Rinne Galvez et al. (2018) scrúdú ar na tosca aonair agus ar na tosca comhthéacsúla a chuireann le creidimh féinéifeachtúlachta múinteoirí i dtíortha éagsúla mar a tomhaiseadh in TALIS 2013 bunaithe ar shampla de 51,025 múinteoir ó 3021 scoil i 17 dtír. Fuair na húdair amach go bhfuil baint níos dlúithe ag tosca a bhaineann le tréithe gairmiúla na múinteoirí (comhar lena gcomhghleacaithe, féinmheastóireacht a spreagadh i measc na ndaltaí, dearcadh múinteoirí ar smacht ranga sásúil, gá le forbairt ghairmiúil in ábhar an ábhair a mhúintear agus i scileanna múinteoireachta agus cur chuige múinteoireachta tógachaíoch a bheith acu) le creidimh féinéifeachtúlachta ná tosca pearsanta (aois, inscne nó staid oibre) nó comhthéacs scoile (easpa foirne, cóimheas idir daltaí agus múinteoirí nó ganntanas acmhainní oideolaíochta).

Ní thacaítear leis an toradh a fuair Galvez et al. (2018) go bhfuil ról laghdaithe ag tosca pearsanta i staidéir eile. I scrúdú ar shonraí TALIS 2013 (104,000 múinteoir in 6400 scoil ar fud 32 tír) le Fackler et al. (2021a) fuarthas amach go raibh tréithe múinteora, seomra ranga, scoile agus príomhoide bainteach ar bhealaí éagsúla leis na trí réimse d'fhéinifeachtúlacht múinteoirí. Ba iad na tréithe difriúla i measc múinteoirí (e.g. inscne, taithí oibre agus creidimh thógachaíocha faoin múinteoireacht) ba mhó a chuir le braistintí maidir le féinifeachtúlacht agus ina dhiaidh sin an tír ina n-oibríonn an múinteoir, rud a thug ar na húdair teacht ar an gconclúid “go dtugann sé sin le fios, ar an gcéad dul síos, go ndéanann obair i dtír dhifriúil nó difríochtaí aonair i measc múinteoirí difríocht níos mó ar dtús ná an scoil féin ina n-oibríonn na múinteoirí” (lch 103255). Ar an gcaoi chéanna, in anailís Gümüş & Bellibaş (2023) ar TALIS 2018 fuarthas fianaise ar thionchar tréithe múinteora/déimeagrafacha ar fhéinifeachtúlacht. Thuairiscigh siad ceangal dearfach agus suntasach idir taithí ar an múinteoireacht agus féinifeachtúlacht i bhformhór na dtíortha, agus bhí baint shuntasach ag inscne le féinifeachtúlacht múinteoirí, agus ba mhó an seans go mbeadh leibhéal ní b'airde féinifeachtúlachta ag múinteoirí baineanna i mbeagnach gach tír agus gach réigiún. I staidéar eile ar TALIS 2013, rinne Fackler agus a chomhghleacaithe (2021b) anailís thraschultúrtha ar na héifeachtaí difreálacha a bhíonn ag féinifeachtúlacht múinteoirí ar fud na dtrí bhunghné den chomhionannas oideachais i rannpháirtíocht le daltaí, straitéisí teagaisc agus bainistíocht sa seomra ranga i ngrúpaí tíortha in Oirthear agus Oirdheisceart na hÁise, tíortha Angla-Shacsanacha agus tíortha Nordacha. Tharla difríochtaí cultúrtha ar fud na ngrúpaí tíre maidir le réamhtháscairí múinteora, seomra ranga, príomhoide agus scoile ar fud na dtrí ghrúpa tíre. Mar sin féin, bhí níos mó cosúlachtaí idir na grúpaí Nordacha agus Angla-Shacsanacha ná na grúpaí in Oirthear agus Oirdheisceart na hÁise. Mar shampla, mhothaigh múinteoirí baineanna Angla-Shacsanacha agus Nordacha go raibh siad ní b'fhéinifeachtúla de ghnáth maidir le rannpháirtíocht le daltaí, straitéisí teagaisc agus bainistíocht sa seomra ranga. Bhí gaol ní b'aonchineálaí ag réamhtháscairí múinteora agus scoile leis na trí ghrúpa tíre agus leis na trí réimse de TSE. Ceann de na cosúlachtaí ar fud na dtrí thír ná tábhacht na gcreideamh tógachaíoch faoin múinteoireacht i ngach gné d'fhéinifeachtúlacht múinteoirí.

Féinifeachtúlacht idirchultúrtha: Tá méadú ar an imirce idirnáisiúnta agus ar an domhandú tar éis cur le cuallacht na ndaltaí atá níos éagsúla. Cuireann an éagsúlacht mhéadaitheach sin i measc daltaí éilimh bhreise ar mhúinteoirí, mar a léirítear i dtuarascáil TALIS 2018 ina sainaithnítear gurb é an mhúinteoireacht i suíomhanna ilchultúrtha agus ilteangacha an tríú réimse is mó a bhfuil gá aige le forbairt ghairmiúil a thuairiscigh múinteoirí (ECFE, 2019). Tá sé sin tar éis staidéir a spreagadh ar bhealaí chun tacú le héifeachtúlacht múinteoirí i múineadh i suíomhanna ilchultúrtha agus ilteangacha.

In TALIS 2018, ionchorpraíodh míreanna chun féinifeachtúlacht múinteoirí a thomhas i dtaca leis an múinteoireacht agus le cleachtais bhainistíochta i seomra ranga ilchultúrtha trí úsáid a bhaint as cúig mhír shuirbhé ar scála Likert ceithre phointe. Agus iad ag tarraingt ar shonraí TALIS 2018 (ó 91,768 múinteoir, 11,523 scoil agus 46 tír) chomh maith le táscairí MIPEX (Innéacs Beartas Imeachtha Imirceach), rinne Schwarzenhal et al. (2023) imscrúdú ar an gcaoi a raibh baint ag eispéiris aonair (i.e., forbairt ghairmiúil idirchultúrtha, soghluaisteacht múinteoirí) agus gnéithe comhthéacsúla ar leibhéal na scoile (i.e., timpeallacht ilchultúrtha) agus ar leibhéal na tíre (i.e., beartas oideachais ilchultúrtha) le

féinéifeachtúlacht idirchultúrtha múinteoirí. Léiríodh i samhlacha il-leibhéal go raibh baint dhearfach ag cláir forbartha gairmiúla idirchultúrtha, eispéiris soghluaisteachta múinteoirí agus timpeallacht scoile ilchultúrtha le féinéifeachtúlacht idirchultúrtha múinteoirí. Ba dhíol spéise é nár leor scoil a bheith éagsúil ó thaobh cultúir nó eitneachta de chun féinéifeachtúlacht idirchultúrtha a thuar; Bhí sé tábhachtach an chaoi a ndéileáilann scoil leis an éagsúlacht sin (i.e. an timpeallacht ilchultúrtha ar leibhéal na scoile). Sa staidéar fuarthas amach freisin go raibh féinéifeachtúlacht idirchultúrtha ní b'airde ag fir. Toradh gan choinne ab ea go raibh baint dhiúltach ag beartas oideachais ilchultúrtha le féinéifeachtúlacht idirchultúrtha. Mhol na húdair go mbeadh rabhadh ann agus an toradh sin á léirmhíniú; mar sin féin, míniú amháin a thug siad ná, i dtíortha a bhfuil beartais oideachais láidre ilchultúrtha acu, go bhféadfadh "ionchais maidir leis an méid a éilítear ar mhúinteoirí chun dul i ngleic go cuiditheach le héagsúlacht chultúrtha nó eitneach i measc a ndaltaí a bheith i bhfad níos airde (e.g., níos mó eolais, taithí agus scileanna a bheith ag teastáil) ná mar atá i dtíortha a bhfuil beartais oideachais laga ilchultúrtha acu" (Ich 9). D'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhealach suimiúil chun taighde a dhéanamh i staidéar TGM i bhfianaise sheasamh reatha na hÉireann i dtaca le beartais idirchultúrtha agus an líon mór daoine nua atá ag teacht go hÉirinn.

Ar an gcaoi chéanna, bhain Appel agus Lee (2023) úsáid as sonraí suirbhé TALIS 2018 ó mhúinteoirí i Sasana (I=2105) agus san Astráil (I=3573) chun féinéifeachtúlacht múinteoirí i seomraí ranga ilchultúrtha agus an gaol idir staidéar thar lear le linn oideachas múinteoirí a iniúchadh. Thuairiscigh formhór na múinteoirí (73.5% de mhúinteoirí Astrálacha, 57.2% de mhúinteoirí Sasanacha) nach raibh siad ullmhaithe go maith le haghaidh múineadh i seomra ranga ilchultúrtha. Ar an gcaoi chéanna leis an toradh ó Schwarzenhal et al. (2023), fuair Appel agus Lee caidreamh suntasach agus dearfach idir staidéar múinteoirí thar lear mar chuid dá n-oideachas tosaigh múinteoirí, agus a bhféinéifeachtúlacht i seomraí ranga ilchultúrtha, rud a thugann le fios gur féidir leis an éifeacht a bhíonn ag staidéar múinteoirí thar lear le linn OTM "a bheith fadtéarmach fiú nuair a bhí siad ina múinteoirí a bhí ag cleachtadh a ngairme i seomraí ranga ilchultúrtha" (Ich 234). I gcodarsnacht le Schwarzenhal et al. (2023), fuarthas sa staidéar nach raibh baint shuntasach ag inscne múinteoirí lena bhféinéifeachtúlacht i seomraí ranga ilchultúrtha.

Sásamh múinteoirí leis an bpost

Bíonn impleachtaí forleathana ag sásamh múinteoirí leis an bpost do dhaltaí, scoileanna agus an córas oideachais. Tá neart taighde ann a thugann fianaise ar thionchar sásaimh múinteoirí leis an bpost ar na hiarrachtaí a bhaineann lena gcleachtais oideachais (Banerjee et al., 2017) agus, dá réir sin, ar thorthaí na ndaltaí (Caprara et al., 2006; Ronfeldt et al., 2013), rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil, féinéifeachtúlacht (Caprara et al., 2006; Judge & Bono, 2001) agus coinneáil múinteoirí (Cha & Cohen-Vogel, 2011; Perrachione et al., 2008; Skaalvik & Skaalvik, 2017).

Ar fud na staidéar a asbhaineadh, tá fianaise láidir ann go bhfuil tosca inmheánacha níos tábhachtaí do shásamh múinteoirí ná tosca seachtracha. Mar shampla, fuarthas i staidéar Smith agus i staidéar Persson (2015) araon ar shásamh múinteoirí i scoileanna ardbhoctaineachta san Eastóin, sa tSeoirsia agus sa Laitvia a bhí bunaithe ar staidéar TALIS 2013 agus ar staidéar Brezicha et al. (2020) ar shonraí ó 29 tír a bhfuil baint acu le TALIS 2013

go bhfuil gá le próiseas comhoibríoch chun sásamh múinteoirí a mhéadú ina mbraitheann múinteoirí go bhfuil siad san áireamh mar bhaill ríthábhachtacha den phobal scoile agus ina n-aithnítear an ról tábhachtach atá acu i gcinntí scoile. Is cosúil go dtagann an dá staidéar le chéile ar an gconclúid gur féidir sásamh múinteoirí leis an bpost a mhéadú ar bhealach níos éifeachtaí trí chultúr cinnteoireachta comhoibríoch na scoile a fheabhsú seachas aghaidh a thabhairt ar thréithe seachtracha atá níos deacra a athrú. Mar a luadh, “Níl réitigh bheartais shimplí, atá faoi thionchar seachtrach, amhail cláir ionductaithe a thabhairt isteach nó stádas conartha múinteoirí a athrú, chomh héifeachtach chun sásamh múinteoirí a mhéadú agus atá infheistíochtaí a chuireann le timpeallacht scoile dhearfach ina mbraitheann múinteoirí go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad san áireamh mar ghairmithe” (Smith & Persson, lch 176).

Ina staidéar ina scrúdaítear tionchar scoileanna mar eagraíochtaí foghlama, soláthraíonn, Gouédard et al. (2023) fianaise go bhféadfadh infheistíocht a dhéanamh i gcultúr fiosraithe, fíis chomhroinnte agus obair foirne sásamh múinteoirí leis an bpost a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, fuair Madero (2019) amach gurbh iad cultúr comhoibríoch agus cultúr rannpháirtíochta sa scoil na príomhthréithe a bhain le cosc a chur ar mhúinteoirí sa tSile, sa Bhrasáil agus i Meicsiceo (L=10,846) a bheith míshásta leis an ngairm mhúinteoireachta. I gcodarsnacht leis sin, ní raibh baint ag an gcoinníoll seachtrach maidir le ró-ualach oibre le míshásamh leis an ngairm. Tagann tacaíocht don toradh sin ó mheatanailís ar staidéir TALIS a rinne Ahn et al. (2023), inar shaináithin siad go raibh tionchar i bhfad ní ba mhó ag muinín inmheánach múinteoirí as a gcumas (i.e. féinéifeachtúlacht múinteoirí) ar shásamh leis an bpost ná mar a léirigh tionchar na ndálaí oibre nó cáilíocht an mhúinteora maidir leis na torthaí sin. Fuarthas easpa ceangail idir ualach oibre (ranganna móra a mhúineadh ina bhfuil 30 dalta nó níos mó) agus sásamh leis an bpost i staidéar le McJames et al. (2023) ina n-anailís ar shonraí ó 4385 múinteoir bunscoile agus meánscoile íochtaraí sa Ríocht Aontaithe bunaithe ar shonraí TALIS 2018. Fuarthas amach sa staidéar sin go raibh an tionchar ba dhearfaí ar shásamh leis an bpost ag na leibhéil arda rannpháirtíochta i bhforbairt ghairmiúil leanúnach (ceithre imeacht ar a laghad in aghaidh na bliana) agus i ngníomhaíochtaí ionductaithe. Bhí baint ag bacainní forbartha gairmiúla le sásamh múinteoirí leis an bpost freisin i staidéar le Niu et al. (2023) ar thosca ar leibhéal múinteoirí agus scoile sa tSeapáin agus sa Chóiré Theas. I measc na dtosca eile ar leibhéal an mhúinteora a raibh tionchar acu ar shásamh leis an bpost sa dá thír sin bhí inscne, taithí ar an múinteoireacht, spreagadh leasa shóisialta chun múineadh, féinéifeachtúlacht, caidreamh idir daltaí agus múinteoirí agus nuálaíocht foirne – ba lú an sásamh a bhí ag múinteoirí baineanna agus ag múinteoirí a raibh níos mó taithí ar an múinteoireacht acu.

Fuarthas amach go raibh tionchar ag tosca eile ar shásamh leis an bpost, lena n-áirítear tionchar diúltach chultúr tástála scoile (Smith & Holloway, 2020), conarthaí páirtaimseartha (McJames et al., 2023), próifílí scoile gan tacaíocht (Collie et al., 2020) agus easpa deiseanna chun páirt a ghlacadh i gcinnteoireacht ar leibhéal na scoile (Brezicha et al., 2020). Tá fianaise láidir ann maidir leis an idirghaol idir thréithe múinteoirí a luadh cheana sa tuarascáil seo, sairse ghairmiúil múinteoirí (Jerrim et al., 2023) agus féinéifeachtúlacht múinteoirí (Kasalak & Dagyar, 2020; Scherer et al., 2016; Veluf et al., 2016), ar shásamh múinteoirí leis an bpost. Tá fadhbanna bainteach le comparáidí traschultúrtha a bhaineann le sásamh leis an bpost mar gheall ar easpa bailíochta tógáin traschultúrtha i gcás scálaí sásaimh leis an bpost. I staidéar

amháin le Zakariya et al. (2020) baineadh úsáid as cur chuige staitistiúil chun dul i ngleic le teip láithreach do-athraitheachta scálaí i roinnt scálaí. Tuairiscítear sonraí TALIS 2018 ann ina ndéantar idirdhealú idir tíortha a bhfuil múinteoirí an-sásta lena bpost acu (an Ostair, an tSile, an Spáinn, Ceanada agus an Airgintín) agus na tíortha sin a bhfuil na múinteoirí is lú sásamh leis an bpost acu (an Bhulgáir, Sasana, an Phortaingéil, an Araib Shádach agus Málta).

Ceist Taighde 3: Tionchar foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí

Inár n-athbhreithniú scóipe, tá páipéir iomadúla ($l = 13$) sainaitheanta againn ina ndéantar iniúchadh ar an ról ríthábhachtach atá ag cultúir scoile chomhoibríocha agus thacúla i múnú foghlama gairmiúla agus eispéiris gairme múinteoirí. Sna staidéir sin leagtar béim ar an tionchar suntasach a bhíonn ag timpeallachtaí tacúla den sórt sin ar chothú nuálaíochta, ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a éascú, ar shásamh leis an bpost a fheabhsú, ar fhéinifeachtúlacht agus ar fholláine iomlán a chur chun cinn i measc múinteoirí. Is iad na príomhthéamaí a pléadh sna 13 pháipéar sin ná: (1) tionchar an chomhoibríochta agus na hoibre foirne ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí ($l = 10$); agus (2) tuairimí múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil éifeachtach ($l = 3$).


Tionchar an chomhoibríochta agus cultúr scoile tacúil ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí

Ceann de na príomhthorthaí a tháinig chun cinn ónár n-athbhreithniú scóipe i ndáil le foghlaim ghairmiúil múinteoirí ná an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha múinteoirí mar chleachtas lárnach agus éifeachtach chun a bhfoghlaim ghairmiúil agus a gcleachtas múinteoireachta a fheabhsú. Cé go bhfuiltear ag tabhairt faoi deara nach ionann cainníocht agus cáilíocht, tá an toradh sin ábhartha do staidéar TGM atá le teacht i bhfianaise shonraí TALIS 2008 lenar tuairiscíodh gurbh é meán na hÉireann de 5.6 lá d'fhorbairt ghairmiúil an meán ab ísle i measc gach tíre de chuid TALIS (Gilleece et al., 2009). Moltar i staidéar Brandisauskienė et al. (2020) an méid seo a leanas mar ghníomhaíochtaí comhoibríocha éifeachtacha: (1) páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí faoi fhorbairt foghlama daltaí ar leith; (2) ábhair mhúinteoireachta a mhalartú le comhghleacaithe; (3) páirt a ghlacadh i bpobail chleachtais; agus (4) breathnú ar ranganna múinteoirí eile agus aiseolas criticiúil agus cuiditheach a thabhairt. Is díol spéise é go dtuairiscíonn siad gur thug cleachtais bhreathnóireachta piaraí agus/nó féinbhreathnóireachta deiseanna chun foghlaim go gníomhach go háirithe do mhúinteoirí óga (níos lú ná cúig bliana taithí múinteoireachta). Leag múinteoirí óna staidéar béim freisin ar luach na n-eispéireas foghlama gairmiúla mar rud fadtéarmach, comhoibríoch agus lena mbaineann próiseas meabhrach ar cheart dó tarlú i gcomhthéacs pobail scoile ar leith.

Léirigh staidéar Brezicha et al. (2020) freisin go dtacaíonn cultúr comhoibríoch scoile le sásamh múinteoirí leis an bpost fiú amháin nuair atá neamhréireacht ann idir dearcadh múinteoirí agus príomhoidí ar rannpháirtíocht múinteoirí i gcinnteoireacht. Go deimhin, tá fianaise fhairsing ann a thacaíonn leis an tuairim gur cheart go n-áireofaí le comhar éifeachtach múinteoirí forbairt ghairmiúil atá leabaithe i gcleachtais scoile agus seomra ranga, spriocanna foghlama atá sainithe go soiléir agus struchtúir agus próisis a thacaíonn le nuálaíochtaí múinteoireachta (Ceylan et al., 2020; Gümüş et al., 2023; Leino et al., 2022; Liu et al., 2022). Is féidir le comhoibriú agus comhar i measc múinteoirí deireadh a chur le

coimhlintí ag an obair agus dá bhrí sin cabhrú le múinteoirí mothúcháin dhearfacha a bheith acu i scoileanna (Kouhsari et al., 2023).

Tá staidéar Liu agus Benoliel (2022) ar cheann den bheagán staidéar ina n-úsáidtear sonraí idirnáisiúnta ar mhórsála le hanailísí staitistiúla láidre agus atá dírithe ar na cosúlachtaí trastíre agus na héagsúlachtaí i gcomhar múinteoirí. Chun é sin a dhéanamh, chuir siad na hathróa ó TALIS 2018, PISA 2018 agus staidéar GLOBE 2004 le chéile chun imscrúdú a dhéanamh ar na ceangail idir athróa comhthéacsúla agus comhar múinteoirí trasna teorainneacha náisiúnta. Mar a léirítear i Léaráid 3.6, ba é a gceist taighde foriomlán ná an chaoi a bhfuil comhthéacs náisiúnta, tosca scoile agus tréithe aonair múinteoirí bainteach leis an éagsúlacht i gcomhar múinteoirí.



Léaráid 3.6. Creat coincheapúil a mhol Liu agus Benoliel (2022) chun comhar múinteoirí a imscrúdú.


Sa staidéar fuarthas amach go mbíonn comhar múinteoirí níos airde de ghnáth i dtíortha a bhfuil beartais acu lena sórtáiltear daltaí i scoileanna de réir triailscóir agus lena rianaítear feidhmíocht daltaí chun críocha forbartha gairmiúla múinteoirí, chomh maith le ceanglais fhoirmiúla a chur i bhfeidhm maidir le taifid forbartha gairmiúla agus sonraí taifead daltaí ag údarais oideachais. Is díol spéise é gur cosúil gur mó an seans go bhfuil múinteoirí a raibh níos mó seans acu leas a bhaint as comhar lena gcomhghleacaithe fós scoite amach agus nach bhfuair siad an tacaíocht a bhí ag teastáil. Léiríodh ina dtorthaí freisin go raibh baint dhearfach ag a bheith i do mhúinteoir bainean, ardchéimeanna a bheith agat de ghnáth agus stádas lánaimseartha a bhaint amach le comhar múinteoirí. B'fhéidir go dtugann na torthaí sin le fios go bhféadfadh stádas múinteora i scoil a chlaonadh/ciaonadh chun oibriú i gcomhar le chéile a mhíniú. I gceann dá gceisteanna taighde rinneadh imscrúdú ar an gcaoi a bhfuil cúlraí aonair múinteoirí agus tosca scoile bainteach le comhar múinteoirí. Léirítear ina dtorthaí go bhfuil an éagsúlacht i gcomhar múinteoirí bainteach den chuid is mó le héagsúlachtaí ar leibhéal an mhúinteora. Ina theannta sin, tá éagsúlacht shuntasach sna ceangail idir comhar múinteoirí agus éifeachtaí randamacha scoile. Sna tíortha/réigiúin seo a leanas, an Chipir, an Araib Shádach, an Chóiré, an Liotuáin, Iosrael, an Phortaingéil, Shanghai (an tSín) tá níos lú éagsúlachta maidir le comhoibriú múinteoirí ar fud na scoileanna; agus

i gcontaetha/réigiúin eile, Alberta (Ceanada), an Bhrasáil, an Danmhairg, an Ostair, na Stáit Aontaithe agus an Iorua san áireamh, tá éagsúlacht níos suntasaí maidir le comhar múinteoirí ar fud na scoileanna. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gurbh fhearr le sochaithe a bhfuil meas acu ar chomhsheilbheachas, ar ndóigh, comhar múinteoirí. Idir an dá linn, d'fhéadfadh beartas oideachais agus tionscnaimh a chuireann comhar múinteoirí chun cinn an spleáchas comhair múinteoirí ar dhálaí scoile a laghdú freisin (Liu & Benoliel, 2022).

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhféadfadh tionchar a bheith ag gnéithe soch-chultúrtha freisin ar an tuiscint ar fhoghlaim ghairmiúil agus ar a tionchar ar phoist mhúinteoirí. I staidéar Chen et al. (2020) le múinteoirí ón Téaváin, Hong Cong agus Singeapór ($n=48,791$) tugadh faoi deara, bunaithe ar an anailís ó mheasúnú PIRLS 2011, nach bhfuil mórán fianaise ann go raibh tionchar dearfach ag comhar múinteoirí ar fheidhmíocht léitheoireachta na ndaltaí. Níor áiríodh ina staidéar ach múinteoirí lánaimseartha léitheoireachta, scríbhneoireachta agus litríochta; matamaitice; eolaíochta agus staidéir shóisialta. De réir na bhfoinsí seo, d'fhéadfadh sásamh múinteoirí páirtaimseartha leis an bpost a bheith ní ba bhaintí lena stádas páirtaimseartha ná tosca eile. Is díol spéise é gur thug siad faoi deara nár bhain daltaí múinteoirí nua (níos lú ná cúig bliana taithí múinteoireachta) leas ar leith as gníomhaíochtaí comhoibríoch a múinteoirí. D'fhéadfadh go leor tosca a bheith ina gcúis leis an easpa caidrimh dhearfaigh idir comhar múinteoirí agus feidhmíocht daltaí sa Téaváin, Hong Cong agus Singeapór. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoirí sna tíortha sin tionscnaimh chomhoibrítheacha a mheas, go háirithe nuair a fhorordaítear ón mbarr anuas iad, mar bhreis ar ualaí oibre atá trom cheana féin, rud a laghdaíonn an t-am atá ar fáil do thosaíochtaí eile sa deireadh. Chomh maith leis sin, toisc nach mbíonn baint idir comhar agus gnóthachtáil i gcórais oideachais in Oirthear na hÁise de ghnáth.

Tuairimí múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil éifeachtach


Maidir le tuiscintí múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil éifeachtach (FG), ba cheart a mheas go bhfuil fianaise láidir á soláthar ag Zhang et al. (2021a). Rinne siad anailís ar shonraí ó TALIS 2018, ina raibh 113,667 múinteoir meánscoile íochtaraí ó 45 córas oideachais. Léiríodh ina dtorthaí neamhréireacht shuntasach i ndáil le dearcadh múinteoirí ar chlár FG a bhí leabaithe agus sínithe sa scoil. Mheas thart ar leath de mhúinteoirí ar fud an domhain nach raibh pobail foghlama atá leabaithe i scoileanna agus a bhfuil spás fisiceach thart orthu (i.e., forbairt ghairmiúil ar siúl ar scoil agus lena mbaineann comhghleacaithe óna scoileanna) nó teorainn ama leo (i.e., tréimhse shínithe) neamhéifeachtach. Mar sin féin, thacaigh siad leis an tionchar dearfach a bhí ag an bhfoghlaim chomhoibríoch (féach Brandisauskienė et al., 2020 thuas) ar a gcleachtais teagaisc. Léiríodh i dtorthaí an staidéir seo freisin gur cheap formhór na múinteoirí (82%) ar fud an domhain go raibh clár forbartha gairmiúla éifeachtach a chomhlíon a riachtanais forbartha pearsanta (Gümüş et al., 2023). Is é an rud is spéisiúla fós ná go raibh neamhréireacht shuntasach ann i dtuairimí múinteoirí i leith tréithe éagsúla FG. Ar aon dul le samhail idirnasctha Clarke agus Hollingsworth (2002) le haghaidh FG (Léaráid 3.7), léirítear leis an neamhréireacht sin an chastacht a bhaineann le tacú le taithí foghlama múinteoirí aonair. Léirítear leis an gcastacht, dá réir, gur cheart forbairt ghairmiúil éifeachtach a dhearadh chun freastal ar riachtanais foghlama pearsantaithe agus fáis ghairmiúil múinteoirí. Bheadh an creat atá molta suimiúil le machnamh a dhéanamh air chun turas gairmiúil múinteoirí i staidéar TGM a léiriú.



Léaráid 3.7. An tsamhail idirnasctha fáis ghairmiúil (Clarke agus Hollingsworth, 2002).

Rinne múinteoirí Zhang et al. (2021a) próifiliú freisin ar chláir FG a bhfuil tionchar acu nuair a bhíonn siad (1) bunaithe ar réamheolas (91%), (2) oiriúnaithe do riachtanais forbartha pearsanta (82%), (3) nuair a bhíonn struchtúr comhtháite acu (78%), agus dírithe ar ábhar (76%). Ar an meán, mheas formhór na múinteoirí óna sampla go raibh tionchar ag tréithe na ‘foghlama gníomhaí agus comhoibríche’ nuair a bhíonn deiseanna ann chun smaointe agus eolas nua a chur i bhfeidhm (88%), nó le haghaidh foghlaim ghníomhach (82%) agus foghlaim chomhoibríoch (78%) agus nuair a bhíonn fócas ar nuálaíocht sa mhúinteoireacht (71%).

Déanann Liu agus Liao (2019) iniúchadh ar chláir FG freisin agus thacaigh siad le foghlaim atá leabaithe sa phost, atá dírithe ar fhiosrú agus atá comhoibríoch, agus atá dírithe ar ábhar a bhaineann le curaclam, scileanna teagaisc, bainistíocht scoile agus teicneolaíocht. Maidir le fad agus cáilíocht FG, fuarthas sa staidéar seo go raibh baint dhearfach ag fad an FG agus cáilíocht an FG dar le múinteoirí le cuid de na ceithre athróg éifeachtúlachta múinteoirí. Bunaithe ar an litríocht maidir le FG, tá creat coincheapúil bunaithe ag na húdair chun ceist taighde amháin a réiteach (Léaráid 3.8). Leis an gcreat sin treoraíodh an t-imscrúdú ar an ngaol idir formáidí éagsúla, ábhair, fad agus cáilíocht bhraite FG agus éifeachtúlacht múinteoirí trí éagsúlachtaí náisiúnta, scoile agus múinteoirí a rialú ag baint úsáid as tacar sonraí trasnáisiúnta ar mhórscála.



Léaráid 3.8. Creat coincheapúil a d’úsáid Liu agus Liao (2022) chun formáidí éagsúla, ábhair, fad agus cáilíocht bhraite maidir le forbairt ghairmiúil a imscrúdú.

Trí mhodhanna staitistiúla diana a chur i bhfeidhm le tacar sonraí ar mhórsála, fuair Liu agus Liao (2022), go ginearálta, go mbeadh méaduithe ar na trí fhoscála d’éifeachtúlacht múinteoirí mar thoradh ar FG sna formáidí a bhí leabaithe i gcleachtais laethúla múinteoirí (e.g. meantóireacht), ar fhiosruithe múinteoirí a spreagadh faoin múinteoireacht (e.g. taighde a dhéanamh), agus ar thacú le foghlaim chomhoibríoch múinteoirí (e.g. cóitseáil píaraí). I measc an ábhair, tá comhghaolta suntasacha ag FG maidir le scileanna teagaisc amhail inniúlachtaí oideolaíocha, cuir chuige i leith foghlaim aonair, múinteoireacht i suíomh ilchultúrtha nó ilteangach agus múinteoireacht scileanna traschuraclaim agus an FG le haghaidh treoir ghairme le héifeachtúlacht múinteoirí.

Mar achoimre, tá 10 staidéar as na 87 staidéar ($I = 10$) a chomhlíon na critéir áirimh dírithe go sonrach ar an ábhar maidir le foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus taithí ghairme. D’fhéadfaí teacht ar an gconclúid go bhfuil fianaise láidir ann chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama comhoibríocha múinteoirí mar chleachtas lárnach agus éifeachtach chun foghlaim ghairmiúil a fheabhsú. I measc cuid de na gníomhaíochtaí comhoibríocha atá bunaithe ar fhianaise tá comhar múinteoirí chun páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí faoi fhorbairt foghlama daltaí ar leith, ábhair mhúinteoireachta a mhalartú le comhghleacaithe agus/nó ranganna múinteoirí eile a bhreathnú agus aiseolas criticiúil agus cuiditheach a sholáthar. Maidir leis an bhformáid FG, tá fianaise láidir ann freisin i bhfabhar na ndaoine atá tumtha i gcleachtais laethúla múinteoirí (e.g. meantóireacht), na ndaoine a spreag fiosruithe múinteoirí faoin múinteoireacht (e.g. taighde a dhéanamh) agus na ndaoine a thacaigh le foghlaim chomhoibríoch múinteoirí (e.g., cóitseáil píaraí). Bunaithe ar an bhfianaise láidir a chuir staidéir taighde mhórsála ar fáil, d’fhéadfadh cuid de na himpleachtaí do staidéar TGM a bheith mar seo a leanas: (1) machnamh a dhéanamh ar an éagsúlacht creatlaí coincheapúla agus a n-impleachtaí chun turas múinteoirí FG a iniúchadh; agus (2) eolas

a dhéanamh do dhearadh (struchtúr agus toisí) ionstraimí chun faisnéis a bhaineann le turais FG a bhailiú bunaithe ar na creataí coincheapúla atá molta.

Ceist Taighde 4: Athbhreithniú a dhéanamh ar chumas OTM, Droichead agus Cosán freagairt do thosaíochtaí náisiúnta agus d'fhorbairtí beartais agus cleachtais

I bhfianaise théarmaí tagartha an athbhreithnithe scóipe seo, ní raibh aon staidéir a asbhaineadh inar tagraíodh do thosaíochtaí náisiúnta agus d'fhorbairtí náisiúnta beartais agus cleachtais in oideachas múinteoirí in Éirinn. I roinnt staidéar tugadh léargais ar thuairimí múinteoirí ar fhorbairtí beartais agus cleachtais ina seomraí ranga agus ina scoileanna agus ar conas a chuir siad i bhfeidhm iad. Tuairiscítear staidéir lena scrúdaítear minicíocht agus tréithe cleachtas forbartha gairmiúla i scoileanna níos luaithe faoi cheist taighde 3. Ina theannta sin, tá cúig staidéar bhreise (l=5) ábhartha do cheist 4. Tá mír in TALIS 2018 lena scrúdaítear cé chomh minic is a oibríonn múinteoirí le chéile chun 'caighdeáin choiteanna a chinntiú i meastóireachtaí chun dul chun cinn daltaí a mheas' mar a tuairiscíodh i scrúdú Brandisauskiene et al. (2020) ar thosca a thacaíonn le forbairt ghairmiúil inbhuanaithe do mhúinteoirí. Agus iad ag féachaint ar chleachtais chomhoibríocha múinteoirí chomh maith, rinne Chen et al. (2020) staidéar ar thionchar cleachtais chomhoibríoch múinteoirí ar scóir léitheoireachta daltaí trí úsáid a bhaint as PIRLS 2011 agus thuairiscigh siad go bhféadfadh tuairimí difriúla a bheith ag múinteoirí ar luach gníomhaíochtaí comhoibríocha a bhaineann lena bhforbairt ghairmiúil. Ina theannta sin, thuairiscigh Guo et al. (2021) gur féidir le leibhéal láraithe córas scoile tionchar a imirt ar chleachtais chomhoibríocha, agus go bhféadfadh 'saoirse ghairmiúil íseal múinteoirí a bheith i gcomhcheangal le comhar ard múinteoirí i dtíortha a bhfuil córais scoile níos láraithe acu, amhail an tSeapáin agus Singeapór.'. I gcodarsnacht leis sin, cé go bhféadfadh saoirse ghairmiúil ard múinteoirí a bheith i gcomhcheangal le comhar íseal múinteoirí i dtíortha a bhfuil córais scoile níos díláraithe acu, amhail an Astráil agus SAM' (lch 101730). I staidéir eile déantar iniúchadh ar conas na bacainní ar fhorbairt ghairmiúil le haghaidh scoileanna tuaithe a laghdú (Collie et al., 2020) agus conas aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí beartais a bhaineann le rochtain ar oideachas ionchuimsitheach a sholáthar chun tacú le múinteoirí atá ag déileáil leis na dúshlán a bhaineann le bheith ag obair le níos mó daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i seomra ranga (Cooc et al., 2019).

Ceist Taighde 5: Saincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí

Sa cheist taighde seo, déantar iniúchadh ar an litríocht d'fhonn léargais a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann le soláthar, éagsúlacht agus coinneáil múinteoirí. Is dúshlán roimh gach tír iarrthóirí ardchaighdeáin a earcú agus a choinneáil sa ghairm mhúinteoireachta. Tá sé sin ina thosaíocht do lucht déanta beartais agus do thaighdeoirí chun na tosca a mheallann agus a choinníonn na hiarrthóirí is fearr sa ghairm mhúinteoireachta a shainaithint. I gcuid mhór de na staidéir a asbhaineadh tagraíodh do ghanntanas múinteoirí agus na dúshlán a bhaineann le múinteoirí ardchaighdeáin a mhealladh agus a choinneáil. Tá fianaise ann freisin go bhfuil na dúshlán sin níos measa i scoileanna a bhfuil déimeagrafaic áirithe acu agus a fhreastalaíonn ar chineálacha áirithe daonraí daltaí. Mar shampla, fuarthas amach i staidéar le Cooc (2019) gur aontaigh beagnach leath de phríomhoidí i scoileanna príomhshrutha TALIS go raibh ganntanas múinteoirí a bhfuil inniúlacht acu i múineadh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ag cur bac

ar chumas a scoile teagasc ardchaighdeán a sholáthar. Agus an litríocht ó na staidéir chomparáideacha ar mhórsála á scrúdú, cuirtear béim ar an iliomad idirghníomhuithe ilchasta idir tosca a chuireann le cinneadh múinteora fanacht sa scoil nó sa ghairm mhúinteoireachta nó í a fhágáil. Tacaíonn ECFE (2020) leis sin freisin, a fhaigheann amach nuair a bhíonn sásamh leis an bpost, tacaíocht scoile, saoire ghairmiúil, spreagadh agus féinéifeachtúlacht i measc múinteoirí ard, go mbíonn rún íseal ag múinteoirí an ghairm a fhágáil.

Tugtar le fios i staidéir go bhfuil gaol suntasach idir laghdú múinteoirí agus míshásamh leis an ngairm mhúinteoireachta. Sna staidéir a bhfuil cur síos orthu thuas cuirtear léargais luachmhara ar fáil ar an gcaoi ar féidir le cultúr scoile dearfach, ceann ina dtacaítear le múinteoirí páirt a ghlacadh i gcultúr cinnteoireachta comhoibríoch (Brezicha et al., 2020; Collie et al., 2020; Madero, 2019; Smith & Persson, 2015; Zhang et al., 2021b), ardleibhéil sásaimh múinteoirí a chothú, fiú i scoileanna ardbhochtaineachta agus i dtíortha ina bhfuil ardleibhéil laghdaithe múinteoirí. Chomh maith le sásamh leis an bpost, is iad an dá réamhtháscairí suntasacha eile ar an rún fanacht sa ghairm mhúinteoireachta ná rannpháirtíocht i leibhéil arda forbartha gairmiúla (McJames et al., 2023) agus leibhéil arda féinéifeachtúlachta a bheith agat (Qin, 2019; Zhang et al., 2021b).

Tá tosca eile ar leibhéal an chórais a chuireann le strus múinteoirí ina ndúshlán roimh choinneáil múinteoirí freisin. I staidéar ar níos mó ná 100,000 múinteoir ar fud níos mó ná 40 tír a rinne Jerrim agus Sims (2022), thug na húdair rabhadh, mar gheall ar an gcomhghaol idir cuntasacht scoile agus strus múinteoirí, go bhféadfadh cuntasacht mhéadaithe a bheith fritorthúil dá laghdódh sé soláthar múinteoirí. Tá fianaise le fáil ar fud na litríochta freisin go mbíonn tionchar ag an meas atá ar an ngairm mhúinteoireachta sa tsochaí ar choinneáil agus ar laghdú múinteoirí (Ceylan, 2020). I staidéar lenar scrúdaíodh an chaoi a mbreathnaíonn an tsochaí i gcoitinne ar an ngairm mhúinteoireachta, ba iad na tréithe fearainn a shainaithin Price agus Weatherby (2018) a bhaineann le mothú go bhfuil meas ort mar mhúinteoir ná sásamh múinteoirí lena ndálaí oibre, rannpháirtíocht i gcinnteoireacht scoile agus an deis aitheantas a fháil as dea-obair. Ceanglaíonn a gcreat ceithre réimse oibrí eolais ina bhfuil tagarmharcanna gairmiúla, discríd ghairmiúil, deis le haghaidh ardú céime agus dálaí oibre “an iliomad torthaí a nascann stádas na gairme mhúinteoireachta le coinneáil agus mealladh múinteoirí” (lch 143).

Ní raibh ach staidéar amháin a thug léargas ar chás sonrath múinteoirí nua. Bhí anailís ar intinn choinneála múinteoirí luathghairme a rinne Van den Borre et al. (2023) bunaithe ar fhaisnéis TALIS 2018 ó 11,613 múinteoir luathghairme in 3998 scoil in 31 tír. Sa staidéar scrúdaíodh tábhacht choibhneasta na dtrí phríomh-mheicníocht trí imscrúdú a dhéanamh ar shaintréithe ábhartha múinteoirí, scoile agus tíre: (a) meicníochtaí roghnaithe a bhaineann leis an duine a bheidh ina múinteoir; (b) acmhainní tacaíochta luathghairme a bhaineann le dul isteach sa ghairm; agus (c) acmhainní tacaíochta fadtéarmacha a bhaineann le gairm bheatha sa mhúinteoireacht a fhorbairt. Mar gheall ar a dtástáil agus ar a bhforbairt ar chreat (ina raibh trí mheicníocht theoriciúla agus trí leibhéal anailíse éagsúla) bhí na húdair in ann staidéar a dhéanamh ar réamhtháscairí maidir le hintinn choinneála múinteoirí luathghairme ar leibhéal an duine aonair, na scoile agus na tíre. Maidir leis an gcéad mheicníocht, is é sin próisis roghnaithe le bheith i do mhúinteoir, bhí tionchar ag tosca leibhéal an duine aonair,

na scoile agus na tíre. I dtéarmaí tréithe ar leibhéal an duine aonair, is gnách le múinteoirí luathghairme a fhanann sa ghairm '(1) a mbrionglóid a bheith ina múinteoir a fhíorú, (2) mothú go bhfuil meas ag an tsochaí ar an ngairm mhúinteoireachta, agus (3) spreagadh láidir bunúsach a bheith acu' (lch 10). Bhí tréithe ar leibhéal na tíre ábhartha freisin, agus bhí intinn choinneála ní b'airde i scoileanna ina raibh leibhéal arda sásaimh leis an tuarastal ag múinteoirí agus i dtíortha a raibh tuarastail tosaigh bhliantúla arda acu. Bhí cláir oideachais múinteoirí a raibh riachtanais iontrála dhochta agus scrúduithe iontrála iomaíocha éigeantacha acu ag tuar freisin go mbeadh gairmeacha múinteoireachta ní b'fhaide ná mar a bheifí ag súil leo. Léiríodh i scrúdú ar an dara meicníocht, is é sin acmhainní tacaíochta luathghairme a bhaineann le dul isteach sa ghairm, nach raibh tionchar ach ag tosca aonair. Léirigh múinteoirí luathghairme a raibh meantóir acu agus a mhothaigh go raibh siad ullmhaithe go maith le linn a n-oiliúna réamhsheirbhíse go raibh sé beartaithe acu fanacht ar feadh tréimhse ní b'fhaide ina ngairmeacha beatha. Thuar na hacmhainní tacaíochta fadtéarmacha a bhaineann le gairm bheatha sa mhúinteoireacht a fhorbairt, arbh iad an tríú meicníocht, gairmeacha beatha sa mhúinteoireacht beagán ní b'fhaide nuair a oibríonn múinteoirí luathghairme i gcultúir chomhoibríocha scoile, nuair a fhaigheann siad níos mó aiseolais agus aiseolas éagsúil ó cheannaireacht scoile agus nuair a bhíonn rochtain níos éasca acu ar chlár forbartha gairmiúla. Bhí tionchar na gcultúr scoile comhoibríoch sin le feiceáil ar leibhéal na scoile agus na tíre freisin, agus tuartha ann go "bhfuil MLGanna a mhúineann i scoileanna agus i dtíortha a bhfuil meánleibhéal arda de chultúr scoile comhoibríoch acu ag súil fanacht ar feadh tréimhse níos faide sa ghairm mhúinteoireachta" (lch 11).

Conclúidí agus impleachtaí le haghaidh TGM

Ba é cuspóir an athbhreithnithe scóipe scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna taighde treoracha, ar fhorbairt agus ar úsáid ionstraimí agus ar na léargais a soláthraíodh le staidéir idirnáisiúnta ar mhórsála in oideachas múinteoirí ó 1990 go 2023 a bhí dírithe ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht. Tá léargais luachmhara curtha ar fáil ag an athbhreithniú seo ar na réimsí ar ábhar imní iad, a bhíonn mar thoradh de ghnáth (cé nach mbíonn i gcónaí) ar dhomhandú an oideachais, agus a bhfuil an-tóir orthu sa litríocht taighde ar mhúinteoireacht, ar mhúinteoirí agus ar oideachas múinteoirí ar fud an domhain. Leis an líon mór staidéar a sainaitníodh léirítear an spéis atá ag méadú i dtaighde comparáideach idirnáisiúnta, luach an méid is féidir le córais oideachais éagsúla a fhoghlaim óna chéile agus aitheantas méadaithe ar ghnéithe cultúrtha an oideachais. Leis na staidéir sin leagtar béim freisin ar na spreagthaí atá taobh thiar de chlár oibre beartais náisiúnta agus idirnáisiúnta a spreagann aird ar thorthaí ó staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht. Cé go bhfuil luach ag baint leis na staidéir sin, níl siad gan a gcáintí, agus ba cheart dúinn aird a thabhairt ar chuid acu agus muid ag bogadh i dtreo roghnú agus dearadh ár n-ionstraimí i staidéar fadaimseartha TGM. Go háirithe, d'fhéadfadh claontacht chultúrtha na dtíortha a dhearann iad a bheith sna staidéir/measúnuithe trasnáisiúnta ar mhórsála. D'fhéadfadh conclúidí róshimplithe a bheith mar thoradh ar na staidéir sin freisin mura gcuirfí comhthéacsanna cultúrtha, sóisialta agus stairiúla uathúla chóras oideachais gach tíre san áireamh. Dá bhrí sin, má bhreithnímid go cúramach modheolaíochtaí, teicnící bailithe sonraí agus an chaoi a ndéanaimid léirmhíniú ar na torthaí i gcomhthéacs chóras oideachais na hÉireann, cabhrófar linn a chinntiú go bhfaighimid léargais bhríocha ó bhailiúchán staidéar. Chomh maith leis na léargais a tugadh ar na ceisteanna

ar ábhar inní iad a spreagann staidéar fadaimseartha TGM, mar a thuairiscítear go mion sna codanna roimhe seo, leagtar béim leis an athbhreithniú scóipe seo ar an easpa faisnéise a bhaineann le múinteoirí agus leis an múinteoireacht in Éirinn, i gcomparáid le go leor tíortha eile de chuid ECFE – go háirithe sonraí comparáideacha idirnáisiúnta ar mhórsála den chineál a bhailigh TALIS. Mar a léirítear i dTábla 3.2, cé gur ghlac Éire páirt i mórán staidéar idirnáisiúnta ar mheasúnú daltaí ar mhórsála, níor ghlac sí páirt in TALIS ach sa chéad TALIS in 2008 (gan aon rannpháirtíocht in TALIS 2013 ná in TALIS 2018). Bunaithe ar an athbhreithniú scóipe seo, tá roinnt fhearainn TALIS agus scálaí gaolmhara ann mar aon le ceangail shamhaltaithe idir athróa a sholáthraíonn scálaí dea-bhailíochtaí agus an fhéidearthacht torthaí TGM a chur chun cinn go hidirnáisiúnta.

Tábla 3.2. Riaracháin TALIS: 2008, 2013, 2018 agus 2024

	Líon na dtíortha rannpháirteacha (& críocha)	Sampla de scála spéise féideartha le haghaidh staidéar TGM	Rannpháirtíocht na hÉireann
2008	23 (2)	Creidimh múinteoirí faoin múinteoireacht & faoin bhfoghlaim	Tá
2013	30 (6)	Féinéifeachtúlacht múinteoirí	Níl
2018	41 (8)	Cothromas agus Éagsúlacht ¹²	Níl
2024	54	Eolas múinteoirí	Níl

Mar shampla, beidh an chéad TALIS eile á dhéanamh in 2024 agus áirítear ann fócas ar eolas múinteoirí. Maidir leis na tíortha sin a ghlac páirt, tugtar léargais luachmhara sna staidéir athbhreithnithe ar an gcaoi a measann múinteoirí na timpeallachtaí foghlama ina n-oibríonn siad agus cuirtear in iúl an chaoi a gcuirtear beartais náisiúnta i bhfeidhm agus an cineál eispéiris atá ag múinteoirí orthu sa chleachtas. Go deimhin, in athbhreithniú bibleamhéadrach a rinneadh le déanaí ar anailísí tánaisteacha ar shonraí TALIS le Veletić et al. (2024) tugadh faoi deara “go bhfuil sé réasúnta a mhaíomh go bhfuil TALIS ar cheann de na príomhfhoinsí sonraí i réimse an taighde oideachais idirnáisiúnta”. Maidir le TGM, is féidir leis léargais thábhachtacha a thabhairt ar an raon cúiseanna atá luaite againn thuas agus beidh TALIS, mar aon le measúnuithe idirnáisiúnta mórsála eile, ina acmhainn úsáideach do staidéar TGM.

¹² Áiríodh in TALIS 2018 míreanna a bhain le téama nua ‘Cothromas agus Éagsúlacht’. Míreanna a bhaineann le tuiscintí ar shaincheisteanna maidir le héagsúlacht daltaí agus forálacha ar leibhéal na scoile agus an tseomra ranga chun freastal ar éagsúlacht (lena n-áirítear inscne, cultúr agus gnéithe socheacnamaíocha).

Tagairtí

- Bükki, E. & Fehérvári. A. (2021). How do teachers collaborate in Hungarian VET schools? A quantitative study of forms, perceptions of impact and related individual and organisational factors. *Empirical Research in Vocational Education and Training*, 13, 1-26.
- Choi, J., & Kang, W. (2019). Sustainability of cooperative professional development: Focused on teachers' efficacy. *Sustainability*, 11(3), 585.
- Ford, T. G., Urick, A., & Wilson, A. S. (2018). Exploring the effect of supportive teacher evaluation experiences on US teachers' job satisfaction. *Education Policy Analysis Archives*, 26, 59-59.
- García-Gómez, S., & Gil Flores, J. (2022). El profesorado y los enfoques innovadores en centros de educación secundaria en España. *Archivos Analíticos de Políticas Educativas*, 30(167).
- Gil-Flores, J. (2017). The role of personal characteristics and school characteristics in explaining teacher job satisfaction. *Revista de Psicodidáctica*, 22(1), 16-22.
- Huang, Y., Nalipay, M. J. N., & Wang, H. (2024). Profiles of occupational well-being among Chinese teachers: Associations with basic psychological needs satisfaction and teaching quality. *Teaching and Teacher Education*, 139, 104461.
- Jiang, X. (2022). Does public service motivation affect teacher satisfaction from the perspective of urban and rural dual structure? Empirical analysis based on Estonia TALIS 2018 Data. *Frontiers in Psychiatry*, 13, 727659.
- Kahraman, Ü., & Çelik, O. (2022). Evaluation of TALIS 2018 Results in the Context of Professional Development: Turkey Sample. *Athens Journal of Education*, 9(3).
- Kang, W. (2023). Factors Predicting Teachers' Job Satisfaction in Korean Secondary Schools. *Pegem Journal of Education and Instruction*, 13(3), 281-293.
- Liu, S., Keeley, J. W., & Sui, Y. (2023). Multi-level analysis of factors influencing teacher job satisfaction in China: Evidence from the TALIS 2018. *Educational Studies*, 49(2), 239-259.
- Mo, Y., Appel, M., Kim, J. W., & Lee, M. (2021). Pre-service teachers' international study experiences or in-service teachers' professional learning communities: what comes into play in Finnish teachers' self-efficacy in multicultural classrooms? *Teachers and Teaching*, 27(7), 602-624.
- O'Shea, C. (2021). How Relationships Impact Teacher Job Satisfaction. *International Journal of Modern Education Studies*, 5(2), 280-298.

- Yang, H. (2020). The effects of professional development experience on teacher self-efficacy: analysis of an international dataset using Bayesian multilevel models. *Professional Development in Education, 46*(5), 797-811.
- Yoo, J. E., & Rho, M. (2020). Exploration of predictors for Korean teacher job satisfaction via a machine learning technique, Group Mnet. *Frontiers in Psychology, 11*, 513655.
- Zhang, S., Shi, Q., & Lin, E. (2020). Professional development needs, support, and barriers: TALIS US new and veteran teachers' perspectives. *Professional Development in Education, 46*(3), 440-453.
- Živković, P. (2022). Perception of the part-time teachers' professional development needs, barriers, feedback, and job satisfaction: Case of Serbia from TALIS 2013 Sample. *The New Educational Review, 68*, 150-161.

Tagairtí: Staidéir atá san áireamh san athbhreithniú scóipe

- Akiba, M., Byun, S. Y., Jiang, X., Kim, K., & Moran, A. J. (2023). Do teachers feel valued in society? Occupational value of the teaching profession in OECD countries. *AERA Open*, 9, 23328584231179184.
- Ahn, J., Wang, Y., & Lee, Y. (2023). Interplay between leadership and school-level conditions: A review of literature on the Teaching and Learning International Survey (TALIS). *Educational Management Administration & Leadership*, 17411432231177835.
- Appel, M., & Lee, M. (2023). The role of study abroad in preparing teachers for multicultural classroom: The case of English and Australian teachers. *Multicultural Education Review*, 15(3), 223–243.
- Banerjee, N., Stearns, E., Moller, S., & Mickelson, R. A. (2017). Teacher job satisfaction and student achievement: The roles of teacher professional community and teacher collaboration in schools. *American Journal of Education*, 123(2), 203–241.
<https://doi.org/10.1086/689932>
- Biesta, G. (2015). Freeing Teaching from Learning: Opening Up Existential Possibilities in Educational Relationships. *Studies in Philosophy and Education*, 34, 229–243.
<https://doi.org/10.1007/s11217-014-9454-z>
- Biesta, G. (2021). The three gifts of teaching: Towards a non-egological future for moral education. *Journal of Moral Education*, 50(1), 39–54.
<https://doi.org/10.1080/03057240.2020.1763279>
- Biesta, G. (2022). The school is not a learning environment: How language matters for the practical study of educational practices. *Studies in Continuing Education*, 44(2), 336–346. <https://doi.org/10.1080/0158037X.2022.2046556>
- Brandisauskiene, A., Cesnaviciene, J., Miciuliene, R., & Kaminskiene, L. (2020). What factors matter for the sustainable professional development of teachers? Analysis from four countries. *Journal of Teacher Education for Sustainability*, 22(2), 153-170.
- Brezicha, K. F., Ikoma, S., Park, H., & LeTendre, G. K. (2020). The ownership perception gap: Exploring teacher job satisfaction and its relationship to teachers' and principals' perception of decision-making opportunities. *International Journal of Leadership in Education*, 23(4), 428-456.
- Bronfenbrenner, U. (1992). *Ecological systems theory*. London: Jessica Kingsley Publishers.
- Caprara, G. V., Barbaranelli, C., Steca, P., & Malone, P. S. (2006). Teachers' self-efficacy beliefs as determinants of job satisfaction and students' academic achievement: A study at the school level. *Journal of School Psychology*, 44(6), 473–490.

- Ceylan, E., & Özbal, E.Ö. (2020). The effects of extrinsic and intrinsic factors on teachers' job satisfaction in TALIS 2018. *International Online Journal of Primary Education*, 9(2), 244-259.
- Cha, S.-H., & Cohen-Vogel, L. (2011). Why they quit: A focused look at teachers who leave for other occupations. *School Effectiveness and School Improvement*, 22(4), 371–392. <https://doi.org/10.1080/09243453.2011.587437>
- Chen, W. L., Elchert, D., & Asikin-Garmager, A. (2018). Comparing the effects of teacher collaboration on student performance in Taiwan, Hong Kong and Singapore. *Compare: A Journal of Comparative and International Education*.
- Clarke, D., & Hollingsworth, H. (2002). Elaborating a model of teacher professional growth. *Teaching and Teacher Education*, 18(8), 947–967. [https://doi.org/10.1016/s0742-051x\(02\)00053-7](https://doi.org/10.1016/s0742-051x(02)00053-7)
- Collie, R. J., Malmberg, L. E., Martin, A. J., Sammons, P., & Morin, A. J. (2020). A multilevel person-centered examination of teachers' workplace demands and resources: Links with work-related well-being. *Frontiers in Psychology*, 11, 626.
- Cooc, N. (2019). Teaching students with special needs: International trends in school capacity and the need for teacher professional development. *Teaching and Teacher Education*, 83, 27–41.
- Fackler, S., Sammons, P., & Malmberg, L. E. (2021). A comparative analysis of predictors of teacher self-efficacy in student engagement, instruction and classroom management in Nordic, Anglo-Saxon and East and South-East Asian countries. *Review of Education*, 9(1), 203–239.
- Fackler, S., Malmberg, L. E., & Sammons, P. (2021). An international perspective on teacher self-efficacy: Personal, structural and environmental factors. *Teaching and Teacher Education*, 99, 103255.
- Gálvez, I. E., López-Martín, E., Manso, J., & Valle, J. M. (2018). Determining factors of teachers' self-efficacy in countries of the European Union. Results from TALIS 2013. *Educación* 1, 21(2), 225–248.
- Gilleece, L., Shiel, G., Perkins, R., & Proctor, M. (2009). *Teaching and learning international survey (2008): National report for Ireland*. Dublin: Educational Research Centre.
- González-Rodríguez, D., Rodríguez-Esteban, A., & González-Mayorga, H. (2023). Differences in teachers' training in digital competence and its application in the classroom: A comparative study by educational levels between Spain and France. *Revista Española de Pedagogía*, 80(282), 9.
- Gouédard, P., Kools, M. & George, B. (2023) The impact of schools as learning organisations on teachers' self-efficacy and job satisfaction: A cross-country analysis. *School Effectiveness and School Improvement*, 34(3), 331–357, DOI: 10.1080/09243453.2023.2196081

- Gümüş, E., & Bellibaş, M. Ş. (2023). The relationship between the types of professional development activities teachers participate in and their self-efficacy: A multi-country analysis. *European Journal of Teacher Education*, 46(1), 67–94.
- Guo, L., & Wang, J. (2021). Relationships between teacher autonomy, collaboration, and critical thinking focused instruction: A cross-national study. *International Journal of Educational Research*, 106, 101730.
- Jan, V. D., Kim, B., Kelly, T., & Noortgate, W. V. D. (2019). Do changes in instructional time, professional development of teachers and age of students explain changes in reading comprehension at the country level? An exploration of PIRLS 2006 and 2016. *Образование и саморазвитие*, 14(2), 10–31.
- Jerrim, J., Morgan, A., & Sims, S. (2023). Teacher autonomy: Good for pupils? Good for teachers?. *British Educational Research Journal*, 49(6), 1187–1209.
- Jerrim, J., & Sims, S. (2022). School accountability and teacher stress: international evidence from the OECD TALIS study. *Educational Assessment, Evaluation and Accountability*, 34(1), 5–32.
- Judge, T. A., & Bono, J. E. (2001). Relationship of core self-evaluations traits—self-esteem, generalized self-efficacy, locus of control, and emotional stability—with job satisfaction and job performance: A meta-analysis. *Journal of Applied Psychology*, 86(1), 80.
- Kasalak, G., & Dagyar, M. (2020). The relationship between teacher self-efficacy and teacher job satisfaction: A meta-analysis of the teaching and learning international survey (TALIS). *Educational Sciences: Theory and Practice*, 20(3), 16–33.
- Kouhsari, M., Chen, J., & Baniasad, S. (2023). Multilevel analysis of teacher professional well-being and its influential factors based on TALIS data. *Research in Comparative and International Education*, 18(3), 395–418.
- Leino, K., Nissinen, K., & Sirén, M. (2022). Associations between teacher quality, instructional quality and student reading outcomes in Nordic PIRLS 2016 data. *Large-Scale Assessments in Education*, 10(1), 25.
- Liu, Y., & Benoliel, P. (2022). National context, school factors, and individual teacher characteristics: Which matters most for teacher collaboration? *Teaching and Teacher Education*, 120, 103885.
- Liu, Y., & Liao, W. (2019). Professional development and teacher efficacy: Evidence from the 2013 TALIS. *School Effectiveness and School Improvement*, 30(4), 487–509.

- da Silva Lopes, B., Albergaria-Almeida, P., & Martinho, M. (2015). Learning and teaching in Portugal: An analysis of TALIS 2013. *Procedia-Social and Behavioral Sciences*, 186, 630-636.
- Madero, C. (2019). Secondary teacher's dissatisfaction with the teaching profession in Latin America: the case of Brazil, Chile, and Mexico. *Teachers and Teaching*, 25(3), 358-378.
- McJames, N., Parnell, A., & O'Shea, A. (2023). Factors affecting teacher job satisfaction: a causal inference machine learning approach using data from TALIS 2018. *Educational Review*, 1-25.
- Niu, J., Fan, C., Wang, Z., & Chen, Y. (2023). Multi-level analysis of factors on teacher job satisfaction across Japan and South Korea: Evidence From TALIS 2018. *Sage Open*, 13(2), 21582440231178533.
- OECD (2013). *Teaching and Learning International Survey (TALIS) 2013*. Teacher Questionnaire.
- OECD (2014). *TALIS 2013 Results: An International Perspective on Teaching and Learning*. OECD Publishing.
- OECD (2019). *TALIS 2018 Results (Volume I): Teachers and School Leaders as Lifelong Learners*. TALIS, OECD Publishing, Paris, <https://doi.org/10.1787/1d0bc92a-en>
- OECD (2020a). *TALIS - The OECD Teaching and Learning International Survey*. <http://www.oecd.org/education/talis/>
- Perrachione, B., Rosser, V., & Petersen, G. (2008). Why do they stay? Elementary teachers' perceptions of job satisfaction and retention. *The Professional Educator*, 32(2).
- Price, H. E., & Weatherby, K. (2018). The global teaching profession: How treating teachers as knowledge workers improves the esteem of the teaching profession. *School Effectiveness and School Improvement*, 29(1), 113-149.
- Ronfeldt, M., Loeb, S., & Wyckoff, J. (2013). How teacher turnover harms student achievement. *American Educational Research Journal*, 50(1), pp. 4–36.
- Qi, L.I.N., & Bin, Z. H. O. U. (2022). Can increasing teachers' teaching autonomy help improve instructional quality?--Based on the Results of TALIS 2018. *Frontiers of Education in China*, 17(2).
- Qin, L. (2019). Factors relating to teachers' intention to change school: A multilevel perspective. *Policy Futures in Education*, 17(3), 318-338.
- Scherer, R., Jansen, M., Nilsen, T., Areepattamannil, S., & Marsh, H. W. (2016). The quest for comparability: Studying the invariance of the teachers' sense of self-efficacy (TSES) measure across countries. *PLoS one*, 11(3), e0150829

- Skaalvik, E. M., & Skaalvik, S. (2017). Motivated for teaching? Associations with school goal structure, teacher self-efficacy, job satisfaction and emotional exhaustion. *Teaching and Teacher Education*, *67*, 152–160. <https://doi.org/10.1016/j.tate.2017.06.006>
- Smith, W. C., & Persson, A. M. (2015). *Teacher Satisfaction in High Poverty Schools*. Educational Studies Moscow, National Research University Higher School of Economics, issue 2, 146-182.
- Thomas, J., Graziosi, S., Brunton, J., Ghouze, Z., O'Driscoll, P., & Bond, M. & Koryakina, A. (2023). *EPPI-Reviewer: advanced software for systematic reviews, maps and evidence synthesis*. EPPI Centre, UCL Social Research Institute, University College London.
- Tricco, A.C., Lillie, E., Zarin, W., O'Brien, K.K., Colquhoun, H., Levac, D., et al. PRISMA Extension for Scoping Reviews (PRISMA-ScR): Checklist and Explanation. *Ann Intern Med*. *69*, 467–473. doi:10.7326/M18-0850
- Tschannen-Moran, M. & Woolfolk Hoy, A. (2001). Teacher efficacy: Capturing an elusive construct. *Teaching and Teacher Education*, *17*(7), 783–805. doi: 10.1016/S0742-051X(01)00036-1
- Van den Borre, L., Spruyt, B., & Van Droogenbroeck, F. (2021). Early career teacher retention intention: Individual, school and country characteristics. *Teaching and Teacher Education*, *105*, 103427.
- Veletić, J., Mejía-Rodríguez, A. M., & Olsen, R. V. (2024). A systematic literature review of TALIS secondary research: Trends and future directions. *Review of Education*, *12*(1), e3469.
- Vieluf, S., Kunter, M., & Van de Vijver, F. J. (2013). Teacher self-efficacy in cross-national perspective. *Teaching and Teacher Education*, *35*, 92-103.
- Yliniva, K., Bryan, A., & Brunila, K. (2024). 'The future we want'?—the ideal twenty-first century learner and education's neuro-affective turn. *Comparative Education*, 1-21
- Zakariya, Y. F., Bjørkestøl, K., & Nilsen, H. K. (2020). Teacher job satisfaction across 38 countries and economies: An alignment optimisation approach to a cross-cultural mean comparison. *International Journal of Educational Research*, *101*, 101573.
- Zhang, L., Carter Jr, R. A., Zhang, J., Hunt, T. L., Emerling, C. R., Yang, S., & Xu, F. (2021a). Teacher perceptions of effective professional development: Insights for design. *Professional Development in Education*, 1-14.
- Zhang, X., Zhao, C., Xu, Y., Liu, S., & Wu, Z. (2021b). Kernel causality among teacher self-efficacy, job satisfaction, school climate, and workplace well-being and stress in TALIS. *Frontiers in Psychology*, *12*, 694961.

Aguisín 1

Téarmaí cuardaigh a úsáideadh:

teach* OR "newly qualified teacher" OR "novice teacher" OR "first year teacher" OR "experienced teacher" OR "teacher career" OR "teaching experience" OR "teacher education"

"International" OR "Multi-country" OR "large scale assessment" OR "cross-country" OR "comparative" talis OR timms OR pirls AND NOT med* / ESL / EFL / veterinary*

Scopus:

Scagairí:

- **1990-2023** (ba chosúil gurbh é an chéad cheann 2000)
- **Cineál doiciméid: Alt/Leabhar/Caibidil leabhair/Páipéar sonraí**
- **Limistéar ábhair Eisiata:** Leigheas / Gairmeacha Sláinte Eisiata / Gnó, Bainistíocht agus Cuntasaíocht Eisiata / Innealtóireacht Eisiata / Eacnamaíocht, Eacnaiméadracht agus Airgeadas Eisiata / Altranas Eisiata / Cógaseolaíocht, Tocsaineolaíocht agus Cógaisíocht Eisiata / Domhaneolaíocht agus Eolaíocht Phláinéadach Eisiata / Bithcheimic, Géineolaíocht agus Bitheolaíocht Mhóilíneach Eisiata / Ceimic Eisiata / Imdhíoneolaíocht agus Micribhitheolaíocht Eisiata / Innealtóireacht Cheimiceach Eisiata / Eolaíocht na nÁbhar Eisiata
- **Béarla + Spáinnis**
- Fuarthas 226 doiciméad

EBSCO (APA + ERIC + ríomhleabhar + innéacs oideachais na Breataine):

Scagairí:

- **1990-2023** (thart ar 30 staidéar a foilsíodh roimh 1990)
- **Cineál doiciméid: Alt/Leabhar/Caibidil leabhair/Páipéar sonraí/Tuarascálacha**
- **Níorbh fhéidir scagadh de réir teanga** (ach Béarla = 232)
- Fuarthas 327 doiciméad (229 Tuarascáil)

Web of Science:

Scagairí:

- **1990-2023** (is cosúil gurbh é 2003 an ceann is luaithe)
- **Cineál doiciméid: Alt/Leabhar/Caibidil leabhair/Páipéar imeachtaí/Rochtain luath**
- **Béarla + Spáinnis (10)**
- 243 toradh

ENDNOTE (ag fáil réidh le dúblaigh):

- Scopus: 97
- Ebsco: 285
- Web of Science: 183

Aguisín 2

Scagadh teidil agus achoimre – staidéir idirnáisiúnta mhórsála

De bharr leitheadúlacht na staidéar náisiúnta ina mbaintear úsáid as sonraí ó staidéir idirnáisiúnta mhórsála amhail TALIS tugtar le fios go bhfuil luach le gnóthú as páirt a ghlacadh i staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta. Baintear sonraí náisiúnta as staidéir chomparáideacha idirnáisiúnta sna staidéir náisiúnta seo ar chúiseanna éagsúla. Scrúdaítear a gcuid sonraí chun léargas a thabhairt ar ghnéithe a bhaineann le múinteoirí agus leis an múinteoireacht laistigh dá dtíortha féin, chun a gcórais oideachais a chur i gcomparáid le córais tíortha eile, agus chun na ceangail idir tosca éagsúla a mbíonn tionchar acu ar mhúinteoirí agus ar an múinteoireacht a iniúchadh.

I gcuid de na staidéir sainaithníodh na dálaí a thacaíonn le **sásamh leis an bpost** agus folláine cheirde i measc múinteoirí. Rinneadh scrúdú ar thosca éagsúla chun méid a dtionchair, más ann dó, ar shásamh múinteoirí leis an bpost a shainaithint. I roinnt staidéar rinneadh scrúdú ar éifeacht toisce amháin ar chineálacha éagsúla múinteoirí, amhail an staidéar Eastónach ina ndearnadh scrúdú ar ról spreagadh na seirbhíse poiblí ar shásamh múinteoirí uirbeacha agus tuaithe leis an bpost (Jiang, 2022). I staidéar le Živković (2022) a bhí dírithe ar mhúinteoirí páirtaimseartha agus inar úsáideadh sonraí Seirbiacha TALIS 2013, sainaithníodh caidreamh suntasach idir riachtanais shonracha forbartha gairmiúla múinteoirí páirtaimseartha (ag obair le teicneolaíocht agus le daltaí a raibh riachtanais speisialta oideachais speisialta acu) agus sásamh leis an bpost. I staidéir eile rinneadh iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de shásamh leis an bpost nó ar leibhéil éagsúla athróg a raibh tionchar acu ar shásamh leis an bpost. Mar shampla, thug Kang (2023) aghaidh ar shásamh leis an bpost mar scála ilchodach ag a bhfuil dhá thoise, sásamh poist leis an ngairm agus sásamh poist leis an timpeallacht oibre. Rinneadh iniúchadh freisin ar an tionchar a bhí ag tosca ar leibhéal an mhúinteora agus ar leibhéal na scoile, ina n-aonar nó in éineacht le chéile, ar shásamh múinteoirí leis an bpost. I staidéar ar mhúinteoirí Meiriceánacha a rinne O'Shea (2021) ina ndearnadh scrúdú ar réamhtháscairí ar leibhéal an mhúinteora fuarthas amach gur réamhtháscaire dearfach agus suntasach ar shásamh múinteoirí leis an bpost iad na caidrimh múinteoirí le daltaí. De bhrí gur léiríodh in anailís il-leibhéil ní ba chasta a rinne Liu et al. (2023) ar thosca a raibh tionchar acu ar shásamh múinteoirí leis an bpost sa tSín go raibh baint shuntasach ag tosca ar leibhéal an mhúinteora (e.g. spreagadh múinteoirí agus timpeallacht araíonachta braite múinteoirí) agus ar leibhéal na scoile (e.g. ciontóireacht scoile agus foréigean) le sásamh múinteoirí leis an bpost. Baineadh úsáid as meaisínfhoghlaim freisin chun na céadta réamhtháscaire de chuid TALIS ar shásamh múinteoirí leis an bpost a mheas i samhail staitistiúil amháin bunaithe ar shonraí ar mhúinteoirí Cóiréacha (Yoo & Rho, 2020). Sa staidéar dearbhaíodh tionchar timpeallachtaí scoile comhoibríocha agus féinéifeachtúlachta múinteoirí ar shásamh múinteoirí leis an bpost agus sainaithníodh athróg nua a mbíonn tionchar acu ar shásamh múinteoirí leis an bpost, amhail ról aiseolais múinteora, timpeallachtaí scoile rannpháirteacha, bacainní braite ar fhorbairt ghairmiúil agus eispéiris meastóireachta múinteoirí tacúla (Ford et al., 2018). I staidéar ar an tacar sonraí Síneach ó shuirbhé TALIS 2018, rinne Huang et al. (2024) coincheapú ar fholláine cheirde múinteoirí trí úsáid a bhaint as cur chuige a bhí dírithe ar an duine (féach ar Deci & Ryan,

2002). Sainathníodh ceithre fhoghrúpa múinteoirí a raibh leibhéil éagsúla sásaimh leis an bpost agus struis acu: múinteoirí an-sásta, múinteoirí cothroma, múinteoirí an-mhíshásta agus múinteoirí atá faoi strus mór. Freagraíonn na ceithre phróifíl sin ar bhealaí éagsúla do shásamh riachtanas bunúsach síceolaíoch múinteoirí (i.e. saoirse ghairmiúil, inniúlacht, agus gaolmhaireacht) agus cáilíocht na múinteoireachta (i.e., soiléireacht teagaisc, gníomhachtú cognaíoch agus bainistíocht sa seomra ranga).

D'éascair na staidéir sin ar shásamh múinteoirí leis an bpost ó roinnt cúiseanna éagsúla. Bhí roinnt spreagtha ag an gcreideamh go bhfuil folláine cheirde agus sásamh múinteoirí leis an bpost ríthábhachtach chun múinteoireacht ardchaighdeán agus, dá bharr sin, torthaí dearfacha do dhaltaí a chinntiú (Huang et al., 2024; Yoo & Rho, 2020). Bhí staidéir eile spreagtha ag iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna náisiúnta maidir le soláthar agus coinneáil múinteoirí (Jiang, 2019; Liu et al., 2023; Yoo & Rho, 2020). Tríd is tríd, bíonn múinteoirí a chreideann go bhfuil meas ar a gcuid oibre agus go bhfuil an obair bríoch don tsochaí níos sásta lena ngairm, mar atá sásamh gairmiúil na rannpháirtithe a mhothaíonn go n-éistear lena dtuairimí ar bheartais oideachais agus go n-aithnítear iad (Büyükgöze, 2023).

Bhí staidéir eile dírithe ar **fhorbairt ghairmiúil (FG)** múinteoirí. Bunaithe ar shonraí TALIS 2018 ó mhúinteoirí Turcacha, fuair Kahraman agus Çelik (2022) amach go raibh éileamh ní ba mhó ar FG a bhí dírithe ar mhúineadh daltaí a raibh riachtanais speisialta acu agus i dtimpeallachtaí ilchultúrtha nó ilteangacha. I measc na mbacainní ar FG bhí easpa dreasachtaí agus tacaíochta chun páirt a ghlacadh in FG, neamh-chomhoiriúnacht leis an sceideal oibre agus easpa gníomhaíochta cuí FG. Nuair a scrúdaíodh leibhéil sinsearachta, bunaithe ar ghrúpa sinsearachta ísle (a bhí ag múineadh ar feadh cúig bliana nó níos lú) agus ar ghrúpa ardsinsearachta (a bhí ag múineadh ar feadh sé bliana nó níos mó), fuarthas difríochtaí suntasacha ó thaobh staitistice de sna gníomhaíochtaí FG a nglacann múinteoirí páirt iontu agus sna riachtanais FG agus sna bacainní FG. Bhí an fócas sin ar mhéid na taithí múinteoirí ina bhéim freisin i staidéar ar mhúinteoirí Meiriceánacha nua agus ar mhúinteoirí a raibh seantaithí acu a rinne Zhang et al. (2020a) trí úsáid a bhaint as sonraí TALIS 2013. Thuairiscigh múinteoirí nua (níos lú ná cúig bliana sa mhúinteoireacht) agus múinteoirí a raibh seantaithí acu (níos mó ná cúig bliana sa mhúinteoireacht) araon go raibh gá acu le FG a bheadh dírithe ar shainorduithe beartais/caighdeán bheartais, teicneolaíocht, múineadh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus cuir chuige i leith foghlama atá saincheaptha don duine aonair. Níor soláthraíodh forlíonta tuarastail ná tacaíocht neamhairgeadaíochta do ghníomhaíochtaí FG do chuid mhór de gach grúpa. Thuairiscigh múinteoirí a raibh seantaithí acu níos mó bacainní maidir le rannpháirtíocht in FG. Rinne Yang (2020) iniúchadh ar an ngaol idir taithí forbartha gairmiúla agus féinéifeachtúlacht múinteoirí in SAM trí úsáid a bhaint as sonraí ó TALIS 2013. Fiú tar éis rialú a dhéanamh ar thosca tábhachtacha ar leibhéal an duine aonair agus na scoile, fuarthas amach sa staidéar go raibh baint shuntasach ag taithí FG le féinéifeachtúlacht mhéadaithe múinteoirí. Ina theannta sin, is mó an seans go mbainfidh múinteoirí scoile tuaithe leas as FG ná múinteoirí i gcathracha móra. Tríd is tríd, tá baint shuntasach ag roinnt tosca ar leibhéal an mhúinteora agus na scoile le leibhéal rannpháirtíochta múinteoirí i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla.

Bhí fócas ar **fhéinéifeachtúlacht múinteoirí** forleathan i staidéir náisiúnta freisin. Rinne Mo et al. (2021) iniúchadh ar an tionchar a bhí ag eispéiris staidéir thar lear agus rannpháirtíocht i bpobail foghlama gairmiúla (PFGanna) ar fhéinéifeachtúlacht múinteoirí réamhsheirbhíse agus inseirbhíse san Fhionlainn i seomraí ranga ilchultúrtha. D'imigh na ceangail dhearfacha tosaigh idir eispéiris staidéir thar lear ag múinteoirí réamhsheirbhíse nuair a cuireadh athrú ar leibhéal an mhúinteora agus ar leibhéal na scoile san áireamh. Mar sin féin, fuair siad amach go bhfuil ról tábhachtach ag rannpháirtíocht múinteoirí inseirbhíse in PFGanna ina bhféinéifeachtúlacht i seomraí ranga ilchultúrtha.

Ar an gcaoi chéanna, fuarthas amach i staidéar ar mhúinteoirí Meiriceánacha (Yang, 2020) go raibh ceangal suntasach idir eispéiris forbartha gairmiúla agus féinéifeachtúlacht mhéadaithe múinteoirí. Mar sin féin, tá an mheicníocht trína bhforbraítear agus trína léirítear féinéifeachtúlacht casta, mar a léirítear i staidéar Kang (2023), ina scrúdaítear na meascáin de dhálaí is cúis le sásamh múinteoirí Cóiréacha leis an bpost. Ba iad féinéifeachtúlacht múinteoirí i gcoitinne agus féinéifeachtúlacht múinteoirí i seomraí ranga ilchultúrtha an dá athrúg mhínte a úsáideadh sa scála ilchodach dhéthoiseach de shásamh múinteoirí leis an bpost - sásamh poist leis an ngairm agus sásamh poist leis an timpeallacht oibre. Fuarthas roinnt meascán de thosca lenar míníodh sásamh poist leis an ngairm agus sásamh poist leis an timpeallacht oibre; ach bhí patrúin neamhshiméadracha ann maidir le tionchar na féinéifeachtúlachta. Mar shampla, chuir féinéifeachtúlacht íseal le sásamh íseal poist leis an ngairm; mar sin féin, níor chuir féinéifeachtúlacht ard le sásamh ard poist leis an ngairm. San Ungáir, fuair Bükki agus Fehérvári (2021) amach go bhfuil baint ag comhar níos minice trí phlé gairmiúil agus trí mhalartú ábhar le braistint féinéifeachtúlachta níos airde i measc múinteoirí freisin toisc go spreagann siad múinteoirí a bheith suaimhneach, caoinfhulangach chomh maith le caidrimh chomhghleacúla. Tacaíodh leis na torthaí seo i staidéar Choi agus Kang (2019) ar an gCóiré, ina léiríonn siad an tionchar dearfach a bhíonn ag forbairt ghairmiúil chomhoibríoch ar éifeachtúlacht múinteoirí. I staidéar ina raibh 5201 múinteoir Casacstánach léiríodh go bhfuil seans níos mó ann go mbeidh leibhéal arda féinéifeachtúlachta agus sásamh leis an bpost ag múinteoirí a théann isteach sa ghairm le claontaí altrúíocha. I staidéar Garcia-Gomez agus Flores (2022) ina raibh 4574 múinteoir thángthas ar an gconclúid go bhfuil baint ag úsáid cur chuige nuálach le féinéifeachtúlacht bhraite múinteoirí, soiléireacht i bpleanáil múinteoireachta, comhar le múinteoirí eile, freagracht shóisialta mar spreagadh chun a bheith i do mhúinteoir agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla. Ar an gcaoi chéanna, rinne Gil-Flores (2016), a rinne staidéar ar an Spáinn agus ar Guangbao, agus Timothy (2021), a rinne staidéar ar an Astráil, cur síos ar na hathrúga is suntasaí i míniú féinmhuiníne mar seo a leanas: an comhoibriú idir múinteoirí, an timpeallacht araíonachta a mheastar a bheith sa seomra ranga, riachtanais forbartha gairmiúla i réimsí na heolaíochta agus na múinteoireachta agus creideamh tógachaíoch.

Faisnéis eile ó na hachoirí staidéir seo a d'fhéadfadh a bheith ábhartha:

- Laghdaíonn sásamh múinteoirí tuaithe san Eastóin de réir mar a théann siad in aois, agus tá sásamh múinteoirí fireanna i bhfad níos ísle ná sásamh múinteoirí baineanna. Laghdaíonn sásamh múinteoirí uirbeacha de réir mar a fheabhsaíonn a gcáilíochtaí acadúla (Jiang, 2022).
- Tá fócas ar mhúinteoirí tuaithe agus ar mhúinteoirí uirbeacha maidir le sásamh leis an bpost (Jiang, 2022) agus buntáistí a bhaineann le FG (Yang, 2020).
- Rinne Zhang et al. (2020) agus Kahraman agus Çelik (2022) scrúdú ar mhúinteoirí nua agus ar mhúinteoirí a raibh seantaithí acu i staidéir.
- Bhí Mo et al. (2021) (staidéar féinéifeachtúlachta) agus Kang (2023) (ar shásamh múinteoirí) dírithe ar sheomraí ranga ilchultúrtha sa tSín.
- Tá gaol idir tnáitheadh mothúchánach múinteoirí agus torthaí oideachais i measc daltaí. Léiríonn Katrin agus Alexandre (2016) ceangail dhiúltacha dhíreacha idir tnáitheadh mothúchánach múinteoirí agus meánghráid scoile na ndaltaí sa rang, triailscóir ghnóthachtála chaighdeánaithe, sásamh scoile agus tuairimí ar thacaíocht múinteoirí sa Ghearmáin.

An tábhacht a bhaineann le meantóir foirmiúil, thar ionduchtú múinteoirí nua, toisc gur thuar siad cleachtais bhainistíochta ní b'airde sa seomra ranga, soiléireacht cleachtas teagaisc agus gníomhaíochtaí gníomhachtaithe cognaíocha (Hightower et al., 2021, SAM)

Fócais staidéir nár tharla ach uair amháin nó faoi dhó:

- tosca a mbíonn tionchar acu ar chleachtais teagaisc (Zhang et al., 2021, SAM; Jung-Cheng et al., 2020, an Téaváin)
- tosca a mbíonn tionchar acu ar úsáid TFC (Xu & Zhu, 2023, an tSín)
- tosca a mbíonn tionchar acu ar cháilíocht múinteoirí (Ouweland et al., 2022, an Ísiltír)
- próifílí spreagúla múinteoirí (Órdenes et al., 2022, an tSile)
- tionchar breathnóireachta agus aiseolais múinteoirí ar chleachtas gairmiúil (Lizasoain, 2023, Mentese, 2014)
- straitéisí measúnaithe a úsáideadh (Albergaria-Almeida et al., 2015, an Phortaingéil)
- tionchar ceannaireachta dailte ar nuálaíocht eagraíochta trí chomhar múinteoirí (Çoban & Atasoy, 2020, an Tuirc)

Aguisín 3


San aguisín seo, tá na nithe seo a leanas curtha san áireamh againn: (1) creataí teoiriciúla, (2) ceisteanna taighde; agus (3) modheolaíochtaí (nach bhfuil san áireamh san athbhreithniú scóipe) a d'fhéadfadh a bheith ábhartha do staidéar TGM

(1) Creataí teoiriciúla

- *The job demands-resources* (Bakker & Demerouti, 2017)

Bakker, A. B., & Demerouti, E. (2017). Job demands–resources theory: Taking stock and looking forward. *Journal of Occupational Health Psychology*, 22(3), 273–285.

<https://doi.org/10.1037/ocp0000056>



Léaráid 1. An tsamhail éilimh phoist–acmhainní poist.

- *Transformation Theory* (Mezirow, 1994)

Mezirow, J. (1994). Understanding transformation theory. *Adult Education Quarterly*, 44(4), 222–232. <https://doi.org/10.1177/0741713694044400403>

- *Social Cognitive Theory* (Bandura, 1997)

Bandura, A. (1997). *Self-efficacy: The exercise of control*. WH Freeman

- *Culturally Responsive Teaching Theory* (Ladson-Billings, 2014)

Ladson-Billings, G. (2014). Culturally relevant pedagogy 2.0: A.k.a. the remix. *Harvard Educational Review*, 84(1), 74–84. <https://doi.org/10.17763/haer.84.1.p2rj131485484751>

- *Teachers Professional Wellbeing* (Yildirim, 2014)

Yildirim, K. (2014) Main factors of teachers' professional wellbeing. *Educational Research and Reviews*, 9(6), 153–163.

(2) Ceisteanna taighde

- Cé chomh difriúil is atá mothúcháin chiaptha múinteoirí nua agus tosaitheoirí ardleibhéil agus mothúcháin chiaptha na múinteoirí sin i lár a ngairme agus i ndeireadh a ngairme?
- Cé chomh fada agus a bhaineann an leibhéal ullmhachta braite i measc múinteoirí nua agus tosaitheoirí ardleibhéil lena gcuid mothúchán ciaptha?
- Cé chomh fada agus atá forbairt ghairmiúil múinteoirí nua agus tosaitheoirí ardleibhéil bainteach lena gcuid mothúchán ciaptha?
- Cé chomh fada agus atá baint ag dálaí oibre múinteoirí nua agus tosaitheoirí ardleibhéil lena gcuid mothúchán ciaptha?
- Cén tionchar a bheadh ag athchóirithe cuntasachta ar phá, sairse ghairmiúil sa seomra ranga agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht scoile i dtaca le dearcadh múinteoirí ar luach na gairme ar dhálaí oibre múinteoirí, is dócha?
- An bhfuil na haidhmeanna oideachais atá ag teacht chun cinn ó mhíreanna suirbhé TALIS 2013-2018 de chuid ECFE faoi fhéinéifeachtúlacht múinteoirí níos dírithe ar an gcomhsheilbheachas nó ar indibhidiúlachas?
- An bhfuil baint ag sásamh múinteoirí leis an bpost leis an mbearna dearcthaí agus le comhar múinteoirí tar éis rialú a dhéanamh ar thréithe múinteoirí agus scoile?
- Cé chomh mór is atá easpa múinteoirí atá inniúil i múineadh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu ag cur bac ar chumas scoileanna i dtíortha atá rannpháirteach in TALIS teagasc ardchaighdeán a sholáthar?
- Cad é an leibhéal rannpháirtíochta, tionchair agus gá atá ann faoi láthair maidir le forbairt ghairmiúil san oideachas speisialta i measc múinteoirí i dtíortha atá rannpháirteach in TALIS?
- Cad iad na tosca ar leibhéal an mhúinteora agus na scoile a bhaineann le riachtanas forbartha gairmiúla san oideachas speisialta i measc múinteoirí i dtíortha atá rannpháirteach in TALIS?
- Cad iad na príomhthosca a chinneann creideamh múinteoirí i bhféinéifeachtúlacht? An tosca aonair nó tosca comhthéacsúla iad sin?
- Cé chomh fada agus a bhaineann féinéifeachtúlacht múinteoirí le tréithe múinteoirí?
- Cé chomh fada agus a bhaineann féinéifeachtúlacht múinteoirí le tréithe?
- Cé chomh fada agus a bhaineann féinéifeachtúlacht múinteoirí le tréithe príomhoide?
- Cé chomh fada agus a bhaineann féinéifeachtúlacht múinteoirí le tréithe scoile?
- Cé chomh dóchúil is atá sé go bhfaighidh seomraí ranga ina bhfuil níos mó daltaí a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal acu múinteoirí a bhfuil cáilíochtaí níos ísle acu sa mhatamaitic agus san eolaíocht?

- An athraíonn an gaol idir cáilíochtaí múinteoirí agus comhdhéanamh socheacnamaíoch an tseomra ranga de réir tréithe ar leibhéal an chórais, amhail cuntasacht scoile, sairse ghairmiúil, iomaíocht agus srathú?
- An mbíonn na torthaí seo éagsúil de réir sonraíochtaí samhla éagsúla amhail ábhar na múinteoirí nó tráth a dhéantar anailís ar fud scoileanna?
- An bhfuil níos mó struis ar mhúinteoirí agus ar phríomhoidí i dtíortha a chuireann níos mó béime ar bhearta cuntasachta feidhmíochta scoile?
- An mbíonn níos mó struis ar mhúinteoirí mar gheall ar chuntasacht nuair a úsáideann ceannairí sinsearacha sonraí gnóthachtála go rialta chun breithiúnais a dhéanamh faoina bhfeidhmíocht (agus nuair a d'fhéadfadh iarmhairtí a bhaineann le gairmeacha beatha a bheith aige sin)?
- An mbíonn níos mó struis ar mhúinteoirí mar gheall ar chuntasacht nuair a bhíonn strus ar a gcomhghleacaithe (a bpríomhoidí scoile san áireamh) mar gheall ar chuntasacht chomh maith?
- Cé chomh fada agus atá baint ag comhar múinteoirí le héifeachtaí randamacha ar leibhéal an mhúinteora agus ar leibhéal na scoile araon laistigh de na 47 tír/réigiún a sampláladh?
- Cé chomh fada agus a bhaineann comhar múinteoirí le hathróra roghnaithe ar leibhéal an mhúinteora agus ar leibhéal na scoile laistigh de na 47 tír/réigiún a sampláladh?
- Cé chomh fada agus a bhaineann tréithe múinteoirí aonair, comhthéacs scoile, agus beartas oideachais tíre agus éagsúlachtaí cultúrtha le comhar múinteoirí?

(3) Modheolaíocht (bailiú sonraí, anailís sonraí)

- Folláine ghairmiúil múinteoirí lenar áiríodh: Féinéifeachtúlacht Múinteoirí (FÉIN); Sásamh leis an bPost (SÁP); agus Spreagadh agus Dearccháil (SPDE).
- Ó cheistneoirí TALIS 2018 (saoirse ghairmiúil múinteoirí, féinéifeachtúlacht múinteoirí, nuálaíocht chomhchoiteann múinteoirí, cultúr comhoibríoch, foghlaim ghairmiúil chomhtháite, creidimh féinéifeachtúlachta idirchultúrtha múinteoirí, forbairt ghairmiúil idirchultúrtha múinteoirí, timpeallacht ilchultúrtha agus sásamh leis an bpost).
- Anailís líonra anailíse. Clár anailíse líonra UCINET Borgatti, S. P., Everett, M. G., & Freeman, L. C. (2002). *UCINET for Windows: Software for social network analysis*. Harvard, MA: Analytic Technologies.

Caibidil 4. An chéad deich mbliana de shaol gairmiúil múinteoirí: Athbhreithniú scóipe ar thaighde i bPoblacht na hÉireann

Achoimre

Cuspóir: Is é is cuspóir don athbhreithniú scóipe seo méid agus cineál na fianaise a shainnint i ndáil le heispéiris múinteoirí sna chéad deich mbliana den mhúinteoireacht tar éis dóibh céim a bhaint amach i bPoblacht na hÉireann ó 2000 go 2023. Bhainfeadh lucht déanta beartas agus cleachtóirí leas as an dearcadh foriomlán agus anailís sin ar thaighde chun eolas a dhéanamh don chinnteoireacht.

Critéir áirimh: Cuireadh san áireamh taighde eimpíreach a chuimsigh múinteoirí sna hearnálacha bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais agus oiliúna sna chéad 10 mbliana den mhúinteoireacht tar éis dóibh céim a bhaint amach i bPoblacht na hÉireann.

Modhanna: Dhíríomar ar thaighde a foilsíodh i mBéarla ó 2000 go 2023 chun insintí comhaimseartha a ghabháil. Leanamar treoirínite PRISMA (Rogha Míreanna Tuairiscithe le haghaidh Athbhreithnithe Córasacha agus Meatanailísí) le haghaidh athbhreithnithe scóipe agus na cúig chéim seo a leanas á n-úsáid: scóipiú, cuardach, scagadh, asbhaint sonraí agus anailís sonraí (Page et al., 2021).

Torthaí: Áiríodh 39 foilseachán taighde, 33 alt irisleabhair, caibidil leabhair amháin agus cúig thuarascáil a bhain le breis agus 9,000 rannpháirtí is múinteoir. Tugtar le fios leis na torthaí go bhfuil i bhfad níos mó taighde ar chomhthéacsanna bunoidreachais ná mar atá ar na hearnálacha iar-bhunoideachais nó breisoideachais agus oiliúna. Tugtar le fios leis na torthaí go bhfuil easpa fianaise cuimsithí chun léargas foriomlán a ghabháil ar thurais múinteoirí ina gcéad deich mbliana den mhúinteoireacht, go háirithe i mbliain 3 go 10 den mhúinteoireacht.

Conclúidí: Tá gá le tuilleadh taighde ina dtugtar léargas níos cuimsithí ar thurais múinteoirí le linn na chéad deich mbliana sa mhúinteoireacht in earnálacha an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna.

Buaicphointí

- Tá léargas foriomlán in easnamh ar shaol múinteoirí Éireannacha sna chéad deich mbliana tar éis dóibh céim a bhaint amach.
- Tá taighde réasúnta teoranta ar shaol múinteoirí luathghairme i mbliain 3 go 10 ar fud na n-earnálacha.
- Cé go bhfuil taighde suntasach déanta ar shaol múinteoirí bunscoile, agus roinnt taighde ar shaol múinteoirí iar-bhunscoile, tá ganntanas taighde ann ar shaol múinteoirí san earnáil breisoideachais agus oiliúna.
- Tá pobal scoile agus caidrimh le comhghleacaithe fíor-riachtanach maidir le cáilíocht eispéireas na múinteoirí luathghairme.

Réamhrá

Is toisc ríthábhachtach í cáilíocht múinteoirí maidir le cáilíocht an chórais oideachais a fháil amach. Tá infheistíocht agus forbairt shuntasach déanta ar mhúinteoirí agus ar chórais oideachais múinteoirí ar fud an domhain le tamall anuas agus béim mhéadaithe á leagan ar chreataí atá curtha ar bhonn foirmiúil (Zembylas, 2018; Salton et al., 2022; Carswell agus Conway, 2023) a bhaineann le béimeanna in oideachas múinteoirí, ionduchtú múinteoirí agus foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil leanúnach múinteoirí. Ach fós féin, tá dúshlán a bhaineann le coinneáil múinteoirí ann (Buchanan et al., 2013; Garcia et al., 2022) agus tá tacaíochtaí córasacha le haghaidh foghlaim leanúnach múinteoirí le fáil i ngach áit (Korthagen, 2017); Muijs, et al., 2014). Tá gá le tuiscint níos fearr ar conas atá na chéad deich mbliana de ghairm mhúinteoireachta na múinteoirí, na deiseanna agus na dúshlán a bhíonn roimh mhúinteoirí agus cad a chabhraíonn le cothú agus inspioráid a thabhairt dóibh mar mhúinteoirí (Raduan agus Na, 2020). Tá an tuiscint sin ar turas múinteoirí sna chéad deich mbliana ríthábhachtach chun deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí tionchair a dhearadh a théann thar an tréimhse ionduchtaithe foirmiúil chun tacú lena bhforbairt leanúnach (Coppe et al., 2024). Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí chun córais oideachais a chumasú chun freagairt do leasuithe oideachais chomh maith le dúshlán shochoaíocha nua agus dúshlán atá ag athrú i gcónaí, amhail an t-athrú aeráide, imirce ar mhórsála agus paidéimí. Le léargas ar eispéiris múinteoirí ina gcéad deich mbliana múinteoireachta, an méid a théann i bhfeidhm orthu agus an chaoi a ndéileálann siad le dúshlán, tugtar slata tomhais don chóras oideachais ar fad chomh maith le treoir do thionscnaimh atá bunaithe ar bheartas agus ar chleachtas chun tacú le turais múinteoirí aonair.

Dearthaí ar thuiscint forbartha múinteoirí

Athraíonn agus forbraíonn múinteoirí agus a modhanna múinteoireachta le linn a ngairme bunaithe ar a gcreidimh, a dtaithí, a n-eolas agus a scileanna, a gcomhthéacs agus na deiseanna a chuirtear ar fáil. Tá roinnt samhlacha forbartha múinteoirí ann ina ndéantar iarracht cur síos a dhéanamh ar an turas casta i saol múinteoirí bunaithe ar a gconair ghairme, forbairt saineolais agus forbairt ghairmiúil (Berliner, 2001; Day, 2006; Huberman, 1989). Tugadh neamhaird ar na samhlacha forbartha múinteoirí sin le blianta beaga anuas, agus ina n-áit sin tá béim curtha ar shaincheisteanna a bhaineann le forbairt múinteoirí, amhail coinneáil múinteoirí agus sásamh leis an bpost. In athbhreithniú a rinneadh le déanaí, cuireann Raduan agus Na (2020) samhail achoimre chomhtháiteach i láthair le haghaidh samhlacha forbartha gairme agus saineolais múinteoirí ina dtugtar spreagadh nua d'úsáid samhlacha forbartha múinteoirí mar chreat le haghaidh taighde eimpíreach. Cuireann siad i dtábhacht go gcaithfear na trí chontanam i bhforbairt múinteoirí - dul chun cinn gairme (Huberman, 1989; 1993), forbairt saineolais (Berliner, 1994) agus forbairt ghairmiúil (Day, 2006) a bhreithniú agus forbairt fhoriomlán múinteoirí á scrúdú agus dá bhrí sin go bhfuil siad cabhrach agus na príomhchoincheapa teoiriciúla a chuireann creat an athbhreithnithe seo in iúl á sainaitheint.

Tagraíonn forbairt gairme múinteoirí don fhás a bhíonn ag múinteoirí go carnach agus iad ag dul ar aghaidh ina ngairm. Glactar leis go coitianta gur féidir saol gairmiúil múinteoirí a chatagóiriú ina chéimeanna a bhfuil tréithe ar leith acu. Mar shampla, léiríonn múinteoirí ag céimeanna éagsúla dá ngairm tosaíochtaí, tionchair agus dearthaí éagsúla ar shaincheisteanna

amhail sásamh leis an bpost, éifeachtúlacht agus éifeachtacht, foghlaim ghairmiúil agus coinneáil múinteoirí. Moladh i samhail Huberman (1989; 1993) dearcadh saoil bunaithe ar chúig chéim as a chéile a léiríonn príomhchéimeanna i bhforbairt gairme múinteora. Cuimsítear i dtrí cinn de na céimeanna sin na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht, lena n-áirítear:

- Blianta Tosaigh 1-3: Marthanas agus foghlaim agus mothúcháin tuirse agus róbhuartha ina sainghné
- Blianta Tosaigh 4-6: Cobhsú de réir mar a thagann siadsan isteach air agus a éiríonn siad níos seanbhunaithe.
- Lárblhianta na Gairme, 7-19: Tástáil agus gníomhaíochas agus iad ag machnamh agus ag gníomhú mar mhúinteoir le muinín féinbhunaithe.

Tá an chonair atá le feiceáil i samhail Huberman (1989; 1993) dearbhaithe go comhsheasmhach i dtaighde, agus tá fianaise láidir ann go mbíonn eispéireas difriúil ag múinteoirí nua agus luathghairme ar a saol gairmiúil i gcomparáid le múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu. Mar shampla, ghabh Lavigne agus Bozack (2016) eispéiris éagsúla múinteoirí nua, múinteoirí lárghairme agus múinteoirí atá ag plé leis an bpost le fada trí iniúchadh a dhéanamh ar na deacrachtaí agus an rath a bhí orthu. Bhí freagraí na múinteoirí nua thar a bheith difriúil leis na freagraí a bhí ag múinteoirí ag céimeanna ní ba dhéanaí sa ghairm, ar roinnt bealaí: bhí a gcuid freagraí ní ba shimplí, agus ní raibh an chaoi a gcuir siad rath agus deacrachtaí in iúl chomh cuiditheach céanna.

Tríd is tríd, tá an-chomhaontú ann maidir le treocht na samhlacha forbartha múinteoirí ina n-aicmítear múinteoirí feadh contanaim ó mhúinteoirí nua go saineolaithe, áit a mbaintear amach ardleibhéil feidhmíochta arb iad is saintréithe taithí agus inniúlacht, agus áit a mbaintear leas as bonn leathan eolais, rud a léiríonn léirmhíniú domhain ar fhadhbanna agus ardleibhéil uathoibríochta, solúbthachta agus léargais (Berliner, 2001). Arís, tá na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht suntasach mar a thugann taighdeoirí le fios go dtógfaidh sé idir cúig agus deich mbliana forbartha chun a bheith i do mhúinteoir saineolach (Anderson agus Taner, 2023; Berliner, 1994) feadh contanaim ó mhúinteoirí nua go dtí tosaitheoirí ardleibhéil go múinteoirí inniúla, oilte agus saineolacha. I dtaighde a rinneadh le déanaí ar fhorbairt saineolais, diúltaíodh don chur chuige líneach céimbhunaithe i bhfabhar coincheap níos ilghnéithí ar shaineolas ina n-idirghníomhaíonn comhpháirteanna go dinimiciúil agus béim á leagan ar ról na taithí roimhe seo i múnú cén chaoi a dtugtar faoi fhoghlaim nua (Dall'Alba agus Sandberg, 2006).

Sainmhínítear forbairt ghairmiúil múinteoirí ar an iomlán mar fhorbairt ghairmiúil ar eolas, ar chumais agus ar shraith scileanna múinteoirí a bhaintear amach trí scrúdú córasach a dhéanamh ar chleachtas agus trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama gairmiúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ar feadh a ngairme. Sa Ríocht Aontaithe, moladh i staidéar fadaimseartha ar mhúinteoirí nua (Day et al., 2006; Day, 2012) go bhféadfaí múinteoirí a chatagóiriú i sé chéim ar leith den saol gairmiúil bunaithe ar a dtiomantas, a bhfolláine, a bhféiniúlacht agus a n-éifeachtúlacht. Ní raibh na tosca sin cobhsaí, áfach, agus bhí éagsúlacht iontu laistigh de gach céim agus eatarthu. Áirítear leis na chéad trí chéim den saol gairmiúil a mhol Day (2012) na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht:

- I measc na múinteoirí i mblianta 0-3 a raibh gá le tacaíocht agus raon dúshlán acu bhí múinteoirí a raibh braistint éifeachtúlachta ag forbairt agus a raibh braistint éifeachtúlachta laghdaithe acu araon.
- Múinteoirí i mblianta 4-7 a léirigh braistint féiniúlachta láidir, measartha nó 'i mbaol', féinéifeachtúlacht agus éifeachtacht leanúnach sa seomra ranga.
- D'éirigh le múinteoirí i mblianta 8-15 athruithe i ról agus i bhféiniúlacht a bhainistiú agus teannas agus aistrithe méadaitheacha le feiceáil. Léirigh na múinteoirí sin rannpháirtíocht nó scoiteacht leanúnach agus cailliúint spreagtha.

Le linn na chéad deich mbliana, baineann féiniúlacht, éifeachtúlacht agus rannpháirtíocht leis na príomhthosca a shainigh na múinteoirí sin. Déanann Day et al. (2006) amach go bhféadfadh 'féiniúlachtaí múinteoirí a bheith ní ba sheasmhaí nó gan a bheith chomh seasmhach sin agus a bheith ní ba chomhleanúnaí nó gan a bheith chomh comhleanúnach sin ag amanna éagsúla agus ar bhealaí éagsúla de réir roinnt tosca saoil, gairme agus comhthéacsúla' (lch 601). Tugann Day le fios gur cor cinniúnach rithabhachtach iad blianta 8-15 den mhúinteoireacht nuair a chinneann múinteoirí treo a ngairme atá fágtha acu agus tugann sé le fios go bhfuil sé tábhachtach forbairt múinteoirí a thuiscint ina gcéad deich mbliana den mhúinteoireacht.

Níl na samhlacha atá leagtha amach thuas ailínithe go néata i ndáil leis na céimeanna atá beartaithe, líon na mblianta múinteoireachta a chuimsíonn gach céim ná na coincheapa eagrúcháin a chinneann an tráth a thosaíonn agus a chríochnaíonn gach céim (Rolls agus Plauborg, 2009). Mar sin féin, i ngach ceann acu soláthraítear cuntas atá bunaithe go heimpíreach a chuireann le tuiscint ar fhorbairt múinteoirí. Tá cáineadh déanta ar mhúnlaí forbartha múinteoirí mar gheall ar easpa sonraí ar na meicníochtaí trína mbogann múinteoirí ó chéim amháin dá ngairm nó dá saineolas go céim eile (Day, 2002). Ach is pointe tosaigh úsáideach é sainaitheint gnáth-thréithe múinteoirí ag pointe áirithe ina bhforbairt chun tionchar tosca éagsúla a mheas maidir le conairí gairme múinteoirí a chinneadh mar aon lena n-éifeachtúlacht agus conas is féidir tacú lena bhfás gairmiúil ar an mbealach is fearr. Déanann an tsamhail chomhtháite (Raduan agus Na, 2020) iarracht trí chontanam (dul chun cinn gairme, forbairt saineolais agus forbairt ghairmiúil) a mhapáil agus soláthraíonn sé treoir theoriciúil fhoriomlán chun ciall a bhaint as torthaí an athbhreithnithe scóipe seo. Le teoiric dul chun cinn gairme léirítear go bhfuil suas le trí chéim ar leith i saol gairmiúil múinteoirí sna chéad deich mbliana. Cabhraíonn teoiric saineolais múinteoirí le féinéifeachtúlacht agus éifeachtacht mhéadaitheach múinteoirí sa seomra ranga a ghabháil. Is féidir le conairí forbartha gairmiúla cabhrú le heispéiris foghlama gairmiúla foirmiúla agus neamhfhoirmiúla múinteoirí a ghabháil ar fud thréimhse na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht. Níl na samhlacha sin beartaithe mar shamhlacha sriantacha ná statacha: aithníonn nádúr dinimiciúil agus neamhlíneach na forbartha múinteoirí (Dall'Alba agus Sandberg, 2006) forbairt uathúil múinteoirí aonair, tionchar an chomhthéacs agus luach an mhachnaimh ar fhorbairt múinteoirí. Mar shampla, cuireann Raduan agus Na (2020) i dtábhacht nach bhfuil ceangal soiléir idir céimeanna forbartha gairme agus forbartha saineolais toisc go bhféadfadh leibhéil éagsúla saineolais a bheith ag múinteoirí ag céim ghairme chomhchosúil. Mar sin féin, d'fhéadfaí a bheith ag súil le forbairt ó mhúinteoirí nua/marthanais agus printíseacht i dtreo éifeachtúlachta/éifeachtachta agus inniúlachta atá ag fás, rud a chríochnódh le braistint mhéadaithe taithí, cobhsaíochta agus saineolais ar an iomlán le linn na chéad 10 mbliana.

In éineacht le chéile soláthraíonn na teoiricí sin sraith coincheap lárnach a bhfuil ról acu i gciall a bhaint as saol gairmiúil múinteoirí ina gcéad deich mbliana den mhúinteoireacht.

Bíonn tionchar fadtéarmach ag eispéiris luathghairme sa mhúinteoireacht ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí (Hulme agus Wood, 2022). Is minic a bhíonn múinteoirí luathghairme difriúil le múinteoirí i gcéimeanna gairme eile, ní hamháin ó thaobh a dtaithe de ach maidir leis an gcaoi a dtugann siad faoina bhforbairt ghairmiúil freisin. Mar shampla, fuair Kyndt et al. (2016) difríochtaí suntasacha idir múinteoirí nua agus múinteoirí a raibh níos mó taithe acu ina dtaithe foghlama neamhfhoirmiúla a bhain lena ndearcthaí i leith na foghlama agus leis an gcaoi ar imirt a gcomhthéacs tionchar ar a dtorthaí foghlama. Bíonn tionchar ag roinnt tosca ar intinn múinteoirí luathghairme chun múineadh amach anseo (Van den Borre et al., 2021), lena n-áirítear a spreagthaí, sásamh leis an bpost, an meas atá ar ghairm na múinteoireachta sa tsochaí, a leibhéal ullmhachta trí oideachas tosaigh múinteoirí agus cultúr na scoile. Le taighde ar thacar sonraí TALIS (2018) de chuid ECFE scrúdaítear an ceangal atá idir dálaí oibre múinteoirí agus a sásamh leis an bpost, a spreagthaí le múineadh, agus a bhféiniúlacht ina gcumas múinteoireachta. Rinne Admiraal et al. (2023) comparáid idir freagraí múinteoirí luathghairme in TALIS (2018) agus freagraí múinteoirí eile a raibh níos mó ná cúig bliana taithe acu. Ar ámharaí an tsaol, bhí na dúshláin tosaigh a bhain leis an aistriú isteach sa mhúinteoireacht maolaithe tar éis dhá bhliain sa ghairm. Ní raibh na saincheistanna a chuir isteach ar mhúinteoirí luathghairme, eadhon bainistíocht sa seomra ranga agus ualach oibre mór, difriúil le saincheistanna múinteoirí i gcéimeanna eile dá ngairm. Bhí tacaíocht piaraí agus comhghleacaíocht tábhachtach maidir le heispéireas múinteoirí luathghairme ar mhúineadh laistigh de chultúr scoile dearfach. Le chéile, léirítear leis na torthaí sin go soiléir go mbíonn tionchar suntasach ag an méid a tharlaíonn do mhúinteoirí ina gcéad deich mbliana múinteoireachta ar an gcuid eile dá saol múinteoireachta.

Is annamh a dhéantar taighde ina scrúdaítear saol múinteoirí le linn na chéad deich mbliana múinteoireachta (Beck, Kosnik agus Rosales, 2017). Déanann Beck agus Kosnik (2014) cur síos ar a dtairde fadaimseartha le dhá chohórt múinteoirí thar ocht mbliana agus thar chúig bliana faoi seach. Is ionann treocht na múinteoirí ina staidéar agus taighde eile ar luathghairmeacha múinteoirí ar fud an domhain mar a léirítear sna samhlacha forbartha múinteoirí a thairiscítear thuas: múinteoirí ag tosú amach le hardspreagadh, na dúshláin shuntasacha ag fáil an ceann is fearr ar a mothúcháin agus ansin muinín a fháil de réir a chéile agus socrú isteach ina ról. Leagann Beck agus Kosnik (2014) béim ar ról físe múinteora maidir lena gcleachtas féin a thuiscint thar thréimhse ama agus ar an gcumas atá ann comhoibriú le saineolaithe chun tacú leis an bpróiseas sin chun fíis shoiléir le haghaidh an chleachtais a bhunú. Sa tSualainn, rinne Lindqvist, Nordänger agus Carlsson (2014) scrúdú ar shonraí ó 87 múinteoir thar 20 bliain dá ngairm. Lena dtorthaí tugtar le fios go bhfuil sé tábhachtach a bheith cúramach agus staitisticí a bhaineann le laghdú múinteoirí á léirmhíniú, agus ina ionad sin cuirtear i dtábhacht go bhfuil coinneáil múinteoirí casta. Rinne Lindqvist agus Nordanger (2023) comparáid idir dhá ghlúin de na múinteoirí sin, agus fuarthas amach nach bhfuil 'aon difríocht shuntasach idir ionchais ghníomhaíochta glúnta éagsúla múinteoirí. Breathnaíonn formhór na múinteoirí sa dá chohórt ar a ngairm mhúinteoireachta amach anseo ar bhealach dearfach' (lch 121). Éilítear le hiarrachtaí córasacha chun tacú le múinteoirí

nua comhordú suntasach ar dhearccháí agus ar ionchur múinteoirí, aird ar chomhthéacs agus soiléireacht na gcaighdeán trí anailís chriticiúil agus trí mhachnamh (Olebe, 2001).

Tá go leor athruithe tagtha ar na struchtúir fhoirmiúla i saol múinteoirí le linn a gcéad bhlianta múinteoireachta i bPoblacht na hÉireann. Sna caighdeáin athbhreithnithe (2020) le haghaidh cláir Oideachais Tosaigh Múinteoirí (OTM), *Céim: Caighdeán d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí* leagtar amach na ceanglais a chomhlíonfaidh gach clár oideachais tosaigh múinteoirí le go mbeidh siad creidiúnaithe, agus béim á leagan ar oideachas tosaigh múinteoirí mar chéim amháin i dturas gairmiúil múinteoirí. Bhí sé mar aidhm ag forbairt *Droichead*, (a chiallaíonn 'bridge' i mBéarla) (tabhairt isteach de réir a chéile 2016-2021, níl sé éigeantach do chách), clár ionduchtaithe náisiúnta atá éigeantach do gach múinteoir bunscoile agus iar-bhunscoile, tacú le foghlaim ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe le linn na céime ionduchtaithe, rud a chuirfeadh droichead ar fáil ón oideachas tosaigh múinteoirí go dtí tuilleadh foghlama agus fáis ghairmiúil. I dtaighde a rinneadh le déanaí a bhí dírithe ar an gcéim ionduchtaithe (Uí Choistealbha et al., 2021) tugtar léargas domhain ar eispéiris múinteoirí nuacháilithe agus béim á leagan ar thábhacht na n-eispéireas foirmitheach sin maidir lena bhféiniúlacht a bhunú agus, ó dhearcadh múinteoirí nuacháilithe, bhí tionchar dearfach acu ar a n-éifeachtúlacht fhoriomlán mar mhúinteoirí. Tá na torthaí sin cosúil le meatanailís idirnáisiúnta a rinne Keese agus a chomhghleacaithe (2023) le déanaí ina bhfuarthas amach go mbíonn éifeachtaí dearfacha suntasacha ag ionduchtú foirmiúil múinteoirí agus ag cláir mheantóireachta ar choinneáil múinteoirí, ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtacht múinteoirí, agus ar ghnóthachtáil na mac léinn. Tá níos lú sonraí ar fáil faoin méid a tharlaíonn do na múinteoirí sin sna blianta i ndiaidh na céime ionduchtaithe. Glactar leis go forleathan gurb iad na chéad chúig bliana múinteoireachta an tréimhse is mó forbairt agus is mó oiriúint do mhúinteoirí (Darling-Hammond, 2000) agus go bhfuil bliain 1-10 den mhúinteoireacht ríthábhachtach do threocht ghairme, saineolas agus forbairt ghairmiúil múinteoirí. Dá bhrí sin, tá gá le tuiscint níos fearr ar thurais forbartha múinteoirí agus iad ag fágáil struchtúir fhoirmiúla an ionduchtaithe agus ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar an gcaoi a múnlaítear a ngairm. Tá léargas foriomlán ar na chéad deich mbliana den mhúinteoireacht in easnamh. Roghnaíodh athbhreithniú scóipe chun an litríocht atá ar fáil a mhapáil agus a chomhtháthú, chun fairsinge na litríochta a mheas agus bearnaí a shainaithint i dtuiscint ar shaol gairmiúil múinteoirí ina gcéad deich mbliana tar éis dóibh céim a bhaint amach. Rinneadh réamhchuardach ar Google Scholar agus Scopus agus JBI Evidence Synthesis, agus níor sainaithníodh aon athbhreithnithe córasacha reatha ná athbhreithnithe scóipe ar an ábhar. Dá bhrí sin, ba é an cheist athbhreithnithe ná:

Cad iad eispéiris na múinteoirí i mbliain 1-10 dá ngairm mhúinteoireachta in earnálacha an bhunoideachais, an iar-bhunoideachais agus an bhreisoideachais agus na hoiliúna i bPoblacht na hÉireann?

Modheolaíocht

Bhí sé mar aidhm ag an athbhreithniú scóipe seo faisnéis a sholáthar faoi mhéid agus cineál na taighde ar mhúinteoirí luathghairme agus rinneadh é de réir mhodheolaíocht JBI maidir le hathbhreithnithe scóipe (Page et al., 2021; Peters et al., 2020).

Rannpháirtithe

Tá staidéir a bhaineann le múinteoirí i mbliain 1-10 tar éis dóibh céim a bhaint amach sna hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna i bPoblacht na hÉireann san áireamh.

Coincheap

Úsáidtear an téarma ‘múinteoirí luathghairme’ chun múinteoirí i mbliain 1-10 a chur san áireamh san athbhreithniú seo. Úsáidtear i roinnt staidéar atá san áireamh téarmaí amhail ‘múinteoir nuacháilithe’ agus ‘múinteoir nua’ chun múinteoirí atá i mbliain 1-3 den mhúinteoireacht a shonrú (cé gur shainmhínigh staidéir eile an grúpa seo mar mhúinteoirí i mbliain 1-5). Dá bhrí sin, roghnaíodh ‘múinteoir luathghairme’ mar théarma cineálach a ghabhfadh torthaí an athbhreithnithe gan na torthaí a theorannú go haois/líon blianta taithí ar leith. Bhí an t-athbhreithniú seo dírithe ar an taighde eimpíreach go léir ar mhúinteoirí luathghairme i mbliain 1-10 chun cabhrú le ceisteanna a fhreagairt maidir le (a) cad atá ar eolas agus (b) cad iad na bearnaí i ndáil leis na múinteoirí sin. Áiríodh leis sin taighde a bhain le gairm múinteoirí lena n-áirítear spreagthaí agus sásamh leis an bpost, saineolas múinteoirí a bhí léirithe in éifeachtúlacht agus éifeachtacht agus rannpháirtíocht múinteoirí i bhforbairt agus i bhfoghlaím ghairmiúil.

Comhthéacs

Áiríodh sna staidéir uile sonraí tuairiscithe ar mhúinteoirí i bPoblacht na hÉireann i mbliain 1-10 tar éis dóibh céim a bhaint amach, lena n-áirítear múinteoirí a bhfuil orthu clárú le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann, lena n-áirítear na hearnálacha bunscoile, iar-bhunscoile agus breisoideachais agus oiliúna. San earnáil bunscoile i bPoblacht na hÉireann, scoileanna trí mheán an Bhéarla, scoileanna trí mheán na Gaeilge agus scoileanna speisialta san áireamh, is féidir le páistí tosú ag ceithre bliana d’aois agus ocht mbliana a chríochnú sula dtéann siad ar aghaidh go dtí an iar-bhunscoil. Níl aon mhúinteoirí ar speisialtóirí iad ar leibhéal na bunscoile; múineann múinteoirí ranga ar ginearálaithe iad gach ábhar. Freastalaíonn páistí ar an earnáil iar-bhunscoile tar éis dóibh an bunoidreachas a fháil, agus críochnaíonn siad de ghnáth ag aois 18-19. Is speisialtóirí ábhair iad na múinteoirí uile ar leibhéal na hiar-bhunscoile, agus buaileann páistí le roinnt múinteoirí gach lá agus iad ag plé le hábhair éagsúla ar an gcuraclam. Cuireann an earnáil breisoideachais agus oiliúna raon conairí agus clár ar fáil ina bhfuil dámhachtainí ar leibhéal 1-6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Solas, 2020). Is bealach malartach chuig cáilíocht céime é an earnáil breisoideachais agus oiliúna, agus bíonn rannpháirtithe sa chlár éagsúil de ghnáth i dtéarmaí aoise, oideachais roimhe seo agus taithí (Kelly agus Maitre, 2021).

Críochnaíonn na daoine a bheidh ina múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile amach anseo bunchéim ceithre bliana nó céim máistir dhá bhliain san oideachas. Luaitear anseo freisin an líon beag clár a bhfuil clár 5 bliana OTM i gceist leo. Ní mór do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile nuacháilithe clár ionductaithe náisiúnta, Droichead, a chríochnú chun clárú iomlán a dhéanamh. Is é an próiseas struchtúrtha ionductaithe sin an t-aon bhealach ionductaithe múinteoirí do mhúinteoirí i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna atá maoinithe ag an stát. De ghnáth, críochnaíonn múinteoirí san earnáil breisoideachais agus

oiliúna clár fochéime leantach bliana nó clár iarchéime bliana go dhá bhliain, lena n-áirítear socrúchán éigeantach i suíomh breisoideachais agus oiliúna. Níl aon cheanglas ionduchtaithe san earnáil breisoideachais agus oiliúna ina bhfuil clárú iomlán indéanta ar bhonn céime amháin agus níl aon struchtúr ionduchtaithe foirmiúil ann ar féidir le múinteoirí nuacháilithe san earnáil seo rochtain a fháil air. Níor cuireadh san áireamh aon staidéir a bhain le hoideoirí luath-óige agus múinteoirí atá ag obair lasmuigh den chóras oideachais foirmiúil (mar shampla i scoileanna dianteagaisc). Níor áiríodh aon staidéir ar oideachas tosaigh múinteoirí amháin, cé gur áiríodh staidéir a rianaigh rannpháirtithe ó oideachas tosaigh múinteoirí isteach sna chéad 10 mbliana múinteoireachta má bhí tacar sonraí ar leith ann a bhain le blianta múinteoireachta 1-10 tar éis céim a bhaint amach a d'fhéadfaí a léirmhíniú.

Cineálacha Foinsí

Cuireadh san áireamh gach dearadh taighde cainníochtúil, cáilíochtúil agus/nó modhanna measctha inar gabhadh pointe ama amháin nó níos mó. Níor cuireadh aon teorainn ar mhéid an tsampla: mar shampla, cuireadh cás-staidéir aonair san áireamh in éineacht le staidéir mhórscaála. Áiríodh leis na foinsí:

- Ailt phiarmheasúnaithe agus neamh-phiarmheasúnaithe ó irisleabhair
- Caibidlí i leabhair fhoilsithe
- Tuarascálacha Taighde Náisiúnta Coimisiúnaithe a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs Éireannach (Coimisiúnaithe ag Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann, an Roinn Oideachais agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta).

Measadh go raibh sé bunriachtanach na tuarascálacha taighde coimisiúnaithe sin a áireamh mar gur sonraí náisiúnta tábhachtacha iad sin nach bhfuil ar fáil in aon fhoilseacháin phiarmheasúnaithe ó irisleabhair.

Straitéis chuardaigh

Bhí an cuardach seo teoranta don tréimhse 2000-2023 san áireamh, rud a thug léargas ar fhorbairtí le himeacht ama chomh maith le rochtain ar an taighde ba nuaí a ghabhfadh insint comhaimseartha agus a bheadh ab ábhartha chun léargas iomlán a nochtadh ar thaighde ar mhúinteoirí luathghairme. Chomh maith leis sin, chuireamar teorainn lenár dtaighde le foilseacháin i mBéarla agus chuireamar sonraí eimpíreacha san áireamh toisc go raibh ár gcuardach bunaithe ar fhianaise. Rinneadh cuardaigh chórasacha i gceithre bhunachar sonraí: Web of Science, SCOPUS, EBSCO agus PROQUEST. Rinneadh tástáil ar na téarmaí cuardaigh agus rinneadh iad a mhionchoigeartú go dtí na cinn atá léirithe i dTábla 4.1 thíos. Mar shampla, i gcoincheap 1, toisc gur cuireadh an focal 'Irish' leis na téarmaí aimsíodh roinnt alt nach raibh san áireamh roimhe seo. Mar an gcéanna, toisc go raibh gá le téarmaí amhail 'newly qualified teacher' a bheith idir comharthaí athfhriotail le haghaidh an chuardaigh, cuireadh an téarma 'teacher' leis anseo i gcoincheap 2.

Coincheap 1	AGUS	Coincheap 2	AGUS	Coincheap 3
Éire (téarmaí comhcheangailte le OR)		Múinteoirí i mBliain 1-10 (téarmaí comhcheangailte le OR)		Comhthéacs múinteoireachta (téarmaí comhcheangailte le OR)
<ul style="list-style-type: none"> • Republic of Ireland • Ireland • Irish 		<ul style="list-style-type: none"> • Teacher • newly qualified teacher • novice teacher • first-year teacher • postgraduation • in-service teacher • practitioner 		<ul style="list-style-type: none"> • Primary • Postprimary • Further Education • Elementary • Second level • Secondary


Tábla 4.1: Téarmaí Cuardaigh Deiridh

Cuireadh irisí neamhábhartha (mar shampla, irisí leighis agus dlí) as an áireamh. Seo iad na torthaí cuardaigh scagtha:

- Web of Science: 221
- SCOPUS: 705
- EBSCO: 1013
- PROQUEST Education Collection: 350

Roghnú foinse fianaise

Iompórtáladh 2289 tagairt san iomlán chuig EndNote le haghaidh athbhreithniú breise (féach Léaráid 1, PRISMA).



Léaráid 1. Sreabhléaráid PRISMA le haghaidh an athbhreithnithe scóipe

Ó: Page MJ, McKenzie JE, Bossuyt PM, Boutron I, Hoffmann TC, Mulrow CD, et al. The PRISMA 2020 statement: an updated guideline for reporting systematic reviews. *BMJ* 2021;372:n71. doi: 10.1136/bmj.n71

Le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar: <http://www.prisma-statement.org/>

Léaráid 4.1. Sreabhléaráid PRISMA le haghaidh an athbhreithnithe scóipe (Page et al., 2020).

Tar éis dúblach a bhaint, b'ionann 1,224 agus an líon iomlán a bhí fágtha. Cinneadh na critéir eisiaimh agus ionchuimsithe mar seo a leanas:

	CRITÉIR ÁIRIMH	CRITÉIR EISIAIMH
Bliain	Dáta foilsithe 2000-2023	Dáta foilsithe roimh 2000
Tír	Áirítear sonraí ó Phoblacht na hÉireann	Ní áirítear sonraí ó Phoblacht na hÉireann
Cineál	Ailt as irisí; leabhair; caibidlí leabhar; tuarascálacha náisiúnta coimisiúnaithe ina bhfuil sonraí eimpíreacha	Ailt gan sonraí eimpíreacha, píosaí coincheapúla agus teoiriciúla.
Teanga	Foilsíodh i mBéarla	Níor foilsíodh i mBéarla
Topaic	Sonraí dírithe ar mhúinteoirí i mbliain 1-10 tar éis céim a bhaint amach	Ní áirítear sonraí a bhaineann le bliain 1-10. Eisíodh sonraí a bhaineann le hoideachas tosaigh múinteoirí amháin nó bliain 10+.
Fianaise	Áirítear sonraí agus leagtar amach modheolaíocht lena n-áirítear tuairiscíú ar phróisis anailíse sonraí.	Ní chuimsítear sonraí agus ní thuiriscítear modheolaíocht ná anailís sonraí go leordhóthanach.

Tábla 4.2: Critéir Ionchuimsithe agus Eisiaimh


Rinne an bheirt phríomhúdar an scagadh go léir neamhspleách ar a chéile. Rinne an bheirt údar scagadh ar shampla de 10 n-alt ar dtús agus ansin rinneadh athbhreithniú agus plé orthu le chéile chun cur chuige agus tuiscint chomhchosúil ar théarmaí a dhearbhu. Rinneadh scagadh ar na 1,224 alt in dhá bhabhta. Ar dtús, rinneadh athbhreithniú ar theideal agus achoimre ar gach páipéar inar measúnaíodh gach alt i gcoinne na gcritéar áirimh le haghaidh an athbhreithnithe. Mar thoradh air sin, fágadh 1,126 alt eile as an áireamh mar gheall ar shuíomh an taighde (taighde atá lonnaithe i dTuaisceart Éireann den chuid is mó) agus an fócas a bheith ar rud éigin seachas múinteoirí (e.g. ar leanaí nó ar mhúinteoirí réamhsheirbhíse). Bhí 98 alt fágtha ansin bunaithe ar theideal agus achoimre. Ar an dara dul síos, foinsíodh pdf téacs iomlán de na 98 alt agus caibidil leabhair sin, agus rinneadh athbhreithniú téacs iomlán ina raibh athbhreithniú líne ar líne chun a dheimhniú go raibh sonraí a bhaineann le múinteoirí i mbliain 1-10 den mhúinteoireacht san áireamh. Eisiadh seasca a seacht agus coinníodh 31; 30 alt ó irisleabhair agus caibidil leabhair amháin. Bhí easpa sonraí agus torthaí sonracha a bhain le múinteoirí luathghairme i mbliain 1-10 sna 67 alt a baineadh ag an bpointe sin. Mar shampla, b'fhéidir gur léiríodh le déimeagrafaic na rannpháirtithe sa taighde múinteoirí i mbliain 1-10 ach níor tuairiscíodh aon torthaí a bhain leis an ngrúpa sin go sonracha agus níor tuairiscíodh aon torthaí ábhartha a bhain le blianta taithí. Baineadh dhá dhúblach bhreise freisin. Rinneadh scagadh ar liostaí tagartha na bhfoinsí fianaise uile a bhí san áireamh le haghaidh staidéir bhreise agus mar thoradh air sin sainithníodh dhá thuarascáil. Baineadh úsáid as cuardaigh Google Scholar chun foilseacháin bhreise ar na hábhair a bhí á dtuairiscíú a aimsiú. Mar thoradh

air sin, cuireadh trí alt eile ó irisleabhair leis. Bhí tríocha a trí alt agus caibidil amháin fágtha anois le haghaidh anailís téacs iomláin. Mar thoradh ar chuardach láimhe ar shuíomhanna gréasáin náisiúnta de chuid Chomhairle Mhúinteoireachta na hÉireann agus na Roinne Oideachais, rinneadh athbhreithniú ar sheacht dtuarascáil choimisiúnaithe. Cuireadh ceithre cinn de na seacht dtuarascáil a ndearnadh athbhreithniú orthu san áireamh toisc gur thuiriscigh siad sonraí sonracha do bhlianta 1-10 den mhúinteoireacht. Fuarthas tuarascáil bhreise trí aiseolas ó shaineolaithe. Ba é an t-iomlán deiridh a cuireadh san áireamh san athbhreithniú ná 33 alt, caibidil leabhair amháin agus cúig thuarascáil.

Asbhaint sonraí

Ansin, rinneadh anailís ar na 33 alt, caibidil leabhair amháin agus cúig thuarascáil i ndáil leis an léargas a fuarthas ar eispéiris múinteoirí i mbliain 1-10 den mhúinteoireacht mar aon le treoir theoriciúil ar choincheapa tábhachtacha a bhaineann le forbairt múinteoirí (Raduan agus Na, 2020) agus gairmeacha múinteoirí, saineolas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil múinteoirí á mbreithniú i gcomhthéacs staidéar fadaimseartha TGM. Dá bhrí sin, tagann tuairisciú na dtorthaí go díreach ó na cuspóirí taighde agus ó na ceisteanna atá mar bhonn le staidéar fadaimseartha TGM (féach Léaráid 4.2).

Bhí asbhaint sonraí á treorú ag sraith cód a forbraíodh ó chúig chuspóir taighde TGM, mar a léirítear i Léaráid 4.2 agus atá luaithe thíos i dTábla 1 mar cheisteanna 1 go 5.



Léaráid 4.2. Aidhm an taighde agus cuspóirí athbhreithniú téacs iomláin TGM.

Asbhaineadh sonraí agus chuir an bheirt príomhúdar san áireamh san athbhreithniú scóipe iad. Eagraíodh na sonraí i gcomhad Excel trí úsáid a bhaint as ceannteidil faoi na rannpháirtithe, an earnáil agus na príomhchoincheapa a bhaineann lena n-eispéiris:


- gairmeacha múinteoirí: Dearcthaí, creidimh agus bunchúiseanna
- saineolas múinteoirí: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht
- forbairt múinteoirí: Foghlaim ghairmiúil fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil

Arís, rinne an bheirt príomhúdar códú neamhspleách ar chúig alt an duine agus ansin bhuaill siad le chéile chun a bpróisis chinnteoireachta a phlé chun comhsheasmhacht a chinntiú. Le linn chódú na 39 píosa taighde ina dhiaidh sin, bhuaill na príomhúdair le chéile go minic chun nuashonruithe a thabhairt ar dhul chun cinn, soiléirithe a lorg, páipéir shonracha a phlé agus ceisteanna a chur faoi chur chuige a chéile i leith cásanna agus cinntí códaithe sonracha. Le linn anailís neamhspleách, thacaigh nótaí córasacha le doiciméadú ceisteanna nó saincheisteanna a tháinig chun cinn a rinne eolas don chomhairliúchán rialta. Mar shampla, i gcásanna áirithe, rinne na príomhúdair athbhreithniú ar ailt leithdháilte dá gcuid chun comhsheasmhacht léirmhínte ar chineál agus ar thábhacht choibhneasta na dtorthaí a chinntiú. Agus an anailís sin á cur i gcrích agus an cur chuige maidir le tuairisciú ar thorthaí an athbhreithnithe scóipe á eagrú acu, bhreithnigh na príomhúdair na torthaí ábhartha laistigh de gach earnáil, chuir siad na torthaí idir earnálacha i gcomparáid lena chéile agus rinne siad anailís ar an gcaoi ar chuir na torthaí le tuiscint fhoriomlán ar eispéiris múinteoirí luathghairme i mbliain 1-10.

Torthaí


Achoimre fhoriomlán ar na torthaí

Cuireadh tríocha a naoi foinse taighde san áireamh san athbhreithniú deiridh, 33 alt ó irisleabhair, caibidil leabhair amháin agus cúig thuarascáil choimisiúnaithe. Díobh sin, bhain cúig cinn le bunoidreachas agus iar-bhunoideachas araon (7, 18, 35, 36, 37), bhain 23 le bunoidreachas amháin, bhain naoi gcinn le hiar-bhunoideachas agus bhain dhá cheann leis an earnáil breisoideachais agus oiliúna (19, 28) (Léaráid 4. 3).



Léaráid 4.3. Múinteoirí rannpháirteacha ó gach earnáil sna 39 staidéar a áiríodh.

Bunaithe ar an líon a cuireadh i láthair, san iomlán, ghlac 1,257 múinteoir ar a laghad ó staidéir bhunscoile agus iar-bhunscoile in éineacht le chéile, breis agus 7,933 múinteoir bunscoile, 206 múinteoir iar-bhunscoile agus 115 múinteoir ar a laghad i mbreisoideachas agus in oiliúint páirt sna staidéir sin. Áiríodh i measc na múinteoirí luathghairme i mbliain 1-10 ar a laghad 889 i staidéir bhunscoile agus iar-bhunscoile in éineacht le chéile, 90 i staidéir iar-bhunscoile amháin, 1,727 i staidéir bhunscoile amháin agus 115 i staidéir bhreisoideachais agus oiliúna (Léaráid 4). Níor sonraíodh le gach foinse líon na múinteoirí a bhí páirteach i mbliain 1-10, agus uaireanta léiríodh iad mar chéatadáin den iomlán, nó níor sonraíodh ar chor ar bith iad. Dá bhrí sin, tá líon iomlán na múinteoirí luathghairme atá san áireamh i bhfad níos airde ná an líon a chuirtear i láthair.



Léaráid 4.3. Líon na múinteoirí luathghairme i ngach earnáil sna 39 staidéar a áiríodh.

Cuirtear líon na staidéar ina raibh <20 rannpháirtí, 20-100 rannpháirtí agus >100 rannpháirtí i láthair thíos (Tábla 4.3). Áiríodh sna staidéir seo cohórt i mbliain 1-10 nó bhí siad spriocdhírthe go sonrath ar mhúinteoirí i mbliain 1-10.

	Bunscoil	Iar-bhunscoil	Bunscoil agus iar-bhunscoil le chéile	Breisoideachas agus Oilíúint
<20	5	5		1
20 -100	5	4		1
>100	12		5	
Gan sonrú	1			

Tábla 3: Líon na Rannpháirtithe de réir Earnála sna 39 Staidéar a bhí san áireamh

Baineadh úsáid as grúpaí fócais agus agallaimh aonair mar na príomhuirlisí bailithe sonraí i staidéir cháilíochtúla. Baineadh úsáid as ceistneoirí agus scálaí den chuid ba mhó sna staidéir mhórsála. I líon beag staidéar baineadh úsáid as modhanna measctha, agus cuireadh ceistneoir le grúpaí fócais nó le hagallaimh aonair. Ní raibh mórán fianaise ann maidir le huirlisí bailithe sonraí eile, cé gur úsáideadh (Kitching, 2009; Kitching, Morgan agus O’Leary, 2009; Morgan et al., 2010) (12, 13, 23) dialann taighde i ngrúpa amháin staidéar chun eispéiris múinteoirí a rianú.

Níor cuireadh san áireamh san athbhreithniú seo ach dhá staidéar a bhain leis an earnáil breisoideachais agus oiliúna (Mellon, 2023; O’Neill agus Fitzsimons, 2020) (19, 29). Dá bhrí sin, cuirtear an earnáil breisoideachais agus oiliúna i láthair i gcuid neamhspleách chun a chinntiú go léirítear na torthaí a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs go leordhóthanach laistigh den athbhreithniú. Mar gheall ar fhorluí agus ar chosúlacht idir roinnt torthaí, tuairiscítear na hearnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile le chéile i dtrí chuid ar leithligh thíos a bhaineann le (a) creidimh agus spreagthaí múinteoirí, (b) éifeachtacht agus éifeachtúlacht múinteoirí, agus (c) forbairt múinteoirí. Rinneadh measúnú ar gach foinse de réir a láidreachtaí, agus méid a sampla á chur san áireamh, agus fócas agus rannchuidiú na dtorthaí chun an cheist fhoriomlán a spreag an t-athbhreithniú seo a fhreagairt. Marcáladh páipéir a raibh rannchuidiú suntasach iontu le * (1, 4, 7, 13, 19, 23, 25, 29, 30, 35, 37) lena chinntiú go dtabharfaí aird chuí dóibh sna hanailísí. Mar shampla, thug na húdair níos mó tábhachta do thuarascálacha mórsála a rinneadh le déanaí (7, 35, 37) a bhí dírithe go sonrach ar shaol múinteoirí nuacháilithe. Roinntear raon sonraí ón taighde atá san áireamh chun léargas a thabhairt ar gach ceann de na réimsí a thuairiscítear thíos.

An earnáil breisoideachais agus oiliúna

Tuairiscíodh torthaí i ndáil leis an earnáil breisoideachais agus oiliúna in dhá alt ó irisleabhair: Mellon (2023) (19) agus O’Neill agus Fitzsimons (2020) (29). Rinne O’Neill agus Fitzsimons (2020) iniúchadh ar eispéiris agus ar chreidimh 110 céimí a bhain céim amach le déanaí ó chlár Ard-Diplóma sa Bhreisoideachais (ADBO). Chuir na múinteoirí nuacháilithe seo frustrachas in iúl maidir le castacht agus éagsúlacht na gcleachtas earcaíochta ar fud na hearnála. Tháinig neamhchinnteacht cheirde agus ghairmiúil chun cinn mar phríomhthoradh sa taighde seo, rud a léiríodh trí dhúshláin maidir leis na cleachtais earcaíochta earnála. Bhraith na múinteoirí luathghairme sin go láidir go raibh éagothroime idirghairmiúil ann i ndáil leis an stádas ní ba lú a tugadh dá gcáilíocht ná mar a tugadh do mhúinteoirí iar-bhunscoile. Tháinig siad ar an gconclúid go raibh fabhraíocht san earnáil i leith daoine a raibh cáilíochtaí iar-bhunscoile acu, rud a d’fhág imní faoina n-ionchais ghairme (29). Ina theannta sin, leagadh béim leis na torthaí ar an neamhionannas gairmiúil a bhí roimh na múinteoirí breisoideachais agus oiliúna nuacháilithe sin de bharr nach raibh rochtain acu ar na tacaíochtaí ionductaithe agus meantóireachta atá ar fáil do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile ina luathghairm. Tuairiscíonn Mellon (2023) ar eispéiris mheantóireachta cúigear múinteoirí breisoideachais nuacháilithe. Leis na torthaí, léirítear, in éagmais córas meantóireachta foirmiúil, gur fhulaing múinteoirí nuacháilithe mar gheall ar éagsúlacht sna cineálacha cur chuige i leith

meantóireachta agus ar chineál an chaidrimh idir an meantóir agus an meantaí. Cé gur léirigh na múinteoirí luathghairme sin athléimneacht, ní mór ceisteanna a chur faoin gcaoi a bhfuiltear ag tacú leis na múinteoirí sin le linn na céime foirmiúla sin dá ngairm mhúinteoireachta. Tá sé sin i gcodarsnacht shoiléir le forbairt na bpróiseas ionductaithe forásach náisiúnta do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile (19). Tacaíonn na torthaí seo le chéile leis an moladh go leanann múinteoirí san earnáil breisoideachais agus oiliúna de bheith ‘i ról Cinderella i réimse gairmiúil na múinteoirí’ (lch 20) (29).

Ceist Taighde 1: Creidimh faoin múinteoireacht, faoin bhfoghlaim agus faoi mhúinteoirí agus cúiseanna leo siúd: Earnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile

1. Creidimh faoin múinteoireacht agus faoin bhfoghlaim agus cúiseanna leo siúd

D’fhiafraigh Uí Choistealbha et al. (2021) (37) de mhúinteoirí bunscoile nuacháilithe faoina gcreidimh faoin múinteoireacht mar chuid dá dtaighde a bhain leis an bpróiseas ionductaithe de chuid Droichead i mbunscoileanna. Bhí creidimh múinteoirí nuacháilithe faoin múinteoireacht dírithe go príomha ar insintí cúraim, bunaithe ar an gcumas difríocht dhearfach a dhéanamh i saol leanaí trí chabhrú leo foghlaim agus forbairt. Chreid siad gur gairm luachmhar í an mhúinteoireacht, agus iad ag aithint go raibh sé dúshlánach uaireanta agus gur éiligh sí infheistíocht mhór ama agus iarrachta (Léaráid 4.5).



Léaráid 4.5. Wordle ar Chreidimh MNC faoin múinteoireacht (36).

Is léargas dearfach foriomlán é atá ar dhearchthaí agus ar chreidimh múinteoirí luathghairme faoin múinteoireacht. I gcomhréir le taighde idirnáisiúnta ar shásamh leis an bpost (Admiraal et al., 2023), ba lú an seans go mbeadh múinteoirí bunscoile luathghairme a raibh sé bliana taithí nó níos lú acu ag rá ‘nach raibh an mhúinteoireacht chomh fiúntach céanna’ anois agus a bhí sí cúig bliana ó shin, i gcomparáid le múinteoirí lárghairme (Morgan agus Ní Craith, 2015) (22); ba iad na múinteoirí a raibh sé bliana nó níos lú taithí acu na múinteoirí ba lú strus agus ba mhó sásamh ná a gcomhghleacaithe a raibh níos mó taithí acu. I staidéar beag cáilíochtúil amháin tugadh le fios freisin cé chomh tarraingteach is atá an mhúinteoireacht in Éirinn i gcomparáid le Londain (Mullaney, 2019) (24).

Thuairiscigh múinteoirí nuacháilithe leibhéal láidir tiomantais i ndáil le ráitis amhail ‘Mothaím gurb é an mhúinteoireacht an rud ceart domsa i ndáiríre’ (Smyth et al., 2016, lch 154) (35). Tugann Uí Choistealbha et al. (2021) (37) léargas iomlán ar dhearchthaí múinteoirí nuacháilithe in Éirinn. Mheas siad gur gairm luachmhar í an mhúinteoireacht, atá spreagtha ag cáilíocht na gcaidreamh le leanaí: ‘an deis a bheith mar an duine fásta maith amháin i saol an linbh a fheiceann an cumas sa leanbh sin’ (lch 155). De réir torthaí idirnáisiúnta (Keese et al., 2023),

mhéadaigh mothúcháin tacaíochta a eascraíonn as caidrimh ghairmiúla le comhghleacaithe laistigh den phróiseas ionduchtaithe de chuid Droichead a sásamh leis an bpost. Rinne na múinteoirí nuacháilithe cur síos ar mhothúcháin mhuintearais, agus chuir siad in iúl cé chomh tábhachtach is atá sé go bhfuil muinín ag daoine asat agus meas acu ort laistigh de chultúr scoile dearfach, tacúil agus comhoibríoch. Tá na torthaí sin léirithe ag Kitching (2009) (12), Kitching et al. (2009) (13) agus Morgan et al. (2010) (23) a scrúdaíonn tarluithe a raibh tionchar acu ar spreagthaí múinteoirí luathghairme. Agus iad ag teacht le taighde idirnáisiúnta (Keese et al., 2023), bíonn múinteoirí luathghairme in Éirinn idéalaithe agus is minic a léiríonn siad mothúcháin frustrachais agus míshásaimh le hiompraíocht na ndaltaí (12). Chuir rannpháirtíocht daltaí agus gnóthachtáil daltaí mothúcháin dhearfacha éifeachtúlachta chun cinn ach ba thosca diúltacha iad iompraíocht daltaí agus dúshlán bhainistíochta sa seomra ranga. Deir Kitching et al. (2009) gur féidir le múinteoirí luathghairme déileáil leis na dúshlán dosheachanta a bhíonn rompu agus fanacht spreagtha a luaithe a tharlaíonn rudaí dearfacha le tarraingt orthu le haghaidh spreagtha: is féidir leo 'go pointe áirithe maireachtáil le féinamhras orthu féin, teip agus fiú naimhdeas ar choinníoll go mbíonn meascán de thorthaí dearfacha acu amhail dul chun cinn le hábhar nua, comharthaí rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí nua nó fianaise ar spreagadh daltaí' (lch 54). Ar an gcaoi chéanna, leag Morgan et al. (2010) béim ar luach imeachtaí dearfacha chun spreagadh a neartú agus athléimneacht a fhorbairt. Léirítear sna torthaí seo, le chéile, go gcabhraíonn an cultúr atá á chruthú trí Dhroichead le múinteoirí nuacháilithe a spreagadh, le linn na ndúshlán luath tosaigh múinteoireachta, chun bealaí a aimsiú chun a n-éifeachtúlacht agus a n-éifeachtacht a fhorbairt a choimeádfaidh iad ag imeacht sna blianta amach romhainn.

Rinneadh iniúchadh le déanaí ar thosca a mbíonn tionchar diúltach acu ar shásamh leis an bpost, amhail íospairt agus bulaíocht, i gcomhthéacs na hÉireann (Mazzone et al., 2021) (18). Thuairiscigh siad gur choitianta taithí ar bhulaíocht agus í a fheiceáil in iar-bhunscoileanna ná i mbunscoileanna, agus go raibh breis agus trian de na rannpháirtithe ag tuairisciú go raibh taithí acu ar iompraíochtaí íospairt bulaíochta 'anois is arís' ar a laghad. Cé go raibh taithí ar bhulaíocht ag múinteoirí luathghairme ag ráta atá cosúil leis sin atá ag múinteoirí i gcéimeanna eile dá ngairm, cuireann an staitistic sin fianaise ar cúis imní í ar fáil go bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil ó mhúinteoirí luathghairme, go háirithe in iar-bhunscoileanna, chun cur i gcoinne na n-iompraíochtaí sin agus fiú deireadh a chur leo. Fuair Reilly, Dhingra agus Boduszek (2013) (32) ceangal díreach idir strus braite agus sásamh leis an bpost, agus iad ag tabhairt faoi deara gur thuairiscigh múinteoirí luathghairme leibhéil ní b'airde sásaimh leis an bpost ná a gcomhghleacaithe a raibh níos mó taithí acu. Leag siad béim ar an ngá atá le dul i ngleic leis an strus a bhraitear chun sásamh múinteoirí leis an bpost a fheabhsú.

2. Creidimh faoi ábhair shonracha agus cúiseanna leo

Cé is moite de Hick et al. (2019) (7) ní raibh mórán taighde déanta ar chreidimh múinteoirí faoi ábhair ná topaicí sonracha, cé gur léiríodh i sonraí a bhain le múinteoirí luathghairme laistigh de shamplaí ní ba mhó nach raibh na creidimh faoi chuimsiú Neamhoird de chuid Speictream an Uathachais (ASD) san oideachas príomhshrutha (16), dearcthaí i leith riachtanais oideachais speisialta (36) agus i leith tástáil caighdeánaithe (31) difriúil le múinteoirí ag céimeanna gairme eile. Tugann Hick et al. (2019) (7) léargas domhain cuimsitheach ar dhearcthaí, eolas agus

scileanna múinteoirí nuacháilithe i ndáil leis an múinteoireacht ionchuimsitheach. Bhain siad úsáid as dearadh fadaimseartha a raibh sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla araon i gceist leis chun iniúchadh a dhéanamh ar ionchuimsiú in oideachas tosaigh múinteoirí. Ina theannta sin, áiríodh ina ndearadh múinteoirí nuacháilithe i mbliain 1 (l = 122) agus i mbliain 2 (l = 38) tar éis dóibh céim a bhaint amach. Thuairiscigh Hick et al. (2019) laghdú suntasach ar dhearthaí dearfacha, eolas agus scileanna foriomlána maidir leis an múinteoireacht ionchuimsitheach idir an bhliain dheireanach d'oideachas tosaigh múinteoirí agus an chéad bhliain mhúinteoireachta (7). Mhol siad gur tharla an t-athrú dearcaidh sin mar gheall ar na múinteoirí nuacháilithe a bheith ag streachailt le fírinne shaol na scoile agus gur míníodh é le tosca lena n-áirítear bainistiú iompraíochta, an próiseas chun a bhféiniúlacht múinteora a bhunú, agus castacht na múinteoireachta ionchuimsithe. De réir Hick et al. (2019) thuairiscigh múinteoirí iar-bhunscoile laghdú ní ba mhó ar a spreagadh foriomlán chun an mhúinteoireacht ionchuimsitheach a ghlacadh ná a gcomhghleacaithe bunscoile sa chéad bhliain mhúinteoireachta. Mhol Hick et al. (2019) (7) 'gur cheart na hionchais maidir leis an méid is féidir a bhaint amach go réadúil le hoideachas tosaigh múinteoirí a shocrú go cúramach, mar aon leis an méid is féidir a bheith ag súil leis go réadúil i dtéarmaí forbartha múinteoirí' (lch xiii). Tuairiscíodh i staidéar beag eile ar chúigear múinteoirí a rinne iniúchadh ar dhearthaí múinteoirí corpoideachais iar-bhunscoile gur athraigh a dtosaíochtaí le himeacht ama, mar bhí múinteoirí dírithe go díograiseach ar mhúinteoireacht corpoideachais ar dtús ach gur aistrigh siad go fócais eile le himeacht ama mar gheall ar stádas ábhair agus tosca comhthéacsúla (Iannucci agus McPhail, 2019) (8).

3. Creidimh fúthu féin mar mhúinteoirí

Tá staidéar 10 mbliana Killeavy (2001) (9) ar mhúinteoirí bunscoile in Éirinn mar bhonnlíne úsáideach le haghaidh an athbhreithnithe seo. 10 mbliana tar éis dóibh céim a bhaint amach, chreid na múinteoirí bunscoile ina staidéar go raibh a gcleachtas 'an-mhaith nó den scoth'. Is táscaire spreagúil é sin maidir le múinteoirí i gcomhthéacs na hÉireann i bhfianaise go ndearnadh an staidéar sin sular tugadh isteach aon phróiseas ionductaithe foirmiúil ar fud an chórais.

Ní nach ionadh é, agus é ag teacht le scéalta eile, go raibh difríocht idir dearthaí múinteoirí luathghairme fúthu féin i measc múinteoirí a raibh taithí acu ar ionductú agus iad siúd nach raibh. I staidéar in 2011 ar leibhéal na hiar-bhunscoile, thuairiscigh Aitken agus Harford (1) gur léirigh múinteoirí ina gcéad bhliain mhúinteoireachta go raibh ag teip orthu agus go raibh siad ag mothú gan tacaíocht in éagmais pobal comhoibríoch (1, lch 352): 'Ós rud é gurbh í mo chéad bhliain í, mhothaigh mé go raibh ag teip orm. Bhraith mé go raibh mé ag déanamh rud éigin mícheart. Ar na drochlaethanta, shiúlfá amach as rang agus chaoineá... Ní maith leat aird a tharraingt ar an bhfíric nach bhfuil tú ag déanamh go maith' (MNC 5, 29-04-09). Ar an gcaoi chéanna, thuairiscigh Killeavy agus Moloney (2010) (10) ar na difríochtaí idir ionchais luathghairme agus fírinne na múinteoireachta do mhúinteoirí iar-bhunscoile nuacháilithe. Mar sin féin, bhí mothú faireachais le linn na bliana promhaidh fós: "Bhraith mé fós go raibh duine éigin ag anáil síos mo ghualainn thar mo ghualainn, ag seiceáil cad a bhí á dhéanamh agam". (Andrew, T4) (Ní Chróinín agus O'Sullivan, 2014) (27). Bhí múinteoirí bunscoile luathghairme ag súil go mór le sairse a seomra ranga féin a fháil chun a ngníomhartha múinteora a thástáil i gcoinne a luachanna múinteora a bhí ag forbairt i dtreo a bhféiniúlacht múinteora féin

a bhunú. B'fhearr a éascaíodh forbairt a bhféiniúlachta múinteora nuair a bhí an fhreagracht agus an tsaoirse acu cinntí a dhéanamh bunaithe ar a gcreideamh maidir leis an rud ba mhó ar mhaithe leis na páistí faoina gcúram (Ní Chróinín agus O'Sullivan, 2014) (27): Níor tháinig mé chun muinín a bheith agam as mo stíl mhúinteoireachta féin agus a rá 'sin m'fhíorstíl mhúinteoireachta féin' (Sarah, T4) ach le dhá bhliain anuas. Ar an gcaoi chéanna, rinne múinteoirí nuacháilithe cur síos in Hick et al. (2019) (7) ar phróiseas foghlama chun iad féin a shainiú mar dhuine údarás a bhaineann le bainistiú iompraíochta sa seomra ranga. Chuir na múinteoirí nuacháilithe é sin i láthair mar 'scil nach féidir a fhoghlaim ach amháin i gcleachtadh mar mhúinteoir' (Ich xv) (7).

Faoi 2016, thuiriscigh múinteoirí nuacháilithe go raibh níos mó tacaíochta acu agus léirigh siad tuiscint dhearfach fhoriomlán ar an bpróiseas ionductaithe (Smyth et al., 2016) (35). Le déanaí, thuiriscigh múinteoirí i staidéar Uí Choistealbha et al. (2021) (37) ar mhúinteoirí bun scoile agus iar-bhunscoile araon mothúcháin dhearfacha maidir le tacaíocht a fháil le linn dúshlán tosaigh na múinteoireachta agus thuiriscigh siad leibhéal íseal riachtanais maidir le tacaíocht dá bhfolláine agus dá n-athléimneacht. Fuair Nally (2020) (25) amach freisin gur áiríodh i measc na mbuntáistí a bhain múinteoirí nuacháilithe amach as meantóireacht chéim an ionductaithe tacaíocht mhothúcháin, cúnaimh praiticiúil i dtéarmaí straitéisí múinteoireachta nua a fhoghlaim agus cleachtais mhachnaimh a chur chun cinn.

Ceist Taighde 2: Éifeachtúlacht agus éifeachtacht múinteoirí: Earnálacha bun scoile agus iar-bhunscoile

Tuiriscíonn múinteoirí luathghairme iar-bhunscoile leibhéal níos ísle muiníne agus leibhéal níos airde riachtanais forbartha gairmiúla ná iad siúd i mbun scoileanna (Smyth et al., 2016) (35). I dtaighde a rinneadh le déanaí fuarthas amach gur mhothaigh múinteoirí nuacháilithe ar leibhéal na hiar-bhunscoile nach raibh siad ullmhaithe d'éilimh shaol na scoile (Nally agus Ladden, 2020) (25). Cé gur aithin siad gur fhoghlaim siad na gnéithe teicniúla den mhúinteoireacht, bhí siad faoi léigear ag na héilimh phraiticiúla agus shóisialta a bhaineann le bheith ina múinteoir. Mhínigh múinteoir nuacháilithe amháin: 'Bhí mé ullmhaithe go teicniúil, ach ón taobh sóisialta de, maidir le himeascadh isteach sa seomra foirne agus a fhios a bheith agam cad atá le déanamh, agus ansin rudaí amhail smacht' (MNC 1). Ba é bainistíocht sa seomra ranga an dúshlán ba mhó a bhí roimh mhúinteoirí luathghairme ar leibhéal na hiar-bhunscoile (Aitken agus Harford, 2011; Killeavy agus Moloney, 2010) (1, 10) cé go bhfuil na straitéisí chun fadhbanna a réiteach a úsáideann múinteoirí iar-bhunscoile luathghairme cosúil leo siúd a úsáideann múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu (Scully, Pitsia agus Larakolidis, 2020) (33). Ar an mbunleibhéal, ba mhó an seans go mbeadh iompraíocht neamhtháirgiúil ó dhaltá ag múinteoirí luathghairme ná mar a bhí ag comhghleacaithe ag a raibh níos mó taithí (Flynn et al., 2023; Killeavy, 2001) (5, 9). Bhí dúshlán acu agus iad ag obair le 'páistí a bhfuil deacracht acu leis an gcuraclam, le páistí a léiríonn iompraíocht dheacair agus le páistí atá difriúil leis na gnáthpháistí sa rang' (Gash, 2006, Ich 286) (6). Rinne Kozina, Seery agus Loxley (2013) (15) cur síos ar straitéisí a d'úsáid múinteoirí ina gcéad bhliain tar éis dóibh céim a bhaint amach chun fadhbanna cleachtais a réiteach, agus béim á leagan acu ar ról chomhghleacaithe tacúla agus comhoibrithe.

I staidéar cáilíochtúil O’Grady (2015) (28) a rinne iniúchadh ar dhearcadh triúr múinteoirí iar-bhunscoile nuacháilithe ar chaidrimh oideachasúla measúla fuarthas tuiscintí agus cleachtais éagsúla i measc na rannpháirtithe ó ‘oideachasóir údarásaíoch’ go ‘oideachasóir tacúil’ go ‘oideachasóir iomlánaíoch’. Cé gur aithin an triúr múinteoirí nuacháilithe tionchar na gcaidreamh, aithníodh sa dá dhearcadh a bhí ní ba dhírithe ar an leanbh tionchair eile freisin, lena n-áirítear caidrimh le teaghlach agus le cairde chomh maith le samhaltú le linn oideachas tosaigh múinteoirí i gcás an oideora thacúil. I staidéar a rinneadh go luath in 2009 léiríodh go raibh feasacht agus muintín theoranta maidir le cosaint leanaí i measc múinteoirí nuacháilithe a bhí páirteach, agus i measc na dtorthaí bhí 28% ag tuairisciú nach raibh siad ar an eolas faoi Threoirínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta maidir le Cosaint Leanaí, ní raibh leath acu ar an eolas faoi bheartas cosanta leanaí a scoile agus gan ach trian acu muintíneach as a gcumas mí-úsáid leanaí a thuairisciú dá scoil (McGarry agus Buckley, 2013) (21). Aithníodh i staidéir éagsúla (3, 4, 11) an dúshlán a bhíonn ag múinteoirí bunscoile nuacháilithe agus iad ag glacadh ról an cheannaire lasmuigh den seomra ranga.

Níl mórán taighde ann a dhéanann comparáid idir féinéifeachtúlacht múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile i réimsí ábhair ar leith. Tuairiscíodh i staidéar amháin (Tarantino agus Neville, 2023) (36) go raibh níos mó féinéifeachtúlachta ag múinteoirí corpoideachais iar-bhunscoile maidir le corpoideachas a mhúineadh ná mar a bhí ag múinteoirí bunscoile, agus go raibh tábhacht leis na blianta taithí sin. Bhí a gcuid torthaí ag teacht leis an tuiscint choitianta go mbíonn níos mó saineolais agus níos mó blianta taithí ina gcúis le féinéifeachtúlacht mhéadaithe maidir le múineadh. Mar shampla, léirigh múinteoirí bunscoile ardleibhéil éifeachtúlachta san ábhar a raibh siad speisialaithe ann laistigh dá gclár oideachais tosaigh múinteoirí (Brennan, Bowles agus Murtagh, 2023) (3). Ar an gcaoi chéanna, thuairiscigh Usher (2022) (38) gur mhó an seans go mbeadh leibhéil ní b’airde muintíne ag múinteoirí bunscoile a raibh níos mó taithí acu agus iad ag múineadh na tíreolaíochta agus go gcaithfidís níos mó ama ag múineadh na tíreolaíochta gach seachtain ná múinteoirí luathghairme. Bhí tábhacht le blianta fada taithí ar an múinteoireacht maidir leis an gcaoi a ndeachaigh múinteoirí i ngleic le dúshlán a bhí rompu ar bhealaí éagsúla. Ba lú an seans go gcuideodh múinteoirí bunscoile a raibh níos mó taithí mhúinteoireachta acu le daltaí a raibh tacaíocht mheabhairshláinte de dhíth orthu (Ní Chorcora agus Swords, 2022) (26). Ina theannta sin, thuairiscigh Ward (2014) go raibh níos mó blianta taithí múinteoireachta bainteach le leibhéil ní b’airde eolais agus le níos lú coincheapa diúltacha maidir le neamhord an easnaimh airde agus na hipirghníomhaíochta i measc múinteoirí bunscoile (39).

Tá na staidéir sin ag teacht leis an tuarascáil mhórscála náisiúnta a rinneadh le déanaí (Uí Choistealbha et al., 2021) (37), ina raibh baint ag na dúshlán ba mhó a thuairiscigh na múinteoirí nuacháilithe le gníomhaíochtaí múinteoireachta, lena n-áirítear pleanáil agus tacaíocht, cleachtais ranga agus bainistíocht sa seomra ranga. Shainaithin siad go raibh tacaíocht ag teastáil uathu i ndáil le pleanáil le haghaidh riachtanais speisialta oideachais, difreála agus bainistiú iompraíochta. Tá na torthaí sin ag teacht le torthaí Smyth et al. (2016) a thuairiscigh nach raibh múinteoirí nuacháilithe ullamh chun déileáil le héagsúlacht i dtéarmaí daltaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus ó chúlraí ilchultúrtha nó faoi mhíbhuntáiste a mhúineadh (35). Tugann cosúlacht na dtorthaí sna staidéir sin le 10 mbliana anuas le fios go bhfuil gá le níos mó airde a thabhairt ar mhúinteoirí a ullmhú chun múineadh

le haghaidh ionchuimsitheachta agus éagsúlachta. Rinne Hick et al. (2019) (7) iniúchadh ar na cúiseanna lena mínítear glacadh cur chuige múinteoireachta ionchuimsithí ag múinteoirí nuacháilithe. Mhínigh siad an méid seo a leanas:

Tá múinteoirí nuacháilithe ag foghlaim conas inniúlacht a léiriú ina ról sa seomra ranga, agus ag an am céanna ag forbairt a bhféiniúlachtaí gairmiúla féin mar mhúinteoirí nua. I gcás ina mbíonn siad ag iarraidh forbairt mar mhúinteoirí ionchuimsitheacha, caithfidh siad dul i ngleic freisin le comhthéacsanna scoile a d'fhéadfadh a bheith níos mó nó níos lú tacaíochta dóibh ina leith (Hick et al., 2019, lch 149).

Tríd is tríd, ba iad na tacaíochtaí agus na hacmhainní a bhí ar fáil, lena n-áirítear deiseanna chun comhoibriú le múinteoirí eile, na tosca ba thábhachtaí sa chaoi a ndearna múinteoirí luathghairme measúnú ar a indéanta atá sé cur chuige múinteoireachta ionchuimsithí a ghlacadh (Hick et al., 2019) (7). Leag múinteoirí iar-bhunscoile béim ar shrianta a bhaineann leis an gcuraclam mar thionchar láidir ar a gcumas múinteoireacht níos ionchuimsithí a úsáid.

Shainaithin Hick et al. (2019) (7) dhá phríomhphróiseas choincheapúla trínar forbairt múinteoirí nuacháilithe a gcleachtas ionchuimsitheach. Ba iad sin 'gnéithe den teoiric agus den chleachtas a cheangail, agus trína bhfócas a aistriú ón múineadh go dtí an fhoghlaim' (lch 140). Thuairiscigh Hick et al. (2019) (7) difríocht idir tuiscint múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí nuacháilithe ar chastacht an chaidrimh idir teoiric agus cleachtas. Ar an gcaoi chéanna, thángthas ar dhifríocht shuntasach bhreise idir bliain 1 agus bliain 2, agus léiríonn an mhúinteoireacht nuacháilithe treocht i dtreo tuiscint mhéadaithe agus léirmhínte níos sofaisticiúla ar an múinteoireacht ionchuimsitheach i gcleachtas le níos mó taithí.

'Sílím gur athraigh siad [dearcthaí ar chleachtas ionchuimsitheach] beagán sa mhéid is go mbraithim anois gur fearr a bheinn in ann na foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais agus ceanglais áirithe acu a áireamh agus sílím gur tháinig sé sin trí chomhoibriú piaraí agus beagán níos mó taithí' (NQT2, E3S (PP) in Hick et al. (2019)).

Cé nárbh ábhar imní chomh mór sin iad scileanna iompraíochta agus bainistíochta faoi bhliain 2 den mhúinteoireacht, luaigh múinteoirí in Hick et al. (2019) go comhsheasmhach gurbh é an t-idirchaidreamh le tuismitheoirí agus le gairmithe seachtracha an réimse ar mhaith leo níos mó tacaíochta ann. Ba é an luach a cuireadh ar thorthaí na múinteoireachta ionchuimsithí dá ndaltaí an tionchar ba láidre ar thiomantas múinteoirí don mhúinteoireacht ionchuimsitheach (Hick et al. (2019) (7)).

Is féidir go mbeadh sé deacair do mhúinteoirí luathghairme déileáil le fírinní na múinteoireachta. Is féidir leis na heispéiris luathghairme sin tionchar a imirt ar chur chuige múinteoirí ar bhealaí éagsúla. Mar shampla, i scoileanna iar-bhunscoile, is lú an seans go mbeidh siad páirteach i mbeartas: 'Is féidir le múinteoirí i gcéimeanna tosaigh a ngairme mothú go bhfuil siad róbhuartha agus faoi ualach ag a gcuid tascanna, dualgas agus freagrachtaí éagsúla agus mar sin ní nach ionadh é nach bhfuil beartais ina phríomhábhar imní dóibh' (Skerritt et al., 2023) (34). Is toradh tábhachtach é sin le breithniú i gcomhthéacs na nuálaíochta agus an athchóirithe i scoileanna, go háirithe ós rud é go léiríonn na múinteoirí luathghairme sin sásamh níos airde leis an bpost agus spreagadh níos airde ina gcuid oibre. Ina theannta sin, tá an cultúr agus na tacaíochtaí laistigh den scoil ríthábhachtach chun

machnamh a dhéanamh ar conas meon an fhoghlaimora a chur chun cinn i measc múinteoirí nuacháilithe i dtreo meon foghlama ar feadh an tsaoil (O’Sullivan agus Conway, 2016) (30).

Thuiriscigh Banks agus Smyth (2011) (2) go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí níos airde in áiteanna ina bhfuil atmaisféar scoile dearfach agus in áiteanna ina n-oibríonn múinteoirí le páistí a bhfuil taitneamh acu as an scoil. Is beag rannpháirtíocht atá i bhforbairt ghairmiúil leanúnach i mbliain 1-2 i measc múinteoirí luathghairme, b’fhéidir toisc go bhfuil siad faoin ualach mór brú cheana féin maidir le teacht i ngleic lena ról múinteora. Tá seans 2.5 oiread níos mó ann go nglacfaidh múinteoirí a bhfuil dhá go cúig bliana taithí acu páirt agus leanann an rannpháirtíocht de bheith ag méadú i rith ghairm na múinteoireachta. D’fhéadfaí an oscailteacht sin don fhoghlaim agus do chuir chuige nua a léiriú i nglacadh cur chuige nua i leith na múinteoireachta a théann níos faide ná cultúr reatha na scoile. Fuair McCoy, Smyth agus Banks (2012) (20) amach i dtuarascáil ar an staidéar ‘Fás Suas in Éirinn’ go raibh próifíl shainiúil ag múinteoirí nuacháilithe (níos lú ná trí bliana). Chaith siad níos lú ama ar Bhéarla, ar Ghaeilge agus ar mhatamaitic agus níos mó ama ar dhrámaíocht ná múinteoirí a raibh níos mó taithí acu. Úsáideann múinteoirí a bhain cáilíocht amach le déanaí obair bheirte, obair ghrúpa agus gníomhaíochtaí praiticiúla níos minice ná múinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu. Ba mhó an seans freisin go gcuirfeadh múinteoirí luathghairme gníomhaíochtaí difreáilte ar fáil do dhaltaí chun daltaí a spreagadh chun ceisteanna a chur ar a chéile sa rang agus chun réamhthaithí agus réamhchomhthéacs na ndaltaí a mheas mar phointe tosaigh don fhoghlaim. Tugtar le fios na torthaí sin go bhfuil athrú tagtha ar chuir chuige oideolaíochta múinteoirí bunscoile i dtreo modheolaíochtaí foghlama níos gníomhaí (McCoy et al., 2012) ach níor tuairiscíodh iad sa litríocht ó shin.

Ceist Taighde 3: Foghlaim agus forbairt ghairmiúil: Earnálacha bunscoile agus iar-bhunscoile

Tionchar oideachais tosaigh múinteoirí

Tuairiscíodh i staidéar a rinneadh ag tús na tréimhse athbhreithnithe gur chreid céatadán íseal de na 151 céimí bunscoile ó Dhún Carúin a ndearnadh suirbhé orthu go raibh an méid a d’fhoghlaim siad in oideachas tosaigh múinteoirí úsáideach (Killeavy, 2001) (9). Faoi 2013, léiríodh i staidéar mórscála modhanna measctha Kozina (14) go raibh sásamh foriomlán ní b’airde ag baint lena n-oideachas tosaigh múinteoirí, agus go raibh múinteoirí a chríochnaigh cláir chomhthráthacha beagán ní ba dhearfaí i leith na n-oideachais tosaigh múinteoirí. Tháinig staidéar Brennan et al. (2023) ar 80 múinteoir bunscoile luathghairme a raibh speisialtóireacht sa chorpoideachas críochnaithe acu le linn oideachas tosaigh múinteoirí ar an gconclúid gur éirigh leis tionchar dearfach a imirt ar a ndearcadh i leith an chorpoideachais, a dtuiscint air agus a gcur chuige múinteoireachta i leith an chorpoideachais (3).

Mar sin féin, shainaithin na múinteoirí nuacháilithe sin réimsí nár mhothaigh siad ullmhaithe go maith chun déileáil leo, e.g. déileáil le tuismitheoirí, daltaí a bhfuil riachtanais éagsúla acu agus modheolaíochtaí measúnaithe (Kozina, 2013) (14). Tuairiscíodh torthaí comhchosúla sna

staidéir mhórsála a rinneadh níos déanaí le múinteoirí nuacháilithe (Hick et al., 2019 (7); Smyth et al., 2016 (35); Uí Choistealbha et al., 2021 (37)) agus moladh go bhfuil gá le hoideachas tosaigh múinteoirí chun freagairt don riachtanas sin atá sainaitheanta le haghaidh tuilleadh ionchuir sna réimsí sin. Bhí comhaontú ginearálta ann (7, 14, 27, 35, 37) gurbh é socrúchán scoile an ghné ba luachmhaire d’oideachas tosaigh múinteoirí, agus mhol múinteoirí nuacháilithe go mbeadh deiseanna breise scoilbhunaithe luachmhar dóibh mar chuid dá n-oideachas tosaigh múinteoirí mar gheall ar dheiseanna teoranta chun taithí a fháil ar go leor gnéithe den mhúinteoireacht. Agus iad ag machnamh siar ar a n-oideachas tosaigh múinteoirí, thuairiscigh múinteoirí luathghairme i mbliain a haon tar éis dóibh céim a bhaint amach go raibh taithí socrúcháin scoile agus ionchuir shonracha maidir le hionchuimsiú ina gcúnamh dóibh chun cur chuige múinteoireachta ionchuimsithí a ghlacadh (Hick et al. (2019) (7). Rinne staidéar fadaimseartha Ní Chróinín agus O’Sullivan (2014) rianú ar sheisear múinteoirí bunscoile ó thús a gcláir oideachais tosaigh múinteoirí go dtí trí bliana tar éis dóibh céim a bhaint amach. Ag deireadh an staidéir, bhraith na múinteoirí rannpháirteacha go raibh na hoideolaíochtaí a úsáideadh le linn oideachas tosaigh múinteoirí forordaitheach agus sriantach ina bhfoghlaim conas múinteoireacht a dhéanamh. Tugann na léargais sin le fios go bhfuil fonn ann tuilleadh deiseanna a bheith ann chun éifeachtúlacht cur chuige éagsúil i gcomhthéacsanna feidhmeacha a thástáil agus machnamh criticiúil a dhéanamh orthu (27).

Ar an leibhéal iar-bhunscoile, thuairiscigh Nally agus Lappan (2020) (25) fianaise láidir a thug le fios nach raibh múinteoirí nuacháilithe ullamh don ‘gheit a bhaineann leis an múinteoireacht sa saol mar atá’ agus ‘nach raibh siad lánnullmhaithe chun dualgais iomlána múinteoireachta a ghlacadh orthu féin tar éis oiliúint múinteoirí’ (lch 24). Chuir na múinteoirí nuacháilithe síos go raibh siad faoi bhrú agus gur mhothaigh siad, cé gur ullmhaigh a gcuid oideachais tosaigh múinteoirí iad do ghnéithe teicniúla na múinteoireachta, nach raibh siad ullmhaithe go leordhóthanach do na gnéithe sóisialta agus mothúcháinacha a bhaineann le bheith ina múinteoir. Le toradh Skerritt et al. (2023) gur ghlac múinteoirí iar-bhunscoile a raibh níos lú blianta taithí múinteoireachta acu ról ‘faighteoirí’ beartais, agus iad ag mothú go raibh siad scoite amach gan mórán feasachta acu ar bheartas agus ag brath ar léirmhínte daoine eile ar bheartas, ceistítear tionchar an oideachais tosaigh múinteoirí ar fheasacht múinteoirí a fhorbairt maidir lena thábhachtaí atá sé a bheith rannpháirteach, agus dúil a bheith acu, sa bheartas ag tús a ngairme múinteoireachta (34). Leis an toradh sin, tacaítear le toradh McGarry agus Buckley (2013) a aithníonn an tábhacht a bhaineann le hionchur ar bheartas cosanta leanaí atá ar ardcháilíocht chomhsheasmhach chaighdeánaithe le linn oideachas tosaigh múinteoirí chun tacú le múinteoirí nuacháilithe chun a ról mar ‘oideoirí agus monatóirí leasa leanaí’ a chomhlíonadh (lch 91) (21).

Tionchar an ionduchtaithe

Le staidéir ar an mbunoideachas agus ar an iar-bhunoideachas go luath sa 21ú haois, leagadh béim go comhsheasmhach ar luach na meantóireachta agus tuairiscíodh easpa cur chuige, nó cuir chuige ad hoc, i leith an ionduchtaithe. I gcás ina raibh meantóireacht i bhfeidhm, bhí tionchar láidir ag éifeacht chúl-tionchar na cigireachta le linn an ionduchtaithe. Mar shampla, le staidéar O’Sullivan agus Conway (2016) ar naonúr múinteoirí nuacháilithe bunscoile,

tuairiscíodh léargas cúng ar mheantóireacht mar ‘chúnamh a fháil le héiginnteachtaí láithreacha agus treoir maidir le socrúithe agus cleachtais áitiúla’ (lch 409) seachas tionchar a d’fhéadfadh a bheith aici ar a gcur chuige ní ba leithne i leith na múinteoireachta. Leis an bhfócas sin ar ghníomhúlacht, d’fhág sé nár éirigh leis na cigireachtaí brí oideolaíoch a sholáthar agus cuireadh bac ar dheiseanna barrmhaithe le haghaidh na foghlama. D’aithin múinteoirí nuacháilithe cineál gníomhúil an phróisis promhaidh, lena éilíodh cuairteanna cigirí chun clárú iomlán a bhaint amach, agus go raibh an ghné chéanna grinnsrúdaithe i gceist leis agus a bhí ina socrúcháin scoilbhunaithe san oideachas tosaigh múinteoirí (30). I bhfianaise an cháinte sin, is fiú a lua nach bhfuil cuairteanna cigirí mar chuid den phróiseas promhaidh a thuilleadh laistigh de Dhroichead.

Fuarthas amach le cás-staidéar Aitken agus Harford (2011) ar an ngá atá le hionduchtú in iar-bhunscoil a bhí faoi mhíbhuntáiste sóisialta, gur bhraith múinteoirí nuacháilithe (l = 11) easpa tacaíochta dóibh agus meas orthu, agus thuairiscigh siad mothú scoiteachta agus deighilte. Moladh leis an staidéar an gá atá le tacaíocht chomhsheasmhach agus an deis oibriú i dtimpeallachtaí comhghleacúla (1). Ar an gcaoi chéanna, tugadh le fios le staidéar Killeavy (2001) gaol idir an leibhéal tuairiscithe tacaíochta ón lucht bainistíochta agus rath sa mhúinteoireacht (9). Aithníodh le staidéar McGarry agus Buckley (2013) an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí nuacháilithe chun páirt a ghlacadh i mbeartais cosanta leanaí na scoile agus chun iad a chur i ngníomh (21). Leagadh béim le staidéar Ní Chróinín agus O’Sullivan (2014) ar an luach a bhaineann le deiseanna beartaithe a sholáthar do mhúinteoirí luathghairme chun machnamh a dhéanamh ar a n-eispéiris oideachais tosaigh múinteoirí (26). Mhol O’Grady (2015) deiseanna freisin do mhúinteoirí nuacháilithe deiseanna a fháil chun a luachanna maidir le daltaí a cheistiú, lena leagtar béim ar ‘mheas á thuilleamh’ ag múinteoirí seachas ar ‘mheas dlite’ ag múinteoir (lch 183) (28). I bhfianaise na dtorthaí sin, d’fháiltigh na taighdeoirí roimh éirim Droichead atá múnlaiteach den chuid is mó (30).

Soláthraítear le dhá thuarascáil mhórsála, Uí Choistealbha et al. (2022) (37) agus Smyth et al. (2016) (35), cuntas mionsonraithe ar eispéiris múinteoirí nuacháilithe ar phróiseas ionduchtaithe Droichead le blianta beaga anuas. Thuairiscigh Smyth et al. (2016) gur chuir múinteoirí nuacháilithe ardleibhéil sásaimh in iúl maidir leis an bpróiseas agus bhí siad an-dearfach faoin tacaíocht a fuair siad. Do mhúinteoirí a ghlacann páirt i nDroichead, bhí an tacaíocht fíor-riachtanach d’fholláine fheabhsaithe agus leibhéil laghdaithe struis na múinteoirí i gcomparáid leis an ngrúpa cóimheasa múinteoirí nuacháilithe nár ghlac páirt i gclár pólótach Droichead. Is údar misnigh é sin toisc gurb í príomhfheidhm an chláir tacaíocht struchtúrtha leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí nuacháilithe. Níorbh údar misnigh iad torthaí eile, áfach. Thuairiscigh an dá earnáil go raibh an gá ba mhó ann i ndáil le leanaí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu a mhúineadh agus go raibh an gá ba lú i ndáil le pleanáil ceachta (35). Is ábhar imní é gur thuairiscigh múinteoirí nuacháilithe in iar-bhunscoileanna leibhéil ní b’íslé muiníne ná a macasamhlacha sna bunscoileanna, agus gur thuairiscigh na múinteoirí sin in iar-bhunscoileanna leibhéil ní b’airde riachtanais ná iad siúd i mbunscoileanna; tarraingítear ceist anuas leis an toradh sin faoi na difríochtaí idir ullmhúchán múinteoirí bunscoile agus múinteoirí iar-bhunscoile.

Rinne Uí Choistealbha et al. (2021) (37) measúnú ar phróiseas sainordaitheach Droichead a tháinig ina dhiaidh sin. Thuairiscigh tromlach na múinteoirí nuacháilithe eispéireas dearfach tacúil. Shainaithin múinteoirí nuacháilithe comhráite gairmiúla (94%), gníomhaíochtaí foghlama gairmiúla (80%) agus breathnóireachtaí (79%) mar na gnéithe ab fhiúntaí den ionduchtú. Bhraith an-chuid múinteoirí nuacháilithe (83%) gur próiseas ardcháilíochta é Droichead, agus thuairiscigh 64% acu gur forbraíodh a spreagadh mar mhúinteoir a thuilleadh trí pháirt a ghlacadh i nDroichead. Thuairiscigh 93% acu go raibh siad dearfach faoina leibhéal sásaimh leis an múinteoireacht a bhí á déanamh acu faoi láthair. Mhol an tuarascáil sin cur chuige saincheaptha do na múinteoirí nuacháilithe aonair, agus gnéithe agus/nó suíomh ar leith na hearnála á gcur san áireamh (Uí Choistealbha et al., 2021) (37).

Mar aon leis na staidéir mhórsála a thuairiscítear thuas, thuairiscigh staidéir mhionsála éagsúla ar thionchar Droichead freisin. Mar shampla, fiosraíodh le staidéar Nally agus Ladden (2020) eispéiris ceathrar múinteoirí nuacháilithe ar Dhroichead i scoil chás-staidéir amháin. Leis na torthaí, tacaíodh le staidéir roimhe sin lenar tugadh le fios gur fháiltigh múinteoirí nuacháilithe roimh thacaíocht óna meantóirí agus go raibh ardmheas acu ar an mbreathnóireacht agus ar an aiseolas ó Dhroichead. Thángthas ar an gconclúid leis an staidéar go raibh tionchar dearfach ag próiseas Droichead ar choinneáil múinteoirí mar gheall ar na deiseanna a thugtar leis chun múinteoirí nuacháilithe a chomhtháthú 'i gcreatlach na scoile' (lch 24) (25). Le dhá staidéar, fiosraíodh an úsáid a bhain múinteoirí nuacháilithe as an teicneolaíocht le linn na tréimhse ionduchtaithe ar leibhéal na hiar-bhunscoile (Killeavy agus Moloney, 2010; Mac Mahon, Ó Grádaigh agus Ní Ghuidhir, 2018). Thángthas ar an gconclúid leis an dá staidéar gur gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhúinteoirí nuacháilithe chun teicneolaíocht a úsáid (10, 17). Ar an iomlán, tá comhaontú sna staidéir mhórsála agus mhionsála lena bhfiosraítear tionchar Droichead go dtairbhíonn rannpháirtithe den phróiseas ionduchtaithe comhoibríoch scoilbhunaithe seo agus go dtairbhíonn an scoil i gcoitinne de freisin (25, 35, 37).

Tionchar na forbartha gairmiúla leanúnaí

Scrúdaigh Banks agus Smyth (2011) (2) rannpháirtíocht 1,916 múinteoir bunscoile agus iar-bhunscoile san fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tuairiscíodh gaol mór idir céim na gairme agus an rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil leanúnach. Fuarthas amach leis an tuarascáil go mbíonn tionchar ag na blianta taithí múinteoireachta ar leibhéal na bunscoile ar rannpháirtíocht san fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus go dtagann méadú de réir a chéile ar mhéid na forbartha gairmiúla leanúnaí i gcomhréir leis an taithí mhúinteoireachta. Tuairiscíodh leis an staidéar go bhfuil an rannpháirtíocht san fhorbairt ghairmiúil leanúnach níos airde, go ginearálta, i gcás ina bhfuil timpeallacht dhearfach scoile agus i gcás ina n-oibríonn múinteoirí le leanaí a bhaineann taitneamh as an scoil. (2)

Shainaithin taighdeoirí gá le hoiliúint bhreise, i ndeiseanna foghlama tosaigh agus foghlama gairmiúla leanúnaí, thar raon leathan topaicí, lena n-áirítear an mhúinteoireacht ionchuimsitheach (Hick et al. 2019 (7), NHEA (Ward, 2014) (39), bainistíocht sa seomra ranga (Flynn et al., 2023) (5) agus tástáil chaighdeánaithe (Pitsia, Karakolidis agus Lehane, 2021)

(31). Thuairiscigh Hick et al. (2019) gur shainaithin múinteoirí nuacháilithe gá lena dtuiscint ar an múinteoireacht ionchuimsitheach a chur chun cinn trí fhorbairt ghairmiúil, agus chuir siad gealltanas in iúl chuige sin (7). Mhínigh múinteoir iar-bhunscoile amháin:

Teastaíonn níos mó oiliúna uaim sa réimse seo chun a bheith compordach leis. Seo í mo dhara bliain, agus fós ní bhraithim go bhfuilim láncháilithe le hoibriú sa réimse seo scaití. Tosaíonn an chuid is mó de mhúinteoirí i ranganna acmhainne; ní raibh sé sin ar eolas agam nuair ba mhúinteoir nuacháilithe [iar-bhunscoile] mé.

Mhol Hick et al. (2019) (7) an gá atá le tuilleadh airde a dhíriú ar an múinteoireacht ionchuimsitheach in oideachas tosaigh múinteoirí, toisc go ndéanann an-chuid múinteoirí nuacháilithe, go háirithe ar leibhéal an iar-bhunoideachais, múinteoireacht acmhainne agus tacaíochta foghlama. D'éirigh le samhail pobail cleachtais tacú le forbairt ghairmiúil múinteoirí nuacháilithe bunscoile i ndáil le ceannaireacht le haghaidh an iomchuimsithe (Donnelly et al., 2019 (4); King agus Logan, 2022 (11)).

Conclúid

Tugtar le fios le léargas foriomlán an taighde sna chéad deich mbliana múinteoireachta in Éirinn a sholáthraítear leis an athbhreithniú scóipe seo gur beag nó measartha an bonn taighde de réir scála, agus go bhfuil sé neamhiomlán agus éagothrom ó earnáil go hearnáil: tá níos mó fianaise ar fáil ar an leibhéal bunscoile ná mar atá ar an leibhéal iar-bhunscoile, agus níl mórán ar chor ar bith ar an leibhéal breisoideachais. Ós rud é nach raibh ach dhá staidéar ann laistigh den earnáil breisoideachais agus oiliúna a chomhlíon na critéir incháilitheachta, ní féidir maímh ar fud na hearnála a dhéanamh, agus tá níos mó fianaise ann chun é sin a dhéanamh ar leibhéal an bhunoideachais agus tá fianaise theoranta ann chun é a dhéanamh ar leibhéal an iar-bhunoideachais. Agus na foinsí taighde uile a áiríodh á gcur san áireamh, is féidir an taighde a aicmiú in dhá ghrúpa: (1) taighde domhain cáilíochtúil mionscála ar thopaic shonrach; (2) taighde mórscála lenar scrúdaíodh gné amháin d'fhorbairt múinteoirí amhail forbairt spreagtha, eolais nó scile (nó tionscnamh ar nós an ionduchtaithe). Agus iad á nglacadh le chéile, tá sé deacair patrúin a shainaithint chun maímh fhoriomlána a dhéanamh faoin tacar deiridh 39 staidéar a áiríodh, toisc go bhfuil léargas comhtháite foriomlán in easnamh. Fós féin, tá neart ann le plé faoi na torthaí éagsúla seo chun léargas a chur i láthair ar an méid atá ar eolas agus an méid nach bhfuil ar eolas.

Leagtar béim leis an athbhreithniú scóipe seo ar bhearna mhór sa taighde ar mhúinteoirí i mbliain 1-10 sna trí earnáil uile. Cé go bhfuil níos mó taighde ann lena bhfiosraítear na heispéiris sin le múinteoirí bunscoile ($I = 28$) ná mar atá ann le múinteoirí iar-bhunscoile ($I = 10$), ní leor na staidéir sin chun léargas foriomlán a chruthú ar eispéiris múinteoirí luathghairme. Is iontach le fáil amach nár díriodh go sonrach ar shaol múinteoirí luathghairme iar-bhunscoile ach le 10 staidéar le linn na tréimhse sin, agus léirítear leis gur gá cur chuige níos córasaí i leith fianaise a bhailiú ar leibhéal earnála. Soláthraítear fianaise bhreise leis an easpa staidéar ar mhúinteoirí san earnáil breisoideachais agus oiliúna ar sheasamh imeallach na hearnála sin laistigh den phobal oideachais. Is gá breis taighde a dhéanamh lena ndírítear ar an earnáil breisoideachais agus oiliúna agus ar an earnáil iar-bhunoideachais chun dearcadh níos cothroime a fháil ar fhorbairt uile-chórais na múinteoirí luathghairme. Tá na sonraí páirteach

agus ilroinnte ar fud na dtrí réimse a ndéantar tuairisciú orthu san athbhreithniú seo: forbairt gairme múinteoirí, saineolas múinteoirí agus forbairt ghairmiúil múinteoirí.

Cé go bhfuil roinnt sonraí ann lena léirítear barúil dhearfach ar shaol oibre múinteoirí luathghairme bunscoile ar an iomlán, níl an méid céanna ar eolas faoin earnáil iar-bhunoideachais. Is bearna shuntasach í an easpa taighde i ndáil le spreagthaí, conairí gairme agus sásamh múinteoirí luathghairme iar-bhunscoile leis an bpost i bhfianaise na saincheistanna leanúnacha atá ann maidir le hearcú agus coinneáil sa tír. Eisiadh roinnt taighde fiúntach ar thopaicí a bhaineann le sásamh leis an bpost agus conairí gairme in iar-bhunscoileanna ón athbhreithniú seo toisc nár díródh leo ar eispéiris múinteoirí luathghairme. Mar shampla, rinne Mannix-McNamara et al. (2021) fiosrú mionsonraithe ar mhíbhéas agus ar an gcultúr scoile inar mhúinteoirí luathghairme iad 14 as an 44 rannpháirtí i mbliain 1-10, ach níor tuairiscíodh aon toradh a bhain go sonrach leis an gcohort sin. Seans go bhfuil féidearthacht ann d'anailís thánaisteach ar staidéir mhórsála atá ann cheana chun féachaint go sonrach ar eispéiris múinteoirí i mbliain 1-10. Ar an gcaoi chéanna, dhírigh Foley agus Murphy (2015) ar an tnáitheadh i measc múinteoirí iar-bhunscoile. Seans go dtiocfadh léargas breise a bhaineann go sonrach leis an gcohort sin as fócas sonrach ar bhliain 1-10 I dtacair sonraí mhóra den sórt sin. Bhí roinnt staidéar ann freisin inar tuairiscíodh déimeagrafaic rannpháirtithe lena áiríodh múinteoirí i mbliain 1-5 agus múinteoirí i mbliain 6-10. Cé nach ndearnadh aon chomparáid idir na grúpaí sin sna staidéir thuairiscithe, seans arís go soláthrófaí léargas úsáideach le hanaílís thánaisteach ar na cohort sin agus go gcuirfí le tuiscint ar fhorbairt múinteoirí i gcomhthéacs na hÉireann. I dteannta a chéile, léirítear leis na cineálacha sonraí sin deis chaillte chun codanna sonracha a chur le léargas cuimsitheach ar chonair forbartha múinteoirí Éireannacha. Cuirtear léargas duairc i láthair leis an easpa taighde atá ar fáil ar shaol gairmiúil múinteoirí luathghairme san earnáil breisoideachais agus oiliúna, agus tá aird phráinneach ag teastáil ina leith.

Ní nach ionadh iad na torthaí i ndáil le saineolas múinteoirí nuair a chuirtear i gcomparáid leis an taighde idirnáisiúnta iad (Keese et al., 2023), agus tá tromlach na múinteoirí nuacháilithe sásta le gnéithe dá n-oideachas tosaigh múinteoirí ach ní bhraitheann siad go hiomlán ullmhaithe don saol scoile fós. Sainaithníodh bearnaí in eolas múinteoirí a bhain le raon topaicí. Is údar misnigh í an fhianaise go dtagann méadú ar rannpháirtíocht múinteoirí san fhorbairt ghairmiúil leanúnach de réir mar a fhaigheann siad níos mó taithí maidir le forbairt uile-earnála ar an leibhéal bunoidreachais agus iar-bhunoideachais araon. Tarraingítear aird le taighde mionscála áirithe (4, 11) ar luach na bpobal cleachtas maidir le tacú le múinteoirí luathghairme chun leanúint dá gcleachtas mhúinteoireachta a nuáil agus a fheabhsú, cé nár léir conas a d'fhéadfadh sé sin oibriú ar leibhéal córasach.

I dtéarmaí forbartha gairmiúla múinteoirí luathghairme, is údar misnigh iad na torthaí i ndáil le hionduchtú múinteoirí nuacháilithe agus léirítear leo an luach a bhaineann le tacú le múinteoirí nua agus na tairbhí a fhabhraítear ar fud an chórais i ndáil le cáilíocht na múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile. Ar fud na staidéar, agus na torthaí i gcomhthéacsanna eile á léiriú (Day et al., 2006), sainaithníodh go comhsheasmhach go raibh tionchar dearfach ag cultúr scoile tacúil agus ag an gcomhghleacaíocht ar eispéiris múinteoirí nuacháilithe. Seans gurb é sin an toisc is tábhachtaí maidir le saol gairmiúil múinteoirí luathghairme i bPoblacht

na hÉireann a mhúnlú. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach aird a thabhairt ar thimpeallacht agus cultúr scoile chun dul i bhfeidhm ar oscailteacht múinteoirí luathghairme don nuálaíocht, don rannpháirtíocht sa bheartas agus don fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tugtar le fios leis an easpa tacaíochtaí ionduchtaithe san earnáil breisoideachais agus oiliúna deis chaillte chun tacú le múinteoirí nuacháilithe a mbeadh tairbhí uile-earnála mar thoradh air.

Leagtar amach an t-athbhreithniú scóipe seo de réir samhlacha forbartha múinteoirí, lena n-áirítear forbairt gairme, saineolas agus forbairt ghairmiúil. Cé go bhfuil sé mealltach, tugtar le fios le torthaí an athbhreithnithe scóipe seo nach leor na sonraí chun mapáil fhiúntach a dhéanamh ar thorthaí an staidéir seo ar na samhlacha sin. Díritear den chuid is mó leis an taighde atá ann i ndáil le múinteoirí luathghairme ar mhúinteoirí nuacháilithe agus ar phróisís ionduchtaithe. Níl an méid céanna ar eolas maidir leis an gcaoi a bhforbraíonn saol gairmiúil múinteoirí tar éis na céime ionduchtaithe tosaigh sin. Le torthaí saibhre staidéar fadaimseartha Hick et al. (2019) (7) lena ndéantar múinteoirí a rianú ón oideachas tosaigh múinteoirí tríd síos an chéad dá bhliain mhúinteoireachta, soláthraítear treoir áirithe maidir le conairí na múinteoirí luathghairme. Fuair siad difríochtaí idir dearthaí agus cuir chuige i leith na múinteoireachta ionchuimsithí idir bliain 1 agus bliain 2 tar éis baint amach céime a bhain le spreagadh chun a bheith ionchuimsitheach agus bainistiú iompraíochta bunaithe ar a n-inniúlachtaí a bhí ag fás mar mhúinteoirí. Soláthraítear samhail lena dtaighde a mbeidh taighdeoirí eile in ann aithris a dhéanamh uirthi chun gnéithe eile de shaol múinteoirí luathghairme a ghabháil. Is sonraí teagmhasacha den chuid is mó iad na sonraí ar mhúinteoirí i mbliain 3-10 laistigh de staidéir mhórscála ar na múinteoirí uile. Tá léargas ó thaighde sonracha lena ndíritear ar mhúinteoirí i mbliain 3-10 in easnamh ón léargas foriomlán atá ann faoi láthair ar mhúinteoirí luathghairme. Bheadh fiúntas ag baint le tuilleadh taighde a dhéanamh lena ndíreofaí ar shaol múinteoirí le linn na mblianta sin. Le taighde in áiteanna eile (mar shampla, Lindqvist agus Nordänger, 2023 sa tSualainn), leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé múinteoirí a rianú ar feadh na chéad deich mbliana chun tuiscint níos fearr a fháil ar thrá agus tuile ghaol na múinteoirí leis an múinteoireacht, mar aon le hidirdhealú a dhéanamh idir intinn múinteoirí agus gníomh múinteoirí de réir mar a fhorbraíonn a ngairm. Bheadh taighde fadaimseartha lena leanfaí cohórt múinteoirí úsáideach chun an chaoi a dtéann an saol mar atá i scoileanna, san oideachas tosaigh múinteoirí, san fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus i gcur chun feidhme beartais i bhfeidhm ar chúinsí, rannpháirtíocht agus dearthaí múinteoirí faoin múinteoireacht. Ar an gcaoi chéanna, tá gá le clár chórasacha taighde lena dtógfar corpas carnach eolais faoi ghnéithe den fhorbairt múinteoirí in Éirinn. Leis an easpa staidéar ina n-áirítear breis agus 100 rannpháirtí is múinteoirí ar an leibhéal iar-bhunoideachais, tugtar le fios go bhfuil géarghá ann do thaighdeoirí oideachais múinteoirí le díriú ar scála níos uailmhianaí taighde. Gairm chun gnímh is ea an t-athbhreithniú scóipe seo don phobal taighde oideachais múinteoirí chun cur chuige comhchoiteann córasach a ghlacadh i leith forbairt múinteoirí i mbliain 1-10 den mhúinteoireacht. Le staidéar TGM a tosaíodh le déanaí, soláthrófar roinnt deiseanna chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí thuasluaite sa taighde.

Bíonn athbhreithnithe scóipe cabhrach chun léargas foriomlán a fháil ar thopaic taighde trí chur síos a dhéanamh ar an méid atá ar eolas agus é a mheasúnú go criticiúil, mar aon le bearnaí a shainiú. Leis an athbhreithniú scóipe seo, léirítear go bhfuil níos mó bearnaí ann ná mar atá ar eolas. Tá seans ann gur fágadh roinnt taighde a bhaineann le topaic na múinteoirí i mbliain

1-10 den mhúinteoireacht ar lár ón athbhreithniú seo, d'ainneoin cur chuige críochnúil córasach. Molaimid, áfach, go soláthraítear mapáil chuimsitheach leis an taighde a áirítear, mar aon le brí le cineál agus fócas an taighde atá ann faoi láthair ar mhúinteoirí luathghairme i bPoblacht na hÉireann, agus léirítear bearnaí móra leis freisin. Má bhreathnaítear ar an athbhreithniú scóipe seo mar chéad chéim, tá súil againn go dtiocfaidh tuilleadh taighde fadaimseartha ar an bpictiúr mór ina dhiaidh lena ngabhtar castacht agus saibhreas saoil múinteoirí sna chéad deich mbliana dá ngairm mhúinteoireachta i ngach ceann de na trí earnáil.

Tagairtí

- Admiraal, W., Kittelsen Røberg, K. I., Wiers-Jenssen, J., & Saab, N. (2023). Mind the gap: Early-career teachers' level of preparedness, professional development, working conditions, and feelings of distress. *Social Psychology of Education, 26*(6), 1759-1787.
- Anderson, J., & Taner, G. (2023). Building the expert teacher prototype: A metasummary of teacher expertise studies in primary and secondary education. *Educational Research Review, 38*, 100485.
- Beck, C., & Kosnik, C. (2014). *Growing as a teacher: Goals and pathways of ongoing teacher learning*. Springer.
- Beck, C., Kosnik, C., & Rosales, E. (2017). Longitudinal study of teachers. In *Oxford Research Encyclopaedia of Education*.
- Berliner, D. C. (2001). Learning about and learning from expert teachers. *International Journal of Educational Research, 35*(5), 463-482.
- Berliner, D. C. (1994). Expertise: The wonder of exemplary performances. *Creating powerful thinking in teachers and students*, 161-186.
- Berliner, D. C. (2004). Describing the behavior and documenting the accomplishments of expert teachers. *Bulletin of Science, Technology & Society, 24*(3), 200-212.
- Buchanan, J., Prescott, A., Schuck, S., Aubusson, P., & Burke, P. (2013). Teacher retention and attrition: Views of early career teachers. *Australian Journal of Teacher Education (Online), 38*(3), 124-141.
- Carswell, D., & Conway, P. F. (2023). An ethico-political analysis of a national teacher competence framework: Unravelling a 'preferred' teacher identity. *British Educational Research Journal, 49*(6), 1210-1233.
- Coppe, T., Parmentier, M., Kelchtermans, G., Raemdonck, I., März, V., & Colognesi, S. (2024). Beyond traditional narratives about teacher professional development: A critical perspective on teachers' working life. *Teaching and Teacher Education, 139*, 104436.

- Courtney, S. A., Austin, C. K., & Zolfaghari, M. (2023). International perspectives on teacher induction: A systematic review. *Teaching and Teacher Education, 125*, 104047.
- Dall’Alba, G., & Sandberg, J. (2006). Unveiling professional development: A critical review of stage models. *Review of Educational Research, 76*(3), 383-412.
- Darling-Hammond, L. (2000). Teacher quality and student achievement. *Education Policy Analysis Archives, 8*, 1-1.
- Day, C. (2012). The new lives of teachers. *Teacher Education Quarterly, Winter*, 1-26.
- Day, C., Kington, A., Stobart, G., & Sammons, P. (2006). The personal and professional selves of teachers: Stable and unstable identities. *British Educational Research Journal, 32*(4), 601-616.
- Evans, L. (2002) What is teacher development? *Oxford Review of Education, 28*(1), 123-137.
- García, E., Han, E., & Weiss, E. (2022). Determinants of teacher attrition: Evidence from district-teacher matched data. *Education Policy Analysis Archives, 30*(25), n25.
- Huberman, A. M. (1993). *The lives of teachers*. New York: Cassell.
- Huberman, M. (1989). The professional life cycle of teachers. *Teachers College Record, 91*(1), 31-57.
- Hulme, M., & Wood, J. (2022). The importance of starting well: the influence of early career support on job satisfaction and career intentions in teaching. *Journal of Further and Higher Education, 46*(4), 504-521.
- Ingersoll, R. M., & Strong, M. (2011). The impact of induction and mentoring programs for beginning teachers: A critical review of the research. *Review of Educational Research, 81*(2), 201-233.
- Kelly, E. and Maitre, B. (2021). Identification of skills gaps among persons with disabilities and their employment prospects, ESRI, Dublin.
- Korthagen, F. (2017). Inconvenient truths about teacher learning: Towards professional development 3.0. *Teachers and Teaching, 23*(4), 387-405.
- Kyndt, E., Gijbels, D., Grosemans, I., & Donche, V. (2016). Teachers’ everyday professional development: Mapping informal learning activities, antecedents, and learning outcomes. *Review of Educational Research, 86*(4), 1111-1150.
- Lavigne, A. L., & Bozack, A. R. (2015). Successes and struggles of teaching: Perspectives of beginning, mid-career, and veteran teachers. *Journal of Teaching Effectiveness and Student Achievement, 2*(2), 68.
- Lindquist, P., & Nordänger, U. K. (2023). Stayers: In the Long Run. A Comparative Study of Retention in Two Swedish Teacher Generations. In *The Palgrave Handbook of Teacher Education Research* (pp. 121-142). Cham: Springer International Publishing.

- Lindqvist, P., Nordänger, U. K., & Carlsson, R. (2014). Teacher attrition the first five years—A multifaceted image. *Teaching and Teacher Education, 40*, 94-103.
- Mannix-McNamara, P., Hickey, N., MacCurtain, S., & Blom, N. (2021). The dark side of school culture. *Societies, 11*(3), 87.
- Moore, A. (2004). *The good teacher: Dominant discourses in teacher education*. London: Routledge.
- Muijs, D., Kyriakides, L., Van der Werf, G., Creemers, B., Timperley, H., & Earl, L. (2014). State of the art—teacher effectiveness and professional learning. *School Effectiveness and School Improvement, 25*(2), 231-256.
- Olebe, M. (2001). A decade of policy support for California's new teachers: The beginning teacher support and assessment program. *Teacher Education Quarterly, 71*-84.
- Page M. J., McKenzie J. E., Bossuyt P. M., Boutron I., Hoffmann T. C., Mulrow C. D. et al. (2021). The PRISMA 2020 statement: An updated guideline for reporting systematic reviews *BMJ, 372* (71). <https://doi.org/10.1136/bmj.n71>
- Peters et al. (2020) Updated methodological guidance for the conduct of scoping reviews. *JBI evidence synthesis* [online], *18*(10), 2119-2126. Available from: <https://doi.org/10.11124/JBIES-20-00167>
- Raduan, N. A., & Na, S. I. (2020). An integrative review of the models for teacher expertise and career development. *European Journal of Teacher Education, 43*(3), 428-451.
- Rolls, S., & Plauborg, H. (2009). Teachers' career trajectories: An examination of research. In *Teachers' career trajectories and work lives* (pp. 9-28). Dordrecht: Springer Netherlands.
- Salton, Y., Riddle, S., & Baguley, M. (2022). The 'good' teacher in an era of professional standards: policy frameworks and lived realities. *Teachers and Teaching: Theory & Practice, 28*(1), 51-63.
- Van den Borre, L., Spruyt, B., & Van Droogenbroeck, F. (2021). Early career teacher retention intention: Individual, school and country characteristics. *Teaching and Teacher Education, 105*, 103427.
- Zembylas, M. (2018). Rethinking the demands for 'preferred' teacher professional identities: Ethical and political implications. *Teaching and Teacher Education, 76*, 78–85.

Tagairtí: Staidéir a áirítear san athbhreithniú scóipe

1. Aitken, R., & Harford, J. (2011). Induction needs of a group of teachers at different career stages in a school in the Republic of Ireland: Challenges and expectations. *Teaching and Teacher Education*, 27(2), 350-356, <https://doi.org/10.1016/j.tate.2010.09.003>
2. Banks, J., & Smyth, E. (2011). *Continuous Professional Development among Primary Teachers in Ireland*, Maynooth: The Teaching Council and ESRI, <https://www.esri.ie/publications/continuous-professional-development-among-primary-teachers-in-ireland>
3. Brennan, C., Bowles, R., & Murtagh, E. (2023). The best of both worlds? The impact of the initial teacher education physical education specialism programme on generalist teachers' self-efficacy, beliefs, and practices. *Education 3-13*, 51(4), 695–709. <https://doi.org/10.1080/03004279.2021.2001557>
4. Donnelly, A., Holland, E., King, F., Clasborn, A. K, Tapper, K. N., Lunney, E., Higgins, J., Gormley, L., Harford, L., & McElvaney, M. (2019). Inspiring Inclusion in Your Classroom and Beyond. *International Journal of Teacher Leadership*, 10(2), p. 1-28. ISSN: 1934-9726
5. Flynn, N., O'Brien, E., Kennedy, Y., & Greene, G. (2023). An ecological analysis of teacher perceptions of, and responses to, student unproductive behaviour in Irish primary schools. *Irish Educational Studies*, 1–18. <https://doi.org/10.1080/03323315.2023.2236079>
6. Gash, H. (2006). Beginning primary teachers and children with mild learning difficulties. *Irish Educational Studies*, 25(3), 275–287. <https://doi.org/10.1080/03323310600913708>
7. Hick, P; Solomons, Y; Mintz, J., Ó Murchú, F., Cahill, K., Hall, Curtin, C., & Solomon, Y. (2019). *Research Report 27: Initial Teacher Education for Inclusion Final Report*. National Council for Special Education Ireland (NCSE): Dublin, Ireland. <https://discovery.ucl.ac.uk/id/eprint/10089043/>
8. Iannucci, C., & MacPhail, A. (2019). The effects of individual dispositions and workplace factors on the lives and careers of physical education teachers: Twelve years on from graduation. *Sport, Education and Society*, 24(1), 38–50. <https://doi.org/10.1080/13573322.2017.1307175>
9. Killeavy, M. (2001). Teacher education in Ireland: The induction and continuing professional development of primary teachers. *European Journal of Teacher Education*, 24(2), 115–132. <https://doi.org/10.1080/02619760120095525>
10. Killeavy, M., & Moloney, A., (2010). Reflection in a social space: Can blogging support reflective practice for beginning teachers? *Teaching and Teacher Education*, 26(4), 1070-1076. <https://doi.org/10.1016/j.tate.2009.11.002>

11. King, F. & Logan, A. (2022). Leadership for inclusion and special education: Novice teachers walking the walk. *Research in Educational Administration & Leadership*, 7(1), 132-159. EISSN: EISSN-2564-7261
12. Kitching, K. (2009). Teachers' negative experiences and expressions of emotion: Being true to yourself or keeping you in your place? *Irish Educational Studies*, 28(2), 141–154. <https://doi.org/10.1080/03323310902884201>
13. Kitching, K., Morgan, M., & O'Leary, M. (2009). It's the little things: Exploring the importance of commonplace events for early-career teachers' motivation. *Teachers and Teaching*, 15(1), 43–58. <https://doi.org/10.1080/13540600802661311>
14. Kozina, E. (2013). Newly qualified teachers' reflections on the quality of initial teacher education in the Republic of Ireland. *Action in Teacher Education*, 35(5–6), 405–417. <https://doi.org/10.1080/01626620.2013.846182>
15. Kozina, E., Seery, A., & Loxley, A. (2013). The role of teacher self-strategies in first year teacher experience and teacher socialisation. In *Handbook of Research on Didactic Strategies and Technologies for Education: Incorporating Advancements*, pp. 654-663, IGI Global.
16. Leonard, N. M., & Smyth, S. (2022). Does training matter? Exploring teachers' attitudes towards the inclusion of children with autism spectrum disorder in mainstream education in Ireland. *International Journal of Inclusive Education*, 26(7), 737–751. <https://doi.org/10.1080/13603116.2020.1718221>
17. Mac Mahon, B., Ó Grádaigh, S., & Ní Ghuidhir, S. (2018). From ITE to NQT: Evaluating newly qualified teachers' use of mobile technology in their first two years of teaching. *International Journal of Mobile and Blended Learning*, 10(2), 8-19. <http://doi.org/10.4018/IJMBL.2018040102>
18. Mazzone, A., Pitsia, V., Karakolidis, A., & O'Higgins, N. J. (2022). Bullied, bystanders, and perpetrators in the workplace: The role of empathy in teachers and school leaders' experiences. *Psychology in the Schools*, 59(3), 515-534.
19. Mellon, C. (2023). Lessons from the road less travelled: Student teachers' and newly qualified teachers' experiences of mentoring in the Irish further education and training sector. *International Journal of Mentoring and Coaching in Education*, 12(4), 387-401. <https://doi.org/10.1108/IJMCE-10-2022-0089>
20. McCoy, S., Smyth, E., & Banks, J. (2012). *The primary classroom: Insights from the 'Growing Up in Ireland' study*, Dublin, NCCA and ESRI. [The Primary Classroom: Insights from the 'Growing Up in Ireland' Study | ESRI](https://www.ncca.ie/en/primary-classroom-insights-from-the-growing-up-in-ireland-study)
21. McGarry, K., & Buckley, H. (2013). Lessons on child protection: A survey of newly qualified primary-level teachers in Ireland. *Child Abuse Review*, 22(2), 80-92.

22. Morgan, M., & NicCraith, D. (2015). Workload, stress and resilience of primary teachers: Report of a survey of INTO members. *Irish Teachers' Journal*, 3(1), 9-20. <https://www.into.ie/app/uploads/2019/07/IrishTeachersJournal2015-1.pdf>
23. Morgan, M., Ludlow, L., Kitching, K., O'Leary, M., & Clarke, A. (2010). What makes teachers tick? Sustaining events in new teachers' lives. *British Educational Research Journal*, 36(2), 191–208. <http://www.jstor.org/stable/27823602>.
24. Mullaney, M. I. (2019) Valuing teachers in the Irish context: Lessons from London. *International Journal of Information and Education Technology*, 9(10), 689-698 DOI: 10.18178/ijiet.2019.9.10.1288
25. Nally, M., & Ladden, B. (2020). An exploration of an induction programme for newly qualified teachers in a post-primary Irish school. *International Journal for Transformative Research*, 7(1), 19-25. ISSN: EISSN-2353-5415
26. Ní Chorcora, E., & Swords, L. (2022). Mental health literacy and help-giving responses of Irish primary school teachers. *Irish Educational Studies*, 41(4), 735–751. <https://doi.org/10.1080/03323315.2021.1899029>
27. Ní Chróinín, D., & O'Sullivan, M. (2014). From initial teacher education through induction and beyond: A longitudinal study of primary teacher beliefs. *Irish Educational Studies*, 33(4), 451–466. <https://doi.org/10.1080/03323315.2014.984387>
28. O'Grady, E. (2015). Establishing respectful educative relationships: A study of newly qualified teachers in Ireland. *Cambridge Journal of Education*, 45(2), 167-185, <http://10.1080/0305764X.2014.930415>
29. O'Neill, J., & Fitzsimons, C. (2020). Precarious professionalism: Graduate outcomes and experiences from an Initial Teacher (Further) Education programme in Ireland. *Research in Post-Compulsory Education*, 25(1), 1–22. <https://doi.org/10.1080/13596748.2020.1720143>
30. O'Sullivan, D., & Conway, P. F. (2016). Underwhelmed and playing it safe: Newly qualified primary teachers' mentoring and probationary-related experiences during induction. *Irish Educational Studies*, 35(4), 403–420. <https://doi.org/10.1080/03323315.2016.1227720>
31. Pitsia, V., Karakolidis, A., & Lehane, P. (2021). Investigating the use of assessment data by primary school teachers: Insights from large-scale survey in Ireland. *Educational Assessment*, 26(3), 145–162. <https://doi.org/10.1080/10627197.2021.1917358>
32. Reilly, E., Dhingra, K., & Boduszek, D. (2014), Teachers' self-efficacy beliefs, self-esteem, and job stress as determinants of job satisfaction. *International Journal of Educational Management*, 28(4), 365-378. <https://doi.org/10.1108/IJEM-04-2013-0053>

33. Scully, D., Pitsia, V., & Karakolidis, A. (2020). Exploring the interpersonal dimension of teaching in an Irish post-primary context. *Irish Educational Studies*, 39(3), 355–374. <https://doi.org/10.1080/03323315.2019.1697947>
34. Skerritt, C., O'Hara, J., Brown, M., McNamara, G., & O'Brien, S. (2023). Enacting school self-evaluation: the policy actors in Irish schools. *International Studies in Sociology of Education*, 32(3), 694–716. <https://doi.org/10.1080/09620214.2021.1886594>
35. Smyth, E., Conway, P., Leavy, A., Darmody, M., Banks, J., & Watson, D. (2016) *Review of the Droichead teacher induction pilot programme*. The Economic and Social Research Institute (ESRI), ISBN: 978 0 7070 0398 6.
36. Tarantino, G., & Neville, R. D. (2023). Inclusion of children with disabilities and special educational needs in physical education: an exploratory study of factors associated with Irish teachers' attitudes, self-efficacy, and school context. *Irish Educational Studies*, 42(4), 487–505. <https://doi.org/10.1080/03323315.2023.2260999>
37. Uí Choistealbha, J., Ní Dhuinn, M., Kaur, T., & Garland, S. A. (2021). *DEEPEN (Droichead: Exploring and Eliciting Perspectives, Experiences and Narratives) Final Report*. The Teaching Council. http://www.tara.tcd.ie/bitstream/handle/2262/102090/deepen-final-report_2021.pdf?sequence=1&isAllowed=y
38. Usher, J. (2022). How is geography taught in Irish primary schools? A large-scale nationwide study. *International Research in Geographical and Environmental Education*, 31(4), 337–354. <https://doi.org/10.1080/10382046.2021.1978210>
39. Ward, V. A. (2014). What knowledge and conceptions do Irish primary schoolteachers hold on attention deficit hyperactivity disorder? *Irish Educational Studies*, 33(4), 489–512. <https://doi.org/10.1080/03323315.2014.977643>

Caibidil 5. Saincheisteanna soláthair múinteoirí: Dearcthaí náisiúnta agus idirnáisiúnta

Achoimre

Cuspóir: Is príomhábhar imní é an soláthar múinteoirí i gcóras oideachais na hÉireann ó bhí 2012 ann ar a laghad, nuair a rinne ‘tuarascáil Sahlberg’ “ardcháilíocht na n-iontrálaithe in OTM in Éirinn” a aithint (Sahlberg et al, 2012, lch 19), agus béim a leagan freisin ar dheacrachtaí féideartha amach anseo maidir le hearcú agus coinneáil. Ba é ba chuspóir don pháipéar saincheisteanna seo príomh-shaincheisteanna agus léargais a shainathint, agus leas á bhaint as an litríocht taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, i ndáil le soláthar múinteoirí. Sa lá atá inniu ann, breis agus deich mbliana níos déanaí, leanann comharchumainn múinteoirí, eagraíochtaí príomhoidí agus comhlachtaí bainistíochta de na saincheisteanna sin a chur i dtábhacht ar bhonn níos práinní.

Litríocht: Tá an chaibidil seo bunaithe ar litríocht maidir le príomhghnéithe de sholáthar múinteoirí: (i) leagtar amach samhail choincheapúil chun na próisis is bonn le soláthar múinteoirí a thuiscint, ó dhul isteach in oideachas tosaigh múinteoirí go dtí coinneáil sa ghairm nó imeacht ón ngairm, (ii) tugtar aird ar na cineálacha staidéar taighde sa litríocht maidir le soláthar múinteoirí agus leagtar amach freisin na príomhthorthaí ó athbhreithnithe idirnáisiúnta scóipe, córasacha agus meatanailíse maidir leis na tosca a théann i bhfeidhm ar choinneáil múinteoirí, i.e. fanacht sa ghairm agus athrú, i.e. aistriú idir scoileanna nó imeacht ón ngairm (ar a dtugtar ‘laghdú’ de ghnáth, cé go n-úsáidtear an téarma ‘cur amú’ go minic in anailísí de chineál lucht saothair), (iii) déantar forbhreachnú ar fhreagairtí beartais don tsaincheist i dtíortha eile na hEorpa sula leagtar amach an méid atá ar eolas againn faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn, (iv) críochnaítear trí phlé a dhéanamh ar leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana agus na dtáscairí a úsáidtear chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais.

Modh: Bhí léamh cuspóiriúil ar an litríocht ábhartha (náisiúnta agus idirnáisiúnta) maidir le soláthar múinteoirí i gceist leis an bpáipéar saincheisteanna seo.

Torthaí: Tá achoimre ar na príomhthorthaí sa chaibidil saincheisteanna seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

(i) Creataí/samhlacha: Tá sé tábhachtach idirdhealú sainráite a dhéanamh idir creataí/samhlacha maidir le soláthar múinteoirí a úsáidtear go forleathan ach atá an-difriúil ó chéile. Anseo, tugaimid aird ar dhá phríomhghné, iad araon fíor-riachtanach agus in úsáid (cé nach leagtar amach i gcónaí iad amhlaidh): **(a) samhlacha píblíne** a bhfuil fócas atá uimhriúil go heisiach acu maidir le teacht isteach sa ghairm mhúinteoireachta agus imeacht uaithe, agus **(b) samhlacha píblíne agus eispéiris** lena gcuimsítear na sonraí teachta agus imeachta uimhriúla mar aon le sonraí maidir le braistintí múinteoirí ar a n-eispéireas agus ar a gcoinníollacha fostaíochta.

(ii) Sainmhíniú/sainmhínithe, tosca agus príomhthearmaí: Le Sutcher et al. (2019) sainmhíniúitear *ganntanas múinteoirí* “mar chainníocht neamhleor daoine aonair cáilithe atá

toilteanach a seirbhísí a thairiscint agus pá agus dálaí mar atá”. Le hathbhreithniú córasach a rinneadh le déanaí ar choinneáil múinteoirí (Nguyen agus Springer, 2023; féach freisin Nguyen et al., 2019) leagadh béim ar ról na dtosca ar leibhéal an duine aonair, na scoile agus an chórais. Is ábhar suntais é go n-áirítear tosca ar leibhéal an chórais níos minice anois le hanailísí comhaimseartha ar sholáthar múinteoirí i gcomparáid le staidéir roimhe seo inar díriodh ar dhinimic an duine aonair agus/nó eagraíochta scoile de ghnáth.

(iii) Litríocht atá ag méadú go mór maidir le soláthar múinteoirí: Go hidirnáisiúnta, le 20 bliain anuas, tá fás soiléir tagtha ar an aird a thugtar do staidéar a dhéanamh ar sholáthar múinteoirí, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann leis ó thaobh beartais de do rialtais náisiúnta agus réigiúnacha, agus tá litríocht ollmhór ann anois lena dtugtar aghaidh ar ghanntanas, coinneáil, laghdú, athrú agus éagsúlacht múinteoirí. Leis an gcarnadh staidéar eimpíreach, spreagadh treocht thábhachtach, agus luachmhar dar linn, i dtreo athbhreithnithe taighde ar staidéir maidir le soláthar múinteoirí, lena n-áirítear athbhreithnithe scóipe, córasacha agus meatanailíse. Chun críocha an pháipéir seo, tugaimid aird ar na cineálacha staidéir seo a leanas: (i) anailís faidhbe agus abhcóideacht réitigh, (ii) staidéir eimpíreacha mhionscála agus mhórscála araon agus (iii) athbhreithnithe taighde.

(iv) A bhfuil ar eolas faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn: Tríd an gcreat coincheapúil atá leagtha amach thuas a úsáid, leagtar amach leis an gcuid seo príomhspreagthóirí féideartha an tsoláthair múinteoirí in Éirinn, agus leagtar béim ar bhearnaí san fhaisnéis atá ar fáil ar féidir aghaidh a thabhairt orthu, go páirteach ar a laghad, le staidéar TGM. Le roinnt tuarascálacha ó Sahlberg (2012, 2018), cáineadh an easpa boinn fianaise maidir le ceangal idir soláthar múinteoirí chomh maith leis an éileamh orthu, agus an easpa éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta maidir le hearcú isteach sa ghairm, coinneáil, déimeagrafaic agus beartas, mar aon le ról foriomlán na sonraí/dtáscairí agus a gcur in úsáid, a nascadh le haghaidh a thabhairt ar sholáthar múinteoirí.

Conclúidí: Ó dhearcadh na litríochta atá ag fás go mór anois maidir le soláthar múinteoirí go hidirnáisiúnta, tá roinnt coincheap agus léargas atá ábhartha chun tionscnaimh soláthair múinteoirí a thuiscint, chun aghaidh a thabhairt orthu agus iad a mheasúnú i gcomhthéacs na hÉireann. Príomhphointe eile a eascraíonn as an bpáipéar saincheisteanna seo is ea leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais, agus cumas staidéar TGM chun bonn fianaise nua a sholáthar – agus straitéisí féideartha chun aghaidh a thabhairt ar sholáthar múinteoirí – sa réimse beartais tábhachtach seo.

Buaicphointí

- Is príomhábhar imní é an soláthar múinteoirí i gcóras oideachais na hÉireann ó bhí 2012 ann ar a laghad, nuair a leagadh béim le tuarascáil Sahlberg ar dheacrachtaí maidir le hearcú agus coinneáil.
- Sainmhíníonn Sutcher et al. (2019) ganntanas múinteoirí “mar líon neamhleor daoine aonair cáilithe atá toilteanach a seirbhísí a thairiscint agus pá agus dálaí mar atá siad”. Gné shuntasach de dhíospóireachtaí faoi sholáthar múinteoirí is ea fócas ar phíblíne agus/nó ar eispéiris lena leagtar amach na dúshláin a bhaineann le ganntanais múinteoirí.

- I dtéarmaí soláthar múinteoirí a thuiscint, aghaidh a thabhairt air agus é a mheasúnú, teastaíonn samhlacha píblíne agus eispéireas araon chun na sonraí uimhriúla teachta agus imeachta (= píblíne) mar aon leis na sonraí ar dhearcthaí múinteoirí ar a n-eispéiris agus ar a gcoinníollacha fostaíochta (= eispéiris) a chuimsiú.
- Is gné fhorleathan iad dúshláin soláthair múinteoirí anois ar fud an oideachais san Eoraip agus, go deimhin, ar fud an domhain, agus foilsíodh forbheathnuithe ar fhreagairtí beartais don tsaincheist i dtíortha eile na hEorpa le déanaí.
- Cáineadh an easpa boinn fianaise leordhóthanaigh a bhaineann le soláthar múinteoirí agus éileamh orthu, agus an easpa éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta, i roinnt tuarascálacha agus staidéar.

Réamhrá

Is príomhábhar imní é an soláthar múinteoirí i gcóras oideachais na hÉireann ó bhí 2012 ann ar a laghad, nuair a rinne tuarascáil Sahlberg “ardcháilíocht na n-iontrálaithe in OTM in Éirinn” a aithint (Sahlberg et al, 2012, lch 19), agus béim a leagan freisin ar dheacrachtaí féideartha amach anseo maidir le hearcú agus coinneáil. Sa lá atá inniu ann, breis agus deich mblíana níos déanaí, leanann comharchumainn múinteoirí, eagraíochtaí príomhoidí agus comhlachtaí bainistíochta de bhéim a leagan ar na saincheistanna sin ar bhonn práinneach. Tagann na dúshláin iomadúla a bhaineann le soláthar múinteoirí tráth atá an mhúinteoireacht fós ina gairm a bhfuil ardmheas uirthi i gcoitinne in Éirinn (an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2009; an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2015; Comhairle na nDochtúirí Leighis, 2023). Baintear leas as an litríocht idirnáisiúnta leis an gcaibidil seo chun samhail choincheapúil a leagan amach chun na próisis is bonn le soláthar múinteoirí a thuiscint, ó theacht isteach san oideachas tosaigh múinteoirí tríd síos chuig coinneáil sa ghairm nó imeacht uaithi. Tugtar ar aird leis an gcaibidil na cineálacha staidéar taighde laistigh den litríocht ar sholáthar múinteoirí, agus leagtar amach freisin na príomhthorthaí ó athbhreithnithe scóipe, córasacha agus meatanailíse roghnaithe idirnáisiúnta maidir leis na tosca a théann i bhfeidhm ar choinneáil múinteoirí (i.e. fanacht sa ghairm) agus ráta athraithe (i.e. bogadh idir scoileanna nó an ghairm a fhágáil - ar a dtugtar ‘laghdú’ de ghnáth, cé go n-úsáidtear ‘cur amú’ go minic in anailísí de chineál lucht saothair). Soláthraítear forbheathnú ar fhreagairtí beartais don tsaincheist i dtíortha eile na hEorpa agus leagtar amach ansin an méid atá ar eolas againn faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn. Tugtar an chaibidil i gcrích trí phlé a dhéanamh ar leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais agus cumas staidéar TGM chun bonn fianaise nua a sholáthar – agus straitéisí féideartha chun deacrachtaí soláthair múinteoirí a mhaolú – sa réimse tábhachtach beartais seo.

Samhail choincheapúil le haghaidh soláthar múinteoirí

Soláthraítear le Léaráid 5.1 thíos ó Dolton (2006, lch 2) creat úsáideach chun soláthar múinteoirí a choincheapú, lena gcuimsítear:

- athraithe ar an líon múinteoirí neamhghníomhacha (PIT), i.e. iad siúd a cháiligh mar mhúinteoirí roimhe seo ach nach bhfuil ag obair mar mhúinteoirí faoi láthair.

- athraithe ar mhéid an lín múinteoirí is féidir a thabhairt ar ais (PRT) – na baill sin de PIT ar féidir cur ina luí orthu filleadh ar an múinteoireacht.
- athraithe ar an stoc múinteoirí atá i seirbhís iarbhír: is é seo an sainmhíniú ó Zabalza, Turnbull agus Williams (1979) agus braitheann sé ar an smaoineamh gurb é an stoc sin an fíorlíon daoine atá fostaithe ag an tuarastal atá ar fáil faoi láthair
- an líon iontrálaithe nua sa mhúinteoireacht
- an líon atá ag fágáil na múinteoireachta
- an líon daoine atá ag clárú i gcláir oideachais múinteoirí agus atá á bhfágáil

I roinnt staidéar (in SAM den chuid is mó) ceistítear leagan amach fadhbach dhúshlán an tsoláthair múinteoirí, agus cáintear cuir chuige lena ndírítear go heisiach beagnach ar an earcaíocht gan mórán airde a dhíriú ar choinneáil, laghdú, soghluaisteacht (féach Ingersoll, 2001; Ingersoll agus Smith, 2003; Ingersoll, 2007) agus a ngaol le ‘saintréithe eagraíochtúla scoile agus riocht scoile’ (Ingersoll, 2001). Is gá ‘an tsamhail phíblíne’ a úsáideann Dolton, dá bhrí sin, a leathnú chun eispéiris/coinníollacha a chuimsiú ag dhá chéim:


- ar an gcéad dul síos, eispéiris ar OTM, lena n-áirítear costas agus fad na gclár, mar aon le sásamh mac léinn leis na cláir sin;
- ar an dara dul síos, eispéiris laistigh de ghairm na múinteoireachta, lena n-áirítear ullmhúchán braite a dhéantar don mhúinteoireacht, próifíl agus dálaí scoile agus tosca níos leithne (e.g. pá agus dálaí), stádas na gairme, inacmhainneacht tithíochta agus tosca seachtracha (e.g. infhaighteacht post i scoileanna eile agus/nó i gcórais oideachais eile – go háirithe i bhfianaise na bpatrún eisirce sealadaí nó buaine in Éirinn – mar aon le hinfaighteacht post neamh-mhúinteoireachta sa gheilleagar níos leithne.

Mar sin féin, le staidéar athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe agus SAM, lenar scrúdaíodh an chaoi a dtéann an timthriall eacnamaíoch i bhfeidhm ar an margadh múinteoirí, fuair Dolton et al. (2003) amach, agus laghad na fianaise amshraithe á dtabhairt ar aird, go bhfuil “tionchar suntasach” ag an bpá coibhneasta sa mhúinteoireacht i gcomparáid le gairmeacha malartacha, de réir an mhargaidh ag am áirithe (lch 1). Agus leas á bhaint as na sonraí I gcomhthéacs na hÉireann, fillimid ar an tsaincheist sin níos déanaí sa pháipéar seo.

Agus an creat nó coincheapú déach sin de shamhlacha soláthair múinteoirí á leathnú a thuilleadh, ceapaimid go bhfuil sé luachmhar idirdhealú sainráite a dhéanamh idir creataí/samhlacha soláthair múinteoirí a úsáidtear go forleathan ach atá an-difriúil le chéile. Anseo, tugaimid aird ar dhá phríomhghné, iad araon fíor-riachtanach agus in úsáid (cé nach leagtar amach i gcónaí iad amhlaidh): (i) **samhlacha píblíne** de réir Dolton thuas a bhfuil fócas uimhriúil amháin acu maidir le teacht isteach i ngairm na múinteoireachta agus imeacht uaithe, agus (ii) **samhlacha píblíne agus eispéiris** lena gcuimsítear na sonraí uimhriúla teachta agus imeachta mar aon le sonraí ar dhearcthaí múinteoirí ar a n-eispéireas agus ar a gcoinníollacha fostaíochta. Le TGM, cuirfear ar ár gcumas breithniú a dhéanamh ar an dá ghné ríthábhachtacha chun tuiscint a fháil ar dhinimic chasta an tsoláthair múinteoirí le linn na chéad deich mbliana múinteoireachta.

Tá fás tagtha ar an litríocht taighde faoi sholáthar múinteoirí le blianta beaga anuas de réir mar a thagann saincheist an tsoláthair múinteoirí de bheith ina dúshlán níos suntasaí roimh chórais

oideachais de réir dealraimh (See et al., 2023). Is díol suntais é freisin, le fiche bliain anuas, go bhfuil na dúshláin atá ann roimh an soláthar múinteoirí ag tarlú i gcomhthráth le rialtais ar fud an domhain ag díriú ar thorthaí na scolaíochta a fheabhsú ar bhonn práinneach – bíodh sin leagtha amach nó tomhaiste go cúng agus béim ann ar litearthacht, uimhearhacht agus eolaíocht, nó ar bhonn níos leithne chun béimeanna beartais comhaimseartha a bhfuil luach méadaitheach acu a chuimsiú freisin, amhail folláine agus oideachas saoránachta domhanda.



Léaráid 1. Éileamh agus soláthar múinteoirí.

Léaráid 5.1. Foinse: Dolton (2006).

Fianaise idirnáisiúnta ar na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí

Sainmhíonn Darling-Hammond (2019) “ganntanas múinteoirí mar líon neamhleor daoine aonair cáilithe atá toilteanach a seirbhísí a thairiscint agus pá agus dálaí mar atá siad”.¹³ Le hathbhreithniú córasach ar choinneáil múinteoirí (Nguyen agus Springer, 2023; féach freisin Nguyen et al., 2019), leagadh béim ar ról na dtosca ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal na scoile agus ar leibhéal an chórais. Ar leibhéal an duine aonair, fuarthas amach go raibh rátaí coinneála ní b’isle ag baint le múinteoirí ní b’óige, leo siúd a raibh ‘cumas’ ní b’airde acu agus leo siúd a raibh cáilíocht in oideachas ETIM nó speisialta acu, ná mar a bhí ag daoine eile. Bhí rátaí laghdaithe ní b’airde ann i scoileanna ina raibh daltaí dúshlánacha nó faoi mhíbhuntáiste agus drochsmacht ar dhaltaí, agus bhí coinneáil ní b’fhéarr i scoileanna ina raibh áiseanna ní b’fhéarr, níos mó comhair agus comhtháthaithe idir múinteoirí, níos mó saoirse ghairmiúil sa seomra ranga agus cur chuige ní ba chórasaí i leith an ionduchtaithe agus na meantóireachta. Ba iad na tosca seachtracha nó córasacha a raibh tionchar dearfach acu ar choinneáil ná arduithe pá nó pá bunaithe ar thuillteanas, agus ghníomhaigh méadaithe ar leibhéal tuarastail lasmuigh den oideachas mar mhealladh amach ón ngairm. Tugaimid ar aird anseo, i gcomhthéacs na hÉireann atá ann faoi láthair, go dtuairiscítear go dtéann infhaighteacht, costas agus suíomh na tithíochta, le fáil ar cíós nó le ceannach, i bhfeidhm ar an soláthar múinteoirí – agus is fiú staidéar córasach a dhéanamh ar an dinimic sin. Féachaimid anois ar threochtaí agus ar fhorbairtí sa litríocht atá ag fás go tapa faoin soláthar múinteoirí go hidirnáisiúnta.

Agus an litríocht taighde faoi sholáthar múinteoirí á hathbhreithniú againn, tugaimid roinnt cineálacha éagsúla staidéar ar aird, agus soláthraítear léargais thábhachtacha ar dhinimic ilghnéitheach an tsoláthair múinteoirí leo go léir. Chun críocha an pháipéir seo, tugaimid aird ar na cineálacha staidéir seo a leanas: (i) anailís faidhbe agus abhcóideacht réitigh, (ii) staidéir eimpíreacha mhionscála agus mhórscála araon, agus (iii) athbhreithnithe ar thaighde.

1. Anailís faidhbe agus abhcóideacht réitigh

Is minic a dhírítear leo seo ar chás-staidéir nó saincheist shonrach ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, mar shampla, soláthar earnála ar leith agus cineál múinteora ar leith. Go hiondúil, soláthraítear sintéis leis na staidéir sin den fhadhb a mheastar a bheith ann, agus leagtar béim ar an dúshlán beartais agus ar an dúshlán ar leibhéal na scoile (is minic a thagraítear do shaincheistean ganntanais atá suntasach i ndíospóireachtaí sna meáin agus a bhaintear leas as staidéir eimpíreacha – a bheag nó a mhór. Áirítear leis na comhthéacsanna náisiúnta éagsúla Éire (Harford agus Fleming, 2023; O’Doherty agus Harford, 2018), SAM (Sutcher, Darling Hammond, agus Carver, 2017), Sasana (See agus Gorard, 2020) agus an Ghearmáin (Porsch et al., 2023; Seelinger agus Lindqvist, 2023). D’áitigh Behrstock-Sherratt (2016), ag scríobh dóibh i gcomhthéacs SAM, ar son a thábhachtaí atá comhthuiscint

¹³ I gcomhthéacs na hÉireann, tá idirdhealú tábhachtach idir múinteoir a bheith cáilithe agus a bheith cláraithe I ndáil le hábhar nó le hábhair ar leith. Mar sin féin, úsáidtear an téarma ‘cáilithe’ ar fud an taighde idirnáisiúnta agus, mar sin, glactar anseo é. Tugaimid ar aird freisin go sainmhínear an nath ‘cáilithe go cuí’ i gCiorclán 0044/2019. Dá réir, ciallaíonn ‘cáilithe go cuí’ go bhfuil cáilíochtaí ag an múinteoir a oireann don phost agus go bhfuil siad cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta don earnáil ina bhfostaítear iad.

ar an teanga/na téarmaí i measc páirtithe leasmhara agus aghaidh á tabhairt ar ghanntanais múinteoirí (féach Bosca 5.1). Le páipéar a rinneadh le déanaí ar sampla maith é den anailís beartais agus abhcóideacht réitigh, d’fhorbair Edwards et al. (2024), ag scríobh dóibh i gcomhthéacs SAM, creat chun ganntanais múinteoirí a thuiscint, a thuar agus chun aghaidh a thabhairt orthu ar leibhéil éagsúla sa chóras, i.e. ar leibhéal an stáit, an réigiúin, an cheantair agus na scoile. Agus scrúdú eimpíreach déanta acu ar an gcaoi a n-athraíonn ganntanais múinteoirí ó thaobh na tíreolaíochta de in Tennessee, fuair siad amach ‘go mbíonn dúshlán soláthair foirne múinteoirí an-logánta, agus go bhfágann sin go dtarlaíonn ganntanais agus barrachais i dteannta a chéile. Le cur síos comhiomlán ar dhúshlán soláthair foirne, ceiltar an éagsúlacht shuntasach idir scoileanna agus ábhair laistigh de cheantair’ (lch 1). Cé go ndearnadh staidéar Edwards et al. i gcomhthéacs atá an-difriúil le comhthéacs oideachais na hÉireann, cuirtear ar ár gcumas leis, mar sin féin, tuiscint níos doimhne a fháil ar na sainiúlachtaí a bhaineann leis na dúshlán soláthair múinteoirí agus ar an gcaoi a bhféadfaidís dul i bhfeidhm ar mhúinteoirí le linn a gcéad deich mbliana sa ghairm.

Bosca 5.1: Téarmaíocht an tsoláthair múinteoirí

- **Ganntanas múinteoirí:** Cás ina mbíonn an soláthar múinteoirí níos lú ná an t-éileamh
- **Soláthar múinteoirí:** An líon daoine aonair atá toilteanach agus in ann múineadh agus pá agus dálaí mar atá
- **Soláthar múinteoirí nua:** An líon daoine aonair atá toilteanach agus in ann múineadh agus pá agus dálaí mar atá agus atá nuadheimhnithe gach bliain
- **Éileamh ar mhúinteoirí:** An líon múinteoirí ba mhaith le ceantair a fhostú agus pá agus dálaí mar atá
- **Laghdú ar mhúinteoirí:** An líon múinteoirí nó céatadán díobh a fhágann an ghairm i mbliain ar leith, rud a laghdaíonn an soláthar múinteoirí
- **Múinteoirí a bhogann nó soghluaisteacht múinteoirí:** An líon múinteoirí nó céatadán díobh a fhágann scoil nó ceantar chun múineadh i scoil nó ceantar eile
- **Ráta athraithe múinteoirí:** An ráta ag a bhfaightear múinteoirí eile (de bharr laghdú múinteoirí nó soghluaisteacht múinteoirí)
- **Grúpa cúlta:** An líon múinteoirí deimhnithe nach bhfuil fostaithe faoi láthair mar mhúinteoirí
- **Athiontrálaithe:** Daoine sa ghrúpa cúlta a fhaigheann a spéis nó a gcumas sa mhúineadh ar ais, agus a thagann ar ais mar sin sa soláthar múinteoirí


Foinse: Behrstock-Sherratt, E. (2016). *Creating coherence in the teacher shortage debate: What policy leaders should know and do*. Washington, DC: American Institutes for Research.

2. Staidéir eimpíreacha mhionscála nó mhórscála

Ar an gcaoi chéanna le litríocht atá dírithe ar an anailís nó ar an abhcóideacht, dírithe le staidéir eimpíreacha ar chás-staidéir ar an leibhéal idirnáisiúnta/náisiúnta nó ar shaincheist shonrach. Maidir le fócas saincheiste sonraí, tugadh aghaidh le foilseachán a rinneadh le déanaí i gcomhthéacs na hÉireann (Manley agus Farren, 2024) ar na bearnaí sa taighde ar choinneáil foirne san Ógtheagmháil, lenar scrúdaíodh ‘saintréithe uathúla an chláir chun athróga a théann i bhfeidhm ar intinn foirne chun fágáil a shainaithint’ (lch 1) agus scrúdaigh Heinz agus Keane (2018), mar shampla, comhdhéanamh sochdhéimeagrafach na n-iontrálaithe in oideachas tosaigh múinteoirí bunscoile in Éirinn. I Sasana, scrúdaigh Gorard et al. (2023) ‘na daoine ar mhaith leo a bheith ina múinteoir’ bunaithe ar shuirbhé mórscála ar fhochéimithe. Go hidirnáisiúnta, agus leas á bhaint as tacar sonraí mórscála ó TALIS ECFE, rinne Van den Borre et al. (2021) an chéad staidéar ar ‘intinn choinneála’ lenar scrúdaíodh saintréithe múinteoirí, scoileanna agus tíre go comhuaineach le haghaidh 31 tír. Rud a léiríonn an spéis in aghaidh a thabhairt ar dhreasachtaí féideartha, mar aon le hanailísí eacnamaíocha a dhéanamh chun earcú agus coinneáil múinteoirí a thuiscint agus a chur chun cinn, rinne NFER i Sasana staidéar le déanaí (Worth, Tang agus Galvis, 2022) chun scrúdú a dhéanamh ar an ngaol idir an leibhéal earcaíochta chuig OTM de réir ábhair agus: (a) an tarraingteacht airgeadais a bhaineann go sonrach le hábhar chun dul isteach sa mhúinteoireacht I gcomparáid le gairmeacha malartacha; agus (b) staid an mhargaidh saothair níos leithne. Ar an dara dul síos, tugadh aghaidh leis an tuarascáil ar earcú OTM, laistigh den chomhthéacs ionchasach eacnamaíoch, agus scrúdaíodh na himpleachtaí a bhaineann le leibhéal éagsúla pá múinteoirí agus pacáistí dreasachta airgeadais le haghaidh soláthar múinteoirí ETIM. Rinne Eacott (2023), ag scríobh dóibh i gcomhthéacs na hAstráile, anailís eacnamaíoch eile agus is cosúil gurb é an chéad anailís ar thionchar na hinacmhainneachta tithíochta ar sholáthar múinteoirí. Forbairt shuntasach amháin eile sa taighde ar sholáthar múinteoirí is ea an bhéim mhéadaitheach ar staidéir fadaimseartha, a bhfuil trí phointe bailithe sonraí nó níos mó acu, lena gcuimsítear raon éagsúil dearaí (féach athbhreithniú scóipe TGM ar leith ar thaighde fadaimseartha in oideachas múinteoirí, 1970-2023).

3. Athbhreithnithe ar thaighde

Tugaimid ar aird níos mó ná riamh le 20 bliain anuas treocht i dtreo athbhreithnithe agus sintéisí taighde a fhoilsiú lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe éagsúla de sholáthar múinteoirí. Go hiondúil, comhtháthaítear leis na sintéisí taighde sin foirmeacha casta litríochta agus, dá bhrí sin, bainimid leas as na trí chineál éagsúla staidéar soláthair múinteoirí sa pháipéar seo. I gcomhthéacs TGM, tugaimid ar aird an cuspóir ar leith maidir leis an soláthar múinteoirí agus ceistanna eiseamláire gaolmhara (féach Léaráid 5.2) agus freisin an chaoi a bhféadfaí an cuspóir sin a nascadh leis na ceithre chuspóir TGM eile.



Léaráid 5.2. Aidhm thaighde, cuspóirí taighde agus ceisteanna eiseamláire gaolmhara TGM.

Fás na n-athbhreithnithe taighde ar sholáthar múinteoirí: ganntanais, coinneáil, laghdú, ráta athraithe agus éagsúlacht

Go hidirnáisiúnta, le 20 bliain anuas, tá fás soiléir tagtha ar an aird a dhírítear ar staidéar a dhéanamh ar sholáthar múinteoirí, rud a léiríonn a thábhacht beartais do rialtais náisiúnta agus réigiúnacha, agus tá litríocht fhairsing ann anois lena dtugtar aghaidh ar ghanntanais, coinneáil, laghdú, ráta athraithe agus éagsúlacht múinteoirí. Le carnadh na staidéar eimpíreach, spreagadh treocht shuntasach, agus luachmhar dar linn, i dtreo athbhreithnithe taighde ar staidéir maidir le soláthar múinteoirí, lena n-áirítear athbhreithnithe scóipe, córasacha agus meatanailíse. Chun críocha an athbhreithnithe seo, chun tacú le TGM, dírimid ar athbhreithnithe soláthair múinteoirí ar thaighde a foilsíodh in irisí piarmheasúnaithe, ó 2000 go dtí an lá atá inniu ann, cé go dtugaimid aird freisin ar roinnt tuarascálacha suntasacha ina ndearnadh sintéis ar ghnéithe éagsúla atá tábhachtach don soláthar múinteoirí a thuiscint. Le sainaitheint agus comhthiomsú na n-athbhreithnithe taighde ar sholáthar múinteoirí (féach Tábla 5.1), soláthrófar léargais úsáideacha le breithniú maidir le hionstraimí a dhearadh agus a fhorbairt le haghaidh TGM. I measc na réimsí fócais laistigh den litríocht athbhreithnithe soláthair múinteoirí, tá:

- comhdhéanamh ghairm na múinteoireachta agus patrúin chomhsheasmhacha maidir le dinimic phearsanta, scoile agus córais níos leithne lena dtacaítear le soláthar múinteoirí feabhsaithe (Borman et al., 2008)

- earcú agus coinneáil cóir éagsúil múinteoireachta agus na saintréithe pearsanta, scoile agus córais a bhaineann le héagsúlacht múinteoirí a fheabhsú (Achinstein et al., 2010; Carver Thomas, 2018; Tessaro et al., 2021)
- Na saintréithe a bhaineann le múinteoirí athraithe gairme agus tosca oideachais múinteoirí a d'fhéadfadh srian a chur ar a dturas mar mhúinteoirí nó tacú leis (Hogg et al., 2023; Siostrom, 2023)

Tábla 5.1: Athbhreithnithe ar Thaighde ar Sholáthar Múinteoirí

Údair Bliain Irisleabhar/ Tuarascáil Fócas tíre	Teideal	Príomhthorthaí
Achinstein, et al., 2010 RER - iris SAM	Retaining teachers of color: A pressing problem and a potential strategy for 'hard-to-staff' schools	<ul style="list-style-type: none"> - Sainaitnítear le staidéir náisiúnta a rinneadh le déanaí (in SAM) go bhfuil rátaí athraithe múinteoirí de dhath níos airde anois ná mar atá do mhúinteoirí geala; - Bíonn tionchar ag dálaí ar leibhéal na scoile atá i bhfách le beartais a bhaineann le caipiteal airgeadais, daonna, sóisialta agus cultúrtha ar choinneáil.
Barnes et al., 2021 TATE - iris Idirnáisiúnta	Attracting teacher candidates from regional and rural areas to initial teacher education (OTM) programs: Initiatives and evidence of impact	<ul style="list-style-type: none"> - As na 15 alt a sainaitníodh, fuarthas amach leis an athbhreithniú go ndearna conairí malartacha arna maoiniú ag an rialtas feidearálach agus ag an stát, mar aon le comhpháirtíochtaí idir ollscoileanna agus scoileanna, tús a chur le conairí múinteoireachta a bhfuil gealladh fúthu d'iarrthóirí múinteora ó cheantair réigiúnacha agus ó cheantair thuaithe.
Borman et al., 2008 RER	Teacher attrition and retention: A meta-analytic and narrative	I ndáil le laghdú ar mhúinteoirí (seachas an bogadh idir scoileanna):

Idirnáisiúnta	review of the research.	<ul style="list-style-type: none"> - bíonn tionchar ag tosca pearsanta agus gairmiúla éagsúla air atá difriúil ag brath ar chonairí gairme múinteoirí - bíonn maolú níos láidre ná mar a tugadh faoi deara cheana sa litríocht roimhe seo ag baint le dálaí oibre múinteoirí - is fadhb í ar féidir aghaidh a thabhairt uirthi trí bheartais agus trí thionscnaimh.
Carver Thomas 2018 LPI/ Tuarascáil SAM	Diversifying the teaching profession: How to recruit and retain teachers of color.	<ul style="list-style-type: none"> - Tá fianaise ann ar chleachtais a bhfuil gealladh fúthu atá dírithe ar na bacainní coiteanna ar earcú, fostú agus coinneáil múinteoirí de dhath a shárú. Áirítear leis na cleachtais sin conairí ardchoinneála chuig an múinteoireacht, amhail cónaitheachtaí múinteoirí, earcú múinteoirí ó phobail áitiúil, agus meantóireacht agus cláir thacaíochta ollscoile; straitéisí fostaithe agus ionductaithe réamhghníomhacha a chruthú; agus feabhas a chur ar dhálaí múinteoireachta scoile trí cheannaireacht scoile fheabhsaithe
Chang 2009 EPR - iris Idirnáisiúnta	An appraisal perspective of teacher burnout: Examining the emotional work of teachers	<ul style="list-style-type: none"> - D'fhéadfadh gnáthphatrúin i mbreithiúnais múinteoirí faoi iompraíocht daltaí agus faoi chúraimí eile múinteoireachta cur go mór le heispéireas múinteoirí arís is arís eile ar dhrochmhothúcháin, agus d'fhéadfadh na mothúcháin sin a bheith ina gcúis le tnáitheadh ar deireadh
Garcia et al., 2019 EPI/Tuarascáil SAM	The teacher shortage is real, large and growing, and worse than we thought	<ul style="list-style-type: none"> - Leis an nganntanas múinteoirí, tá sé níos deacra cáil sheasta a thógáil don mhúinteoireacht agus í a ghairmiúlú, rud a chuireann a thuilleadh leis an nganntanas a bhuanú. - Toisc go bhfuil an ganntanas dailte go héagothrom ar dhaltaí de chúlraí socheacnamaíocha éagsúla, cuirtear dúshlán roimh sprioc chóras oideachais na Stát Aontaithe oideachas fóna a sholáthar go cothrom do gach leanbh.
Guarino et al., 2006	Teacher recruitment and	<ul style="list-style-type: none"> - Fuarthas torthaí taighde comhsheasmhacha i dtéarmaí chomhdhéanamh ghairm na

RER - iris Idirnáisiúnta	retention: A review of the recent empirical literature.	múinteoireachta, saintréithe na ndaoine sin a fhágann an ghairm, agus saintréithe na scoileanna agus na gceantar a bhaineann le hearcú agus coinneáil
Hogg, et al., 2023 TATE - iris Idirnáisiúnta	What can teacher educators learn from career-change teachers' perceptions and experiences: A systematic literature review.	<ul style="list-style-type: none"> - Saináithnítear láidreachtaí múinteoirí athraithe gairme (MAG) agus tarraingítear aird ar neamhréir a d'fhéadfadh an mhúinteoireacht a chur i mbaol mar ghairm inbhuanaithe. - D'fhéadfadh OTM tacú d'aon ghnó le haistriú gairme agus féiniúlacht múinteoirí, breithnithe le haghaidh forbairt scileanna agus eolais MAGanna
Nguyen agus Springer, 2023 ER Idirnáisiúnta	A conceptual framework of teacher turnover: a systematic review of the empirical international literature and insights from the employee turnover literature.	<p>Déantar sintéis ar bheagnach 40 bliain de thaighde idirnáisiúnta ar ráta athraithe múinteoirí trí phróiseas athbhreithnithe córasach:</p> <ul style="list-style-type: none"> - leis an staidéar, eagraítear cinntithigh an ráta athraithe múinteoirí ina naoi gcatagóir, a aicmítear ina gcomhghaolaigh phearsanta, comhghaolaigh scoile agus comhghaolaigh sheachtracha.
Siostrom, 2023 TTTP Idirnáisiúnta	A scoping review of factors that influence career changers' motivations and decisions when considering teaching	<ul style="list-style-type: none"> - Cuimsítear líon mór daoine in Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM) a d'oibrigh roimhe seo i ngairmeacha eile, ach is beag is eol dúinn faoin ngrúpa sin. - Le heolas ar an ngairm, am agus dálaí gairme, cumasaíodh an cinneadh le múineadh, agus le stádas na múinteoireachta, creidimh faoin múinteoireacht agus cúrsaí airgid, d'fhéadfaí rogha a chumasú ach ba mhinic a cuireadh srian uirthi leo
Tessaro et al., 2021	Strategies for teacher	<p>Féadfar tacú le múinteoirí dúchasacha trí:</p> <ul style="list-style-type: none"> - dheiseanna fostaíochta a chruthú;

CJE - iris Ceanada, an Nua-Shéalainn, SAM & an Astráil	education programs to support Indigenous teacher employment and retention in schools.	<ul style="list-style-type: none"> - riachtanais phobail a shainaithe agus oibriú i gcomhar ar shocrúcháin oibre; agus - tacaíocht leanúnach a sholáthar.
---	---	---

Soláthar múinteoirí: dearcadh beartais Eorpach

Thug roinnt tíortha Eorpacha aghaidh ar ghanntanais múinteoirí le blianta beaga anuas. Le tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach (2023), soláthraítear léargais luachmhara ar fhreagairtí beartais ó thír go tír. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag beagnach gach córas (seachas an Ghréig agus an Chipir) chun feabhas a chur ar sholáthar múinteoirí ar an iomlán nó i gcás grúpaí múinteoirí sonracha. Áirítear leis na bearta ginearálta pleanáil a fheabhsú, an líon céimithe OTM a mhéadú agus/nó dálaí oibre a fheabhsú do mhúinteoirí (nua). Áiríodh leis na bearta eile dreasachtaí a thairiscint do mhúinteoirí ar scor chun filleadh ar an obair, agus conairí a chruthú do mhúinteoirí neamhcháilithe chun dul isteach sa ghairm. Rinneadh iarrachtaí beartais chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais múinteoirí in ábhair ar leith, lena díríodh ar ETIM, TFC agus RSO go háirithe. Arís, díríodh ar líon daoine in OTM a mhéadú, ach freisin ar mhúinteoirí inseirbhíse a athsciliú nó ligean dóibh ábhair a mhúineadh nach bhfuil siad cáilithe iontu. Díríodh le roinnt bearta beartais ar réigiúin ar leith nó ar scoileanna a fhreastalaíonn ar dhaonraí faoi mhíbhuntáiste. I roinnt cathracha sa Bheilg agus san Ísiltír, mar shampla, soláthraíodh tacaíocht airgeadais do mhic léinn OTM agus íocann an Eastóin tuarastail níos airde le múinteoirí i réigiúin áirithe. I roinnt tíortha, faigheann múinteoirí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste pá/liúntais bhreise (an Ungáir, an Ísiltír, an tSualainn). D’ainneoin éagsúlacht na gcur chuige a úsáidtear ó thír go tír, ní raibh aon chomparáid chórasach thrasnáisiúnta ann fós ar éifeachtacht na mbeart a glacadh.

A bhfuil ar eolas faoi na tosca a théann i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí in Éirinn

Tríd an gcreat coincheapúil atá leagtha amach thuas a úsáid, leagtar amach leis an gcuid seo príomhspreagthóirí féideartha an tsoláthair múinteoirí in Éirinn, agus leagtar béim ar bhearnaí san fhaisnéis atá ar fáil ar féidir aghaidh a thabhairt orthu, go páirteach ar a laghad, le staidéar TGM. Cáineadh an easpa boinn fianaise chun soláthar múinteoirí, an t-éileamh orthu agus an easpa éagsúlachta i ngairm na múinteoireachta a chur in iúl le roinnt tuarascálacha ó Sahlberg (2012, 2018). Leis an tuarascáil *Striking the Balance* (an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2015; an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2017) leagadh béim ar an ngá atá le tuilleadh sonraí córasacha mar bhonn don pleanáil éifeachtach. I mí an Mhárta 2018, bhunaigh an Roinn Oideachais Grúpa Stiúrtha

ardleibhéil maidir le Soláthar Múinteoirí lena mbaineann sainghrúpa páirtithe leasmhara; ba é ba chuspóir dó soláthar leordhóthanach múinteoirí ardcháilíochta a chinntiú chun freastal ar riachtanais scoileanna bunoidreachais agus iar-bhunoideachais. Leithdháileadh maoiniú freisin ar an éagsúlacht i ngairm na múinteoireachta a mhéadú. Is fiú a thabhairt ar aird nach iondúil go bpléitear an soláthar múinteoirí sa bhreisoideachas, cé go ndéantar ionadaíocht ar an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (atá freagrach as an mbreisoideachas agus oiliúint) ar an nGrúpa Stiúrtha Cumarsáide maidir le Soláthar Múinteoirí.

Earcú isteach sa ghairm¹⁴

Is trí nós imeachta láraithe go príomha a dhéantar iontráil in OTM fochéime bunscoile agus iar-bhunscoile in Éirinn, a théann ar iontaoibh grád Ardteistiméireachta. I gcás OTM bunscoile tar éis céim a bhaint amach, socraíonn an Roinn Oideachais, i gcomhairle leis na hinstiúidí ardoideachais agus leis an gComhairle Mhúinteoireachta, na critéir iontrála atá ann faoi láthair. Áirítear leo sin íosriachtanais iontrála le haghaidh na matamaitice, na Gaeilge agus Béarla. Níl ról ag an Roinn Oideachais maidir le riachtanais iontrála a shocrú le haghaidh OTM iar-bhunscoile; ina ionad sin, socraíonn na soláthraithe OTM iar-bhunscoile iad sin. Dá réir sin, tá na nósanna imeachta iontrála ar chúrsaí iarchéime níos éagsúla, agus oibríonn an iontráil chuig instiúidí áirithe trí chóras láraithe III (an tlonad Iarratas Iarchéime roimhe seo) a roghnaíonn iontrálaithe ar bhonn na dtorthaí céime, cáilíochtaí eile agus taithí oibre ábhartha. I gcodarsnacht leis sin, úsáideann instiúidí eile agallamh mar chuid den sásra roghnaithe i gcomhar le critéir eile. I gcás clár fochéime iar-bhunscoile, is iondúil go socraíonn na hinstiúidí ardoideachais a gcritéir iontrála féin, agus tá cuir chuige éagsúla ann mar thoradh air sin.


Léirítear le Léaráid 5.3 méadú seasta ar an líon daoine i gcúrsaí fochéime (leibhéal 8) san oideachas in instiúidí ÚAO i rith na tréimhse ó 2016-2017 go 2022-2023, agus méadú air ó díreach faoi bhun 7,000 go díreach breis agus 9,000. Tugtar le fios leis an méadú 33% sin i rith na tréimhse seacht mbliana leathnú córais an-mhór ar OTM fochéime. D’fhan an líon daoine i gclár máistreachta múinte (MGO san áireamh) seasta i rith na tréimhse, agus tháinig méadú ar an líon daoine i gcúrsaí iarchéime eile (gan máistreachtaí taighde ná PhD san áireamh). Ba cheart a thabhairt ar aird go ndíorthaítear na figiúirí sin ó instiúidí ÚAO agus, dá bhrí sin, go n-eisiatar instiúidí nach maoiníonn ÚAO. Thairis sin, is réimse leathan é an t-oideachas sna sonraí sin, lena n-áirítear bunoidreachas agus iar-bhunoideachas, mar aon le hoideachas luathbhlianta agus breisoideachas b’fhéidir. Níl figiúirí córasacha ar fáil go poiblí

¹⁴ Féach tuarascáil 2020 ón Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) *Developing a Teacher Supply and Demand Model for Ireland 2020-2036: Technical Report* lena dtugtar ar aird gur oibrigh rannóg Staidrimh ROS chun tacú leis an Meitheal maidir le Sonraí Soláthair Múinteoirí agus ‘go bhfuil anailís fhairsing tugtha chun críche aici chun an tuarascáil theicniúil seo a tháirgeadh, lena soláthraítear an chéad deis chun scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe idirnasctha an tsoláthair múinteoirí’ (lch 4).

maidir le rolluithe i gColáiste Hibernia,¹⁵ ach ar bhonn figiúirí céimithe 2023, meastar go bhfuil thart ar 2,500 rollú ann ar leibhéal máistreachta.

Is fiú a chur i dtábhacht go bhfuil éagsúlachtaí ann maidir leis na costais atá i gceist agus na tacaíochtaí airgeadais atá ar fáil idir cláir chomhthráthacha agus cláir i ndiaidh a chéile, agus idir institiúidí freisin, tosca a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar ráta rollaithe. Tá ranníocaíochtaí mac léinn iníoctha le haghaidh cúrsaí fochéime in institiúidí ÚAO, ach tarscaoiltear táillí dóibh siúd atá faoi bhun tairseach ioncain shocraithe. Le deontais Tacaíochta Comhchoitinne do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI), cumhdaítear roinnt costas cothabhála agus déantar measúnú ar incháilitheacht ar bhonn ioncam teaghlaigh agus líon leanaí. Mar chuid de bhearta déine i mBuiséad 2012, laghdaíodh díolúintí táille iarchéime agus baineadh tacaíochtaí deontais cothabhála iarchéime. Ó 2024, athbhunaíodh iad sin, agus tá ranníocaíocht táille ráta comhréidh €4,000 ann dóibh siúd atá faoi bhun leibhéal ioncain áirithe (suas le €6,270 má bhraitheann teaghlaigh ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh) chomh maith le deontas cothabhála.¹⁶ Níl táillí ná deontais ar fáil i leith cúrsaí a reáchtálann soláthraithe príobháideacha amhail Coláiste Hibernia, cé go mbíonn aisíoc cánach ar fáil ó na Coimisinéirí Ioncain.

Léaráid 5.3. Rollú (iontrálaithe agus mic léinn atá ann cheana) i gcúrsaí oideachais fochéime agus iarchéime 2016/2017 go dtí 2022/2023.




Foinse: ÚAO. Tabhair faoi deara: Eisiatar rolluithe PhD agus céime máistir taighde ón gcatagóir iarchéime eile. Áirítear leis na figiúirí cúrsaí do chleachtóirí luathbhlianta agus ní áirítear ach cúrsaí a fhaigheann maoiniú ó ÚAO/go poiblí agus ní áirítear soláthraithe príobháideacha.

¹⁵ Foinseofar sonraí ó Hibernia agus úsáidfear iad mar chomhthéacs le haghaidh codanna eile den staidéar.

¹⁶ Le haghaidh tuilleadh mionsonraí, féach <https://www.susi.ie/eligibility-criteria>.

Cé gur leathnaíodh an líon áiteanna le blianta beaga anuas, tá ardleibhéal coibhneasta éilimh ann ar chúrsaí OTM fochéime i gcomparáid le réimsí eile staidéir. Léirítear le Léaráid 5.4 cóimheas na n-iarratas céadrogha trí CAO ar chúrsaí leibhéal 8 in 2022. Bhí 1.5 iarratasóir in aghaidh na háite san oideachas, agus bhí éileamh ní b'airde ann ar chúrsaí bunoidreachais (2) ná mar a bhí ar áiteanna iar-bhunoideachais (1.5). Tá an t-éileamh is airde ag OTM bunoidreachais sna réimsí uile seachas an leigheas (3.5) agus an tréidliacht (5.2). Tá an patrún sin i gcomhréir le hanailís a rinne Darmody agus Smyth (2016) níos luaithe. Mar thoradh ar an ardleibhéal éilimh ar áiteanna OTM, is iondúil go mbíonn na daoine sin a théann isteach in OTM an-roghnaitheach i dtéarmaí réamhcháilíochtaí agus, a mhéid is féidir a mheasúnú, i dtéarmaí cúlra shóisialta agus chultúrtha (Darmody agus Smyth, 2016; Heinz agus Keane, 2018).

Léaráid 5.4. Cóimheas na n-iarratas céadrogha in aghaidh na dtairiscintí ar chúrsaí Leibhéal 8, 2022.



Foinse: LOI.

Ní bhíonn sonraí maidir le héileamh ar áiteanna iarchéime ar fáil go rialta, ach léirítear le figiúirí níos luaithe a chuir III ar fáil titim éigin sna hiarratais agus bogadh i dtreo an chláir dhá bhliain, b'fhéidir mar gheall ar an gcostas a bhaineann leis (féach thuas). Amhail ar an leibhéal fochéime, tá easpa éagsúlachta ann i measc mic léinn oideachais iarchéime (Keane agus Heinz, 2015). Tá easpa faisnéise ar an líon daoine a dhéanann iarratas ar áiteanna ar chláir oideachais tosaigh múinteoirí don earnáil breisoideachais.

Ní hionann na figiúirí rollaithe agus na figiúirí céimithe, cé go bhfuil ráta neamhchríochnaithe cúrsaí i bhfad níos ísle san oideachas ná mar atá siad i réimsí eile staidéir (7% i gcomparáid le 15% san ardoideachas ar an iomlán; Deais ÚAO). Thiomsaigh an Roinn Oideachais figiúirí maidir leis an líon céimithe OTM idir 2013 agus 2021; murab ionann agus figiúirí ÚAO, áirítear leo sin institiúidí ardoideachais nach maoiníonn an stát amhail Coláiste Hibernia. Tháinig méadú ar an líon céimithe OTM bunoidheachais ó 2,912 in 2013 go 3,211 in 2021; tháinig 61% de na céimithe sin ó institiúidí ardoideachais nach maoiníonn an stát. I gcodarsnacht leis sin, tháinig laghdú beag ar chéimithe ó chúrsaí OTM iar-bhunoideachais, ó 3,722 in 2013 go 3,484 in 2021. I gcodarsnacht leis an gcás do OTM bunoidheachais, ní thagann ach 5% de chéimithe OTM iar-bhunoideachais ó institiúidí ardoideachais a mhaoiníonn an neamhstát. Is ábhar suntais freisin é nach gcláraíonn gach céimí leis an gComhairle Mhúinteoireachta nuair a bhaineann siad céim amach.

Mar chuid de staidéar TGM, déanfar anailísí mionsonraithe ar phatrúin na gcéimithe ar fud na gcineálacha cláir, agus ar chláir sa ghairm agus sonraí ón gComhairle Mhúinteoireachta agus ón Roinn Oideachais á n-úsáid.

Coinneáil sa ghairm


Baineann dhá phríomhghné leis an gcoinneáil: cé acu a bhogann nó nach mbogann céimithe oideachais isteach i bpost múinteoireachta agus cé acu a fhanann nó nach bhfanann múinteoirí sa ghairm tar éis dóibh dul isteach inti.

Tugtar le fios le sonraí ó staidéar Thorthaí Ardoideachais na Príomh-Oifige Staidrimh ráta ard aistrithe céimithe oideachais isteach i bhfostaíocht san earnáil oideachais;¹⁷ i measc chéimithe 2015, bhí 84% acu ag obair san oideachas cúig bliana tar éis baint amach céime. Cé go bhféadfadh sé nach aon ionadh é sin i bhfianaise fócas sonrath OTM, ba é 60% an figiúr inchomparáide do chéimithe sláinte agus leasa.

Leagadh béim leis an taighde idirnáisiúnta ar an ról atá ag pá agus dálaí oibre maidir le coinneáil múinteoirí a chur chun cinn. Tugtar le fios le sonraí Shuirbhé Céimithe ÚAO, i gcás chéimithe 2021, go bhfaightear an ráta fostaíochta is airde naoi mí tar éis baint amach céime i measc chéimithe oideachais (94% i gcomparáid le 83% don chohórt iomlán). Léirítear le sonraí na Príomh-Oifige Staidrimh go mbíonn an pá seachtainiúil airmheánach is airde ag céimithe oideachais sa chéad bhliain tar éis baint amach céime (Léaráid 5.5); 10 mbliana tar éis baint amach céime, sáraíonn céimithe TFC agus innealtóireachta na leibhéal sin, ach tá siad fós níos airde ná réimsí eile.


¹⁷ Gach seans go mbeidh siad ag múineadh, ach nílimid in ann iad siúd a oibríonn i bpoist eile san earnáil oideachais a idirdhealú leis na sonraí atá ar fáil.

Léaráid 5.5. Tuilleamh airmheánach i measc chéimithe 2010 ó institiúidí ardoideachais bliain amháin agus deich mbliana tar éis baint amach céime de réir an réimse staidéir.



Foinse: LOI.

Agus iad siúd uile go léir a fhostaítear san earnáil oideachais á gcur san áireamh (a bheidh ina múinteoirí den chuid is mó), faightear amach go mbíonn an meántuilleamh seachtainiúil os cionn leibhéal an lucht saothair fhostaithe ar an iomlán ach faoi bhun leibhéal dóibh siúd sa riarachán poiblí (Léaráid 5.6). Mar sin féin, tá roinnt fianaise ann gur chúngaigh buntáiste coibhneasta thuilleamh an oideachais le himeacht ama.

Léaráid 5.6. Meántuilleamh seachtainiúil san oideachas, riarachán poiblí, agus gach earnáil.

Foinse: Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fostaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh (STUCF).

Léiríodh le taighde idirnáisiúnta go mbíonn an choinneáil múinteoirí freagrúil do raon tosca, lena n-áirítear ualach oibre, timpeallacht scoile agus leibhéal saoirse gairmiúla (Li agus Yao, 2022). Is dócha go mbíonn tionchar ag an meas atá ar an ngairm i gcoitinne ar earcú agus coinneáil múinteoirí freisin. Mar sin féin, níl aon sonraí ann a táirgeadh le déanaí lena ngabhtar na gnéithe sin toisc nár ghlac Éire páirt in TALIS ó bhí 2008 ann.¹⁸ Tá roinnt faisnéise ar éirithe as agus scoir ar fáil tríd an tuarascáil theicniúil ar sholáthar múinteoirí don tréimhse ó 2013 go 2017; mar sin féin, níl aon sonraí córasacha atá ar fáil go poiblí ann maidir leis an leibhéal aistrithe idir scoileanna, cé go bhfuil an Phríomh-Oifig Staidrimh, i gcomhar leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus an Roinn Oideachais, rannpháirteach faoi láthair i staidéar ar choinneáil múinteoirí agus sonraí riaracháin meaitseáilte á n-úsáid. Nuair a fhoilseofar iad, soláthrófar leis na sonraí sin bonn fianaise tábhachtach do staidéar TGM, rud a chuirfidh ar ár gcumas sonraí suirbhé nua a úsáid chun na cúiseanna is bonn leis na patrúin a fuarthas a fháil amach. Tugtar le fios le faisnéis ón Roinn Oideachais don tréimhse 2022-2023 go raibh breis agus 3,000 múinteoir bunscoile agus iar-bhunscoile ar shos gairme agus go raibh breis agus 5,000 ag postroinnt, cé nach bhfuil na figiúirí don earnáil BOO san áireamh leis sin. Thairis sin, tá fás tagtha ar an líon múinteoirí a cheaptar ar leibhéal an bhunoideachais agus an iar-bhunoideachais ó bhí 2014-2015 ann (arís, gan an earnáil BOO san áireamh).

Beidh tionchar ag próifíl dhéimeagrafach múinteoirí ar sholáthar múinteoirí freisin. In 2022, chuaigh 777 ar scor as bunscoileanna (príomhoidí san áireamh), 89% acu go deonach (i.e. roimh an aois scoir éigeantaigh). I measc meánscoileanna nó pobalscoileanna/scoileanna cuimsitheacha, bhí 423 scor, 84% acu a bhí deonach. I gcás an dá ghrúpa, ba é 60 an aois scoir

¹⁸ Tugtar le fios le sonraí TALIS 2018 (nach bhfuil Éire san áireamh leo) go mbraitheann an-chuid múinteoirí nach bhfuil meas ar a luach, cé go n-athraíonn an ráta ó thír go tír (Akiba et al., 2023). Thairis sin, tá easpa faisnéise ann toisc nach mbailíonn Eorabharaiméadar na sonraí maidir le hiontaoibh sa chóras oideachais a thuilleadh.

buaice. Tugtar le fios le sonraí an daonáirimh gur fhan próifíl aoise an ghrúpa ‘múinteoireachta agus gairmithe oideachais’ réasúnta seasta idir 2016 agus 2022. In 2022, bhí 38% den ghrúpa 45 bliain d’aois nó os a chionn, agus 15% a bhí 55 bliain d’aois nó os a chionn san áireamh.

Tosca déimeagrafacha agus athrú beartais

Tá réamh-mheastacháin treochtaí déimeagrafacha don daonra scoile ina bpríomhghné de phleanáil lucht saothair múinteoirí in Éirinn agus in áiteanna eile. Dá bhrí sin, tá na réamh-mheastacháin a úsáidtear rithábhachtach chun ganntanais nó barrachais múinteoirí a bhfuil coinne leo a chinneadh. Tuairtar le réamh-mheastacháin na Roinne Oideachais le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2036 titim fhoriomlán thart ar 20% ar an daonra bunscoile go dtí 2033, agus tá coinne le méadú ina dhiaidh sin. Ar an mbonn sin, mhol an Oifig Buiséid Pharlaiminteach (OBP, 2023), agus talamh slán á déanamh den chóimheas idir múinteoirí agus daltaí atá ann faoi láthair, go mbeidh barrachas múinteoirí ar an dá leibhéal sna blianta amach romhainn. Mar sin féin, tugtar le fios le réamh-mheastacháin ITES (Keegan et al., 2022) le haghaidh cás daonra aird, lena nglactar leis go mbeidh leibhéal níos airde inimirce – cás réasúnta i bhfianaise sreabh fostaíochta agus imirce eile atá ann le déanaí – go dtiocfaidh laghdú 12% ar an líon leanaí idir cúig agus naoi mbliana d’aois go dtí 2028, agus go dtiocfaidh méadú air ina dhiaidh sin go dtí go mbainfear amach leibhéil gar do leibhéil 2021 faoi 2035. Tugtar le fios le réamh-mheastacháin go bhfuil coinne leis go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar áiteanna dara leibhéal faoi 8%, agus go dtiocfaidh sé chun buaice in 2024 agus go dtitfidh sé faoi 8% faoi 2036 (Keegan et al., 2022). Rinneadh meastacháin ar dhaonraí atá ann cheana roimh ionradh na hÚcráine, agus imeascadh líon mór dídeanaithe ón Úcráin i gcóras bunscoile agus iar-bhunscoile (Smyth, 2023).

Beidh tionchar ag beartas agus cleachtas rialtais ar leibhéal na scoile ar an ngaol idir treochtaí déimeagrafacha agus an líon múinteoirí atá de dhíth. Ó bhí 2021 ann, bhí dhá bhabhta laghduithe ar chóimheasa idir múinteoirí agus daltaí i scoileanna príomhshrutha (chuig 23:1 in 2023), agus cóimheas níos ísle á sholáthar i scoileanna¹⁹ Banda Uirbeach 1 de chuid DEIS. De réir dealraimh, tá sé réasúnta glacadh leis go dtiocfaidh laghduithe breise ar chóimheasa amach anseo, i bhfianaise an ghealltanais i gClár an Rialtais (2020) chun leanúint den laghdú. Thairis sin, bhí méadú mór (129% ar leibhéal bunscoile agus 204% ar leibhéal iar-bhunscoile) idir 2014 agus 2021 ar an líon daltaí i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha, agus bhí iarmhairtí ann don éileamh ar mhúinteoirí speisialtóra RSO agus (is é is dóichí) atreorú roinnt ball foirne ón soláthar príomhshrutha chuig soláthar ranga speisialta. Beidh tionchar ag an soláthar ábhair i scoileanna dara leibhéal freisin ar an meascán de speisialachais ábhair a theastaíonn do mhúinteoirí, cé nach bhfuil na sonraí ar fáil chun samhaltú a dhéanamh ar éileamh difreálach de réir réimse ábhair (OBP, 2023).

¹⁹ Le cláir Comhionannais Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh (DEIS), soláthraítear tacaíochtaí agus acmhainní breise do scoileanna a fhreastalaíonn ar phobail ina bhfuil comhchruinniú míbhuntáiste shocheacnamaíoch. Ar leibhéal bunscoile, tá trí chatagóir scoile ann: Banda Uirbeach 1 (iad siúd is díothaí), Banda Uirbeach 2 agus DEIS Tuaithe. Ar leibhéal iar-bhunscoile, níl aon idirdhealú ann ach amháin idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach DEIS iad.

Ní bhraitheann an breisoideachas an méid céanna ar réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha ar an líon aosach óg, mar gheall ar a ról i soláthar an oideachais athdheise agus uas-sciliú do dhaoine fásta (McGuinness et al., 2014). Mar sin féin, mealltar líon mór daoine óga le cúrsaí iar-Ardteistiméireachta agus, mar sin, is é is dóichí go mbeidh éileamh níos mó de bharr na bpatrún déimeagrafach. Tá an meascán de bhaill foirne difriúil sa bhreisoideachas le leibhéal bunoidreachais agus iar-bhunoideachais, agus éilítear ar bhaill (nua) foirne clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta (agus cáilíochtaí sonracha a bheith acu, mar sin) le roinnt cúrsaí, agus braitheann cúrsaí eile ar oiliúnóirí/teagascóirí a bhfuil riachtanais dhifriúla acu. Is dócha go n-éileofaí soláthar breisoideachais nua le hathruithe ar an margadh saothair, mar aon le forbairt conairí nua ón mbreisoideachas go dtí an t-ardoideachas agus cuimsiú cúrsaí breisoideachais i bpróiseas CAO. Teastóidh tuilleadh múinteoirí breisoideachais leis sin, ach is gá sonraí breise faoi leibhéil bainte amach céime na gcúrsaí breisoideachais agus faoi aois na foirne atá ann cheana ionas go mbeifear in ann é sin a fháil amach ar bhealach níos cinntithí

Ról na sonraí chun soláthar múinteoirí a thuiscint

Is gné shuntasach de dhíospóireachtaí soláthair múinteoirí sa réimse beartais tábhachtach seo iad éagsúlacht na sonraí nó táscairí an tsoláthair múinteoirí a úsáidtear. Is léir a thábhachtaí atá sé na sonraí is fearr is féidir a fháil leis an tús a cuireadh le déanaí le staidéar na Príomh-Oifige Staidrimh ar sholáthar múinteoirí chun sonraí níos cuimsithí a sholáthar, mar atá in Dolton (2011) (a théann níos faide b'fhéidir ar bhealach, e.g. staidéar leanúnach na Príomh-Oifige Staidrimh *Signs of Life* lena nasctar tacar sonraí riaracháin na Príomh-Oifige Staidrimh le clárú sa Chomhairle Mhúinteoireachta – an Phríomh-Oifig Staidrimh, mí na Nollag 2023). Agus breithniú á dhéanamh ar na díospóireachtaí atá an-fheiceálach sna meáin agus san oideachas anois maidir le soláthar múinteoirí, tá sé luachmhar dar linn na bealaí ina bhfoinsítear táscairí éagsúla nó foinsí sonraí agus ina n-úsáideann grúpaí/páirtithe éagsúla iad a mheas. Sainaithnímid i dTábla 5.2 raon táscairí, tugaimid príomh-shaincheisteanna atá le breithniú ar aird agus sainaithnímid cé acu páirtí/páirtithe a bhailíonn agus/nó a úsáideann gach táscaire.

Tábla 5.2 Táscairí Ganntanas agus/nó Barrachas Soláthair Múinteoirí

Táscaire	Saincheisteanna atá le breithniú	Cé a bhailíonn agus/nó a úsáideann iad
Líon iomlán na múinteoirí cláraithe	Mar a thugaimid ar aird thíos i ndáil le múinteoirí nuacháilithe, is táscaire beagán teoranta é an líon iomlán múinteoirí cláraithe maidir leis an líon iomlán múinteoirí atá ar fáil toisc nach n-insítear leis don chóras an líon múinteoirí nach bhfuil in ann ná toilteanach múineadh in earnáil, ábhar ná suíomh ar leith. Cuirtear faisnéis chomhthéacsúil thábhachtach ar fáil leis, áfach, i dtéarmaí acmhainneacht fhoriomlán an chórais. Thairis sin, d'fhéadfaí aird a tharraingt ar roinnt ceisteanna/saincheisteanna leis	CM LOI RO IAOnna

	<p>ar fiú aghaidh a thabhairt orthu, go háirithe má tá an líon iomlán múinteoirí cláraithe i bhfad os cionn an lín iarbhír múinteoirí i scoileanna ar bhonn laethúil ag pointe ar leith. Tá sé de chumas ag staidéar na Príomh-Oifige Staidrimh ar Sholáthar Múinteoirí atá ann faoi láthair (a tosaíodh i mí an Mheithimh 2023) léargais luachmhara nach raibh ar fáil roimhe seo a thabhairt maidir le raon saincheistanna chun tuiscint bhreise a fháil ar phríomhdhinimic ‘píblíne’ a bhaineann le teacht agus imeacht ón múinteoireacht, idir bhuan agus sealadach.</p>	
<p>Líon mac léinn OTM rollaithe i gclár</p>	<p>Soláthraítear faisnéis le figiúirí glactha/rollaithe chlár OTM faoi ghanntanais (nó barrachais) fhéideartha múinteoirí amach anseo. Le blianta beaga anuas, roimh an bPlean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Múinteoirí agus ina chomhthéacs, tá sonraí mionsonraithe á mbailiú ag an Roinn Oideachais ó institiúidí ardoideachais maidir le líon mac léinn OTM, agus leas á bhaint as sonraí ón Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO). Áirítear leis na pointí is díol suntais an chaoi a bhféadfaidh clár an iomarca mac léinn ionchasach a ghlacadh agus barrachais a chruthú in earnálacha agus/nó ábhair áirithe nó easpa mac léinn a rollú i gcláir eile. Dá bhrí sin, tá an líon níos suntasaí toisc go dtéann formhór na mac léinn OTM isteach sa ghairm iarbhír, mar is amhlaidh i gcás na hÉireann. Mar sin féin, tá éifeacht charnach ag an gcaoi nach dtéann líon beag céimithe fiú isteach sa ghairm, agus is cailteanas infheistíochta stáit é sa lucht saothair féideartha.</p>	<p>IAOnna CM RO ÚAO</p>
<p>Líon céimithe OTM agus múinteoirí nuacháilithe</p>	<p>Le comparáid idir an líon céimithe OTM agus an líon a chláraíonn leis an gComhairle Mhúinteoireachta, soláthraítear meastachán níos fearr den soláthar múinteoirí ‘nua’ ná mar a dhéantar le mic léinn i gcláir OTM, ach ní thugtar le fios leo ná ní insítear don chóras leo an líon MNCanna nach féidir ná nach ndéanfaidh múineadh in earnáil, ábhar ná suíomh ar leith ina bhfuil gá le múinteoirí.</p>	<p>CM RO ÚAO</p>
<p>Cóimheasa idir múinteoirí agus daltaí</p>	<p>Is gá go n-ardaítear cóimheasa idir múinteoirí agus daltaí mar gheall ar ghanntanais múinteoirí agus, mar sin, féadfar treochtaí le himeacht ama a léiriú go húsáideach leo. Is rud ríthábhachtach é nach</p>	<p>RO Ceardchumann Múinteoirí</p>

	<p>bhféadfaí ganntanas ná barrachas a thabhairt le fios mura bhfuil aon chóimheas idir múinteoirí agus daltaí atá comhaontaithe ná inmhianaithe. Thairis sin, níl sé éasca iad a imdhealú ar leibhéal na scoile ar fud scoileanna agus/nó réimsí ábhair agus, mar sin, féadfaidh sé a bheith deacair ganntanais nó barrachais múinteoirí a mheasúnú in earnálacha agus/nó ábhair ar leith.</p>	
Líon folúntas	<p>Is éasca folúntais a thuiscint mar thomhas reatha na bpost nach bhfuil líonta agus féadfaidh siad ról an-chumhachtach a ghlacadh maidir le méid an ghanntanais agus/nó an bharrachais múinteoirí a chur in iúl sna meáin agus i measc páirtithe leasmhara oideachais eile. In Éirinn, mar shampla, féach doiciméid ó Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, Comhchoiste na mBainisteoirí agus Cumann Múinteoirí Éireann le haghaidh figiúirí. Ní bhaineann figiúirí náisiúnta ón bPríomh-Oifig Staidrimh maidir le rátaí folúntais poist ach le fostóirí a bhfuil 50 fostaí nó níos mó acu agus, mar sin ní bhíonn líon mór scoileanna san áireamh leo.</p>	<p>Scoileanna aonair</p> <p>Comhlachtaí bainisteoirí</p> <p>Ceardchumann Múinteoirí RO</p>
Ráta athraithe múinteoirí	<p>Leis an ráta athraithe, tagraítear do dhá chineál soghluaisteachta múinteoirí (McCarthy et al., 2020), is é sin, bogadh idir scoileanna agus fágáil na gairme, i.e. laghdú. Tugadh ar aird go minic, cé go bhfuil éagsúlacht ann ó dhá dhá chéile, go mbíonn an ráta athraithe múinteoirí ard go háirithe i measc múinteoirí luathghairme.</p>	<p>Scoileanna aonair</p> <p>CM</p>
Ráta laghdaithe múinteoirí (a fhágann an ghairm go buan nó ar bhonn sealadach, e.g. sos gairme)	<p>Le rátaí laghdaithe múinteoirí, féadfar patrúin áirithe a nochtadh i ndáil le múinteoirí a fhágann an ghairm ag pointí ama ar leith ar fud na gairme, bíodh sin sna chéad chúpla bliain tar éis cáilithe, tar éis 10 nó 15 bliana múinteoireachta (féach <i>Striking a Balance</i>, 2017) nó, mar shampla, múinteoirí a fhágann sula sroicheann siad scor iomlán. I gcomhthéacs na hÉireann, tá sé casta léargas cruinn ar an ráta laghdaithe a fháil toisc go dtéann an-chuid múinteoirí ar imirce sna luathbhlianta tar éis cáilithe,</p>	<p>an Roinn Oideachais</p> <p>CM</p>

	agus seans nach bhfanfaidh siad mar mhúinteoirí cláraithe ar chlár na Comhairle Múinteoireachta.	
Líon na múinteoirí ag dul ar scor	Foilsíonn an Roinn Oideachais staitisticí rialta faoin líon scor ar an leibhéal bunoidreachais agus iar-bhunoideachais, mar aon lena bpróifíl aoise. Mar sin féin, tá easpa taighde déanta ar na tosca a théann i bhfeidhm ar chinntí dul ar scor go luath agus/nó dul ar ais i ngairm na múinteoireachta tar éis scoir.	RO
Líon na múinteoirí ionaid atá ar fáil	Seans gurb é an táscaire is minice a úsáideann príomhoidí scoile de ghanntanais múinteoirí chun dúshláin shoiléire atá ann ar an leibhéal scoile ar bhonn laethúil a chur in iúl. Tá obair déanta ag comhlachtaí bainistíochta ar an leibhéal bunoidreachais agus iar-bhunoideachais chun bunachair sonraí ar líne a fhorbairt chun tacú le príomhoidí scoile múinteoirí ionaid a aimsiú agus fháil. Bíonn dinimic thíreolaíoch nó réigiúnach ag baint le hinfhaighteacht múinteoirí ionaid go hiondúil do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon, agus bíonn gné bhreise ábhair i gceist d'iar-bhunscoileanna. Leis na hathruithe ar an gcaoi ar féidir le múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí ar scor iad féin a chur ar fáil don mhúinteoireacht ionaid le blianta beaga anuas (cuid de mar fhreagairt do COVID-19), leagadh béim ar an mbrú atá ar an gcóras agus ar chuir chuige i leith soláthar múinteoirí a leathnú nár forbraíodh roimhe seo.	Scoileanna aonair Comhlachtaí bainisteoirí Eagraíochtaí príomhoidí Ceardchumann Múinteoirí
Dearcthaí ceannairí scoile, ceardchumann múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta maidir le ganntanais	Is éasca suirbhéanna dearcthaí a thuiscint lena dtugtar le fios céatadán de cheannairí scoile, ceardchumann múinteoirí agus comhlachtaí bainistíochta a chreideann go bhfuil ganntanas ann, lena n-áirítear a chineál agus a scála, agus féadfar leo faisnéis faoi earnáil scoile agus/nó atá sonracha d'ábhar a chur in iúl go soiléir, agus féadfaidh siad dul i bhfeidhm go láidir ar spásanna páirtithe leasmhara, an phobail agus na meán. Mar sin féin, is minic a chuirtear na figiúirí i láthair i bhfoirm an-ghinearálta, rud a fhágann go mbíonn sé deacair measúnú a dhéanamh an bhfuil deacrachtaí ar leith I réimsí, cineálacha scoile agus/nó réimsí ábhair áirithe.	Ceardchumann Múinteoirí Comhlachtaí bainistíochta scoile

Líon na múinteoirí oideachais speisialta a aistrítear chuig múinteoireacht phríomhshrutha	Le blianta beaga anuas, de réir mar a tháinig dúshlán an tsoláthair múinteoirí chun cinn, tá sé tugtha ar aird ag ceannairí scoile agus ag ceardchumainn an cinneadh ar an leibhéal scoile chun múinteoirí oideachais speisialta a úsáid mar mhúinteoirí ranga ar an leibhéal bunoidreachais. Mar sin féin, ní léir leitheadúlacht an chleachtais agus/ná a fhad ama.	Príomhoidí scoile Ceardchumainn Múinteoirí
---	---	---

Foinse: Curtha in oiriúint ó Behrstock-Sherratt (2016); Behrstock-Sherratt (2009).

Téarma suntasach atá in easnamh ó Thábla 3 is ea ‘coinneáil múinteoirí’ lena dtagraítear d’acmhainneacht scoileanna, an chórais scoile níos leithne agus an chomhthéacs shoचाíocho múinteoirí a choinneáil. Mar a thug Van den Borre et al. (2021) faoi deara faoi choinneáil múinteoirí, “aithnítear go forleathan í mar chéim ríthábhachtach i dtreo ganntanais múinteoirí a sheachaint nó a réiteach, toisc nach bhfuil earcú tuilleadh múinteoirí chomh húsáideach céanna más rud é go bhfágfaidh líon mór acu go luath” (Ich 1). Is ábhar suntais é i gcomhthéacs na hÉireann gur dhírigh an-chuid breathnóirí ar dhúshlán an tsoláthair/ghanntanais múinteoirí le deich mbliana anuas ar dhinimic éagsúil choinneála, lena n-áirítear deacrachtaí i ndáil le poist mhúinteoireachta lánaimseartha bhuna a fháil, pá múinteoirí, tithíocht, taisteal chuig an obair agus uaithi, etc.

Conclúid

Fiosraíodh leis an gcaibidil seo bealaí chun próiseas earcaíochta ghairm na múinteoireachta agus coinneáil inti a thuiscint. Is léir deacrachtaí i ndáil le soláthar múinteoirí i roinnt tíortha, agus tá difríochtaí ann idir na freagairtí beartais don tsaincheist. Is féidir éagsúlacht a bheith ann laistigh de chórais freisin, agus bíonn barrachas agus ganntanas ann le chéile i réigiúin éagsúla, i gcineálacha éagsúla scoile agus/nó i speisialtóireachtaí éagsúla ábhair. Leagtar béim leis an taighde idirnáisiúnta ar a thábhachtaí atá sé comhthéacs sonracha a thuiscint ar an macraileibhéal, ar an méisileibhéal agus ar an micraileibhéal. In Éirinn, tá ardleibhéal éilimh ar áiteanna oideachais tosaigh múinteoirí ar an leibhéal bunoidreachais agus iar-bhunoideachais agus, d’ainneoin an dioscúrsa atá ann faoi láthair, tá leibhéal pá tosaigh réasúnta ard i gcomparáid le céimithe ó réimse eile staidéir. Mar sin féin, le maímh iomaíochas maidir le leibhéal na ndeacrachtaí soláthair múinteoirí, mar aon leis an easpa rannpháirtíochta ó Éirinn i staidéar TALIS, fágtair go bhfuil easpa fianaise córasaí ar shaincheisteanna amhail sásamh leis an bpost agus intinn chun an tír agus/nó an ghairm a fhágáil thar chomhthéacsanna éagsúla, agus is faisnéis thábhachtach í sin is gá chun aghaidh a thabhairt ar aon deacracht soláthair múinteoirí. Tá easpa ghinearálta faisnéise ar fáil maidir le hearcú agus coinneáil foirne sa bhreisoideachas. Go hidirnáisiúnta, tá aitheantas méadaithe tugtha do “chinntithigh chasta na nganntanais múinteoirí” (Ich 75) mar a thug See et al. (2023) orthu, a thugann faoi deara freisin go ndearna “formhór an taighde roimhe seo breithniú ar díreach cuid de na tosca sin leo féin, nó mar léargas ar an bhfadhb ina hiomláine. De ghnáth, saobhtar tábhacht choibhneasta gach toisce leis sin, agus tugtar torthaí míthreoracha dá réir” (Ich 76). Dá bhrí

sin, i gcomhthéacs na hÉireann, cuirtear ar fáil le staidéar TGM deis thábhachtach chun fianaise ríthábhachtach a sholáthar chun bonn eolais a chur faoin mbeartas maidir le 'cinntithigh chasta' an tsoláthair mhúinteoirí ar an leibhéal bunoidreachais, iar-bhunoideachais agus breisoideachais trí rannpháirtíocht agus easpa rannpháirtíochta sa ghairm le linn na chéad deich mbliana tar éis baint amach céime a rianú. Tá beagnach fiche bliain caite ó foilsíodh tuarascáil chinniúnach ECFE (2006) *Teachers Matter: Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers*. Is ábhar suntais é gur meabhrú tráthúil é teideal na tuarascála sin faoi na bealaí ina gcuimsítear múinteoirí 'éifeachtacha' a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil le cinntithigh chasta an tsoláthair mhúinteoirí.

Tagairtí

- Achinstein, B., Ogawa, R. T., Sexton, D., & Freitas, C. (2010). Retaining teachers of color: A pressing problem and a potential strategy for “hard-to-staff” schools. *Review of Educational Research, 80*(1), 71-107.
- Akiba, M., Byun, S. Y., Jiang, X., Kim, K., & Moran, A. J. (2023). Do teachers feel valued in society? Occupational value of the teaching profession in OECD countries. *AERA Open, 9*, 23328584231179184.
- Barnes, M., Murphy, S., Chakma, U., Li, B., Amina, F., & Walker-Gibbs, B. (2024). Attracting teacher candidates from regional and rural areas to initial teacher education (ITE) programs: Initiatives and evidence of impact. *Teaching and Teacher Education, 140*, 104458.
- Behrstock-Sherratt, E. (2016). Creating coherence in the teacher shortage debate: What policy leaders should know and do. Washington, DC: Education Policy Center at American Institutes for Research.
- Borman, G. D., & Dowling, N. M. (2008). Teacher attrition and retention: A meta-analytic and narrative review of the research. *Review of Educational Research, 78*(3), 367-409.
- Carver-Thomas, D. (2018). Diversifying the Teaching Profession: How to Recruit and Retain Teachers of Color. *Learning Policy Institute*.
- Chang, M. L. (2009). An appraisal perspective of teacher burnout: Examining the emotional work of teachers. *Educational Psychology Review, 21*, 193-218.
- Coolahan, J. (2003). Attracting, developing and retaining effective teachers: Country background report for Ireland.
- Cowan, J., Goldhaber, D., Hayes, K., & Theobald, R. (2015). Missing elements in the discussion of teacher shortages. Washington, DC: American Institutes for Research. Fuarthas ó <http://www.caldercenter.org/missing-elements-discussion-teachershortages>
- Darmody, M., & Smyth, E. (2016). Entry to programmes of initial teacher education. *Dublin: The Economic and Social Research Institute*.
- Dolton, P. J. (2006). Teacher supply. *Handbook of the Economics of Education, 2*, 1079-1161.
- Dolton, P., Tremayne, A., & Chung, T. P. (2003). *The economic cycle and teacher supply* (Vol. 96). Paris: OECD.
- Eacott, S. (2023). The systemic implications of housing affordability for the teacher shortage: the case of New South Wales, Australia. *The Australian Educational Researcher, 1*-23.
- Edwards, D. S., Kraft, M. A., Christian, A., & Candelaria, C. A. (2024). Teacher shortages: A framework for understanding and predicting vacancies. *Educational Evaluation and Policy Analysis* <https://doi.org/10.3102/01623737241235224>

- European Commission / EACEA / Eurydice, (2023). *Structural indicators for monitoring education and training systems in Europe – 2023: The teaching profession*. Eurydice report. Luxembourg: Publications Office of the European Union.
- García, E., & Weiss, E. (2019). The teacher shortage is real, large and growing, and worse than we thought. The First Report in “The Perfect Storm in the Teacher Labor Market” Series. *Economic Policy Institute*.
- Gardner, D. P. (1983). *A nation at risk*. Washington, DC: The National Commission on Excellence in Education, US Department of Education.
- Geiger, T., & Pivovarova, M. (2018). The effects of working conditions on teacher retention. *Teachers and Teaching, 24*(6), 604-625.
- Gorard, S., Maria Ventista, O., Morris, R., & See, B. H. (2023). Who wants to be a teacher? Findings from a survey of undergraduates in England. *Educational Studies, 49*(6), 914-936.
- Harford, J., & Fleming, B. (2023). Teacher supply in Ireland: Anatomy of a crisis. *Irish Educational Studies, 1-14*.
- Heinz, M., & Keane, E. (2018). Socio-demographic composition of primary initial teacher education entrants in Ireland. *Irish Educational Studies, 37*(4), 523-543.
- Hogg, L., Elvira, Q., & Yates, A. (2023). What can teacher educators learn from career-change teachers’ perceptions and experiences: A systematic literature review. *Teaching and Teacher Education, 132*, 104208.
- Ingersoll, R. M. (2001). Teacher turnover and teacher shortages: An organizational analysis. *American Educational Research Journal, 38*(3), 499-534.
- Ingersoll, R. M., & Smith, T. M. (2003). The wrong solution to the teacher shortage. *Educational leadership, 60*(8), 30-33.
- Ingersoll, R. (2007). Misdiagnosing the Teacher Quality Problem. CPRE Policy Briefs. Fuarthas ó https://repository.upenn.edu/cpre_policybriefs/35
- Ingersoll, R. (2012). Beginning teacher induction: What the data tell us. *Phi Delta Kappan, 93*(8), 47–51.
- Keane, E., Heinz, M., & Lynch, A. (2023). Factors impacting on the retention of students from under-represented groups in initial teacher education in Ireland. *Tertiary Education and Management, 29*(1), 5-23.
- Little, J. W., & Bartlett, L. (2010). The teacher workforce and problems of educational equity. *Review of Research in Education, 34*(1), 285-328.
- McCarthy, C. J., Fitchett, P. G., Lambert, R. G., & Boyle, L. (2020). Stress vulnerability in the first year of teaching. *Teaching Education, 31*(4), 424-443.
- McDaid, R., & Nowlan, E. (2022). Barriers to recognition for migrant teachers in Ireland. *European Educational Research Journal, 21*(2), 247-264.

- MacDonald, D. (1999). Teacher attrition: A review of literature. *Teaching and Teacher Education*, 15(8), 835-848.
- Manley, S., & Farren, M. (2024). Exploring staff retention in Youthreach: Ireland's response to early school leaving. *Irish Journal of Education*, 48(2), 1-35. www.erc.ie/ije
- Nguyen, T. D., & Springer, M. G. (2023). A conceptual framework of teacher turnover: a systematic review of the empirical international literature and insights from the employee turnover literature. *Educational Review*, 75(5), 993-1028.
- Nguyen, T. D., Pham, L., Springer, M. G., & Crouch, M. (2019). The factors of teacher attrition and retention: An updated and expanded meta-analysis of the literature. *Annenberg Institute at Brown University*, 19-149.
- OECD (2006). *Teachers Matter: Attracting, Developing and Retaining Effective Teachers*, Paris: OECD.
- O'Doherty, T., & Harford, J. (2018). Teacher recruitment: reflections from Ireland on the current crisis in teacher supply. *European Journal of Teacher Education*, 41(5), 654-669.
- PBO [Parliamentary Budget Office] (2023). *Teacher Demand Projections and Costs*. Dublin: PBO.
- Porsch, R., & Reintjes, C. (2023). Teacher Shortages in Germany: Alternative Routes into the Teaching Profession as a Challenge for Schools and Teacher Education. In *The Future of Teacher Education* (pp. 339-363). Brill.
- Quirke-Bolt, N., & Purcell, R. (2021). An investigation into the profile of entrants to concurrent (post-primary) initial teacher education in Ireland, 2009–2020. *Irish Educational Studies*, 40(3), 493-514.
- Sahlberg, P., Munn, P. Furlong, J. (2012) *Report of the International Review Panel on the Structure of Initial Teacher Education Provision in Ireland: Review conducted on behalf of the Department of Education and Skills*. Dublin: Higher Education Authority. <https://hea.ie/assets/uploads/2017/05/Review-of-Structure-of-Teacher-Education.pdf>
- Santiago, P. (2002). *Teacher demand and supply: Improving teaching quality and addressing teacher shortages*. Paris: OECD.
- See, B. H., & Gorard, S. (2020). Why don't we have enough teachers?: A reconsideration of the available evidence. *Research Papers in Education*, 35(4), 416-442.
- See, B. H., Gorard, S., Morris, R., & Ventista, O. (2023). Rethinking the complex determinants of teacher shortages. In *The Palgrave Handbook of Teacher Education Research*, 75-102. Cham: Springer Nature Switzerland.
- Seeliger, S., & Håkansson Lindqvist, M. (2023). Dealing with teacher shortage in Germany—A closer view of four federal states. *Education Sciences*, 13(3), 227.

Sherratt, E. B. (2016). Creating coherence in the teacher shortage debate: What policy leaders should know and do. Washington, DC: Education Policy Center, American Institutes for Research.

Siostrom, E., Mills, R., & Bourke, T. (2023). A scoping review of factors that influence career changers' motivations and decisions when considering teaching. *Teachers and Teaching*, 1-20.

Sutcher, L., Darling-Hammond, L., & Carver-Thomas, D. (2019). Understanding teacher shortages: An analysis of teacher supply and demand in the United States. *Education Policy Analysis Archives*, 27(35).

Teaching Council. (2015) *Striking the Balance Teacher Supply in Ireland: Technical Working Group Report*. Maynooth: Teaching Council.

<https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/09/teacher-supply-in-ireland.pdf>

Tessaro, D., Landertinger, L., & Restoule, J. P. (2021). Strategies for teacher education programs to support Indigenous teacher employment and retention in schools. *Canadian Journal of Education*, 44(3), 600-623.

Van den Borre, L., Spruyt, B., & Van Droogenbroeck, F. (2021). Early career teacher retention intention: Individual, school and country characteristics. *Teaching and Teacher Education*, 105, 103427.

Van Overschelde, J. P. (2022). Value-lost: The hidden cost of teacher misassignment. In *Out-of-field teaching across teaching disciplines and contexts* (pp. 49-70). Singapore: Springer Nature Singapore.

Worth, J., Tang, S. and Galvis, M. (2022). *Assessing the impact of pay and financial incentives in improving shortage subject teacher supply*. Slough: NFER.

Caibidil 6. Conclúid

I dteannta a chéile, soláthraítear leis na hathbhreithnithe litríochta raon léargas taighde ar thurais ghairmiúla múinteoirí le linn na chéad deich mbliana, lena mbaintear leas as litríocht taighde éagsúil a roghnaítear ar bhealach fiúntach. Cuimsítear leis na léargais sin leagan amach staidéar, ceisteanna taighde, dearaí staidéir, ionstraimí, torthaí agus impleachtaí beartais i gcomhthéacs ina mbíonn tionchar níos mó ná riamh ag tosca córais sheachtraigh níos leithne ar thurais ghairmiúla múinteoirí a mhúnlú, in éineacht le dinimic cultúr eagraíochtúla scoileanna a aithnítear le fada ach nach dtuigtear chomh maith céanna. Mar sin, tháinig staidéir éagsúla faisnéiseacha ó na hathbhreithnithe litríochta faoi réimsí tábhachtacha taighde ar an múinteoireacht go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. In ionad athrá a dhéanamh ar na conclúidí sna ceithre chaibidil roimhe seo, sa chaibidil deiridh seo sainaithnímid roinnt príomhléargais/ceachtanna uileghabhálacha ó na ceithre athbhreithniú.

Staidéir ghéarchúiseacha ar dhinimic i mbliain 1-9 bunaithe ar dhearaí éagsúla taighde

Ar fud na ceithre athbhreithniú litríochta tá léargais iomadúla ar dhinimic na foghlama agus na forbartha múinteoirí atá ábhartha do chúig chuspóir taighde TGM. Eascraíonn na léargais sin as raon éagsúil dearaí staidéir laistigh de staidéir cháilíochtúla, chainníochtúla agus modhanna measctha agus tharstu. Mar shampla, thar na trí athbhreithniú scóipe fuaireamar staidéir lena tugadh aghaidh ar gach ceann de chúig chuspóir taighde TGM agus ba léir éagsúlacht sna dearaí taighde agus ábharthacht do gach ceann de na cúig chuspóir taighde.

Dealraítear go ndírítear leis an litríocht atá ann cheana ar na chéad chúpla bliain den chuid is mó, bliain 1 go bliain 3 nó 4 den mhúinteoireacht de ghnáth

Toradh suntasach thar na hathbhreithnithe sin is ea an líon mór staidéar taighde ar na chéad trí bliana de ghairm na múinteoireachta; ba léir sin, go háirithe, san athbhreithniú scóipe ar an múinteoireacht in Éirinn maidir le bliain 1-9 agus san athbhreithniú scóipe ar staidéir fhadaimseartha.

Luathbhlianta na múinteoireachta mar thréimhse athraithe mhóir

Go hiondúil leis na staidéir a ndearnadh athbhreithniú orthu, tugadh le fios athrú mór ar eispéiris múinteoirí le linn luathghairm a múinteoireachta. Léiríodh é sin, mar shampla, I staidéir ar éifeachtúlacht múinteoirí mar aon le staidéir cháilíochtúla éagsúla sna hathbhreithnithe. Rud atá tábhachtach, sa chomhthéacs sin tugaimid ar aird an pointe roimhe seo faoi bhearnaí sa taighde ar bhliain a ceathair agus ina dhiaidh sin sa litríocht. Mar sin, seans go mbíonn níos mó athraithe ar mhúinteoirí i mbliain a ceathair agus ar aghaidh nach bhfuil fianaise ann dó sa litríocht taighde.

Béimeanna agus bearnaí sa taighde ar an múinteoireacht i mbliain 1-9 i gcomhthéacs na hÉireann


Léiríodh leis an athbhreithniú scóipe ar thaighde agus ar an múinteoireacht i mbliain 1-9 in Éirinn na bealaí inar díríodh leis an taighde, go dtí seo, ar mhúinteoirí bunoidreachais den chuid is mó, ar mhúinteoirí iar-bhunoideachais, ach ní an oiread céanna, agus ar mhúinteoirí breisoideachais go fíorannamh (féach caibidil 4). Ba léir an bhearna sin sa taighde i ndáil le múinteoirí breisoideachais i ndáil le soláthar múinteoirí freisin i gcomhthéacs na hÉireann (féach caibidil 5).

Patrúin sna dearaí staidéir a bhaineann leis na trí athbhreithniú scóipe

Bhí patrúin shoiléire sna dearaí staidéir a bhaineann leis na trí athbhreithniú scóipe a rinneamar. I gcás staidéar trasnaisiúnta mórsála, ní nach ionadh, ba staidéir chainníochtúla iad go léir beagnach. I gcomparáid leis sin, i gcás an athbhreithnithe scóipe ar an múinteoireacht in Éirinn i mblianta 1-9, ba staidéir cháilíochtúla iad go léir beagnach. I gcás an athbhreithnithe scóipe ar staidéir fadaimseartha, ba léir raon dearaí staidéir ní b'éagsúla, agus bhí líon mór staidéar ann thar staidéir cháilíochtúla, chainníochtúla agus modhanna measctha. Is díol suntais iad dhá phointe. Ar an gcéad dul síos, tá sé tábhachtach go raibh patrúin sna hathbhreithnithe scóipe toisc go soláthraítear leis anois raon fairsing staidéar atá ábhartha do staidéar TGM. Ar an dara dul síos, i ndáil le comhthéacs na hÉireann, tá sé de chumas ag dearadh mórsála TGM atá beartaithe léargais nua a thabhairt chomh maith leis na staidéir sin atá ann cheana atá cáilíochtúil den chuid is mó maidir le luathbhlianta na dturas gairmiúil múinteoirí.

Tábhacht mhéadaithe an chomhthéacs beartais sheachtraigh

Ós rud é gur thug rialtais ar fud an domhain tosaíocht don mhúinteoireacht agus don scolaíocht de ghnáth mar fhócas na mbeartas agus na n-idirghabhálacha a bhí beartaithe, ní nach ionadh ansin go léirítear tábhacht mhéadaithe an chomhthéacs beartais sheachtraigh sin le staidéir ar mhúinteoirí agus ar an scolaíocht. Mar shampla, tá athbhreithniú Nguyen et al. (2021) ar thaighde ar sholáthar múinteoirí soiléir faoi thábhacht mhéadaithe na timpeallachta beartais sheachtraigh (féach Léaráid 6.1), ach sainithníodh le hathbhreithniú comhchosúil roimhe sin ó Guarino et al. (2006) dhá thacar tosca amháin, is é sin, tosca pearsanta agus tosca scoile amháin.



Léaráid 6.1. Tosca seachtracha, pearsanta agus scoile maidir le ráta athraithe múinteoirí a thuiscint.

Foinse: Nguyen et al., 2021

Conas a mhapálann an tacar deiridh staidéar sna hathbhreithnithe scóipe ar an litríocht níos leithne maidir le hoideachas múinteoirí?

Cé gur tháinig léargais luachmhara leis na hathbhreithnithe scóipe agus páipéar saincheistanna a rinneadh i gcomhthéacs an athbhreithnithe litríochta TGM seo maidir le raon leathan ceistanna taighde, coincheapuithe staidéir, dearaí staidéir, anailísí agus torthaí staidéir, tá sé tábhachtach go léitear agus go dtuigtear iad sin i gcomhthéacs na litríochta níos leithne maidir leis an múinteoireacht agus oideachas múinteoirí. Mar sin, le linn staidéar TGM sa tréimhse 2024-2030 beidh deiseanna ann leas a bhaint as an litríocht níos leithne sin agus na hathbhreithnithe a dhéantar don tuarascáil seo a leathnú.


Tábhacht na gcoincheap agus na dtógán ar leith

Ar fud na n-athbhreithnithe scóipe agus an pháipéir saincheistanna ar sholáthar teagascóirí, bhí tógáin agus smaointe a tháinig aníos arís is arís eile lena dtugtar le fios a thábhachtaí atá sé leas a bhaint astu, go háirithe i staidéar TGM. Is fiú dhá phointe a lua sa chomhthéacs sin. Ar an gcéad dul síos, i ndáil le soláthar múinteoirí, mar shampla, úsáideadh go forleathan coincheap ‘intinn an mhúinteora’ mar a d’fhéadfadh sé baint le coinneáil nó le cineálacha éagsúla athraithe múinteoirí. Ar an dara dul síos, i ndáil le hinniúlacht féintuairiscithe múinteoirí i dtaca leis an múinteoireacht, úsáideadh éifeachtúlacht múinteoirí go forleathan

mar an rogha tógáin chun aghaidh a thabhairt ar a mhéid a bhraitheann múinteoirí go bhfuil siad inniúil chun dul i mbun múinteoireachta i gcoitinne, nó i ndáil le gnéithe sonracha den mhúinteoireacht, e.g. bainistíocht sa seomra ranga, planáil, cleachtas ionchuimsitheach, etc.

Staidéar a dhéanamh ar chreataí coincheapúla agus ar anailís choincheapúil

Mar a thugamar ar aird roimhe seo, ba léir coincheapú iomchuí ceisteanna áirithe taighde i ndáil le rátaí athraithe múinteoirí a thuiscint (féach Nguyen et al., 2021 thuas). Go ginearálta, go háirithe i ndáil le staidéir fadaimseartha mar aon le staidéir thrasnáisiúnta mhórsála, bhí béim shuntasach ar chreat nó samhail a fhorbairt chun an staidéar a lonnú laistigh den litríocht agus anailís agus torthaí a leagan amach. Mar shampla, déanann Akiba et al. (2023) nasc sainráite idir a samhail choincheapúil agus a samhail anailíseach (féach Léaráid 6.2 thíos).




LÉARÁID 1. Samhail Choincheapúil agus Anailíseach.

Léaráid 6.2. Samhail choincheapúil agus anailíseach.

Foinse: Akiba et al. (2023)

Naisc idir Réimse 1 (C1-3) agus Réimse 2 (C4 + 5) de TGM

Mar a thugamar ar aird i gcaibidil 1, tugtar aghaidh le staidéar TGM ar chúig chuspóir taighde ar féidir linn smaoineamh orthu i dtéarmaí dhá réimse (féach Léaráid 6.3 thíos). Sna hathbhreithnithe litríochta a rinneadh le haghaidh na tuarascála seo, tugtar aird le han-chuid staidéar a ndearnadh athbhreithniú orthu ar na bealaí a théann tosca pearsanta agus scoile (Réimse 1, C1, 2 & 3) i bhfeidhm ar sholáthar múinteoirí (Réimse 2, C5). Mar sin, le linn staidéar TGM, cé go bhfuil súil againn aghaidh a thabhairt ar na cúig chuspóir taighde shainaitheanta den staidéar astu féin, tabharfar aghaidh le TGM freisin ar naisc thábhachtacha thar réimse 1 agus 2.




Léaráid 6.3. Trí théama thrasnacha i ndearadh staidéir lena nasctar C1-3 agus C4-5.

Anailís faidhbe soláthair múinteoirí agus ‘bearnaí sonraí’ i gcomhthéacs na hÉireann

Tarraingíodh aird leis an athbhreithniú litríochta ar na bealaí inar ábhar imní é an soláthar múinteoirí do rialtais ar fud an domhain. É sin ráite, tá dinimic uathúil i gceist leis na dúshláin atá roimh aon dlínse ar leith bunaithe ar stair agus traidisiúin na scolaíochta, an oideachais múinteoirí agus an mhargaidh saothair i gcomhthéacsanna náisiúnta ar leith. Tá sé tábhachtach idirdhealú sainráite a dhéanamh idir creataí/samhlacha maidir le soláthar múinteoirí a úsáidtear go forleathan ach atá an-difriúil ó chéile. Anseo, tugaimid aird ar dhá phríomhghné, iad araon fíor-riachtanach agus in úsáid, cé nach leagtar amach i gcónaí iad amhlaidh: **(a) samhlacha píblíne** a bhfuil fócas atá uimhriúil go heisiach acu maidir le teacht isteach sa ghairm mhúinteoireachta agus imeacht uathí, agus **(b) samhlacha píblíne agus eispéiris** lena gcuimsítear na sonraí teachta agus imeachta uimhriúla mar aon le sonraí maidir le braistintí múinteoirí ar a n-eispéireas agus ar a gcoinníollacha fostaíochta. Tugadh an chaibidil ar sholáthar múinteoirí i gcrích trí phlé a dhéanamh ar leordhóthanacht na sonraí atá ann cheana chun bonn fianaise a sholáthar chun eolas a dhéanamh d’fhorbairt beartais agus cumas an staidéir ar Thurais Ghairmiúla Múinteoirí chun bonn fianaise luachmhar eile a sholáthar – agus straitéisí féideartha chun deacrachtaí soláthair múinteoirí a mhaolú – sa réimse tábhachtach beartais seo.

Timthriallta beartas agus comhthéacs beartas

Mar a thugamar ar aird i gcaibidil a haon, glacfar creat ‘timthrialla beartais’ le TGM (féach Léaráid 6.4) chun tuiscint a fháil ar na beartais ábhartha iomadúla i ndáil le TGManna.



Léaráid 6.4. Beartas mar thimthriall (Ball, 1994).

Ba léir suntasacht mhéadaitheach an chomhthéacs beartais maidir le turais ghairmiúla múinteoirí a mhúnlú in athbhreithnithe éagsúla litríochta. Maidir le beartas oideachais comhaimseartha, d'fhéadfaí é sin a mhíniú leis an tosaíocht mhéadaithe ar an múinteoireacht agus ar an scolaíocht ag rialtais ar fud an domhain mar fhócas na hintinne beartais agus na hidirghabhála beartais. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh fócas tábhachtach TGM a bheith dírithe ní hamháin ar an gcaoi a dtuigeann múinteoirí béim bheartais nó tionscnaimh amháin, ach ar an gcaoi a dtuigeann múinteoirí an iliomad beartas lena leagtar amach a gcleachtas, bíodh sin i gcomhthéacs bunoidreachais, iar-bhunoideachais nó breisoideachais.

Tagairtí

- Akiba, M., Byun, S. Y., Jiang, X., Kim, K., & Moran, A. J. (2023). Do teachers feel valued in society? Occupational value of the teaching profession in OECD countries. *AERA Open*, 9. doi.org/10.1177/233285842311179
- Ball, S. (1994). *Education Reform*. London: McGraw-Hill Education.
- Bowe, R., S. J. Ball, & A. Gold. (1992). *Reforming education and changing schools: Case studies in policy sociology*. London: Routledge.
- Coburn, C. E. (2006). Framing the problem of reading instruction: Using frame analysis to uncover the microprocesses of policy implementation. *American Educational Research Journal*, 43(3), 343-349.
- Ludvigsen, S., Nortvedt, G. A., Pettersen, A., Pettersson, A., Sollerman, S., Ólafsson, R. F., Taajamo, M., Caspersen, J., Nyström, P., & Braeken, J. (2016) *Northern Lights on PISA and TALIS*. Copenhagen: Norden.
- Munn, Z., Pollock, D., Khalil, H., Alexander, L., McInerney, P., Godfrey, C. M., ... & Tricco, A. C. (2022). What are scoping reviews? Providing a formal definition of scoping reviews as a type of evidence synthesis. *JBI Evidence Synthesis*, 20(4), 950-952.
- Nguyen, T. D., Pham, L., Springer, M. G., & Crouch, M. (2019). The factors of teacher attrition and retention: An updated and expanded meta-analysis of the literature. *Annenberg Institute at Brown University*, 19-149.
- Nguyen, T. D., & Springer, M. G. (2023). A conceptual framework of teacher turnover: a systematic review of the empirical international literature and insights from the employee turnover literature. *Educational Review*, 75(5), 993-1028. doi.org/10.1080/00131911.2021.1940103
- Page, M. J., McKenzie, J. E., Bossuyt, P. M., Boutron, I., Hoffmann, T. C., Mulrow, C. D., ... & Moher, D. (2021). The PRISMA 2020 statement: an updated guideline for reporting systematic reviews. *BMJ*, 372. doi.org/10.1136/bmj.n71
- Reagan, E.M., Schram, T., McCurdy, K., Chang, T.-H. & Evans, C. M. (2016). Politics of policy: Assessing the implementation, impact, and evolution of the Performance Assessment for California Teachers (PACT) and edTPA. *Education Policy Analysis Archives*, 24 (9). <http://dx.doi.org/10.14507/epaa.v24.2176>
- Sahlberg, P., Munn, P. Furlong, J. (2012) *Report of the International Review Panel on the Structure of Initial Teacher Education Provision in Ireland: Review conducted on behalf of the Department of Education and Skills*. Dublin: Higher Education Authority. <https://hea.ie/assets/uploads/2017/05/Review-of-Structure-of-Teacher-Education.pdf>
- Sahlberg, P. (2019) *The Structure of Teacher Education in Ireland: Review of Progress in Implementing Reform*. Dublin: Higher Education Authority. <https://hea.ie/assets/uploads/2019/05/HEA-Structure-of-Teacher-Education.pdf>

Spillane, J. P., Reiser, B. J., & Reimer, T. (2002). Policy implementation and cognition: Reframing and refocusing implementation research. *Review of Educational Research*, 72(3), 387-431.

Sutcher, L., Darling-Hammond, L., & Carver-Thomas, D. (2019). Understanding teacher shortages: An analysis of teacher supply and demand in the United States. *Education Policy Analysis Archives*, 27(35). doi.org/10.14507/epaa.27.3696

Teaching Council (2011). *Initial Teacher Education: Criteria and Guidelines for Programme Providers*. Maynooth: Teaching Council. <https://www.teachingcouncil.ie>

Teaching Council (2011) *Further Education: General and Programme Requirements for the Accreditation of Teacher Education Qualifications*. Maynooth: Teaching Council. <https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/08/fe-gen-pro-require-accred-te-qual.pdf>

Teaching Council (2016). *Cosán March 2016 Framework for Teachers' Learning*. Maynooth: Teaching Council. <https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/08/cosan-framework-for-teachers-learning.pdf>

Teaching Council (2017). *Droichead: The Integrated Professional Induction Framework*. Maynooth: Teaching Council. <https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/08/droichead-the-integrated-professional-induction-policy.pdf>

Teaching Council (2020). *Céim: Standards for Initial Teacher Education*. Maynooth: Teaching Council. <https://www.teachingcouncil.ie/assets/uploads/2023/08/ceim-standards-for-initial-teacher-education.pdf>